**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

# Tuarascáil ar
# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2015

Meán Fómhair 2016

© Cóipcheart an Rialtais

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cuntais na Seirbhísí Poiblí, 2015

Éilítear orm le hAirteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí luaite de réir mar a chinntear sa dlí. Foráiltear in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 an príomhbhunús le tuairisciú den sórt sin.

### *Forálacha Tuairiscithe Reachtúla*

Éilítear orm le hAlt 3 (10) d'Acht 1993 tuarascáil scríofa a ullmhú gach bliain ina n-áirítear

- aon nithe is dóigh liom atá iomchuí a thuairisciú mar gheall ar mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag na hOifigigh Chuntasaíochta de chuid ranna agus oifigí an rialtais maidir leis na leithreasaí arna vótáil ag Dáil Éireann don bhliain airgeadais roimhe sin

- aon nithe is dóigh liom atá iomchuí a thuairisciú ag eascairt as mo chuid imscrúduithe ar na rialuithe inmheánacha airgeadais atá á bhfeidhmiú ag ranna agus ag oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe) d'fhonn rialtacht a n-idirbheart airgeadais a chinntiú, cruinneas a gcuid íocaíochtaí agus fáltas, iontaofacht agus iomláine a gcuid taifid chuntasaíochta agus cosaint na sócmhainní atá faoina n-úinéireacht agus rialaithe acu

- torthaí na n-imscrúduithe a rinne mé ar na cuntais ar an ioncam ar fad a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim – áirítear leis na himscrúduithe sin measúnú ar cibé acu an bhfuil na cuntais iomlán agus cruinn, agus cibé acu an bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais curtha ar bun agus i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh ceart an ioncaim.

Éilítear orm le reachtanna eile tuarascálacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid Dháil Éireann ar chúrsaí áirithe ar leith mar aon le mo thuarascáil de bhun alt 3 (10).

Mar rud ar leithligh, foráiltear le halt 11 d'Acht 1993 orm tuarascálacha speisialta a ullmhú, ina ndéantar plé le aon ábhair ghinearálta is mian liom a thuairisciú ag eascairt as mo chuid iniúchtaí ar ráitis airgeadais aon cheann de na comhlachtaí atá faoi mo chúram iniúchta, nó i gcás go socraím torthaí na n-imscrúduithe nó na gcigireachtaí maidir le 'luach ar airgead' arna ndéanamh faoi fhorálacha ábhartha d'Acht 1993 a chur i láthair. Cuirim tuarascálacha speisialta den sórt sin isteach go foirmiúil chuig an Aire Rialtais ábhartha, agus ní mór don Aire sin a chur faoi ndeara cóip den tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí.

## *Cuir i Láthair na Tuarascála Seo*

Is í seo mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993, a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2015. Tá an tuarascáil leagtha amach ina ceithre chuid.

- Déantar plé le hábhair a bhaineann leis an Lárchiste agus le fiachas an Rialtais i gCuid 1.
- Tá cuntas i gCuid 2 ar ghnóthaí áirithe a bhaineann le caiteachas vótáilte in 2015.
- I gCuid 3 pléitear cúrsaí a d'eascair as an iniúchadh a rinneadh ar an gCuntas Ioncaim agus as an imscrúdú a rinneadh ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Cuimsítear i gCuid 4 tuarascálacha reachtúla ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn na faisnéise arna hiniúchadh, nuair a bhí fáil uirthi, agus ar fhaisnéis, ar cháipéisíocht agus ar mhínithe eile a fuarthas ó na ranna agus ó na hoifigí rialtais ábhartha. Seoladh dréachtaí de chodanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus na hoifigí lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair ab iomchuí, ionchorpraíodh na tuairimí sin isteach sa leagan deiridh den tuarascáil.

Baineann an tuarascáil le cuntasacht na ranna agus na n-oifigí maidir leis an mbealach a riarann siad cistí poiblí. Níor cheart tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Cuirimse leis seo mo thuarascáil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoi bhráid Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) d'Acht 1993.

## *Cur i Láthair na gCuntas Leithreasa, 2015*

Éilítear orm freisin le hAlt 3 (11) d'Acht 1993 na cuntais leithreasa i dtaca leis na Vótaí éagsúla a chur faoi bhráid Dháil Éireann, mar aon leis an tuarascáil a hullmhaíodh faoi alt 3 (10).

Tá gach cuntas leithreasa deimhnithe agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus, in imleabhar gaolmhar, cuirim na cuntais sin, mar aon le mo dheimhnithe iniúchta, isteach chuig Dáil Éireann.

Seamus Mc Carthy.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

An 28 Meán Fómhair 2016

## Clár na nÁbhar


### Rialtas Láir

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh Airgeadais an Státchiste do 2015 | 11 |
| 2 | Fiachas Rialtais | 19 |

### Caiteachas Vótáilte

| | | |
|---|---|---|
| 3 | Cuntasaíocht Vótaí agus Bainistiú Buiséid | 33 |
| 4 | Maoiniú Rialtais Láir na nÚdarás Áitiúil | 47 |
| 5 | Dul chun cinn faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún | 59 |
| 6 | Soláthar agus Bainistiú Conarthaí le haghaidh Soláthar Díreach | 69 |
| 7 | Aisíocaíochtaí agus tobhaigh an AE san earnáil talmhaíochta | 87 |
| 8 | Diúscairt Scairdeitleán an Rialtais | 99 |
| 9 | Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh | 109 |
| 10 | Cur i bhfeidhm an Chárta Seirbhísí Poiblí | 115 |
| 11 | Seirbhís Caomhnóir *ad Litem* | 131 |

### Na Coimisinéirí Ioncaim

| | | |
|---|---|---|
| 12 | Dul i ngleic le Sciúradh Breosla | 163 |
| 13 | Athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar Ghnóthaí Cánach Lianna Comhairleacha Leighis | 181 |
| 14 | An Creidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt | 197 |
| 15 | Comhlíonadh i measc Cáiníocóirí | 209 |
| 16 | Dliteanas Stampála Tobac a Iarchur | 225 |

### Nithe Eile

| | | |
|---|---|---|
| 17 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 233 |
| 18 | Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann | 247 |

# Tuarascáil ar

# Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2015

# Rialtas Láir

# 1 Toradh Airgeadais an Státchiste do 2015


**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomhchiste an Státchiste mura socraítear a mhalairt de réir dlí.[1] Áirítear le fáltais an Phríomhchiste ioncam ó cháin agus fáltais iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomhchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú agus chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta.

**1.2** Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach sa Phríomhchiste agus na heisiúintí amach, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí GBCN agus faisnéis ar dhliteanais agus ar shócmhainní áirithe den Stát. Sa tuarascáil seo, déantar achoimre ar na hidirbhearta ar an bPríomhchiste agus leagtar béim inti ar roinnt príomhthreochtaí. Ós rud é nach gcuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an staid achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus príomhdhliteanais ag deireadh na bliana.

## Easnamh an Státchiste

**1.3** Gan iasachtaí a chur san áireamh, leagtar amach i bhFíor 1.1 an ghluaiseacht i bhfáltais agus in eisiúintí Príomhchiste sa tréimhse idir 2002 agus 2015 agus an barrachas nó an t-easnamh i gcás gach ceann de na blianta sin. Ba é €64 mhilliún an t-easnamh in 2015. Easnamh €8.2 billiún a bhí ann in 2014.

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí Príomhchiste agus barrachas/easnamh, 2002 go 2015**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2002 go 2015

1 Áirítear le samplaí d'ioncam an Stáit, nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomhchiste, fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa a n-íoctar iad sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus fáltais ó mhótarcháin a n-íoctar iad isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

**Fíor 1.2 Comhdhéanamh na bhfáltas agus na n-eisiúintí Príomhchiste, 2011 go 2015[a]**

| **Fáltais** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| *Fáltais reatha* | | | | | |
| Ioncam cánach | 34,027 | 36,646 | 37,806 | 41,282 | 45,601 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | – | – | – | 520 | 481 |
| Ioncaim reatha eile[b] | 2,520 | 2,765 | 2,676 | 2,446 | 3,035 |
| *Fáltais chaipitil* | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain a aisíocadh[c] | 986 | 1,077 | 1,098 | 4,987 | 5,402 |
| Aistarraingt ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean | 1,018 | – | – | – | – |
| Bearta cobhsaithe baincéireachta | – | – | 2,311 | – | 3,682 |
| Díol ceadúnas d'fhóin phóca | – | 450 | 60 | – | – |
| Fáltais ó cheadúnas an Chrannchuir Náisiúnta | – | – | – | 405 | – |
| Diúscairt scairchaipiteal Aer Lingus | – | – | – | – | 335 |
| Fáltais chaipitil eile | 116 | 150 | 113 | 131 | 106 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **38,667** | **41,088** | **44,064** | **49,771** | **58,642** |
| | | | | | |
| **Saincheisteanna** | | | | | |
| Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh | 45,711 | 44,950 | 43,072 | 42,224 | 42,863 |
| Fónamh ar an bhfiachas náisiúnta | 4,736 | 5,823 | 7,459 | 7,579 | 7,107 |
| Ranníocaíocht le buiséad an AE | 1,350 | 1,393 | 1,726 | 1,685 | 1,952 |
| Coimisiún an Oireachtais | 130 | 105 | 101 | 101 | 106 |
| Iasachtaí/airleacain[c] | 1,199 | 1,485 | 1,444 | 4,929 | 5,207 |
| Bearta cobhsaithe baincéireachta | 10,653 | 1,325 | 1,060 | 100 | 30 |
| Ciste Comhar Creidmheasa | – | 250 | – | – | – |
| Ranníocaíocht chaipitiúil le hUisce Éireann | – | – | – | 407 | – |
| Scairchaipitil a fuarthas in Uisce Éireann | – | – | – | – | 54 |
| Aistriú na bhfáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil chuig an gCiste Rialtais | – | – | – | 484 | 461 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach | – | 510 | 510 | 255 | – |
| Íocaíocht a bhaineann le clár na margaí urrús | – | – | – | 31 | – |
| Íocaíochtaí leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i leith phinsin Waterford Crystal | – | – | – | – | 43 |
| Eisiúintí le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | – | – | – | – | 335 |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun iasacht na Gníomhaireachta | – | – | – | – | 427 |
| Íocaíochtaí eile | 406 | 139 | 195 | 165 | 121 |
| **Líon iomlán na n-eisiúintí** | **64,185** | **55,980** | **55,567** | **57,960** | **58,706** |
| | | | | | |
| **Easnamh don bhliain** | **25,518** | **14,892** | **11,503** | **8,189** | **64** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2011 go 2015

Nótaí:
a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta den Chuntas Státchiste agus den Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a dhéanann cothabháil ar an gcuntas deiridh sin chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus ar idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta.


b Cuimsítear ann gné reatha na bhfáltas ó bhearta cobhsaithe baincéireachta.

c Féach Iarscríbhinn A chun tuilleadh sonraí a fháil.

## Fáltais an Phríomhchiste

**1.4** Ba é €58.6 billiún líon iomlán na bhfáltas a íocadh isteach sa Phríomhchiste in 2015. Ba mhéadú €8.9 billiún (18%) é sin i gcomparáid le fáltais 2014. Léirítear na príomhnithe is cúis leis an méadú i bhFíor 1.3.

**Fíor 1.3 Méaduithe ar fháltais Státchiste idir 2014 agus 2015**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Méadú ar fháltais chaipitil gan iasachtaí aisíoctha á gcur san áireamh.

**1.5** Bhí an t-ioncam cánach iomlán in 2015 €4.3 billiún ní b'airde ná mar a bhí in 2014. Méaduithe €2.3 billiún nó 49% ar fháltais ó cháin chorparáide, €1.2 billiún nó 7% ar fháltais ó cháin ioncaim, agus €790 milliún nó 7% ar fháltais ó CBL ba chúis leis sin den chuid ba mhó.

**1.6** Ba é €3.5 billiún líon iomlán na n-ioncam neamhchánach reatha sa Phríomhchiste in 2015. I measc na ngnéithe suntasacha, áirítear iad seo a leanas

- €1.7 billiún in ioncam barrachais an Bhainc Ceannais a tháinig chun cinn in 2014 agus a íocadh isteach sa Phríomhchiste in 2015. Tháinig an leibhéal ard fáltas ó 2014 chun cinn de bharr ioncam Bainc Ceannais breise a bhain le bearta cobhsaithe baincéireachta.
- €551 mhilliún (€475 mhilliún in 2014) i ndíbhinní ó scairsheilbh an Stáit i raon comhlachtaí. Ba iad BSL (€259 milliún), Ervia (€151 mhilliún) agus AIB (€102 mhilliún) a d'íoc na díbhinní ba mhó.[1]
- €481 mhilliún a íocadh leis an Státchiste ón gCiste Rialtais Áitiúil, mar a fhoráiltear san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 1998.[2]
- €191 mhilliún in ús a fuarthas ar nótaí caipitil teagmhasacha atá sna bainc.
- €254 mhilliún i bhfáltais Státchiste bhreise a bhailigh na ranna agus a ghéill siad don Phríomhchiste.[3]
- €76 mhilliún ó institiúidí creidmheasa i leith táillí faoin scéim um Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe. Ba laghdú é sin ar €179 milliún in 2014 de bharr dhúnadh na scéime le haghaidh dliteanais nua i rith 2013.

1 I ndeireadh 2015, tiontaíodh 61% de scaireanna tosaíochta AIB a bhí i seilbh an Stáit ó 2009 ina ngnáthscaireanna. Fuasclaíodh an 39% eile as ar eascair fáltas caipitil. Rinneadh gach díbhinn fhabhraithe ar thiontú agus ar fhuascailt na scaireanna a íoc leis an Rialtas faoi dheireadh na bliana 2015.

2 San Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 1998, (arna leasú) déantar foráil d'aistriú suas le €540 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil chuig an Státchiste, ar iarratas ón Aire Airgeadais, an 31 Nollaig 2015 nó roimhe sin.

3 Ghéill na Ranna €8 milliún eile i bhfáltais Státchiste bhreise.

**1.7** Ba de bharr idirbhearta de chineál aonuaire an méadú ar fháltais chaipitil den chuid ba mhó. Áirítear iad seo a leanas i measc na bhfáltas caipitil suntasach in 2015

- €1.63 billiún a bhain le roinnt de na fáltais ó dhíol scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann in 2013 a aistriú ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.
- €1.54 billiún ó fháltais fhuascailt pháirteach scaireanna tosaíochta AIB a bhí ag an Stát.[1]
- €411 mhilliún, lena n-áirítear préimh ar an luach eisiúna, ón athcheannach a rinne Permanent TSB ar nótaí caipitil teagmhasacha a bhí i seilbh an Stáit. Ina theannta sin, laghdaigh an Stát a scairsheilbh in Permanent TSB ó 99.2% go 74.9%, agus fuarthas €97 milliún i bhfáltais.
- €335 mhilliún i bhfáltais ó dhiúscairt scairsheilbh an Rialtais in Aer Lingus. I nDeireadh Fómhair 2015, cheadaigh Dáil Éireann aistriú na bhfáltas ón bPríomhchiste chuig an gCiste Nascachta, fophunann de Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISE).

## Eisiúintí ón bPríomhchiste

**1.8** Ba é €58.7 billiún líon iomlán na n-eisiúintí ón bPríomhchiste in 2015, méadú €746 mhilliún, nó 1%, i gcomparáid le 2014. I measc na ngnéithe suntasacha, áirítear iad seo a leanas

- Bhí méadú 1.5% ar eisiúintí ón gCiste le haghaidh seirbhísí a vótáladh i gcomparáid le 2014.
- Ba é €7.1 billiún méid na n-íocaíochtaí a bhain le fónamh ar iasachtaí a rinne an GBCN in 2015, 6% ní b’ísle ná 2014.
- Rinneadh íocaíochtaí €427 milliún le húdaráis áitiúla i dtaca le haisíocaíocht iasachtaí (lena n-áirítear ús) ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, le haghaidh tionscadail stairiúla soláthair agus/nó cóireála uisce de chuid na n-údarás áitiúil.
- Íocadh €4.5 milliún ón bPríomhchiste faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, mar thoradh ar fhoirceannadh na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc. Ba é €1.1 billiún an méid iomlán a íocadh idir 2013 agus 2015 i ndáil lena fhoirceannadh.

Rinneadh ionstraim fiachais in-chomhshóite €54 mhilliún a d’eisigh Uisce Éireann in 2014 agus a bhí i seilbh an Aire Airgeadais a chomhshó ina hinfheistíocht chothromais in Uisce Éireann i Meán Fómhair 2015. Ina theannta sin, eisíodh iasacht caipitil oibre de €96 mhilliún chuig Uisce Éireann i Nollaig 2015.

1 Léirítear leis an íocaíocht fáltais ó fhuascailt pháirteach scaireanna tosaíochta AIB mar aon le díbhinn fhabhraithe, glan ar an gcostas a bhaineann le nóta gealltanais EBS atá gan íoc a fhuascailt.

### *Aistriú Cánach Maoine Áitiúla*

**1.9** Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) agus a íocann leis an Státchiste é mar chuid de na fáltais ar ioncam cánach. Ó 2014, tá de cheangal ar an Aire Airgeadais suim a íoc atá coibhéiseach leis an CMÁ arna híoc mar sin, lena n-áirítear aon ús arna íoc ag cáiníocóirí i rith na bliana, ón bPríomhchiste chuig an gCiste Rialtais Áitiúil. As an €469 milliún d'fháltais CMÁ a íocadh leis an Státchiste in 2015, íocadh €461 mhilliún leis an gCiste Rialtais Áitiúil in 2015. Íocadh an fuílleach in Eanáir 2016.

### *An Sásra Cobhsaíochta Eorpach*

**1.10** Tá caipiteal íoctha €80.5 billiún ceadaithe ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, agus b'éigean d'Éirinn ranníocaíocht chothrom le €1.274 billiún de sin a íoc.[1] D'íoc Éire a ranníocaíocht ar fad ina cúig thráthchuid idir Deireadh Fómhair 2012 agus Aibreán 2014.

**1.11** Tá bannaí rialtais ón nGréig ag an mBanc Ceannais mar chuid dá chlár Margaí Urrús. Faoi Acht an Bhainc Ceannais, 2014, ceanglaítear ar Éirinn suim atá coibhéiseach leis an ioncam arna thuilleamh ag an mBanc Ceannais ar an bpunann sin a íoc isteach i gcuntas atá oscailte ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Íocfar na cistí leis an nGréig mar chabhair airgeadais. Nuair a tháinig deireadh leis an gclár cabhrach airgeadais don Ghréig an 30 Meitheamh 2015, rinne ballstát limistéar an euro aistriú ioncam 2015 ó phunanna faoin gClár Margaí Urrús chuig an gcuntas a d'oscail an Sásra Cobhsaíochta Eorpach a chur ar fionraí.

### *Iasachtaí an Státchiste*

**1.12** Féachtar ar iasachtaí an Státchiste i gCaibidil 2, Fiachas an Rialtais.

1 Dhá leibhéal atá i struchtúr caipitil an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh. Cuimsítear leis caipiteal €80.5 billiún a íoctar isteach agus €624 billiún eile i gcaipiteal inghlaoite tiomanta.

### *Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais*

**1.13** Mar thoradh ar an easnamh de €64 mhilliún in 2015 agus na glan-aisíocaíochtaí fiachais de €1.14 billiún sa bhliain, tháinig laghdú díreach os cionn €1.2 billiún nó 8% ar an airgead tirim agus ar shócmhainní airgeadais eile ar deireadh 2015 (féach Fíor 1.4).

**1.14** Ba é €8 mbilliún an t-iarmhéid i gcuntas an Státchiste sa Bhanc Ceannais ag deireadh 2015, méadú €3.9 billiún ar an iarmhéid ag deireadh 2014. Tháinig laghdú €3.8 billiún ar iarmhéid thaiscí an Státchiste i mbainc thráchtála (lena n-áirítear taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí pháirtí) i rith na bliana, agus tháinig laghdú €1.3 billiún ar luach na sócmhainní airgeadais eile.[1]

**Fíor 1.4 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2011 go 2015**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **16,164** | **17,692** | **23,850** | **23,601** | **14,759** |
| Glaniasachtaí/(aisíocaíocht) an Státchiste sa bhliain[a] | 27,046 | 21,050 | 11,254 | (653) | (1,141) |
| Státchiste (easnamh) | (25,518) | (14,892) | (11,503) | (8,189) | (64) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **17,692** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** |

| Comhdhéanamh an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais amhail an 31 Nollaig | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste an Bhanc Ceannais | 13,099 | 15,280 | 4,432 | 4,089 | 7,964 |
| Taiscí bainc[b] | 30 | 3,020 | 11,068 | 5,540 | 1,779 |
| Billí státchiste neamh-Éireannacha | – | 1,045 | 3,041 | 1,474 | 1,184 |
| Iasachtaí leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 3,848 | 3,982 | 3,704 | 3,145 | 2,424 |
| Cistiúchán comhthaobhach | 715 | 523 | 1,356 | 511 | 203 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **17,692** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2011 go 2015

Nótaí: a Ní chuimsítear faoi 2012 agus 2013 bannaí Rialtais dar luach €3.5 billiún a eisíodh chun costas na híocaíochta nóta gealltanais de €3.06 billiún leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc a sheasamh, agus bannaí ráta chomhlúthaigh díreach os cionn €25 bhilliún a eisíodh in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc.


b Cuimsítear leis taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí pháirtí.

1 Féach Caibidil 2 maidir le Fiachas an Rialtais le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le comhaontuithe athcheannaigh trí pháirtí.

### *Iasachtaí Státchiste agus airleacain*

**1.15** I measc na n-iasachtaí agus na n-airleacan a soláthraíodh ón bPríomhchiste agus a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2015, áirítear iasacht €2.4 billiún don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus iasachtaí eile dar luach €1.93 billiún. Léirítear i bhFíor 1.5 na hiarmhéideanna gan íoc i gcás na mórchatagóirí iasachtaí agus airleacan ag deireadh na bliana.

**Fíor 1.5 Iarmhéideanna deireadh bliana i leith iasachtaí agus airleacain ón bPríomhchiste, 2010 go 2015**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2010 go 2015

**1.16** Cuimsítear iad seo a leanas i measc na n-iasachtaí agus na n-airleacan eile:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh – déantar réamhíocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh ar bhonn míosúil agus aisíoctar iad leis an bPríomhchiste ina dhiaidh sin. €4.4 billiún a bhí i líon iomlán na réamhíocaíochtaí in 2015, agus aisíocadh iad ar fad sa bhliain. Dá bhrí sin, ní raibh iarmhéid ar bith gan íoc ag deireadh na bliana 2015.
- Cuntas Soláthair Oifig an Phámháistir Ghinearálta – toisc nach raibh córais imréitigh bainc ar fáil an 1 Eanáir 2016, rinneadh foráil faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 2015, go ndéanfaí réamhíocaíochtaí ón bPríomhchiste le cuntas soláthair Oifig an Phámháistir Ghinearálta chun cuntais i mbainc thráchtála a mhaoiniú le haghaidh na dtuarastal seachtainiúil a bhí le híoc ar an dáta sin ó airgead a vótáladh. Rinneadh réamhíocaíochtaí €68 milliún i Nollaig 2015 agus aisíocadh leis an bPríomhchiste iad in Eanáir 2016.
- An Ciste Cúitimh Árachais – bhí airleacan €833 mhilliún leis an gCiste Cúitimh Árachais gan íoc ag deireadh na bliana 2014. Rinneadh airleacan eile €79 milliún leis an gCiste le linn 2015.[1] Aisíocadh €100 milliún leis an bPríomhchiste in 2015, tar éis don Aire Airgeadais a chinneadh go bhféadfadh an Ciste an méid sin a aisíoc, rud a d’fhág go raibh iarmhéid €812 mhilliún gan íoc i gcónaí.

1 Maoinítear an Ciste trí ranníocaíochtaí dar luach 2% d’oll-luach na bpréimheanna árachais neamhshaoil scríofa arna bhfáil i leith riosca sa Stát. De réir Alt 5 den Acht Árachais, 1964, tá cead ag an Aire Airgeadais airleacain a sholáthar don Chiste i bhfoirm iasacht in-aisíoctha sa chás nach leor an t-airgead atá ann chun íocaíochtaí amach as an gCiste a dhéanamh.

## Iarscríbhinn A Iasachtaí agus airleacain, 2011 go 2015

| | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Iasachtaí an GBCN:*** | | | | | |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 3,585 | 3,848 | 3,982 | 3,704 | 3,145 |
| Glanghluaiseacht sa bhliain | 263 | 134 | (278) | (559) | (721) |
| Iarmhéid deiridh | 3,848 | 3,982 | 3,704 | 3,145 | 2,424 |
| ***Iasachtaí agus airleacain an Phríomhchiste:*** | | | | | |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 673 | 720 | 730 | 715 | 677 |
| Aisíocaíochtaí | (673) | (720) | (730) | (715) | (677) |
| Iasachtaí a eisíodh | 720 | 730 | 715 | 677 | 599 |
| Iarmhéid deiridh | 720 | 730 | 715 | 677 | 599 |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 110 | 55 | – | 15 | – |
| Aisíocaíochtaí | (254) | (355) | (285) | (4,015) | (4,365) |
| Airleacain | 199 | 300 | 300 | 4,000 | 4,365 |
| Iarmhéid deiridh | 55 | – | 15 | – | – |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | – | 280 | 735 | 933 | 833 |
| Aisíocaíochtaí | – | – | – | (100) | (100) |
| Iasachtaí a eisíodh | 280 | 455 | 198 | – | 79 |
| Iarmhéid deiridh | 280 | 735 | 933 | 833 | 812 |
| **Tacaíocht cobhsaíochta an AE leis an nGréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 346 | 346 | 346 | 346 | 346 |
| Aisíocaíochtaí | – | – | – | – | – |
| Iasachtaí a eisíodh | – | – | – | – | – |
| Iarmhéid deiridh | 346 | 346 | 346 | 346 | 346 |
| **Uisce Éireann** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | – | – | – | – | 54 |
| Comhshóiteacht iasachtaí ina gcothromas | – | – | – | – | (54) |
| Iasachtaí a eisíodh | – | – | – | 54 | 96 |
| Iarmhéid deiridh | – | – | – | 54 | 96 |
| **Eile**[a] | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 61 | 32[b] | 30 | 178 | 219 |
| Aisíocaíochtaí | (59) | (2) | (83) | (157) | (206) |
| Iasachtaí a eisíodh | – | – | 231 | 198 | 68 |
| Iarmhéid deiridh | 2 | 30 | 178 | 219 | 81 |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2015

Nótaí:

a Áirítear le 'Eile' Ciste na nIasachtaí Áitiúla agus réamhíocaíochtaí le cuntas soláthair Oifig an Phámháistir Ghinearálta chun íocaíochtaí tuarastail ag tús na bliana a chumasú. Athshonraíodh iarmhéideanna na bliana a d'imigh chun iasacht €12.5 milliún ón Státchiste le CIÉ a bhí fágtha ar lár roimhe sin a chuimsiú.

b Athshonraíodh an t-iarmhéid tosaigh a bhain le Ciste na nIasachtaí Áitiúla do 2012 de bharr dhíscaoileadh Ulysses plc, an fheithicil urrúsaithe i ndáil le hiasachtaí áitiúla.

# 2 Fiachas Rialtais


**2.1** Is iad ioncaim ó chánachas agus ó mhuirir eile príomhfhoinse cistiúcháin an Stáit. Mar sin féin, tá iasachtaí móra faighte ag an Stát chun cur lena ioncam ó na foinsí sin. Sa tuarascáil seo, tugtar breac-chuntas ar threocht agus ar chomhdhéanamh an fhiachais rialtais agus ar an gcostas atá ar fhónamh d’fhiachas.

## Ollfhiachas Rialtais

**2.2** Is é an t-ollfhiachas rialtais an slat tomhais is cuimsithí ar fhiachas rialtais. Slat tomhais caighdeánaithe idirnáisiúnta atá ann agus tá de cheangal dlí ar thíortha ar fad an AE é a úsáid sa tuairisciú a dhéanann siad faoi dhó sa bhliain ar easnamh agus fiachas rialtais faoi Chonradh Maastricht. Sainmhínítear Ollfhiachas Rialtais i rialacháin an AE mar an t-ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana don earnáil rialtais ghinearálta chomhdhlúite – is é sin, an t-ollfhiachas iomlán atá dlite ag gach comhlacht rialtais do thríú páirtithe lasmuigh den rialtas.[1] Ní áirítear fiachas atá ar chomhlacht rialtais amháin i leith comhlacht rialtais eile mar Ollfhiachas Rialtais. In Éirinn, cuimsítear formhór na gcomhlachtaí earnála poiblí san earnáil rialtais ghinearálta, ach ní chuimsítear inti bainc faoi úinéireacht phoiblí, NAMA Investment Ltd, ná na cuideachtaí Stáit sin arna bhfeidhmiú ar bhonn tráchtála a chlúdaíonn formhór a gcostas oibriúcháin trí dhíolacháin.[2]

**2.3** Meastar gur thart ar €201 bhilliún atá in Ollfhiachas Rialtais na hÉireann ag deireadh 2015 – laghdú 1% bliain ar bhliain, mar atá léirithe i bhFíor 2.1.

**Fíor 2.1 Treocht san Ollfhiachas Rialtais, 2008 go 2015[a]**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A1

Nóta: a Próiseas staitistiúil atá i ríomh an Ollfhiachais Rialtais. Dá bhrí sin, tá na méideanna faoi réir a leasaithe.


1 Go sonrach, sainmhínítear Ollfhiachas Rialtais mar dhliteanais chomhdhlúite na hearnála rialtais ghinearálta sna catagóirí seo a leanas i gCóras Eorpach na gCuntas (ESA2010): airgeadra agus taiscí; urrúis fiachais; agus iasachtaí.

2 Tá Clár na gComhlachtaí Earnála Poiblí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh le fáil ar http://www.cso.ie/en/media/csoie/surveysandmethodologies/documents/pdfdocs/RegofPublicSectorBodiesinIreland2016April.pdf.

**2.4** Slat tomhais caighdeánach inbhuanaitheachta is ea an cóimheas idir Ollfhiachas Rialtais agus olltáirgeacht intíre (OTI) a chuirtear i bhfeidhm chun críocha comparáide ar fud an AE. Tháinig méadú ar an Ollfhiachas Rialtais mar chion de OTI ó 42% in 2008 go buaicphointe 120% in 2012 agus 2013.

**2.5** In Iúil 2016, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) meastacháin athbhreithnithe d'fhigiúirí OTI 2015.[1] Léiríodh iontu méadú eisceachtúil ar luach measta OIT na hÉireann in 2015. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar chóimheas an Ollfhiachais Rialtais le haghaidh dheireadh na bliana 2015 go dtí 79% mar atá léirithe i bhFíor 2.2. Shonraigh an Oifig Staidrimh Eorpach (Eurostat) gur léiriú ar ghníomhaíochtaí líon beag gnólachtaí móra ilnáisiúnta atá san athbhreithniú mór in airde ar OTI do 2015, agus tharla sé sin toisc gur athlonnaigh líon teoranta mór-oibreoirí eacnamaíochta go hÉirinn.

**Fíor 2.2 Ollfhiachas Rialtais mar chion de OTI, 2010 go 2015**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A2

Nóta: a Dáta fhoilseacháin an CSO.

**2.6** Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh chun grúpa saineolaithe a chur le chéile le treoir a thabhairt maidir le conas is féidir sraith táscairí níos forleithne nó níos mionsonraithe a tháirgeadh agus a fhoilsiú taobh leis na sonraí seo amach anseo.


1 Foilseacháin ón bPríomh-Oifig Staidrimh, Iúil 2016, 'Cuntais Ráithiúla Náisiúnta, Ráithe 1 2016'.

## Ollfhiachas Náisiúnta

**2.7** Tá an t-ollfhiachas náisiúnta ar an gcomhpháirt is mó d'Ollfhiachas Rialtais na hÉireann. Fiachas atá ann a eascraíonn as iasachtaí an Státchiste arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

**2.8** Ba é €196.6 billiún an t-ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2015, an dara bliain as a chéile inar tharla laghdú imeallach (féach Fíor 2.3). Ba é €196.3 billiún an t-ollfhiachas náisiúnta ag deireadh mhí an Mheithimh 2016.[1]

**Fíor 2.3 Ollfhiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2010 go 2015 (deireadh bliana) agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2016**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A3

### *Fiachas gearrthéarmach*

**2.9** Is é is fiachas gearrthéarmach ann fiachas ag a bhfuil aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin tráth a eisiúna. Ba é a bhí i gceist le €2.3 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh na bliana 2015 i gcomparáid le €4.1 billiún ag deireadh 2014 (Iarscríbhinn A, Fíor A6).[2] Úsáidtear ionstraimí gearrthéarmacha chun leachtacht agus solúbthacht a sholáthar in uainiú oibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha.

**2.10** Is iad billí státchiste, nótaí státchiste, agus an clár Eoraphpáipéir tráchtála na príomhchineálacha iasachtaí gearrthéarmacha. Reáchtáladh trí cheant billí státchiste le linn 2015. Díoltar nótaí státchiste agus Eorapháipéar tráchtála ar bhonn fiosruithe droim ar ais.

1 Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí dheireadh mhí an Mheithimh 2016.

2 Ní áirítear leis seo iasachtaí arna ndéanamh ag an GBCN ó chistí eile an Stáit, mar shampla iarmhéideanna thar oíche.

### *Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach*

**2.11** Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach ag deireadh 2015 a bhí in 90% (€176 bhilliún) den ollfhiachas náisiúnta. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais, agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn.

*Banna státchiste ráta sheasta*

**2.12** I measc an €125.1 billiún i mbannaí rialtais a bhí gan íoc ag deireadh 2015, bannaí státchiste ráta sheasta a bhí in €101.5 billiún nó 81%.

**2.13** Áirítear na hidirbhearta suntasacha seo a leanas sa €13 bhilliún[1] (luach ainmniúil) de chistiú margaí bannaí a chruinnigh an GBCN i rith 2015

- €4 bhilliún a cruinníodh in Eanáir ó dhíol sindeacáite banna tagarmharcála nua seacht mbliana, ar thoradh 0.87%
- €4 bhilliún a cruinníodh i bhFeabhra ó dhíol sindeacáite an chéad bhanna tagarmharcála 30 bliain, ar thoradh 2.09%
- reáchtáladh sé cheant sceidealaithe le haghaidh tráinsí de bhannaí státchiste 2022, 2030 agus 2045 trína cruinníodh suim iomlán de €5 bhilliún – bhí raon na dtorthaí idir 2.22% i gceant mhí an Mheithimh de bhanna 2030 agus 0.81% i gceant mhí na Bealtaine de bhanna 2022.

**2.14** I Márta 2016, d'eisigh an GBCN an chéad nóta 100 bliain riamh in Éirinn. Díoladh luach €100 milliún den nóta ar thoradh 2.35%.

**2.15** Is é Banc Ceannais na hÉireann a dhéanann clár shealbhóirí bannaí rialtais na hÉireann a chothabháil. Bhí 41% de bhannaí rialtais ag cónaitheoirí Éireannacha ag deireadh 2015, thíos ó 44 ag deireadh 2014.

*Bannaí rialtais ráta chomhlúthaigh*

**2.16** I rith 2015, rinne an GBCN luach €2 bhilliún de bhannaí rialtais ráta chomhlúthaigh 2038 agus 2041 a cheannach ar ais ón mBanc Ceannais agus a chur ar cheal, rud a laghdaigh an t-iarmhéid comhiomlán a bhí gan íoc thar na bannaí ráta chomhlúthaigh ar fad go €22.5 billiún ag deireadh 2015, ón €25 bhilliún a eisíodh ar dtús i bhFeabhra 2013. Mar thoradh ar an méadú ar luach margaidh na mbannaí ó eisíodh iad, d'íoc an GBCN díreach faoi bhun €2.8 billiún leis an mBanc Ceannais. Idir Márta agus Iúil 2016, rinne an GBCN €1.5 billiún sa bhreis de bhanna 2041 a cheannach ar ais agus a chur ar ceal. D'íoc an GBCN beagnach €2.1 billiún leis an mBanc Ceannais. Tugann an Banc Ceannais céatadán den bhrabús ar ais don Státchiste agus coinníonn an fuílleach mar chúlchistí.[2]

**2.17** Ar 20 Samhain 2015, rinne an tAire Airgeadais, an GBCN, EBS agus AIB comhaontú foirceanta nóta gealltanais EBS trínar foráladh d'fhuascailt nóta gealltanais EBS agus dá chur ar ceal ina dhiaidh sin. Fuasclaíodh an nóta gealltanais ó EBS[3] ar a luach anonn de €225 mhilliún ar 17 Nollaig 2015, agus cuireadh ar ceal é ina dhiaidh sin.[4]

1 Ní áirítear leis an bhfigiúr seo cistiúchán arna chruinniú i gceantanna neamhiomaíocha.

2 Tá foráil sna Rialacháin um Banc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais), SI Uimh. 93 de 1943, go bhféadfadh an Banc Ceannais suas le 20% ar a mhéad dá bhrabús a choinneáil gach bliain.

3 Cónascadh EBS le AIB in Iúil 2011.

4 Féach Caibidil 17 le haghaidh sonraí breise maidir le fuascailt an nóta gealltanais.

*Clár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta*

**2.18** Bhí foráil i gclár tacaíochta an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn do chistiúchán iasachta ó shaoráidí iasachta an Aontas Eorpach (AE) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), agus d'iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe, ón tSualainn agus ón Danmhairg. Ba é €49.7 billiún líon iomlán d'iarmhéid na hiasachta ón AE/CAI a bhí gan íoc ag deireadh mhí na Nollag 2015.


**2.19** Rinne Éire aisíocaíochtaí luatha sa tréimhse idir Nollaig 2014 agus Márta 2015 arbh fhiú díreach os cionn €18 mbilliún iad nó 81% de bhunsaoráid iasachta €22.5 billiún an CAI a ceadaíodh faoi Chlár an AE-CAI.[1] Bhain an aisíocaíocht leis an gcion ba chostasaí de shaoráid an CAI. Tá sé measta ag an GBCN go mbainfear amach coigilteas os cionn €1.5 billiún san ús thar shaolré thosaigh na n-iasachtaí de bharr na n-aisíocaíochtaí luatha. Rinneadh na haisíocaíochtaí sin le cead ón CAI agus níor tabhaíodh pionóis ná muirir ar bith.

**2.20** Tá leasú déanta cúpla uair ar théarmaí an chistiúcháin ón AE/CAI ó tarraingíodh anuas airgead den chéad uair leis na corrlaigh úis ar iasachtaí déthaobhacha, iasachtaí faoin tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus faoin Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) a laghdú, agus chun na haibíochtaí le haghaidh iasachtaí a cheadaigh an EFSM agus an EFSM a shíneadh.

***Próifíl aibíochta an fhiachais***

**2.21** Léirítear i bhFíor 2.4 próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus an fhiachais faoi chlár an AE/CAI (dar luach iomlán €171 bhilliún) ag deireadh mhí an Mheithimh 2016. Tá beagnach 34% den fhiachas a bhí gan íoc ag deireadh mhí an Mheithimh 2016 sceidealaithe le teacht in aibíocht sa tréimhse idir 2017 agus 2020.

**Fíor 2.4 Próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus an chistiúcháin faoi chlár an AE/CAI a bhí ann ag deireadh mhí an Mheithimh 2016[a]**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A4 agus Fíor A5


Nótaí:
a Léirítear iarmhéideanna do chlár an AE/CAI glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra nuair is ábhartha.
b Aontaíodh síntí ar an aibíocht i gcás iasachtaí EFSM in 2013, ach cinnfear na dátaí aibíochta athbhreithnithe nuair a thiocfaidh siad gar dá ndátaí aibíochta tráth a eisiúna. Ní léirítear lena mbeidh fágtha den téarma ach na síntí ar an aibíocht a comhaontaíodh go dtí sin. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn aon cheann de na hiasachtaí sin a athmhaoiniú roimh 2027.
c Cuimsítear bannaí amúchta.

1 Comhlíonann na haisíocaíochtaí seo oibleagáidí aisíoca na príomhshuime leis an CAI a bhí dlite i dtosach idir Iúil 2015 agus Eanáir 2021.

## Costais an fhónaimh d’fhiachas

**2.22** Ba é díreach os cionn €7.1 billiún costas an fhónaimh d’fhiachas a nochtadh i gcuntais an GBCN do 2015 nuair a thomhaistear ar bhonn airgid é, laghdú 13% bliain ar bhliain (féach Fíor 2.5). Tá sé sin glan ar ús €37 milliún agus ar ioncam eile a fuarthas, agus áirítear leis táillí agus speansais de €128 milliún.

**Fíor 2.5 Costais an fhónaimh d’fhiachas agus íocaíochtaí ciste fiachmhúchta, 2010 go 2015 (bonn airgid)**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


Nóta: a Cuireadh deireadh leis an íocaíocht ciste fiachmhúchta ó 2015 de réir Alt 99 den Acht Airgeadais, 2014. D’úsáidtí é sin roimhe sin chun an fiachas a aisíoc.

**2.23** Nuair a thomhaistear an costas fónaimh d’fhiachas ar bhonn fabhraithe, ba é €6.9 billiún an costas fónaimh do 2015.[1] Ba é €7.6 billiún an costas coibhéiseach do 2014 – laghdú 9% bliain ar bhliain.

### *Meánchostas na n-iasachtaí*

**2.24** Ag deireadh 2015, measadh gurbh é 3.5% (3.8% ag deireadh 2014) an meánchostas ualaithe foriomlán ar an bhfónamh don ollfhiachas náisiúnta, mar atá léirithe i bhFíor 2.6. Measann an GBCN gurbh é 3.4% an meánchostas ualaithe foriomlán ar an bhfónamh don ollfhiachas náisiúnta ag deireadh mhí an Mheithimh 2016. Ag deireadh na bliana 2016, ba ar ráta seasta a bhí thart ar 92.5% den ollfhiachas náisiúnta, lena n-áirítear fiachas i gcás ina ndearnadh fálú.[2] Ba ar rátaí úis comhlúthacha a bhí an chuid eile den fhiachas.

**Fíor 2.6 Meánchostas ualaithe (WAC) na n-iasachtaí, 2011 go 2015**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 Aithnítear sa bhonn fabhraithe costais an fhónaimh d’fhiachais a tabhaíodh sa bhliain seachas iad siúd a íocadh, agus ní áirítear ann gluaiseachtaí cistí fiachmhúchta suas go dtí 2014.

2 Áirítear le fiachas ráta sheasta freisin iasachtaí EFSF a íocadh amach mar chuid de shásra cistiúcháin chomhthiomsaithe EFSF. Baineann costas na n-iasachtaí comhthiomsaithe sin ó EFSF le costas cistí EFSF maidir leis an gciste a bhainistiú agus d’fhéadfadh athrú teacht air ó am go ham.

## Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile


**2.25** Sainmhíníonn an GBCN 'an glanfhiachas náisiúnta' mar an t-ollfhiachas náisiúnta arna thabhú ag an Státchiste, lúide iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile atá ann.

### *Comhdhéanamh sócmhainní airgeadais*

**2.26** Bhí iarmhéideanna móra airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile ag an GBCN le roinnt blianta anuas. Bhí suim iomlán de €13.6 billiún ann ag deireadh 2015 (2014: €14.8 billiún). Bhí laghdú 15% tagtha air sin go €11.5 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2016.

**2.27** Tá athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh iarmhéideanna airgid thirim agus shócmhainní airgeadais an Státchiste le roinnt blianta anuas. Roimh an ngéarchéim airgeadais, coinníodh iad ar fad nach mór i bhfoirm taiscí sa Bhanc Ceannais (féach Fíor 2.7). Ag deireadh 2015, ba sa Bhanc Ceannais a bhí 59% den airgead tirim foriomlán agus de na sócmhainní airgeadais. Is méadú 95% é sin i gcomparáid le deireadh na bliana 2014.

**Fíor 2.7 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile, 2008 agus 2015**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A7

**2.28** Bhí thart ar 80% (€10.9 billiún) in airgead tirim agus i sócmhainní airgeadais eile ag deireadh 2015 ar fáil don Stát láithreach nó ar gearrfhógra.Níl an chuid eile inréadaithe go héasca. Cuimsítear ann

- Nótaí ráthaithe ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe dar luach €2.4 billiún
- €0.2 billiún ar taisce le contrapháirtithe díorthacha mar chomhthaobhacht faoi chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa.[1]

**2.29** Ó 2012 i leith, tá infheistíocht déanta ag an GBCN ar na hiarmhéideanna airgid ar fáil i dtaiscí gearrthéarmacha bainc (lena n-áirítear taiscí comhthaobhaithe,[2] comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais tríú páirtithe,[3] agus Billí Státchiste neamh-Éireannacha). Tá ráta toraidh níos airde ag baint leis na hinfheistíochtaí sin i gcomparáid le hairgead tirim i seilbh an Bhainc Ceannais, ach d'fhéadfaí go mbeadh riosca ní b'airde ag gabháil leo.

1 Tá an méid seo glan ar chomhthaobhacht bhreactha €986 mhilliún agus comhthaobhacht a fuarthas ó GNBS (€256 mhilliún), IBRC (€36 mhilliún) agus contrapháirtithe eile (€491 mhilliún).

2 D'fhonn riosca creidmheasa contrapháirtithe a bhainistiú, faigheann an GBCN comhthaobhacht amhail bannaí rialtais le haghaidh airgid atá ar taisce.

3 Is é is comhaontú athcheannaigh droim ar ais ann comhaontú ina gceannaíonn páirtí amháin sócmhainn ó pháirtí eile agus ina ngeallann sé an tsócmhainn a dhíol ar ais leis an dara páirtí amach anseo.

**2.30** I Meitheamh 2014, tar éis chinneadh an Bhainc Ceannais Eorpaigh, déantar luach saothair gach taisce Rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais a íoc ar bhonn nialas faoin gcéad nó ar ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.[1] Laghdaíodh an ráta taisce go lúide 0.2% idir Meán Fómhair 2014 agus Nollaig 2015 nuair a laghdaíodh arís é go lúide 0.3%. Laghdaíodh arís é i Márta 2016 go lúide 0.4%.

### *Barrachas an Chiste um Banc Taisce an Phoist*

**2.31** Faoi réir treoirlínte a d’eisigh an tAire Airgeadais chuig an GBCN, ní mór barrachas carntha an Chiste um Banc Taisce an Phoist (‘an Ciste’) a choinneáil os cionn €5 mhilliún. Níl an barrachas carntha ina chuid de shócmhainní airgeadais an Státchiste. Mar sin féin, faoi Alt 19 den Acht Airgeadais, 1930, is féidir barrachas carntha den Chiste a leithreasú don Státchiste, má dhéantar foráil chuí le haghaidh dímheasa ar luach na sócmhainní den Chiste atá ar fáil chun na dliteanais i leith na dtaisceoirí a chomhlíonadh.

**2.32** Sa tréimhse idir 2000 agus 2011, bhí luach idir €7 milliún agus €13 mhilliún ar bharrachas carntha an Chiste. Tháinig méadú mór ar an mbarrachas sa tréimhse idir 2012 agus 2014. Tháinig méadú go €67 milliún air in 2012, €96 mhilliún in 2013 agus €190 milliún in 2014. Bhí barrachas carntha €165 mhilliún ag Banc Taisce an Phoist an 31 Nollaig 2015, laghdú thart ar 13% ar an mbliain roimhe sin. Léirítear sa laghdú seo meath ar an ioncam infheistíochta de bharr laghdú ar shealúchas bannaí agus ar thorthaí bannaí.

**2.33** I láthair na huaire, níl sé beartaithe ag an GBCN aon chuid den bharrachas a aistriú chuig an Státchiste.

1 Baineann sé seo le taiscí rialtais arb airde iad ná €200 milliún nó 0.04% den olltáirgeacht intíre, cibé acu is airde.

# Iarscríbhinn A

## Fíor A1 Comhdhéanamh an Ollfhiachais Rialtais ag deireadh bliana, 2010 go 2015[a]

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Rialtas Láir – Státchiste** | | | | | | |
| Ollfhiachas náisiúnta | 109,609 | 136,774 | 161,482 | 197,547 | 197,069 | 196,618 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais láir eile, údaráis áitiúla agus Boird Oideachais agus Oiliúna | (2,472) | (2,635) | (2,330) | (2,346) | (2,551) | (3,362) |
| Coigeartú le haghaidh luach ainmniúil fiachais [b] | 72 | 4 | 6 | 4 | 2 | 8 |
| Corrlach réamhíoctha an Chiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh | – | 530 | 530 | 530 | 530 | 530 |
| Dliteanas i leith mona i gcúrsaíocht | 673 | 694 | 670 | 675 | 693 | 701 |
| Coigeartú fabhraithe [c] | 368 | 464 | 548 | 604 | 599 | 504 |
| Coigeartuithe eile [d] | (10) | 153 | 1440 | 996 | 1,042 | 808 |
| Réamh-ús ar iasachtaí náisiúnta | 64 | 12 | 12 | 5 | 49 | 24 |
| Nótaí gealltanais | 30,850 | 28,333 | 25,261 | 215 | 201 | – |
| **Ranníocaíochtaí an Státchiste** | **139,154** | **164,329** | **187,619** | **198,230** | **197,634** | **195,830** |
| **Comhlachtaí eile an Rialtais Láir** | | | | | | |
| Fiachas comhdhlúite IBRC | – | 20,927 | 17,797 | 12,660 | 1,237 | 735 |
| Taiscí an Chiste um Banc Taisce an Phoist | 2,328 | 2,506 | 2,774 | 2,646 | 2,672 | 2,747 |
| Comhlachtaí Stáit eile [e] | 545 | 535 | 456 | 381 | 519 | 1,088 |
| Ceannach amach Dhroichead Dola an Nascbhóthair Thiar | 460 | 410 | 360 | 310 | 260 | 221 |
| **Ranníocaíochtaí eile an Rialtais Láir** | **3,332** | **24,377** | **21,387** | **15,997** | **4,688** | **4,792** |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 4,512 | 4,414 | 4,501 | 4,423 | 4,209 | 3,609 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais láir agus údaráis áitiúla | (3,833) | (4,030) | (4,106) | (3,997) | (3,796) | (3,389) |
| **Ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe** | **679** | **384** | **394** | **427** | **413** | **221** |
| **Rialtas Áitiúil** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 5,617 | 5,054 | 5,106 | 4,920 | 4,984 | 4,150 |
| Lúide dliteanais i leith na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus comhlachtaí rialtais láir eile | (4,556 ) | (4,437 ) | (4,521) | (4,276) | (4,424 ) | (3,727) |
| **Ranníocaíochtaí rialtais áitiúil** | **1,062** | **617** | **585** | **644** | **560** | **423** |
| **Iomlán[f]** | **144,227** | **189,707** | **209,986** | **215,298** | **203,296** | **201,266** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nótaí:
- a Fuarthas an fhaisnéis le haghaidh na mblianta 2010 go 2015 ó "Torthaí Bliantúla de Staitisticí Airgeadais an Rialtais", foilseachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh, Aibreán 2016.
- b Luaitear an tOllfhiachas Rialtais a thuairiscítear don AE ag luachanna ainmniúla. Eisítear fiachas áirithe, amhail páipéar tráchtála, ar lascaine ar a luach ainmniúil, ach is é an luach ainmniúil a thuairiscítear chun críocha an Ollfhiachais Rialtais.
- c Ús ar Bhannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Tráthchoigilteas.
- d Comhaontuithe athcheannaigh, comhthaobhacht agus conarthaí Oifig na nOibreacha Poiblí.
- e Áirítear ann ospidéil dheonacha, FSS, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta.
- f Ní áirítear leis seo dliteanais státchiste eile lena n-áirítear tiomantais i leith conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana agus teidlíochtaí pinsin carntha.

**Fíor A2 Ollfhiachas Rialtais mar chion de OTI, 2010 go 2015[a]**

| Cóimheas | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Ollfhiachas Rialtais | 79,604 | 104,667 | 144,227 | 189,707 | 209,986 | 215,298 | 203,295 | 201,266 |
| OTI | 187,687 | 169,704 | 167,124 | 173,070 | 175,754 | 180,209 | 193,160 | 255,815 |
| Ollfhiachas Rialtais:OTI | 42% | 62% | 86% | 110% | 120% | 120% | 105% | 79% |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nóta: a Fuarthas an fhaisnéis le haghaidh na mblianta 2010 go 2015 ó “Cuntais Ráithiúla Náisiúnta, Ráithe 1 2016”, foilseachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh, Iúil 2016.

**Fíor A3 Iasachtaí carnacha ag parluachanna infhuascailte ag deireadh bliana 2010 go 2015 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2016 [a]**

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | Deireadh mhí an Meithimh 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fiachas meántéarma/fadtéarma [b]** | | | | | | | |
| Bannaí rialtais | 90,102 | 85,310 | 87,853 | 111,007 | 116,339 | 125,086 | 120,916 |
| Cistiúchán faoi chlár an AE/CAI [c] | – | 34,629 | 55,898 | 66,942 | 58,793 | 49,747 | 49,765 |
| Iasachtaí meántéarma/fadtéarma eile | 673 | 673 | 772 | 772 | 927 | 1,168 | 1,468 |
| **Fiachas gearrthéarmach [d]** | | | | | | | |
| Fiachas gearrthéarmach | 6,972 | 2,920 | 2,690 | 2,645 | 4,102 | 2,347 | 5,035 |
| **Fiachas eile** | | | | | | | |
| Iasachtaí ó chistí Stáit eile [e] | 1,524 | 1,696 | 786 | 676 | 523 | 1,579 | 2,087 |
| Scéimeanna coigiltis an Rialtais [f] | 10,338 | 11,546 | 13,483 | 15,506 | 16,384 | 16,692 | 17,077 |
| **Ollfhiachas náisiúnta** | **109,609** | **136,774** | **161,482** | **197,548** | **197,068** | **196,619** | **196,348** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2016.
b Aibíochtaí tráth a n-eisiúna níos mó ná aon bhliain amháin.
c Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra.
b Aibíochtaí tráth a n-eisiúna d’aon bhliain amháin nó níos lú.
e Baineann an phríomhghné den iasacht seo leis an gCiste um Banc Taisce an Phoist.
f Aibíochtaí suas le deich mbliana.

### Fíor A4 Clár Tacaíochta Airgeadais an AE/CAI d'Éirinn, Nollaig 2015 agus deireadh mhí an Mheithimh 2016[a]

| | Nollaig 2015 | | Deireadh mhí an Mheithimh 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtóir** | **€m** | **A mbeidh fágtha den téarma (blianta)[b]** | **€m** | **A mbeidh fágtha den téarma (blianta)[b]** |
| CAI | 4,348 | 6.0 | 4,354 | 5.5 |
| EFSF [c] | 17,881 | 17.1 | 17,881 | 16.6 |
| EFSM [d] | 22,500 | 11.1 | 22,500 | 10.6 |
| Iasachtaí déthaobhacha [e] | 5,018 | 4.4 | 5,030 | 3.7 |
| **Iomlán** | **49,747** | | **49,765** | |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Tá difríocht idir an dliteanas gan íoc ag deireadh mhí an Mheithimh 2016 agus ón méid a tarraingíodh anuas de bharr aisíocaíochtaí, éifeachtaí na n-ionstraimí fálaithe chun riosca airgeadra a fhálú, gluaiseachtaí sa ráta malairte, agus coigeartú d'eisiúint faoin bpar. Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra.

b Meántéarma ualaithe roimh aibíocht.

c Léirítear figiúirí EFSF glan ar chorrlach réamhíoctha de €530 milliún. Tar éis an lacáiste in Iúil 2016 den chorrlach réamhíoctha a baineadh as an méid a tarraingíodh anuas ón EFSF i bhFeabhra 2011, tháinig méadú ar an dliteanas comhiomlán iomlán go €50.3 billiún.

d Aontaíodh síntí ar an aibíocht i gcás iasachtaí EFSM in 2013, ach cinnfear na dátaí aibíochta athbhreithnithe nuair a thiocfaidh siad gar dá ndátaí aibíochta tráth a eisiúna. Ní léirítear lena mbeidh fágtha den téarma ach na síntí ar an aibíocht a comhaontaíodh go dtí sin. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn aon cheann de na hiasachtaí sin a athmhaoiniú roimh 2027.

e Rinneadh na hiasachtaí déthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg agus an tSualainn.

### Fíor A5 Próifíl aibíochta na mbannaí rialtais ag deireadh bliana 2010 go 2015 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2016[a]

| | Faoi 5 bliana €m | 5 go 10 mbliana €m | Os cionn 10 mbliana €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| 2010 | 28,298 | 53,520 | 8,284 | **90,102** |
| 2011 | 33,670 | 43,356 | 8,284 | **85,310** |
| 2012 | 30,548 | 44,733 | 12,572 | **87,853** |
| 2013 | 32,490 | 40,656 | 37,861 | **111,007** |
| 2014 | 40,659 | 34,653 | 41,027 | **116,339** |
| 2015 | 58,314 | 30,450 | 36,322 | **125,086** |
| Deireadh mhí an Mheithimh 2016[b] | 49,642 | 30,817 | 40,457 | **120,916** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2016.

b Tagraíonn aibíocht don staid ag deireadh na bliana féilire.

**Fíor A6 Próifíl aibíochta na bpáipéar gearrthéarmach, ag deireadh bliana 2010 go 2015 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2016[a]**

| | Faoi bhun aon mhíosa amháin | Idir aon mhí amháin agus trí mhí | Idir trí mhí agus sé mhí | Os cionn sé mhí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| 2010 | 2,186 | 3,286 | 1,392 | 108 | **6,972** |
| 2011 | 2,796 | 106 | 18 | – | **2,920** |
| 2012 | 1,147 | 1,417 | 93 | 33 | **2,690** |
| 2013 | 445 | 747 | 1,428 | 25 | **2,645** |
| 2014 | 1,114 | 1,554 | 1,074 | 360 | **4,102** |
| 2015 | 1,300 | 429 | 134 | 484 | **2,347** |
| Deireadh mhí an Mheithimh 2016 | 2,307 | 1,650 | 1,069 | 10 | **5,036** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2016.

**Fíor A7 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile, ag deireadh bliana 2010 go 2015 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2016 [a]**

| | 2008 €m | 2009 €m | 2010 €m | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m | Deireadh mhí an Mheithimh 2016 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuntas an Státchiste | 21,269 | 21,026 | 11,399 | 13,099 | 15,280 | 4,432 | 4,089 | 7,964 | 8,018 |
| An cuntas fuascailte seirbhísí caipitiúla | – | – | 600 | – | – | – | – | – | 7 |
| Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | – | – | 3,585 | 3,848 | 3,982 | 3,704 | 3,145 | 2,424 | 2,312 |
| Taiscí bainc | 790 | 790 | 580 | 30 | 2,680 | 3,679 | 2,984 | 853 | 403 |
| Taiscí comhthaobhaithe | – | – | – | – | 339 | 7,389 | – | – | – |
| Billí Státchiste neamh-Éireannacha | – | – | – | – | 1,046 | 3,041 | 1,474 | 1,184 | 50 |
| Cistiúchán comhthaobhach do chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa | – | – | – | 715 | 523 | 1,356 | 511 | 203 | 679 |
| Comhaontú athcheannaigh droim ar ais tríú páirtí | – | – | – | – | – | – | 2,556 | 925 | – |
| **Iomlán an airgead thirim agus na sócmhainní airgeadais** | **22,059** | **21,816** | **16,164** | **17,692** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,553** | **11,469** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2016.

# Caiteachas Vótáilte

# 3 Cuntasaíocht Vótaí agus Bainistiú Buiséid

**3.1** Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí rialtais

- trí mheastacháin d'fháltais agus de chaiteachas a cheadú le haghaidh na seirbhísí sin le linn na bliana
- trí fheidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

**3.2** Soláthraítear caiteachas faoi 'vótaí', agus cuimsítear feidhmeanna gach roinne nó oifige faoi aon vóta amháin nó níos mó. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (ar a dtugtar an raon), soláthraítear breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuimsítear an raon san Acht Leithreasa bliantúil agus, ar an ábhar sin, léirítear ann na críocha chun ar cheadaigh Dáil Éireann na cistí.

**3.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, bíonn ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse a vótáladh a bhíonn á riar faoina cúram. Tá dualgas reachtúil ann an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann a thuairisciú sa chuntas leithreasa.

**3.4** Anuas ar sheirbhísí a vótáladh, déanann roinnt ranna rialtais cistí reachtúla a riar. Go hiondúil, déantar iad sin a chistiú ó fhoinsí seachas an Príomhchiste agus, ar an ábhar sin, ní 'vótálann' Dáil Éireann an cistiú sin. Is samplaí iad seo a leanas de chistí dá leithéid agus dá bpríomhfhoinsí ioncaim

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (ÁSPC)
- An Ciste Rialtais Áitiúil (mótarcháin agus cáin mhaoine áitiúil)
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (an tobhach ar an gCiste Oiliúna agus an AE)
- An Ciste Comhshaoil (tobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonadh talún)

**3.5** Ag cuir i láthair agus na meastacháin agus na tuarascálacha ar chaiteachas, cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh (€8.5 billiún) agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna (€362 mhilliún) san áireamh san ollchaiteachas iomlán. Tugann an Roinn le fios gurb amhlaidh atá mar aitheantas ar an gcaiteachas mór arna gcistiú le ranníocaíochtaí ÁSPC, ról na ranna ábhartha i dtaca leis an gcaiteachas arna thabhú ag na cistí sin, agus, i gcás sprioceasnaimh sna cistí sin in aon bhliain airgeadais, féadtar an méid i gceist a íoc isteach sna cistí ó airgead arna sholáthar ag Dáil Éireann.

## Torthaí iniúchtaí 2015 ar chuntais leithreasa

**3.6** Tá iniúchadh déanta ar chuntais leithreasa 2015 le haghaidh gach vóta. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil ar an iniúchadh a bhaineann leis, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.


**3.7** Tá achoimre in Iarscríbhinn A (Fíor A1) ar na méideanna a leithreasaíodh in 2015 le haghaidh seirbhísí poiblí a vótáladh. Léirítear toradh don bhliain freisin, mar aon leis an mbarrachas leithreasuithe i gcoinne caiteachais.

**3.8** Ba é €46.4 billiún an méid iomlán a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2015. Cuimsíodh ann deontais soláthair €43.1 billiún, cistiú caipitiúil a tugadh ann ó 2014 dar luach €79 milliún agus leithreasaí i gcabhair €3.2 billiún.

## Toradh na vótaí

**3.9** Tá achoimre i bhFíor 3.1 ar an gcaiteachas comhiomlán agus ar na leithreasaí i gcabhair de gach vóta le haghaidh na mblianta 2010 go 2015. Ba é €46 bhilliún an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2015. Tar éis leithreasaí i gcabhair réadaithe de luach iomlán €3.2 billiún a bhaint amach, ba é €42.8 billiún an glanchaiteachas sa bhliain.

**Fíor 3.1 Toradh na vótaí, 2010 go 2015**





Foinse: Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010 go 2015, Iarscríbhinn A

**3.10** Níl cead ag ranna ná oifigí níos mó airgid a chaitheamh ná an méid atá leithreasaithe le haghaidh gach vóta. I gcás inar lú an caiteachas sa bhliain ná an méid a cuireadh ar fáil, dlitear an barrachas a fhorghéilleadh don Státchiste.

**3.11** Chloígh gach roinn agus oifig lena leithdháileadh foriomlán vótáilte in 2015 agus taifeadadh barrachas i leith gach vóta. Ar an ábhar sin, níor tharla aon vóta barrachais in 2015.

**3.12** Ba é €448 milliún iomlán na mbarrachas in 2015 (féach Fíor 3.2). Faomhadh suim iomlán de €112 mhilliún den tsuim sin lena tabhairt anonn go 2016. Bhí iarmhéid €336 mhilliún dlite lena fhorghéilleadh. Léirítear in Iarscríbhinn A (Fíor A2) na suimeanna atá dlite lena bhforghéilleadh nó lena dtabhairt anonn go 2016 i leith gach vóta.

**Fíor 3.2 Leithreasaí barrachais, 2010 go 2015**




Foinse: Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010 go 2015, Iarscríbhinn A

## Fáltais bhreise Státchiste


**3.13** I gcás suimeanna áirithe arna mbailiú ag ranna agus ag oifigí, ordaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfear do shochar an Státchiste iad, agus ní chaitear leo mar leithreasaí i gcabhair. Áirítear ina measc fáltais ó fhíneálacha cúirte agus fáltais ó tháillí an Údaráis Clárúcháin Maoine. Is amhlaidh a dhéantar fáltais amhantair a thabhairt chun cuntais de ghnáth, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin mhóra mhaoine, fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabúis comhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh, agus tuarastail a thugtar suas ar bhonn deonach. Sa chás inar tháinig fáltais bhreise Státchiste chun cinn in 2015, léirítear na méideanna i nótaí leis na cuntais leithreasa ábhartha. Ba é €157 milliún luach na bhfáltas breise Státchiste ar fad a thaifead ranna agus oifigí in 2015 (2014: €125m). Leagtar amach in Iarscríbhinn A (Fíor A3) méid comhiomlán na bhfáltas sin a tuairiscíodh i ngach cuntas.

## Athraitheas buiséid

**3.14** Léirítear i méid an bhunmheastacháin a ceadaíodh réamh-mheastachán ar an méid a bheidh de dhíth chun íoc as costas na seirbhísí atá le soláthar faoi gach vóta. Dá bhrí sin, is é atá san athraitheas buiséid an difríocht idir an bunmheastachán ar an nglanchaiteachas agus an toradh iarbhír sa bhliain.[1] Léirítear i bhFíor 3.3 an t-athraitheas buiséid le haghaidh na vótaí ar fad le chéile, do na blianta 2005 go 2015.

1 Tá foráil reachtúil ann chun leithdháiltí caipitil gan chaitheamh a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh lena n-úsáid chun na críche céanna, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le méideanna a thugtar anonn dá leithéid mar chuid de leithreasaí bliantúla na roinne.

**Fíor 3.3 Athraitheas idir an glanchaiteachas agus an buiséad tosaigh, gach vóta, 2005 go 2015**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**3.15** Idir 2005 agus 2007, bhí an glanchaiteachas a vótáladh faoi bhun an mheastacháin tosaigh gach bliain. Níl ann do phatrún comhsheasmhach athraitheas ó 2008 i leith. Bhí an glanchaiteachas €1 bhilliún níos mó ná an réamh-mheastachán tosaigh in 2015.


### *Athraitheas buiséid de réir vóta*

**3.16** Ba iad an Roinn Sláinte (€592 mhilliún), an Roinn Coimirce Sóisialaí (€247 milliún) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (€166 mhilliún) na trí vóta lenar bhain an glanathraitheas airgeadaíochta ba mhó in 2015.

**3.17** Leagtar amach i bhFíor 3.4, le haghaidh gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir an caiteachas iarbhír agus an bunmheastachán in 2015.

- Ba ann do 12 vóta inar mhó an toradh glanchaiteachais ná bunmheastachán. Ba ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ag 6%, a bhí an céatadán róchaithimh ab airde i gcomparáid lena bunmheastachán.
- Tabhaíodh glanchaiteachas ní ba lú ná mar a measadh ar dtús i gcás na 28 vóta eile sna meastacháin athbhreithnithe.

**Fíor 3.4 Athraitheas sa ghlanchaiteachas de réir vóta, mar chomhréir den bhunbhuiséad, 2015**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Meastacháin fhorlíontacha*

**3.18** I gcás ina gceadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sé é sin ar an leibhéal comhiomlán. Is féidir leis na ranna a mbuiséad a bhainistiú trí leithdháiltí a bhogadh idir cláir agus fo-mhírchinn go pointe áirithe, ach cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuige sin. Virement a thugtar ar an bpróiseas athleithdhála sin.

**3.19** Más rud é gur gá coigeartú mór a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó fo-mhírcheann in imeacht na bliana, ní mór cead oifigiúil a lorg ón Dáil. Is trí phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh a dhéantar é sin. Is féidir an próiseas seo a úsáid freisin, más gá, chun an t-uasteorainn airgid thirim a mhéadú le haghaidh vóta don bhliain. Déantar sonraí na meastachán forlíontach arna lorg a phlé ag coistí ábhartha den Dáil sula n-iarrtar cead ó Dháil Éireann féin.

**3.20** In 2015, bhí gá le meastacháin fhorlíontacha mhóra i gcás 13 vóta chun an méid foriomlán a bhí ar fáil a mhéadú (féach Fíor 3.5). Áirítear ina measc trí vóta ónar theastaigh meastacháin fhorlíontacha mhóra gach bliain ó bhí 2010 ann.[1]

1. Díbhunaíodh Vóta FSS de réir fhorálacha an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014, agus déantar fónamh ar a chaiteachas trí dheontas ó Vóta na Roinne Sláinte. Bhí meastacháin fhorlíontacha mhóra de dhíth ar Vóta FSS idir 2010 agus 2014 agus, in 2015, bhí meastachán forlíontach mór de dhíth ar Vóta na Roinne Sláinte.

**Fíor 3.5 Vótaí ag a raibh meastacháin fhorlíontacha, 2010 go 2015[a]**

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Sláinte[b] | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Garda Síochána | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Pinsin Airm | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | ○ | | ● | ● | ● | ● |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | ● | | ● | | | ● |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | ○ | ○ | ○ | | ○ | ● |
| Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | | ● | | ● | ● |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | ○ | | | | ● | ● |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | | | | ● | ● |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | | | | | ● | ● |
| Príosúin | | | | | ● | ● |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | | | ○ | ● |
| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | | | | | | ● |
| An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | ○ | ○ | ○ | | ● | |
| An tSeirbhís Chúirteanna | ○ | ● | ● | | ○ | |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | ● | | | | ○ | |
| Roinn an Taoisigh | | | | | ● | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | ● | | | | | |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | ○ | ○ | | ○ | | |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | | | | | | ○ |
| Oifig an Aire Airgeadais | | | | | | ○ |
| An Roinn Cosanta | | | | | ○ | |
| Seirbhísí Comhroinnte | | | | ○ | | |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | | ○ | | | | |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

● Léirítear leis seo méadú ar an meastachán glanchaiteachais .i. meastachán forlíontach mór.

○ Léirítear leis seo nach raibh ach méadú comharthach €1,000 i gceist leis an méadú ar an nglanchaiteachas .i. meastachán forlíontach teicniúil.

a Tá teideal na vótaí mar atá leagtha amach sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí, 2015. I gcás vótaí áirithe, b'fhéidir go raibh teideal éagsúil i bhfeidhm i mblianta roimhe seo inar ceadaíodh meastachán forlíontach.

b Bhí meastacháin fhorlíontacha mhóra de dhíth ar Vóta FSS idir 2010 agus 2014 agus, in 2015, bhí meastachán forlíontach mór de dhíth ar Vóta na Roinne Sláinte.

## Iarscríbhinn A Toradh airgeadais na vótaí

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh ghnáthsheirbhísí na ranna agus na n-oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú le haghaidh na méideanna atá de dhíth ar na seirbhísí sin i rith gach bliana, agus feidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir dlí, is gá cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach aon vóta. Ní mór sonraí a thabhairt sa chuntas sin ar an toradh don bhliain i gcoinne an mhéid a sholáthair Dáil Éireann.

I bhFíor A1, tugtar achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus ar fháltais le hais na méideanna a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2015.

I bhFíor A2, léirítear conas mar a caitheadh le leithreasaí barrachais in 2015 – cibé acu tríd an gcaiteachas a iarchur go 2016, nó trína fhorghéilleadh don Státchiste.

I bhFíor A3, léirítear fáltais mheasta agus fáltais bhreise réadaithe an Státchiste.

Tá míniú anseo thíos ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2014** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2014 agus a tugadh anonn lena chaitheamh ar sheirbhísí caipitil in 2015. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna seo ar fad san Acht Leithreasa, 2014. |
| **Leithreasaí i gcabhair** | Fáltais roinne ar féidir, le cead ó Dháil Éireann, iad a choinneáil chun speansais an vóta lena mbaineann siad a ghlanadh. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, an airgid caipitil iarchurtha ó 2014 (más ann dó) agus aon leithreasaí i gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon le haon bharrachas ar leithreasaí i gcabhair. Dlitear an barrachas don bhliain a fhorghéilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2015 agus a tugadh anonn lena chaitheamh in 2016. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna seo san Acht Leithreasa, 2015. |
| **Barrachas le géilleadh** | Méid an airgid a leithreasaíodh in 2015 ach nár caitheadh é sa bhliain nó nach bhfuil iarchurtha go 2016, agus ar gá, dá bhrí sin, é a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaí i gcabhair de chuid an vóta iad, ach a n-íoctar díreach leis an Státchiste iad. |

**Fíor A1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2015, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2014 | Leithreasaí i gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí i gcabhair | Glanchait-eachas | Ollbharrachas | Barrachas/ (easnamh) sna fáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,444 | - | 106 | 3,550 | 3,298 | 100 | 3,198 | 252 | (6) | 246 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 27,022 | - | 870 | 27,892 | 23,288 | 909 | 22,379 | 4,604 | 39 | 4,643 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 15,030 | - | 815 | 15,845 | 13,995 | 854 | 13,141 | 1,850 | 39 | 1,889 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 52,836 | - | 1,889 | 54,725 | 49,872 | 2,287 | 47,585 | 4,853 | 398 | 5,251 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 37,834 | - | 1,005 | 38,839 | 38,622 | 953 | 37,669 | 217 | (52) | 165 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 28,466 | - | 1,860 | 30,326 | 29,925 | 1,672 | 28,253 | 401 | (188) | 213 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 30,618 | - | 1,350 | 31,968 | 26,301 | 1,935 | 24,366 | 5,667 | 585 | 6,252 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6,682 | - | 5,875 | 12,557 | 12,141 | 6,124 | 6,017 | 416 | 249 | 665 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 329,481 | - | 76,156 | 405,637 | 401,440 | 82,512 | 318,928 | 4,197 | 6,356 | 10,553 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 775 | - | 48 | 823 | 543 | 32 | 511 | 280 | (16) | 264 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 40,610 | - | 3,880 | 44,490 | 40,777 | 4,309 | 36,468 | 3,713 | 429 | 4,142 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 386,770 | - | 124,230 | 511,000 | 499,175 | 136,404 | 362,771 | 11,825 | 12,174 | 23,999 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 369,848 | - | 27,526 | 397,374 | 390,076 | 30,408 | 359,668 | 7,298 | 2,882 | 10,180 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 8,049 | - | 851 | 8,900 | 8,626 | 888 | 7,738 | 274 | 37 | 311 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 1,000 | - | - | 1,000 | 635 | - | 635 | 365 | - | 365 |
| 16 | An Oifig Luachála | 9,145 | - | 1,249 | 10,394 | 8,522 | 1,325 | 7,197 | 1,872 | 76 | 1,948 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 8,584 | - | 321 | 8,905 | 8,802 | 414 | 8,388 | 103 | 93 | 196 |
| 18 | Seirbhísí Comhroinnte | 39,033 | 998 | 4,860 | 44,891 | 26,183 | 4,193 | 21,990 | 18,708 | (667) | 18,041 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 8,738 | - | 402 | 9,140 | 7,946 | 362 | 7,584 | 1,194 | (40) | 1,154 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,383,473 | - | 128,474 | 1,511,947 | 1,503,468 | 128,485 | 1,374,983 | 8,479 | 11 | 8,490 |

| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 21 | Príosúin | 316,540 | - | 15,642 | 332,182 | 331,203 | 15,922 | 315,281 | 979 | 280 | 1,259 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 60,150 | - | 47,815 | 107,965 | 107,112 | 48,097 | 59,015 | 853 | 282 | 1,135 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 30,311 | - | 976 | 31,287 | 29,924 | 1,125 | 28,799 | 1,363 | 149 | 1,512 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 311,126 | - | 61,966 | 373,092 | 366,336 | 64,225 | 302,111 | 6,756 | 2,259 | 9,015 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,190 | - | 144 | 6,334 | 3,954 | 222 | 3,732 | 2,380 | 78 | 2,458 |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 8,187,125 | - | 561,152 | 8,748,277 | 8,726,712 | 548,816 | 8,177,896 | 21,565 | (12,336) | 9,229 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 475,473 | - | 1,150 | 476,623 | 475,028 | 1,557 | 473,471 | 1,595 | 407 | 2,002 |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 164,958 | - | 45,048 | 210,006 | 208,907 | 51,482 | 157,425 | 1,099 | 6,434 | 7,533 |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 173,134 | 4,600 | 245,417 | 423,151 | 399,962 | 236,652 | 163,310 | 23,189 | (8,765) | 14,424 |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 876,579 | 18,000 | 430,489 | 1,325,068 | 1,264,640 | 438,683 | 825,957 | 60,428 | 8,194 | 68,622 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 1,315,932 | 29,105 | 410,756 | 1,755,793 | 1,728,633 | 405,663 | 1,322,970 | 27,160 | (5,093) | 22,067 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 790,412 | 20,000 | 49,774 | 860,186 | 834,845 | 51,925 | 782,920 | 25,341 | 2,151 | 27,492 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | 272,829 | 6,216 | 4,605 | 283,650 | 276,937 | 6,788 | 270,149 | 6,713 | 2,183 | 8,896 |
| 34 | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 1,281,399 | - | 47,558 | 1,328,957 | 1,243,298 | 45,920 | 1,197,378 | 85,659 | (1,638) | 84,021 |
| 35 | Pinsin Airm | 222,090 | - | 5,400 | 227,490 | 227,442 | 5,376 | 222,066 | 48 | (24) | 24 |
| 36 | An Roinn Cosanta | 639,404 | - | 37,887 | 677,291 | 670,539 | 44,819 | 625,720 | 6,752 | 6,932 | 13,684 |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 11,367,263 | - | 264,375 | 11,631,638 | 11,585,753 | 270,552 | 11,315,201 | 45,885 | 6,177 | 52,062 |
| 38 | An Roinn Sláinte | 12,821,200 | - | 520,721 | 13,341,921 | 13,340,748 | 527,975 | 12,812,773 | 1,173 | 7,254 | 8,427 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 18,974 | 125 | 500 | 19,599 | 14,320 | 498 | 13,822 | 5,279 | (2) | 5,277 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1,015,011 | - | 25,012 | 1,040,023 | 1,029,373 | 24,598 | 1,004,775 | 10,650 | (414) | 10,236 |
| | **Iomlán** | **43,133,538** | **79,044** | **3,158,154** | **46,370,736** | **45,959,301** | **3,195,061** | **42,764,240** | **411,435** | **36,907** | **448,342** |

Foinse: Cuntais leithreasa 2015

Nóta: a Cuimsítear leis an nglanbharrachas barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon leis an mbarrachas/easnamh ar leithreasaí i gcabhair. Is de bharr slánú aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

### Fíor A2 Feidhmiú leithreasaí barrachais 2015, de réir vóta

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (do 2015) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 246 | - | 246 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 4,643 | - | 4,643 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,889 | - | 1,889 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 5,251 | - | 5,251 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 165 | - | 165 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 213 | - | 213 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 6,252 | 115 | 6,137 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 665 | - | 665 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10,553 | 2,000 | 8,553 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 264 | - | 264 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 4,142 | - | 4,142 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 23,999 | - | 23,999 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 10,180 | 7,000 | 3,180 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 311 | - | 311 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 365 | - | 365 |
| 16 | An Oifig Luachála | 1,948 | - | 1,948 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 196 | - | 196 |
| 18 | Seirbhísí Comhroinnte | 18,041 | 1,248 | 16,793 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 1,154 | - | 1,154 |
| 20 | An Garda Síochána | 8,490 | 6,644 | 1,846 |

### Fíor A3 Fáltais bhreise Státchiste 2015, de réir vóta

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | – |
| 2 | Roinn an Taoisigh | – |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | – |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | – |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 246 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 9 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 2 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | – |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,780 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | – |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | – |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | – |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,400 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | – |
| 15 | An Rúnseirbhís | – |
| 16 | An Oifig Luachála | – |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | – |
| 18 | Seirbhísí Comhroinnte | – |
| 19 | Oifig an Ombudsman | – |
| 20 | An Garda Síochána | 3,409 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 21 | Príosúin | 1,259 | - | 1,259 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 1,135 | - | 1,135 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,512 | - | 1,512 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 9,015 | - | 9,015 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 2,458 | - | 2,458 |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 9,229 | - | 9,229 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 2,002 | - | 2,002 |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 7,533 | 475 | 7,058 |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 14,424 | 5,250 | 9,174 |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 68,622 | 12,000 | 56,622 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 22,067 | 16,100 | 5,967 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 27,492 | 10,000 | 17,492 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | 8,896 | 6,158 | 2,738 |
| 34 | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 84,021 | 41,078 | 42,943 |
| 35 | Pinsin Airm | 24 | - | 24 |
| 36 | An Roinn Cosanta | 13,684 | - | 13,684 |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 52,062 | - | 52,062 |
| 38 | An Roinn Sláinte | 8,427 | - | 8,427 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 5,277 | 200 | 5,077 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 10,236 | 3,500 | 6,736 |
| | **Iomlán** | **448,342** | **111,768** | **336,574** |

Foinse: Cuntais leithreasa 2015


| | | |
|---|---|---|
| 21 | Príosúin | - |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 11,045 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 57,350 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | - |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | - |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 2,684 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | - |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | - |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | - |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 242 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 4,034 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 5,516 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | 9 |
| 34 | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 54,723 |
| 35 | Pinsin Airm | - |
| 36 | An Roinn Cosanta | - |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 25 |
| 38 | An Roinn Sláinte | - |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 11 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 11,053 |
| | **Iomlán** | **156,538** |

Foinse: Cuntais leithreasa 2015

# 4 Maoiniú Rialtais Láir na nÚdarás Áitiúil

**4.1** Faigheann na húdaráis áitiúla cuid mhór dá gcistiú bliantúil ó réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir, mar atá léirithe i bhFíor 4.1. Is é príomhchuspóir na tuarascála seo breac-chuntas a thabhairt ar na cistí ag sreabhadh ó fhoinsí rialtais láir, agus tríothu, chuig na húdaráis áitiúla, agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí lena n-aghaidh.

**Fíor 4.1 Sreabhadh an mhaoinithe rialtais láir chuig na húdaráis áitiúla in 2015**





Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Cuireadh Bonneagar Iompair Éireann ar bun i Lúnasa 2015 nuair a rinneadh cónascadh idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

## Aistrithe ón Rialtas Láir

4.2 Ba é €1.99 billiún iomlán an chistithe chuig na húdaráis áitiúla ó fhoinsí rialtais láir in 2015, méadú 16% ar 2014.[1] Cistiú ón Státchiste a bhí in 76% den tsuim iomlán sin. Ba tríd an Ciste Rialtais Áitiúil agus an Ciste Comhshaoil a soláthraíodh an chuid eile (féach Fíor 4.2). An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ('an Roinn') a dhéanann an dá chiste sin a riar.[2]

**Fíor 4.2 Foinsí de mhaoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2015**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *An Ciste Rialtais Áitiúil*

4.3 In 2015, ba le fáltais ó mhótarcháin (€1.1 billiún), fáltais ón gcáin mhaoine áitiúil (€469 milliún) agus ranníocaíocht €241 mhilliún ón Státchiste faoin Vóta don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a maoiníodh an Ciste Rialtais Áitiúil go príomha.[3] Íocadh suim €481 mhilliún (2014: €520 milliún) leis an Státchiste ón gCiste Rialtais Áitiúil ar iarratas an Aire Airgeadais faoi Alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú le hAlt 44 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015.

4.4 In 2015, fuair Uisce Éireann €399 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil i leith chostas na seirbhísí a bhaineann le huisce ar chuir na húdaráis áitiúla ar fáil iad roimhe sin. Thug an Roinn deontais dar luach €15 mhilliún d'údaráis áitiúla ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2015 i leith costas íocaíochtaí caipitil áirithe le haghaidh seirbhísí uisce a bhí ag na húdaráis áitiúla nár aistríodh iad chuig Uisce Éireann.

### *An Ciste Comhshaoil*

4.5 Úsáidtear an Ciste Comhshaoil go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir chomhshaoil. Is ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach a eagraítear go leor díobh sin faoi choimirce na n-údarás áitiúil. Fáltais ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a bhíonn á íoc ag tomhaltóirí agus á bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus fáltais ón tobhach ar líonadh talún atá sa Chiste Comhshaoil. Bíonn eisíocaíochtaí ón gCiste imfhálaithe chun cabhrú le tionscadail a bhfuil mar aidhm leo an timpeallacht a chosaint nó a fheabhsú.

1 Áirítear ann aistrithe sainaitheanta os cionn €1 mhilliún. D'fhéadfaí go mbeadh aistrithe ní ba lú eile ann nár cuireadh san áireamh iad.

2 Athraíodh ainm na Roinne go dtí an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil in Iúil 2016.


3 Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann an Cháin Mhaoine Áitiúil a riar. Íoctar fáltais na Cánach isteach sa Phríomhchiste i dtosach, ansin íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil iad.

## Úsáid an mhaoinithe ón rialtas láir

**4.6** Ní mór formhór an mhaoinithe ón rialtas láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonraithe de chuid na n-údarás áitiúil. Is féidir iad sin a aicmiú de réir sé chatagóir leathana de chláir. Tá miondealú i bhFíor 4.3 ar na haistrithe chuig údaráis áitiúla idir 2007 agus 2015 ina léirítear na cláir ar tacaíodh leo (tá miondealú mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn A).

**4.7** Bhain thart ar 70% den soláthar iomlán ón rialtas láir chuig na húdaráis áitiúla le dhá chatagóir in 2015. Ba iad sin cláir thithíochta agus athghiniúna uirbí (39%) agus cláir iompair (31%).

**Fíor 4.3 Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir an chláir caiteachais, 2007 go 2015**




Foinse: Iarscríbhinn A

### *Leithdháiltí na Cánach Maoine Áitiúla d'údaráis áitiúla*

**4.8** Go dtí 2014, sholáthraítí maoiniú ón gCiste Rialtais Áitiúil d'údaráis áitiúla dá gcuid gníomhaíochtaí laethúla go príomha trí dheontais ilchuspóireacha. Ní íoctar deontais ilchuspóireacha ó bhí 2015 ann, agus íoctar leithdháiltí Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) ina n-ionad sin.

**4.9** I Meán Fómhair 2014, chinn an Rialtas gur ar an mbonn seo a leanas a sholáthrófaí na leithdháiltí CMÁ do na húdaráis áitiúla in 2015

- coinnítear go háitiúil 80% de na fáltais i limistéar údaráis áitiúil
- déantar an 20% eile a athdháileadh chun cistiúchán breise a sholáthar d'údaráis áitiúla áirithe a bhfuil bonn cánach maoine níos lú acu. Ar an ábhar sin, chinnteofaí go mbeadh na leithdháiltí CMÁ ar aon dul leis an leibhéal cistiúcháin faoi na deontais ilchuspóireacha in 2014 ar a laghad
- cuirfear san áireamh leis an leithdháileadh aon chinneadh arna dhéanamh ag comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil na rátaí CMÁ a athrú sa limistéar údaráis áitiúil de réir an Achta Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

**4.10** Agus anailís á déanamh ar thionchar na leithdháiltí cistiúcháin CMÁ, aicmíodh na húdaráis áitiúla idir an 12 údarás i suíomh barrachais cistiúcháin i gcomparáid leis an deontas ilchuspóireach a leithdháileadh orthu in 2014 (móronaid uirbeacha agus contaetha sa chrios comaitéireachta den chuid is mó) agus na 19 n-údarás eile a raibh cistiúchán breise de dhíth orthu lena dtabhairt cothrom lena leibhéal cistiúcháin roimhe sin (údaráis ar a raibh cothromú de dhíth), féach Fíor 4.4.

**Fíor 4.4 Leithdháileadh CMÁ ar údaráis áitiúla le haghaidh 2015**

| | Aicmiú na n-údarás áitiúil | | |
|---|---|---|---|
| | **Údaráis i suíomh barrachais** | **Údaráis ar a raibh cothromú de dhíth** | **Iomlán** |
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| Coinnithe sa limistéar áitiúil (80%)[a] | 282 | 118 | 400 |
| Cistiúchán cothromaithe (20%)[b] | – | 102 | 102 |
| Ísliú le haghaidh laghduithe sa ráta CMÁ | (43) | (1) | (44) |
| **Leithdháiltí CMÁ do 2015** | **239** | **219** | **458** |
| **Deontas ilchuspóireach 2014** | **62** | **220** | **282** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nótaí: a Cinneadh na leithdháiltí bunaithe ar na réamh-mheastacháin ba dhéanaí ar ioncam CMÁ in 2015. €500 milliún a bhí ann an tráth sin (roimh an athrúchán). Cruinníodh €469 milliún de CMÁ (tar éis an athrúcháin) agus íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil é in 2015.

b Tá ciste cothromaithe €100 milliún i gceist leis an 20% sin de CMÁ nach gcoinnítear sa limistéar áitiúil é. Is ionann é sin agus easnamh €2 mhilliún chun an suíomh a chothromú do na húdaráis áitiúla ar fad.

**4.11** Tá de rogha ag na húdaráis áitiúla athrú suas le 15% a dhéanamh ar rátaí CMÁ de réir Acht 2012. Le haghaidh 2015, chinn sé údarás áitiúla laghdú 15% (an ráta uasta ceadaithe) a dhéanamh ar an CMÁ ar chostas €35.4 milliún. Rinne ocht gcinn eile d'údaráis áitiúla laghdú idir 1.5% agus 10% a dhéanamh ar an CMÁ ar chostas €8.2 milliún. Níor roghnaigh aon údarás áitiúil an ráta CMÁ a ardú in 2015.

**4.12** I gcás an 12 údarás i suíomh barrachais cistiúcháin, chinn an Rialtas gur mar seo a leanas a d'úsáidfí an barrachas

- beidh cuid de ar fáil le haghaidh cuspóirí lánroghnacha an údaráis (20% den ioncam iomlán measta ó CMA sa limistéar údaráis áitiúil ábhartha (roimh aon chinneadh an ráta a athrú) a bhí le bheith ann nó, i gcás inar lú an barrachas ná 20%, an méid iomlán)
- an chuid eile, más ann dó, chun roinnt seirbhísí áitiúla a chistiú sa réimse tithíochta agus bóithre a raibh cistiúchán ón rialtas láir le fáil ag an údarás áitiúil lena n-aghaidh.

**4.13** I gcás an 12 údarás i suíomh barrachais cistiúcháin, bhí an cistiúchán CMA a soláthraíodh (€239 milliún) €177 milliún ní ba mhó ná an deontas ilchuspóireach in 2014. Tugadh treoir do na húdaráis sin an cistiúchán a úsáid mar seo a leanas

- €131 mhilliún le haghaidh seirbhísí tithíochta
- €22 mhilliún le haghaidh seirbhísí bóithre
- €86 mhilliún le haghaidh cuspóirí ginearálta/lánroghnacha.

### *Infheistiú in iompar*


**4.14** Tá de fhreagracht Bhonneagar Iompair Éireann, a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na bóithre náisiúnta a fheabhsú agus a chothabháil. Go hiondúil, úsáideann Bonneagar Iompair Éireann na húdaráis áitiúla mar ghníomhaithe chun tionscadail bóithre a sheachadadh, agus díríonn sé an cistiúchán tríothu sin.

**4.15** Faigheann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil. Soláthraíonn an Roinn cistiúchán do na húdaráis áitiúla trí chóras íocaíochta Bhonneagar Iompair Éireann.

**4.16** Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freisin, agus soláthraíonn sé cistiúchán d'údaráis áitiúla le haghaidh feabhsuithe áirithe sa chóras iompair phoiblí. I measc na gcuspóirí cistiúcháin, áirítear rochtain níos fearr ar an iompar poiblí do dhaoine breacaosta, sreafaí tráchta níos fearr, bealaí breise le haghaidh rothaithe agus coisithe, agus rochtain níos fearr le haghaidh busanna agus tacsaithe.

**4.17** Léirítear i bhFíor 4.5 an treocht i leibhéal an chistiúcháin ó fhoinsí rialtais láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla i leith na bpríomhréimsí iompair.

**Fíor 4.5 Cistiúchán d'údaráis áitiúla le haghaidh bonneagar iompair, 2007 go 2015**





Foinse: Iarscríbhinn A

### *Tithíocht agus athghiniúint uirbeach*

**4.18** Soláthraíonn an Roinn formhór an chistiúcháin don tithíocht agus don athghiniúint uirbeach go díreach do na húdaráis áitiúla. Bíonn ar roinnt údaráis áitiúla (deich gcinn faoi láthair) seirbhísí tithíochta a chistiú iad féin ó fháltais bharrachais CMÁ, ar luach arna chur in iúl ag an Roinn don údarás. Úsáideann na húdaráis áitiúla an cistiúchán chun tacú le soláthar tithíochta sóisialta lena n-áirítear trí chlár tógála agus fála an údaráis áitiúil, obair athghiniúna agus feabhais, úsáid tháirgiúil a bhaint as aonaid fholmha in athuair, lóistín don lucht siúil a sholáthar, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim Cóiríochta Cíosa, an Clár Caiteachais Reatha don Tithíocht Shóisialta, Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, deontais oiriúnaithe tithe, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean. Léirítear i bhFíor 4.6 an treocht i leibhéal an chistiúcháin le haghaidh soláthar tithíochta.

**Fíor 4.6 Cistiúchán d'údaráis áitiúla lena infheistiú i dtithíocht agus in athghiniúint uirbeach, 2007 go 2015**





Foinse: Iarscríbhinn A

### *Tionscnaimh chomhshaoil*

**4.19** Léirítear i bhFíor 4.7 an treocht i leibhéal an chistiúcháin ó fhoinsí rialtais láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla i leith tionscnaimh chomhshaoil. Tá laghdú mór tagtha ar an gcistiúchán le haghaidh tionscadail infheistíochta do sheirbhísí uisce agus sláintíochta ó 2014 i leith toisc gur aistríodh na feidhmeanna sin ó na húdaráis áitiúla go hUisce Éireann.

**Fíor 4.7 Cistiúchán d'údaráis áitiúla le haghaidh tionscnaimh chomhshaoil, 2007 go 2015**




Foinse: Iarscríbhinn A

**4.20** Áirítear i measc an chistiúcháin le haghaidh tionscnaimh chomhshaoil in 2015 cistí le haghaidh oibreacha faoisimh tuile arna soláthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíodh cistiúchán ón gCiste Rialtais Áitiúil d'údaráis áitiúla le haghaidh oibreacha deisiúcháin de bharr damáiste stoirme tar éis sraith stoirmeacha móra a bhí ina gcúis le tuilte ag deireadh 2015.

### *Seirbhísí oideachais agus fostaíochta*

**4.21** In 2015, thosaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar chistiúchán a sholáthar d'údaráis áitiúla chun díol as na costais a bhaineann le tacaíochtaí forbartha fiontair áitiúla a chur ar fáil don earnáil micrifhiontair trí na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁ).

**4.22** Rinneadh foráil sa reachtaíocht in 2014 do bhunú na nOifigí; díscaoileadh na mBord Fiontair Contae agus aistriú a bhfeidhmeanna chuig Fiontraíocht Éireann; agus feidhmiú na bhfeidhmeanna sin ag na hOifigí Fiontair Áitiúil thar ceann Fhiontraíocht Éireann.[1] Is í an Roinn atá freagrach as beartas agus as cistiúchán i gcónaí. An cuspóir atá ann ná go mbeidh na hOifigí ina n-ionad ilfhreastail ina soláthrófar tacaíocht agus seirbhísí chun micrifhiontair agus fiontair bheaga i ngach limistéar áitiúil a chur ar bun, a fhás agus a fhorbairt. Tá sé beartaithe gur trí na hOifigí sin a bheifear in ann teacht ar an bhfaisnéis ar fáil a bhaineann le tacaíochtaí Stáit le haghaidh micrifhiontar agus fiontair bheaga.

**4.23** Tríd an rannóg nua do Mhicrifhiontair agus d'Fhiontair bheaga dá cuid, soláthraíonn Fiontraíocht Éireann raon tacaíochtaí do na hOifigí Fiontair Áitiúil lena n-áirítear tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais. Áirítear le tacaíocht airgeadais riarachán a dhéanamh ar dháileadh chistiúchán na Roinne ar gach údarás áitiúil de réir nósanna imeachta comhaontaithe.

**4.24** Cuireann na hOifigí raon leathan seirbhísí ar fáil d'fhiontraithe agus d'fhiontair áitiúla lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais díreacha do mhicreaghnóthaí incháilithe agus seirbhísí comhairleacha ar raon saincheisteanna amhail réitigh mhaoine áitiúla, rialacháin an údaráis áitiúil, pleanáil, inrochtaineacht, an comhshaol, agus soláthar. Ina theannta sin, soláthraíonn na hOifigí meantóireacht d'fhiontraithe agus d'fhiontair mar aon le hoiliúint i réimsí amhail gnólacht a bhunú agus a bhainistiú.

**4.25** Cúiteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí na húdaráis áitiúla as caiteachas a thabhaíonn siad ar thionscadail áirithe fostaíochta pobail agus tionscnaimh jabanna.

**4.26** Roimhe seo (mar atá léirithe i bhFíor 4.8), chúitigh an Roinn Oideachais agus Scileanna údaráis áitiúla as caiteachas suntasach a thabhaigh siad i ndáil leo seo a leanas


- deontais a íocadh le mic léinn
- pinsin a íocadh le hiarfhostaithe coistí gairmoideachais agus institiúidí teicneolaíochta atá ar scor.

**4.27** Faoi na socruithe athbhreithnithe

- is gá gach iarratas nua ar dheontais mac léinn a chur isteach chuig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)
- ó 2013 i leith, is í Rannóg Pinsean Oifig an Phámháistir Ghinearálta sa Roinn Airgeadais a íocann pinsin. Gearrtar na costais pinsean ar vóta na Roinne Oideachais agus Scileanna.

1 An tAcht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh), 2014.

**Fíor 4.8 Cistiúchán d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí oideachais agus fostaíochta, 2007 go 2015**





Foinse: Iarscríbhinn A

### *Seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile*

**4.28** Cuireann comhlachtaí rialtais láir cistiúchán ar fáil d'údaráis áitiúla freisin chun cabhrú leo seirbhísí a sholáthar amhail tionscadail spóirt agus chultúir, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí oidhreachta, agus seirbhísí leabharlainne agus cartlainne. Léirítear i bhFíor 4.9 an treocht i leibhéal an chistiúcháin i leith seirbhísí den sórt sin.

**Fíor 4.9 Cistiúchán d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile, 2007 go 2015**




Foinse: Iarscríbhinn A


Nóta: Áirítear faoi 'Eile' seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí leabharlainne, agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

## Treochtaí i gcaiteachas na n-údarás áitiúil, 2006 go 2015

**4.29** Ba é €5 bhilliún an caiteachas comhiomlán a rinne na húdaráis áitiúla in 2014 (an bhliain is déanaí a bhfuil faisnéis iomlán iniúchta ar fáil lena haghaidh).[1] Cuimsíodh leis sin thart ar €1.1 billiún i gcaiteachas caipitiúil, agus tuairim is €3.9 billiún i gcaiteachas reatha (féach Fíor 4.10). Meastar nach mbeidh athrú ar an gcaiteachas measta le haghaidh 2015 i gcomparáid le leibhéal 2014.[2]

**4.30** Faoi mar atá léirithe i bhFíor 4.10, tá laghdú tagtha bliain ar bhliain ar chaiteachas caipitiúil na n-údarás áitiúil ó baineadh amach buaic €6.8 billiún in 2007. Tháinig laghdú 29% ar an gcaiteachas caipitiúil in 2014 i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus tá laghdú tagtha freisin ar chaiteachas reatha na n-údarás áitiúil le roinnt blianta anuas.

**Fíor 4.10 Caiteachas na n-údarás áitiúil de réir cineáil, 2006 go 2015**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Réamh-mheastacháin is ea iad na figiúirí do 2015. Úsáidtear figiúirí iniúchta le haghaidh na mblianta ar fad roimhe sin.

## Maoirseacht an rialtais láir ar údaráis áitiúla

**4.31** Tá dhá phríomhchóras ann ina ndéanann an rialtas láir maoirseacht ar chaiteachas na n-údarás áitiúil: Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

## Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil

**4.32** Déanann Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil iniúchadh ar ráitis airgeadais gach údaráis áitiúil. Déantar an tuairim iniúchóra agus aon ní a thagann chun cinn san iniúchadh a thuairisciú don údarás áitiúil ábhartha. Seoltar cóip de gach tuarascáil iniúchóra chuig an Aire agus foilsítear í ar láithreán gréasáin na Roinne. Aithníonn an Roinn saincheisteanna ar fud na hearnála atá le fiosrú a thagann chun cinn i dtuarascálacha iniúchóra, agus téann an Roinn i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla ábhartha má theastaíonn breis faisnéise ar shaincheist ar leith.

**4.33** Déanann an tSeirbhís Iniúchta iniúchtaí luach ar airgead ar oibríochtaí na n-údarás áitiúil freisin. Tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí sin don Aire.

1 Áirítear anseo caiteachas na 26 chomhairle contae, na dtrí chomhairle cathrach, agus an dá chomhairle cathrach agus contae.

2 Ní raibh comhthiomsú thorthaí caiteachais na n-údarás áitiúil le haghaidh 2015 tugtha chun críche ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tuarascáil seo á foilsiú.

**4.34** Foilsítear tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Iniúchta. Tá achoimre ann ar thorthaí an iniúchta i leith ráitis airgeadais bhliantúla na n-údarás áitiúil ar fad. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíocht i Márta 2016, agus áirítear ann torthaí na n-iniúchtaí ar ráitis airgeadais 2014.[1] Cuirtear béim sa tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an earnáil agus le húdaráis ar leith, amhail ioncam agus caiteachas don earnáil, suíomh ioncaim charnaigh gach údaráis áitiúil, agus an fheidhmíocht maidir le bailiú ioncaim.

## An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

**4.35** Bunaíodh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta ('an Coimisiún') in Iúil 2014.[2] Tá raon leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún atá dírithe ar mhionscrúdú ar fheidhmíocht an rialtais áitiúil, lena n-áirítear an fheidhmíocht airgeadais.

**4.36** Tá straitéis an Choimisiúin agus tuairiscí ar a ghníomhaíochtaí do 2015 leagtha amach ina thuarascáil bhliantúil do 2015.[3] Tá sé ráite ag an gCoimisiún ina straitéis go ndéanfaidh sé mionscrúdú neamhspleách ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil trí thuarascálacha téamacha agus, nuair is gá, trí éisteachtaí ó bhéal maidir le hábhair atá faoina shainchúram. Is iad tuarascálacha foilsithe na príomh-aschuir dá chuid, agus cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid Coistí Oireachtais ábhartha. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar thorthaí a chuid oibre i dtéarmaí chur i bhfeidhm a moltaí.

Amhail Meitheamh 2016, tá ocht dtuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún

- Pleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil, 2015-2019
- Táscairí Feidhmíochta in Údaráis Áitiúla 2014
- Suirbhé um Shástacht Thionóntaí na nÚdarás Áitiúil
- Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le Cód Caiteachais Phoiblí na nÚdarás Áitiúil, 2014
- Athchóirithe ón Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil
- Tionscadail Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil
- Bailiú Rátaí i measc na nÚdarás Áitiúil, 2013-2014
- Feidhmíocht Airgeadais na nÚdarás Áitiúil, 2013-2015: Easnaimh, Tuairim Iniúchóra agus Ráitis Airgeadais.

**4.37** I measc ualach oibre reatha an Choimisiúin, áirítear tionscadail ar na nithe seo a leanas

- cothabháil agus bainistiú stoc tithíochta na n-údarás áitiúil
- feidhmiú a bhfeidhmeanna reatha i measc údaráis áitiúla maidir le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach
- táscairí feidhmíochta in údaráis áitiúla in 2015.

1 Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, Forbhreathnú ar Obair na nIniúchóirí Rialtais Áitiúil, Márta 2016.

2 Tá foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do bhunú an Choimisiúin agus cuireadh an Coimisiún ar bun go foirmiúil le hIonstraim Reachtúil Uimh. 297 de 2014.

3 Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta, 2015 (Aibreán 2016).

**4.38** Maoinítear obair an Choimisiúin tríd an gCiste Rialtais Áitiúil. Ba é €114,000 an caiteachas in 2015 (2014: €47,000) agus táillí na gcomhaltaí a bhí sa tsuim sin den chuid ba mhó. Is é €200,000 a leithdháileadh le haghaidh 2016. Beirt bhall foirne a bhí ag an gCoimisiún (triúr ball foirne a bhí ann in 2014). An Roinn a chuireann na baill foirne ar fáil. Ba é €115,000 (2014: €88,000) costas na mball foirne sin, agus tháinig an tsuim sin ó vóta na Roinne.

## Conclúidí

**4.39** Scéal an-chasta atá sa chistiúchán rialtais láir do na húdaráis áitiúla, agus tá aistrithe ann ó ranna éagsúla le haghaidh go leor cuspóirí éagsúla. Íocann ranna cistiúcháin cineálacha áirithe cistiúcháin go díreach leis na húdaráis áitiúla, ach íoctar cistiúchán eile trí ghníomhaireachtaí roinne.

**4.40** Díreach faoi bhun €2 bhilliún a bhí i luach iomlán na n-aistrithe cistiúcháin a íocadh le húdaráis áitiúla ó fhoinsí rialtais láir in 2015. €5.8 billiún a bhí i luach na n-aistrithe in 2008. Baineann cuid mhór den laghdú ar an leibhéal cistiúcháin mar thoradh ar an aistriú freagrachtaí ó údaráis áitiúla chuig gníomhaireachtaí eile.

## Iarscríbhinn A Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir an chláir caiteachais, 2007 go 2015

| Catagóir an Chaiteachais | 2007 €m | 2008 €m | 2009 €m | 2010 €m | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Infheistiú in iompar** | | | | | | | | | |
| Feabhas ar bhóithre náisiúnta | 1,476 | 1,374 | 1,218 | 893 | 516 | 503 | 232 | 228 | 236 |
| Feabhas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla | 622 | 616 | 455 | 412 | 451 | 376 | 399 | 357 | 337 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitiúla) | 48 | 70 | 63 | 56 | 83 | 62 | 57 | 51 | 54 |
| | **2,146** | **2,060** | **1,736** | **1,361** | **1,050** | **941** | **688** | **636** | **627** |
| **Tithíocht agus athghiniúint uirbeach** | | | | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 1,382 | 1,571 | 1,297 | 961 | 655 | 598 | 529 | 536 | 614 |
| Tithíocht inacmhainne, srl. | 64 | 89 | 94 | 84 | 68 | 58 | 43 | 39 | 3 |
| Tacaíochta tithíochta eile | 6 | 7 | 4 | 6 | 4 | 3 | 1 | 5 | 114 |
| Athghiniúint uirbeach | 20 | 5 | 1 | – | – | – | – | – | 50 |
| | **1,472** | **1,672** | **1,396** | **1,051** | **727** | **659** | **573** | **580** | **781** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 529 | 544 | 558 | 535 | 462 | 343 | 293 | 42 | 102 |
| Oibreacha faoisimh tuile | 14 | 3 | 5 | 17 | 8 | 22 | 10 | 27 | 43 |
| Bainistíocht dramhaíola | 28 | 27 | 8 | 11 | 11 | 5 | 9 | 5 | 3 |
| Athchúrsáil | 12 | 22 | 14 | 14 | 12 | 4 | 8 | 2 | – |
| Bearta comhshaoil eile | 11 | 15 | 29 | 16 | 18 | 11 | 11 | 13 | 20 |
| | **594** | **611** | **614** | **593** | **511** | **385** | **331** | **89** | **168** |
| **Seirbhísí Oideachais agus fostaíochta** | | | | | | | | | |
| Deontais ardoideachais | 126 | 137 | 160 | 172 | 184 | 146 | 70 | 39 | 11 |
| Costais aoisliúntais agus aiscí | 146 | 164 | 219 | 217 | 171 | 15 | – | – | – |
| Scéimeanna fostaíochta | 12 | 11 | 10 | 9 | 9 | 8 | 8 | 8 | 36 |
| | **284** | **312** | **389** | **398** | **364** | **169** | **78** | **47** | **47** |
| **Seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile** | | | | | | | | | |
| Linnte snámha | 28 | 20 | 11 | 3 | 10 | 8 | 5 | – | 1 |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 24 | 24 | 20 | 19 | 12 | 6 | 5 | 7 | 6 |
| Seirbhís leabharlainne | 17 | 15 | 9 | 6 | 7 | 6 | 4 | 2 | 2 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tograí cultúrtha | 8 | 5 | 11 | 21 | 9 | 6 | 3 | 11 | 9 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 7 | 8 | 6 | 5 | 1 | 1 | 1 | 5 | 1 |
| Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas | 15 | 15 | 12 | 7 | – | – | – | – | – |
| Seirbhísí caipitiúla ilghnéitheacha | 24 | 40 | 14 | 18 | 11 | 16 | 11 | 9 | 14 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha[a] | 32 | 40 | 23 | 22 | 24 | 26 | 23 | 38 | 32 |
| | **155** | **167** | **106** | **101** | **74** | **69** | **53** | **72** | **65** |
| Deontais ilchuspóireacha | 948 | 999 | 833 | 763 | 700 | 638 | 642 | 281 | – |
| Leithdháiltí CMÁ – ilchuspóireacha/lánroghnacha[b] | – | – | – | – | – | – | – | – | 306 |
| **Cistiúchán iomlán a soláthraíodh do na húdaráis áitiúla** | **5,599** | **5,821** | **5,074** | **4,267** | **3,426** | **2,861** | **2,365** | **1,705** | **1,994** |

Foinse: Ráitis airgeadais ó Oifig na nOibreacha Poiblí; ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; ón Roinn Oideachais agus Scileanna; ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; ón Roinn Sláinte; ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; ón Roinn Coimirce Sóisialaí; ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; ón Roinn Cosanta; ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; ón gCiste Rialtais Áitiúil; agus ón gCiste Comhshaoil (níl iniúchadh déanta ar ráitis airgeadais 2015).

Nótaí:
a Rinneadh coigeartuithe in 2014 ar mhéideanna a tuairiscíodh roimh 2014 chun méideanna nach raibh san áireamh roimhe sin a léiriú.
b Ba é €459 milliún an leithdháileadh iomlán CMÁ ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2015. Leithdháileadh é sin mar seo a leanas: Tithíocht €131 mhilliún; Bóithre €22 mhilliún; Ilchuspóireach/lánroghnach €306 mhilliún.

# 5 Dul chun cinn faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún

**5.1** Tacaíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ('an Roinn') le húdaráis áitiúla chun talamh a fháil le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne.[1] I mblianta roimhe seo, áiríodh leis sin iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a cheadú do na húdaráis áitiúla chun na críche sin.[2] Ba é €821 mhilliún luach iomlán na n-iasachtaí fála talún a fuair na húdaráis áitiúla ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe sa tréimhse idir 1999 agus 2013. Ba é €468 milliún an phríomhshuim amuigh i leith gach iasachta fála talún ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe ag deireadh 2015.

## An Scéim Chomhiomlánaithe Talún

**5.2** Rinne na húdaráis áitiúla iniúchadh talún in 2010 chun talamh a shainaithint ar ceannaíodh é le haghaidh forbairt cónaithe ach gur beag an seans atá ann go ndéanfaí forbairt ann sna deich mbliana amach romhainn. Léiríodh sa suirbhé sin go raibh 259 láithreán ann a chuimsigh 775 heicteár. Ba é €500 milliún luach iomlán na n-iasachtaí (idir caipiteal agus ús a carnadh faoi 2010) a bhí le híoc ag na húdaráis áitiúla ar na láithreáin sin.

**5.3** Cuireadh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún ar bun in 2010 mar thoradh ar na deacrachtaí a bhí ag na húdaráis áitiúla de bharr laghduithe tapa sa mhargadh tithíochta agus cliseadh luach na talún. Ba é cuspóir na scéime maolú a dhéanamh ar an ualach airgeadais ar údaráis áitiúla de bharr iasachtaí ón nGníomhaireacht a fhuascailt, i gcás nár cuireadh tús leis an fhorbairt agus go raibh na hiasachtaí dlite lena n-íoc.

**5.4** Faoin scéim, bhí ar chumas údaráis áitiúla, ach táille ainmniúil a íoc, talamh forbartha cónaithe a raibh iasachtaí amuigh ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe dlite ina leith a aistriú chuig comhlacht sainchuspóireach ar a dtugtar an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (an Ghníomhaireacht Tithíochta).[3]

**5.5** Tháinig deireadh leis an scéim i Nollaig 2013. Faoin am sin, bhí 73 láithreán ceadaithe ag an Roinn faoin scéim inar cuimsíodh 247 heicteár.[4]

### *Dul chun cinn maidir le talamh a aistriú faoin scéim*

**5.6** Léirítear i bhFíor 5.1 an dul chun cinn atá déanta maidir le talamh a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ó 2014.

1 Athraíodh ainm na Roinne go dtí an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil in Iúil 2016.

2 Cuireadh an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar bun chun airgeadas a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla le tithíocht a fhorbairt.

3 Cuireadh cuideachta darbh ainm Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) chun na tailte arna n-aistriú faoin scéim seo a bhainistiú. Cuireadh an comhlacht sin ar bhonn reachtúil in 2012 agus tugadh an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe air.

4 Féachadh ar an Scéim Chomhiomlánaithe Talún roimhe seo sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2013.

**Fíor 5.1 Achoimre ar an stádas aistrithe talún, Meitheamh 2014 agus Iúil 2016**

| | Líon na suíomhanna<br>Meitheamh 2014 [a] | Achar i heicteáir<br>Meitheamh 2014 | Líon na suíomhanna<br>Iúil 2016 | Achar i heicteáir<br>Iúil 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Aistrithe | 41 | 105 | 67 | 224 |
| Conarthaí malartaithe (fadhbanna nach bhfuil réitithe i gcónaí) | 8 | 33 | 3 | 6 |
| Conarthaí faighte agus faoi athbhreithniú | 7 | 38 | 1 | 2 |
| Próiseas an aistrithe faoi lán seoil | 17 | 71 | 2 | 15 |
| **Gach suíomh glactha** | **73** | **247** | **73** | **247** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Caibidil 6 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2013.

**5.7** Shonraigh an Roinn gurb í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá freagrach as an bpróiseas aistrithe lena n-áirítear gnéithe teicniúla agus dlíthiúla, agus go leanann na húdaráis áitiúla ábhartha agus an Ghníomhaireacht Tithíochta de thús áite a thabhairt don obair chun gach fadhb neamhréitithe ag a bhfuil tionchar ar na haistrithe eile a réiteach. Ní mór do gach údarás áitiúil a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha aistrithe agus ní mór don Ghníomhaireacht Tithíochta a bheith sásta gur glacadh gach beart riachtanach go sásúil roimh aon aistriú talún a dhéanamh.

**5.8** Shonraigh an Roinn go mbíonn sí i dteagmháil rialta leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir leis an dul chun cinn a dhéantar ar aistrithe talún, agus d'iarr sí ar an nGníomhaireacht tús áite a thabhairt do chríochnú líon beag láithreán atá fágtha leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann.

### *Cuntas a choimeád ar láithreáin*

**5.9** Gach láithreán a ghlactar sa scéim, aistrítear é chuig úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta le haghaidh táille ainmniúil €1 in aghaidh an láithreáin. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as bainistiú agus cothabháil na dtailte arna n-aistriú faoin scéim. Mar sin féin, níl an t-údarás ag an nGníomhaireacht Tithíochta láithreán a dhiúscairt ná a fhorbairt gan chead ón Aire. Tuairiscítear na láithreáin ar luach nialais i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta. Cé go gcoinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta aon fháltais a thagann chun cinn as diúscairt láithreáin faoin scéim, tá sé beartaithe go n-úsáidfear na láithreáin go príomha chun críocha na tithíochta poiblí seachas iad a dhíol.

**5.10** Ní thaifeadtar na láithreáin mar shócmhainní i gCuntas Leithreasa na Roinne.

**5.11** Iarradh comhairle dlí ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir leis an gcur chuige cuntasaíochta de láithreáin faoin scéim de bharr choinníollacha na scéime agus, go háirithe, na srianta atá ar an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le conas is féidir tailte faoin scéim a úsáid nó a dhiúscairt. Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag féachaint faoi láthair ar na saincheisteanna a músclaíodh.

### *Athruithe ar chóras cistiúcháin na scéime*

**5.12** Thabhaigh an Roinn costais €111 mhilliún in 2010 agus 2011 le haghaidh fhuascailt na n-iasachtaí a bhaineann leis na 47 láithreán tosaigh ar comhaontaíodh a n-aistriú faoin scéim. Faoin gcéad leagan den scéim, chuir an Roinn cistiúchán ar fáil don údarás áitiúil ábhartha chun an iasacht atá ag aibiú a fhuascailt ina hiomláine. D'fhéadfadh aisíocaíocht iasachta den sórt sin arna déanamh ag údarás áitiúil a dhéanamh roimh aistriú na dtailte chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá sonraí in Iarscríbhinn A, amhail Iúil 2016, ar na láithreáin atá aistrithe chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoi shocruithe tosaigh na scéime.

**5.13** Tugadh isteach socruithe athbhreithnithe in 2012 faoinar tiontaíodh an iasacht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe ina morgáiste suas le 25 bliana. In 2014, measadh gurbh é €52 mhilliún luach iasachtaí blianachtaithe na láithreán eile, agus measadh go mbeadh cistiúchán €2.68 milliún sa bhliain de dhíth ar an Roinn ar bhonn leanúnach, ag brath ar na rátaí úis i bhfeidhm. Faoi na socruithe athbhreithnithe, is féidir leis an údarás áitiúil na híocaíochtaí caipitil agus úis a rinne sé leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a fháil ar ais ón Roinn, faoi réir aistriú na talún chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá sonraí in Iarscríbhinn B, amhail Iúil 2016, ar na láithreáin atá aistrithe chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoi shocruithe athbhreithnithe na scéime.

**5.14** D'íoc an Roinn €2.2 milliún ar an iomlán idir 2013 agus 2015 i leith iasachtaí blianachtaithe. B'ísle na híocaíochtaí a rinneadh sa tréimhse sin ná mar a measadh mar gheall ar an moill a bhí ar láithreáin a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

**5.15** De réir na bprionsabal lena rialaítear féinchistiú na seirbhísí tithíochta ó fháltais bharrachais ón gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) agus an srian tarmligthe ar chaiteachas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mór oibleagáid féinchistithe CMÁ gach údaráis áitiúil a chomhlíonadh sular féidir cistiú Státchiste a sholáthar faoi chláir ábhartha. Ní féidir fáltais bharrachais CMÁ a chur i bhfeidhm ach ar chostais chláir a bheadh incháilithe ar chistiú láir ón Státchiste murach sin.[1]

**5.16** Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach i gcónaí a chaithfí an toradh measta de chistiú Státchiste €2.68 milliún toisc go bhféadfaí go mbeadh riachtanas féinchistithe caipitil CMÁ ar údaráis áitiúla áirithe nár íocadh go fóill nuair a fhaightear na héilimh sa Roinn.[2]

**5.17** Sa tréimhse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2016, rinne na húdaráis áitiúla éilimh ar €1.72 milliún faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún inar sainíodh gur maoiníodh €0.85 milliún trí CMÁ, rud a fhágann gur gearradh glanluach €0.87 milliún ar vóta na Roinne.


### *Forbairt talún tar éis a haistrithe chuig an nGníomhaireacht Tithíochta*

**5.18** Tar éis aistriú na talún ó na húdaráis áitiúla, tá ceanglas ar an nGníomhaireacht Tithíochta tuarascáil a ullmhú agus straitéis a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú, úsáid agus forbairt deiridh na talún i gceist, lena n-áirítear luacháil i gcás ina bhfuil sé beartaithe an talamh a dhiúscairt. Agus an tuarascáil sin á hullmhú, iarrann an Ghníomhaireacht Tithíochta ionchur i leith na talún sin ón údarás áitiúil ábhartha agus ó chomhlachtaí eile a bhfuil spéis acu ann. Leagtar amach i bhFíor 5.2 thíos an dul chun cinn ar an bhforbairt maidir le talamh faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún.

1 Féach Caibidil 4 maidir le Maoiniú Rialtais Láir na nÚdarás Áitiúil chun sonraí breise a fháil ar leithdháiltí CMÁ ar údaráis áitiúla.

2 In 2016, bhí ar dheich n-údarás áitiúla seirbhísí tithíochta a chistiú iad féin ó fháltais bharrachais CMÁ.

**Fíor 5.2 Dul chun cinn maidir le láithreáin tithíochta cónaithe ar thalamh arna fáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún, Iúil 2016**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**5.19** Maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh ar láithreáin le haghaidh forbairt tithíochta, tá deich heicteár talún ar sheacht láithreán ceadaithe chun 185 aonad tithíochta a sheachadadh. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar dhá heicteár talún eile ar cheithre láithreán ar a bhféadfaí breis is 30 aonad tithíochta a sheachadadh.

**5.20** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur roghnaíodh láithreán faoin Scéim mar an suíomh le haghaidh togra mór Path Finder faoi Phlean Tithíochta 'Atógáil Éireann' de chuid an Rialtais a foilsíodh in Iúil 2016. Seachadfar 150 teach cónaithe faoin togra ar meascán de thithe agus d'árasáin shóisialta agus inacmhainne a bheidh iontu. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair ar bhonn comhfhiontair le comhlacht tionscadal faofa agus le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun an togra a fhorbairt.

**5.21** Tá dhá láithreán faoin Scéim ceadaithe chun críocha pobail inbhuanaithe

- aistríodh cuid de láithreán (1.6 heicteár) chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun forbairt a dhéanamh ar mhórthogra tógála scoile i gCorcaigh
- aistríodh láithreán beag chuig comhairle pobail i Luimneach chun clós súgartha a fhorbairt.

**5.22** Shonraigh an Roinn gur ceann de phríomhspriocanna na Scéime cur le caipiteal sóisialta an Stáit trí thalamh a chur ar fáil de réir mar is cuí chun forbairt pobal inbhuanaithe a éascú. Cé go bhfuil an scéim dírithe ar thalamh a fhorbairt chun críocha na tithíochta sóisialta, is féidir machnamh a dhéanamh faoin scéim freisin ar thionscnaimh agus ar thograí lena dtacaítear le cruthú agus forbairt pobal inbhuanaithe.

**5.23** Shonraigh an Roinn freisin go raibh an scéim dírithe i dtosach ar aistriú na láithreán ó úinéireacht na n-údarás áitiúil lena bhaineann chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Táthar ag díriú anois ar bhainistiú, cothabháil agus forbairt na dtailte sin. Ó Eanáir 2016, tháinig foirne ón Roinn ar cuairt agus bhuail siad leis na húdaráis áitiúla chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt tithíochta. Mar thoradh air sin, tá an Roinn ag súil le gluaiseacht níos éifeachtúla tograí trí chéimeanna an phróisis ceadaithe sna míonna amach romhainn.

**5.24** Shonraigh an Roinn nach bhfuil aon difríocht idir an próiseas seachadta d'aonaid tithíochta sóisialta ar thailte faoin Scéim agus an próiseas i leith tailte faoi úinéireacht údarás áitiúil. Tá seachadadh tithíochta ar láithreáin faoin scéim agus ar láithreáin eile faoi úinéireacht an Stáit ina phríomhthosaíocht faoi *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine* a foilsíodh in Iúil 2016. Anuas ar na láithreáin faoin scéim atá á forbairt go gníomhach cheana féin, faoi Ghníomh 2.7 den phlean gníomhaíochta sin, forbróidh an Ghníomhaireacht Tithíochta, i dteannta na Roinne agus na n-údarás áitiúil ábhartha, "Plean Bainistíochta Straitéisí" le haghaidh gach láithreáin faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún chun iad a chur ar aghaidh chuig an gcéim forbartha ag an deis is luaithe. Tá an gníomh seo beartaithe lena sheachadadh sa chéad ráithe de 2017.

### Bunachar talún na n-údarás áitiúil a úsáid le haghaidh tithíochta

**5.25** Maidir leis an dul chun cinn ar an bhforbairt atá déanta ag údaráis áitiúla ar láithreáin atá sainaitheanta san iniúchadh ar an mbunachar talún, shonraigh an Roinn gur ullmhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, ag leanúint ón iniúchadh agus i gcomhar leis an Roinn agus leis an gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach, bunachar sonraí de thailte faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus de thailte faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Tá úsáid á baint freisin as láithreáin na n-údarás áitiúil chun léarscáil idirghníomhach a chruthú de láithreáin údaráis áitiúil agus de láithreáin faoin scéim ina léirítear suíomh, méid, agus teorainneacha na láithreán mar aon le faisnéis eile. Tá sonraí mionsonraithe á mbailiú faoi láthair ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar shuíomhanna agus ar theorainneacha aon láithreáin nach bhfuil sa scéim nach bhfuil léarscáil mhionsonraithe déanta orthu cheana féin. Meastar go gcríochnófar an obair sin níos déanaí in 2016.

**5.26** Shonraigh an Roinn gur úsáid an Ghníomhaireacht Tithíochta na sonraí a bailíodh chun forbhreathnú nuashonraithe ar leibhéal náisiúnta a ullmhú de gach talamh údaráis áitiúil a bhféadfaí forbairt tithíochta a thógáil orthu. Baineadh úsáid as sin ina dhiaidh sin chun an Straitéis um Thithíocht Shóisialta, 2020, a fhorbairt. Ina theannta sin, dírítear in *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine* ar an soláthar tithe a mhéadú le haghaidh gach tionachta. Réimse sonrach a dhíreofar air is ea forbairt tithíochta a d'fhéadfaí a thógáil ar thailte faoi úinéireacht an Stáit. Tá bearta sonracha sa phlean gníomhaíochta maidir le bainistiú gníomhach talún de láithreáin faoi úinéireacht an Stáit, lena n-áirítear iad sin arna sealbhú faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún.

### Conclúidí

**5.27** Bíodh is gur cuireadh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún ar bun chun tacú le húdaráis áitiúla trí mhaolú a dhéanamh ar an ualach airgeadais a bhaineann le fónamh d'iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe i gcás nach bhfuil forbairt déanta fós ar thalamh a fuarthas le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne, táthar ag díriú anois faoin scéim ar bhainistiú, cothabháil agus forbairt na dtailte sin. Tá seachadadh tithíochta ar láithreáin faoin scéim agus ar láithreáin eile faoi úinéireacht an Stáit ina phríomhthosaíocht faoi *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine* a sheol an Roinn in Iúil 2016.

**5.28** Ó 2012 i leith, tá oibleagáidí cistiúcháin bliantúla ar an Roinn i leith iasachtaí blianachtaithe. Meastar go bhfuil luach na n-iasachtaí sin os cionn €2 mhilliún sa bhliain ar feadh suas le 25 bliana. De réir na bprionsabal lena rialaítear an creat féinchistiúcháin ó CMÁ, ní sholáthrófar aon chistiú ón Státchiste d'údarás áitiúil ar a bhfuil riachtanas féinchistiúcháin mura bhfuil réimse iomlán an riachtanais sin curtha i bhfeidhm ag an údarás sin thar na cláir féinchistiúcháin ábhartha ar fad. Féadfar an riachtanas Státchiste don Scéim Chomhiomlánaithe Talún a laghdú i gcás nár bhain údaráis áitiúla áirithe iomlán a riachtanais féinchistiúcháin amach tráth an éilimh, toisc nach mór an t-éileamh a sheach-chur ansin i gcoinne oibleagáidí CMÁ gan íoc.

**5.29** Níl aistriú sé cinn de na 73 láithreán ar glacadh leo faoin Scéim curtha i gcrích go fóill, breis is dhá bhliain tar éis dhúnadh na scéime d'iarratais nua.

**5.30** Go dtí seo, níor críochnaíodh aon aonad tithíochta ar láithreáin na Scéime Comhiomlánaithe Talún cé go bhfuil roinnt láithreán á bhforbairt faoi láthair. Tá forbairt ceadaithe maidir le 185 theach ar sheacht láithreán faoin Scéim, agus táthar ag obair ar thograí maidir le 180 teach eile ar chúig láithreán.

**5.31** Aistríodh breis is 1.6 heicteár ar dhá láithreán chuig an Roinn Oideachais le haghaidh scoile agus chuig eagraíocht phobail le haghaidh saoráid áineasa do leanaí chun pobail inbhuanaithe a chur chun cinn.

**Iarscríbhinn A: Láithreáin na n-údarás áitiúil a aistríodh faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún de réir limistéir, Iúil 2016 Ceadaithe lena n-aistriú faoi shocruithe tosaigh**

| Údarás Áitiúil | Bliain a cheannaithe | Líon heicteár a ceannaíodh | Líon heicteár atá ceadaithe lena n-aistriú | Aistrithe curtha i gcrích, Iúil 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Cheatharlach** | 2001 | 3.20 | 1.89 | 1.89 |
| **Comhairle Contae Cheatharlach** | 2001 | 4.04 | 3.23 | 3.23 |
| **Comhairle Contae an Chláir** | 2007 | 4.40 | 4.41 | 4.41 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 0.82 | 0.50 | 0.50 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 2.03 | 1.31 | 1.31 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 3.28 | 2.02 | 2.02 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2001 | 3.46 | 2.26 | 2.26 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2001 | 15.26 | 13.48 | 0 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2002 | 1.65 | 1.65 | 1.65 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2002 | 2.76 | 1.34 | 1.34 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2007 | 5.26 | 5.26 | 5.26 |
| **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | 2001 | 3.20 | 2.80 | 2.80 |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | 2000 | 24.21 | 24.21 | 24.21 |
| **Comhairle Contae na Gaillimhe** | 2002 | 5.44 | 2.50 | 2.50 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | 2000 | 8.76 | 7.93 | 7.93 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | 2002 | 8.49 | 8.49 | 8.49 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | 2003 | 4.04 | 4.04 | 4.04 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | 2003 | 4.16 | 4.16 | 4.16 |
| **Comhairle Baile an Náis** | 2001 | 5.66 | 5.66 | 5.66 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 1999-2001 | 1.98 | 1.98 | 1.98 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 1999 | 5.62 | 1.50 | 1.50 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2000 | 3.10 | 3.10 | 3.10 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2001 | 1.25 | 1.25 | 1.25 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2003 | 3.56 | 1.72 | 1.72 |
| **Comhairle Contae Luimnigh** | 2000 | 4.17 | 3.46 | 3.46 |
| **Comhairle Contae Luimnigh** | 2001 | 1.71 | 0.52 | 0.52 |
| **Comhairle Contae Luimnigh** | 2001 | 1.67 | 1.21 | 1.21 |
| **Comhairle Contae Luimnigh** | 2002 | 2.34 | 1.48 | 1.48 |

| Údarás Áitiúil | Bliain a cheannaithe | Líon heicteár a ceannaíodh | Líon heicteár atá ceadaithe lena n-aistriú | Aistrithe curtha i gcrích, Iúil 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Luimnigh | 2002 | 2.37 | 2.07 | 2.07 |
| Comhairle Contae na Mí | 2001 | 4.39 | 4.39 | 0.00 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2001 | 2.20 | 2.20 | 2.20 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2001 | 3.30 | 3.30 | 3.30 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2003 | 1.96 | 1.96 | 0.00 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 2002 | 3.67 | 2.87 | 2.87 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2001 | 1.31 | 1.31 | 1.31 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2001 | 1.66 | 0.22 | 0.22 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2003 | 13.00 | 11.80 | 11.80 |
| Comhairle Baile Thrá Lí | 2001 | 14.33 | 8.28 | 8.28 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2000 | 6.40 | 4.30 | 4.30 |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | 2002 | 2.93 | 2.93 | 2.93 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2000 | 2.86 | 0.95 | 0.95 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2000 | 5.00 | 4.39 | 4.39 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2001 | 2.30 | 0.71 | 0.71 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2001 | 3.15 | 0.52 | 0.52 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2002 | 10.88 | 0.73 | 0.73 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2002 | 4.21 | 3.40 | 3.40 |
| Comhairle Baile Chill Mhantáin | 2000 | 6.03 | 2.90 | 2.90 |
| **IOMLÁN** | | **227.47** | **172.59** | **152.76** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**Iarscríbhinn B: Láithreáin na n-údarás áitiúil a aistríodh faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún de réir limistéir, Iúil 2016 Ceadaithe lena n-aistriú faoi shocruithe athbhreithnithe**

| Údarás Áitiúil | Bliain a cheannaithe | Líon heicteár a ceannaíodh | Líon heicteár atá ceadaithe lena n-aistriú | Aistrithe curtha i gcrích, Iúil 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Cheatharlach** [a] | 2002 | 2.20 | 2.20 | 2.20 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 2.46 | 2.46 | 2.46 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 1.40 | 1.40 | 0.00 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2001 | 3.63 | 3.63 | 3.63 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2001 | 3.98 | 3.98 | 3.98 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2000 | 13.35 | 8.59 | 8.59 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2002 | 1.30 | 1.29 | 1.29 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2003 | 1.16 | 1.16 | 0.00 |
| **Comhairle Contae Chorcaí** | 2003 | 0.13 | 0.13 | 0.13 |
| **Comhairle Baile Dhún Dealgan** | 2005 | 3.09 | 3.09 | 3.09 |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | 2001 | 7.30 | 7.30 | 7.30 |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | 2002 | 3.34 | 2.77 | 2.77 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2002 | 1.49 | 1.49 | 1.49 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2002 | 0.92 | 0.92 | 0.92 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2005 | 1.03 | 1.03 | 1.03 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2005 | 1.03 | 1.03 | 1.03 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2005 | 0.74 | 0.74 | 0.74 |
| **Comhairle Contae Laoise** | 2005 | 2.13 | 2.13 | 2.13 |
| **Comhairle Contae Luimnigh** | 2001 | 2.50 | 1.25 | 1.25 |
| **Comhairle Contae Uíbh Fhailí** | 2004 | 1.42 | 1.22 | 1.22 |
| **Comhairle Baile Thulach Mhór** | 2005 | 5.79 | 4.34 | 4.34 |
| **Comhairle Buirge Shligigh** | 2001 | 15.18 | 15.18 | 15.18 |
| **Comhairle Contae Loch Garman** | 2001 | 2.99 | 0.76 | 0.76 |
| **Comhairle Contae Loch Garman (2 láithreán)** | 2001 | 10.64 | 5.96 | 5.96 |
| **IOMLÁN** | | **89.20** | **74.05** | **71.49** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Fuascláíodh iasacht ar láithreán eile i gCeatharlach (nach bhfuil san áireamh) ina hiomláine mar gheall ar an luach íseal a bhí air (€50,000).

# 6 Soláthar agus Bainistiú Conarthaí le haghaidh Soláthar Díreach

**6.1** Faoi dhlíthe Eorpacha agus idirnáisiúnta, féadfar cosaint idirnáisiúnta a thabhairt do dhaoine nach féidir leo filleadh ar a dtír dhúchais toisc go bhfuil faitíos orthu, agus údar maith leis, go ndéanfar ciapadh orthu nó go bhfuil siad i mbaol drochíde nó go ndéanfar díobháil thromchúiseach eile orthu. Tugtar lucht iarrtha tearmainn nó iarrthóirí tearmainn ar dhaoine a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus atá ag fanacht ar chinneadh i leith an iarratais sin.

**6.2** Dhá chineál cosanta idirnáisiúnta atá san AE

- tugtar ***stádas dídeanaí*** do dhaoine a bhfuil faitíos orthu go ndéanfaí ciapadh orthu ina dtír dhúchais de bharr gnéithe áirithe dá bhféiniúlacht, amhail creideamh nó tuairim pholaitíochta
- díorthaítear ***stádas cosanta coimhdí*** ón dlí Eorpach agus bronntar é ar dhaoine nach bhfuil incháilithe le bheith ina dteifigh ach, ina ainneoin sin, nach féidir leo filleadh ar a dtír féin toisc go bhfuil siad i mbaol díobháil mhór amhail céasadh, nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach, nó foréigean ginearálta le linn cogaidh.

**6.3** Is iad seo a leanas na torthaí féideartha ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta


- ***stádas dídeanaí*** nó ***stádas cosanta coimhdí*** a bhronnadh
- diúltú stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a bhronnadh ach tugtar ***cead fanachta*** don iarratasóir fanacht in Éirinn ar chúinsí eile
- eisítear ***ordú díbeartha***.

**6.4** Tá ceangal ar an Stát foráil do riachtanais ábhartha an lucht iarrtha tearmainn fad is atá próiseáil á déanamh ar a n-iarratas agus ar a n-achomhairc ar chinntí. Is trí sholáthar díreach a chomhlíonann an Stát an oibleagáid sin.[1] Cuimsítear leis sin soláthar cóiríochta agus bia mar aon le liúntas seachtainiúil airgid. Cé go bhfuil gach duine den lucht iarrtha tearmainn i dteideal leas a bhaint as soláthar díreach, níl aon oibleagáid orthu é a dhéanamh. Meastar go bhfuil díreach os comhair leath den lucht iarrtha tearmainn ar fad ina gcónaí faoin soláthar díreach.

1 Soláthraítear cóiríocht in ionaid soláthair dhírigh freisin d'íospartaigh gáinneála amhrasta ar dhaoine agus do shaoránaigh áirithe den AE atá ar an nganntanas.

**6.5** Tá 35 ionad soláthair dhírigh lonnaithe ar fud na tíre. Bhí 4,696 dhuine ina gcónaí in ionaid soláthair dhírigh ag deireadh mhí na Nollag 2015. In 2015, thabhaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ('an Roinn') caiteachas €57 milliún i leith soláthar díreach (féach bhFíor 6.1).

**Fíor 6.1 Caiteachas ar chóiríocht lucht iarrtha tearmainn, 2007 go 2016**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**6.6** Anuas ar an lucht iarrtha tearmainn a bhfuil cóiríocht ar fáil dóibh in ionaid soláthair dhírigh, freastalaítear orthu seo a leanas in dhá ionad éigeandála fáiltithe agus ionduchtaithe

- dídeanaithe a n-athlonnaítear go hÉirinn iad ó champaí teifeach faoi Chlár Athlonnaithe na Náisiún Aontaithe
- dídeanaithe a n-athlonnaítear iad mar thoradh ar an ngéarchéim imirce i lár agus i ndeisceart na hEorpa.

**6.7** Sa tuarascáil seo

- déantar athbhreithniú ar an éileamh ar chóiríocht soláthair dhírigh
- féachtar ar cé acu ar dámhadh nó nár dámhadh na conarthaí maidir le hionaid soláthair dhírigh de réir na rialacha soláthair phoiblí
- féachtar ar bhainistiú na gconarthaí sin.

## Líon riachtanach áiteanna sa soláthar díreach

**6.8** Tá leibhéal riachtanach na cóiríochta soláthair dhírigh bunaithe ar an éileamh, agus is deacair é a thuar. Bíonn tionchar ag an iliomad tosca ar an éileamh, lena n-áirítear iad seo a leanas


- líon an lucht iarrtha tearmainn a d’fhéadfadh teacht go hÉirinn
- líon na ndaoine a bhaineann úsáid as an gcóras soláthair dhírigh ag aon am ar leith
- fad na tréimhse a chaitear sa soláthar díreach, rud a bhraitheann go príomha ar an tréimhse a ghlacann sé iarratas an duine atá ag lorg tearmainn a phróiseáil agus a stádas a rialtú, agus ar a chumas bogadh ar aghaidh chuig cóiríocht mhalartach nuair a bhronnfar stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí air nó nuair a thabharfar cead fanachta dó.

Ina measc siúd, is é fad na tréimhse a chaitear sa soláthar díreach an toisc is mó ar féidir leis an Stát dul i gcion uirthi.

**6.9** Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil sé an-dúshlánach a bheith ag plé le líon dothuartha úsáideoirí seirbhíse a bhíonn ag brath ar an éileamh toisc go bhféadfadh achrann agus fadhbanna polaitiúla teacht chun cinn go tapa maidir leis an soláthar cóiríochta.

**6.10** Tháinig laghdú ar líon na ndaoine ag lorg tearmainn in Éirinn ó díreach faoi bhun 4,000 duine in 2007 go dtí díreach faoi bhun 1,000 duine in 2013. Tá ardú mór tagtha ar líon na n-iarratas ó shin, go dtí 3,200 in 2015 (féach bhFíor 6.2).


**Fíor 6.2 Líon na ndaoine ag lorg tearmainn, 2007 go 2015**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**6.11** Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil gach duine sa soláthar díreach ag fanacht ar chinneadh. Amhail Lúnasa 2016, bhí stádas dídeanaí, stádas cosanta coimhdí nó cead fanachta bronnta ar 23% de na cónaitheoirí nó bhí siad faoi réir orduithe díbeartha ( bhFíor 6.3).

**Fíor 6.3 Stádas daoine a bhí ina gcónaí sa soláthar díreach, Lúnasa 2016[a]**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Nótaí: a Ní áirítear anseo leanaí atá ina gcónaí sa soláthar díreach ach nach bhfuil iarratas déanta ar chosaint acu.

b Stádas dídeanaí, stádas cosanta coimhdí nó cead fanachta bronnta orthu.


**6.12** Tá stádas dídeanaí, stádas cosanta coimhdí nó cead fanachta bronnta ar dhuine amháin as gach seisear a bhfuil cónaí orthu sa soláthar díreach. Cé nach fios go cinnte cén fáth a leanann siad de bheith ina gcónaí in ionaid soláthair dhírigh, meastar gur cúis mhór atá leis iad na deacrachtaí a bhíonn acu teacht ar chóiríocht lasmuigh den soláthar díreach.

**6.13** Shonraigh an Roinn go mbíonn sé an-dúshlánach teacht ar chóiríocht sa mhargadh tithíochta faoi láthair, go háirithe i gcás daoine i staid leochaileach. Ní fiú iallach a chur ar dhaoine ná ar theaghlaigh an chóiríocht soláthair dhírigh a fhágáil. Leanann daoine den sórt sin de bheith ina gcónaí sa soláthar díreach agus tugtar tacaíocht dóibh chun teacht ar chóiríocht bhuan. Sa fhreagra a thug sé ar an iniúchadh seo, thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur léiríodh in anailís in 2015 ar dhaoine ar tugadh cead fanachta dóibh gur fhág 87% díobh an soláthar díreach laistigh de sé mhí tar éis an chinnidh.

**6.14** Ceanglaíonn ordú díbeartha ar dhuine Éire a fhágáil faoi dháta sonraithe. I gcás nach ndéanann sé amhlaidh, bíonn air é féin a thabhairt ar láimh do na Gardaí, gach mí go hiondúil, go dtí go bhfágfaidh sé as a stuaim féin nó go gcuirfear as an tír é. Tá sé sonraithe ag an Roinn gurb iomaí cúis atá ann go leanann daoine ar eisíodh ordú díbeartha dóibh de bheith ina gcónaí in ionaid.

**6.15** Amhail Iúil 2016, is é 38 mí an tréimhse a chaitheann daoine in ionad soláthair dhírigh ar an meán.Tá thart ar 450 duine – 10% den líon iomlán – ina gcónaí in ionad soláthair dhírigh le breis is seacht mbliana ( bhFíor 6.4).

**Fíor 6.4 Fad na tréimhse in ionaid soláthair dhírigh amhail Iúil 2016[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tuarascáil staidrimh mhíosúil, Iúil 2016

Nóta: a Ríomhann an Roinn fad na tréimhse bunaithe ar an dáta is déanaí a chuaigh gach cónaitheoir isteach in ionad soláthair dhírigh.

**6.16** Tugadh isteach córas TF – an clár comhtháthaithe straitéisigh tearmainn agus inimirce – in 2012. Rinneadh iarracht san iniúchadh seo sonraí ón gcóras sin a úsáid chun anailís a dhéanamh ar phróiseáil na n-iarratas ar thearmann sna deich mbliana seo a chuaigh thart chun gnéithe a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar an bhfad tréimhse a chaitear sa soláthar díreach. Ó tugadh isteach an córas TF nua in 2012, tugtar uimhir aitheantais ar leith do gach duine atá ag lorg tearmainn. Baintear úsáid as an uimhir sin i ngach céim den iarratas, lena n-áirítear achomhairc agus athbhreithnithe breithiúnacha. Roimhe sin, tugadh uimhreacha aitheantais éagsúla don iarratasóir céanna faoi na córais éagsúla a d’úsáidtí le haghaidh roinnt céimeanna den iarratas agus, ar an ábhar sin, ní féidir an fhaisnéis ón tréimhse roimh 2012 ó na córais éagsúla a nascadh. Mar thoradh air sin, ní sholáthrófaí léiriú cruinn ar agaí próiseála dá ndéanfaí anailís ar shonraí ón gcóras ós rud é gur ag na céimeanna luatha den phróiseas iarratais atá formhór na n-iarratas a bhfuil faisnéis iomlán ar fáil ina leith.

**6.17** Shonraigh an Roinn go n-aithníonn sí go gcuirtear moill ar an bpróiseas mar thoradh ar phróiseáil sheicheamhach na gcásanna, agus go gcuirtear leis an tréimhse a chaitheann na hiarratasóirí sa soláthar díreach dá bharr sin. Ba é cuíchóiriú an phróisis iarratais príomhchuspóir an nós imeachta aoniarratais dá ndéantar foráil san Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a chuirfear i bhfeidhm níos déanaí in 2016.

**6.18** Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil cúiseanna eile leis an bhfad ama a chaitheann daoine sa soláthar díreach. Mar shampla, déantar iarratas gach duine den teaghlach a phróiseáil le chéile nuair is féidir ach, i gcásanna áirithe, féadfaidh daoine ar leith den teaghlach achomharc a dhéanamh nó athbhreithniú breithiúnach a lorg. Cuireann sé sin moill ar phróiseáil na n-iarratas do na daoine eile den teaghlach. D'fhéadfadh sé tarlú i gcásanna eile nach ndéanfadh tuismitheoirí iarratas dá leanbh go dtí go mbeidh cinneadh déanta ar a n-iarratas féin, rud a fhágann gur gá tús a chur leis an bpróiseas arís. I measc na gcúiseanna eile, áirítear moilleanna ar iarratasóirí ag freagairt do chomhfhreagras agus athbhreithnithe breithiúnacha á lorg.


**6.19** Shonraigh an Roinn go ndearnadh iarracht mhór, de réir na moltaí i dtuarascáil ón ngrúpa oibre in 2015, próiseáil a dhéanamh ar chásanna a bhí sa chóras le breis is cúig bliana.[1] Shonraigh an Roinn freisin go bhfuil formhór na gcásanna sin réitithe anois agus gur tugadh cead fanachta don iarratasóir, go bhfuil athbhreithniú breithiúnach ar siúl, nó gur eisíodh ordú díbeartha don iarratasóir.

### *Rátaí Áitíochta*

**6.20** Tá dúshlán mór roimh an Roinn le cinntiú go bhfuil cóiríocht ar fáil dóibh siúd atá ina gátar agus, ag an am céanna, caiteachas nach gá ar chóiríocht nach bhfuil in úsáid a laghdú an oiread agus is féidir.

**6.21** Léirítear i bhFíor 6.5 an ráta áitíochta i gcóiríocht soláthair dhírigh idir 2007 agus 2015. Ba é 86% an meánráta áitíochta sa tréimhse. In athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas sa chlár soláthair dhírigh in 2010, moladh gur cheart don ráta áitíochta bheith os cionn 90%.[2] Ar an ábhar sin, sholáthrófaí leibhéal réasúnta acmhainne sa bhreis chun freastal ar mhéaduithe tobanna ar éileamh.

**Fíor 6.5 Cóiríocht soláthair dhírigh, ráta áitíochta, 2007 go 2015[a]**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Nóta: a Léirítear sa sonraí thuas an ráta áitíochta mar a tuairiscíodh gach dhá mhí.

1 An Grúpa Oibre le tuairisciú don Rialtas maidir le Feabhas ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus Tacaíochtaí don Lucht Iarrtha Tearmainn, Tuarascáil deiridh, Meitheamh 2015.

2 Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas, Clár Cóiríochta don Lucht Iarrtha Tearmainn, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Bealtaine 2010.

## Conarthaí le haghaidh ionaid soláthair dhírigh

**6.22** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur féachadh ar roinnt roghanna malartacha ar an soláthar díreach san athbhreithniú ar luach ar airgead in 2010 – ligean don lucht iarrtha tearmainn leas sóisialach a éileamh, cóiríocht a chur ar fáil d'iarrthóirí tearmainn in iostas féinfhreastail, agus ligean d'iarrthóirí tearmainn cur isteach ar thithíocht údaráis áitiúil. Cinneadh san athbhreithniú gur chostasaí na roghanna malartacha ná an soláthar díreach.

**6.23** Amhail mí na Nollag 2015, bhí 35 ionad soláthair dhírigh ann ina bhféadfaí cóiríocht a chur ar fáil do bhreis is 5,400 duine.

**6.24** Tá sonraí achoimre ar na 35 ionad leagtha amach in Iarscríbhinn A. Tá seacht gcinn faoi úinéireacht an Stáit agus tá conradh déanta le dhá chuideachta chun seirbhísí a chur ar fáil. Tá na 28 n-ionad eile faoi úinéireacht 22 sholáthraí tráchtála agus á bhfeidhmiú acu.

**6.25** Ionad fáiltithe atá in ionad amháin díobh (Baile Seiscinn) ina gcuirtear cóiríocht shealadach (roinnt seachtainí) ar fáil d'iarrthóirí tearmainn a roghnaigh an soláthar díreach sula seoltar iad ar aghaidh chuig ceann de na hionaid eile. Áitribh ar dearadh agus a n-úsáidtí iad chun críocha eile roimhe seo atá i bhformhór na n-ionad, agus cuimsítear leo foirgnimh a bhí ina n-óstáin, scoileanna cónaithe agus brúnna roimhe seo. Foirgnimh shaintógtha atá i dtrí cinn de na hionaid. Cuireann oibreoirí na n-ionad bia ar fáil ar bhonn lánlóistín sna hionaid ar fad nach mór – níl iostas féinfhreastail ar fáil ach in dhá ionad.

**6.26** Íocadh €251 mhilliún ar an iomlán le soláthraithe tráchtála na n-ionad sna cúig bliana go dtí 2015. Íocadh €36 mhilliún le soláthraithe seirbhísí sna hionaid faoi úinéireacht an Stáit sa tréimhse chéanna (Fíor 6.6).


**Fíor 6.6 Íocaíochtaí le conraitheoirí soláthair dhírigh, 2011 go 2015**

| Bliain | Faoi úinéireacht an Stáit € milliún | Soláthraithe tráchtála € milliún | Iomlán € milliún |
|---|---|---|---|
| 2011 | 8.3 | 59.5 | 67.8 |
| 2012 | 7.0 | 53.0 | 60.0 |
| 2013 | 6.9 | 46.4 | 53.3 |
| 2014 | 6.9 | 44.2 | 51.1 |
| 2015 | 7.0 | 47.9 | 54.9 |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**6.27** Sna cúig bliana go dtí 2015, íocadh breis is €10 milliún le naoi gcuideachta (bhFíor 6.7).

**Fíor 6.7 Soláthraithe tráchtála seirbhísí soláthair dhírigh ar íocadh breis is €10 milliún le gach soláthraí díobh sa tréimhse ó 2011 go 2015**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

### *Ceisteanna a bhaineann leis an soláthar*

**6.28** Bunphrionsabal den soláthar poiblí is ea go mbaintear úsáid as próiseas iomaíoch. Tá sé i gceist leis sin go ndéantar earraí agus seirbhísí arna bhfáil ag comhlachtaí poiblí a sholáthar ar bhealach oscailte, oibiachtúil agus trédhearcach trína mbaintear amach an luach is fearr ar airgead. Ní mór cloí le rialacha soláthair an AE i gcás conarthaí os cionn luachanna tairsí áirithe. Sainítear sna rialacha sin freisin gur gá próiseas iomaíoch a úsáid agus, go háirithe, go ndéantar an comórtas a fhógairt go forleathan ar fud an AE.

**6.29** Ní hionann na modhanna soláthair a úsáidtear chun conraitheoirí a fhostú le seirbhísí a chur ar fáil in ionaid faoi úinéireacht an Stáit agus chun conarthaí a dhámhadh le haghaidh ionaid faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht tráchtála. Leanadh próisis iomaíocha le haghaidh conarthaí seirbhísí sna hionaid faoi úinéireacht an Stáit, agus fógraíodh an dá chonradh reatha atá i bhfeidhm ar láithreán gréasáin eTenders.[1] Shonraigh an Roinn go bhfuil sí, i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, páirteach faoi láthair i bpróiseas iomaíoch ar fud na hEorpa le haghaidh soláthar seirbhísí in ionaid faoi úinéireacht an Stáit.

**6.30** Ní bhaineann an Roinn leas as próisis iomaíocha fhoirmiúla, mar atá leagtha amach i rialacha soláthair phoiblí, i gcás soláthraithe na n-ionad tráchtála. Baineann sé leas as a láithreán gréasáin chun 'léirithe spéise' a iarraidh. Cuireadh fógraí i nuachtáin náisiúnta freisin. Sonraíodh san fhógra

- go bhfuil liosta soláthraithe á dhréachtú ag an Roinn a bhfuil spéis acu cóiríocht agus seirbhísí a sholáthar
- go gcuimsítear leis an gcineál áitribh atá de dhíth "óstáin, brúnna, tithe lóistín srl ina bhféadfaí cóiríocht a sholáthar do suas le caoga duine, agus ba cheart dóibh a bheith réasúnta gar do gach cineál seirbhíse, mar shampla siopaí, scoileanna, iompar poiblí, srl."
- go ndéanfaí teagmháil leis na soláthraithe a léirigh spéis dá mbeadh gá leo.

1 Láithreán gréasáin is ea eTenders atá á bhainistiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Is saoráid láir atá ann le haghaidh na n-údarás conarthacha san earnáil phoiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí dámhachtana a fhógairt.

**6.31** Níor chuir an Roinn aon fhianaise ar fáil le léiriú conas a rinneadh measúnú orthu sin a thug freagra ar an bhfógra. Mar sin féin, thug an Roinn le fios go ndearna sí measúnú ar na léirithe spéise a fuarthas bunaithe ar na critéir seo a leanas

- íoschaighdeán na cóiríochta mar atá sonraithe in Acht na dTithe, 1966
- cuairt ar an láithreán lena n-áirítear áiseanna leithris, áiseanna cócaireachta, áiseanna caitheamh aimsire, seomraí súgartha, limistéir súgartha lasmuigh, agus suíomh seirbhísí agus cóngaracht dóibh.

**6.32** Ansin déanann an Roinn praghas a shocrú le soláthraithe roghnaithe agus comhaontaíonn ar chonradh. Déantar conarthaí a chomhaontú ar feadh tréimhse bliana go hiondúil.

**6.33** Tá sé tugtha le fios ag an Roinn nach sonraítear san fhógra go bhfuil gá leanúnach le haghaidh cóiríochta, ach go bhféadfaí go mbeadh cóiríocht de dhíth. Ní iarrtar ach an oiread san fhógra go ndéanfaí maoin ar leith a thairiscint – ní bheadh sé réasúnta a leithéid a dhéanamh mar d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh aon ghá le cóiríocht. Tugadh le fios go bhfuarthas 27 bhfreagra ar an ngairm ba dhéanaí ar léirithe spéise.

**6.34** Measann an Roinn gur chuí an nós imeachta soláthair a úsáideadh sna himthosca. Measann sé gurb ionann a mhodh soláthair agus an 'nós imeachta idirbheartaíochta' dá ndéantar foráil i rialacha soláthair an AE. Mar sin féin, níor chloígh sé le príomhriachtanais den nós imeachta idirbheartaíochta, lena n-áirítear foilsiú na gcritéar dámhachtana agus na bhfógraí dámhachtana.

**6.35** I nós imeachta idirbheartaíochta, déanann an t-údarás conarthach idirbheartaíocht go díreach le soláthraithe chun conradh a chomhaontú. Faoi rialacha an AE, ní féidir nósanna imeachta idirbheartaíochta a úsáid ach i gcásanna teoranta, mar seo a leanas go príomha

- i gcás nár cuireadh isteach tairiscint ar bith ná tairiscint oiriúnach ar bith mar fhreagra ar iarraidh ar thairiscintí
- i gcás nach bhfuil ann ach aon soláthraí amháin
- i gcás deargphráinne nach é an t-údarás conarthach is cúis léi agus a tháinig chun cinn de bharr teagmhas nárbh fhéidir leis an údarás conarthach iad a thuar, agus i gcás nach bhfuil go leor ama ann le haghaidh comórtas oscailte ná le haghaidh ceann ar bith eile de na nósanna imeachta iomaíocha eile atá ceadaithe.

**6.36** Ní bhaineann soláthar ionaid soláthair dhírigh leis na himthosca teoranta sin. Níor eisíodh iarraidh ar thairiscint riamh, is iomaí soláthraí ionchais atá ann, agus tá na seirbhísí sin á soláthar don Roinn ar bhonn leanúnach thar thréimhse 15 bliana ina raibh go leor ama, de réir aon tuisceana réasúnta, comórtas oscailte a reáchtáil. I ndáil leis an bpráinne, shonraigh an Roinn nach bhfuil sé éifeachtúil ná indéanta go heacnamaíoch, toisc go mbíonn an soláthar díreach ag brath ar an éileamh, stoc cóiríochta gan úsáid a choinneáil ar fhaitíos go dtiocfadh méadú ar an éileamh.

**6.37** Shonraigh an Roinn go ndearna sí plé mionsonraithe leis an Oifig um Sholáthar Rialtais le linn 2015. Go dtí seo, níor sainaithníodh aon mhodheolaíocht soláthair a chuirfí in ionad an nós imeachta reatha. Agus aird á tabhairt ar na saincheisteanna atá leagtha amach ag an Roinn agus ag saineolaithe soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais, níorbh fhéidir leanúint leis an iarracht chun tairiscint oscailte rathúil a sheachadadh.

### *Soláthar neamhiomaíoch a thuairisciú*

**6.38** Ceanglaítear ar ranna rialtais ráiteas bliantúil a ullmhú maidir le conarthaí a dhámhtar gan próiseas iomaíoch i gcás inar mó luach an conartha ná €25,000 (gan CBL san áireamh), agus an ráiteas a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl na conarthaí le soláthraithe tráchtála cóiríochta curtha san áireamh sa tuairisceán seo ag an Roinn.

**6.39** Ní ghlacann an Roinn leis gur cheart na conarthaí sin a chur san áireamh sa tuairisceán bliantúil toisc go measann sí gurb ionann an modh soláthair agus an nós imeachta idirbheartaíochta dá ndéantar foráil i rialacha soláthair an AE.

### *Síneadh ar chonarthaí*

**6.40** Ó 2005, tharla na príomhathruithe ar chonarthaí mar thoradh ar idirbheartaíocht a rinneadh aon mhí amháin roimh dheireadh an chonartha a bhí ag dul in éag. Ba le hacmhainní leapa agus rátaí íocaíochta a bhain na hathruithe go hiondúil. Ó 2010, ní dhearnadh athnuachan ar chonarthaí le deich gcinn de sholáthraithe tráchtála.

**6.41** I gcás roinnt ionad, comhaontaíodh conarthaí nua le cuideachta eile. Mar sin féin, i roinnt de na cásanna sin, bhí duine amháin ar a laghad ina stiúrthóir ar bhord an dá chuideachta. Léirítear in Iarscríbhinn A na cásanna ina bhfuil stiúrthóirí coiteanna ag cuideachtaí atá i mbun soláthair ar ionaid éagsúla, agus cásanna ina bhfuil stiúrthóirí coiteanna ag conraitheoirí a bhí i mbun soláthair ar an ionad céanna i ndiaidh a chéile.

**6.42** Tá sé sonraithe ag an Roinn nach bhfuil sí ar an eolas faoi láthair maidir le haon saincheist chonspóideach i leith aon stiúrthóra nó cuideachta a bhaineann le conarthaí le haghaidh soláthar seirbhísí do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta. D'fhéadfadh athruithe teacht chun cinn i gcuideachtaí i gcás ina bhfaigheann stiúrthóir bás, mar shampla, nó ina socraíonn comhpháirtithe gnó dul a mbealach féin. Tá sé sonraithe freisin ag an Roinn gurb ann do chúiseanna iontaofa gnó agus lóistíochtúla, mar aon le cúiseanna daonnachtúla amhail naisc le seirbhísí oideachais, sláinte agus seirbhísí sóisialta eile, go ndéanann sí iarracht a chinntiú go leantar d'úsáid a bhaint as na hionaid sheanbhunaithe. Leanann an Roinn de chinntiú go gcuirtear na caighdeáin is airde i bhfeidhm agus í ag plé le cuideachtaí agus le stiúrthóirí. Féachfaidh sí ar dhícheall cuí sa réimse seo agus cuirfidh sí feabhas air nuair is féidir. Thug an Roinn le fios go bhfuil gach íocaíocht faoi réir nósanna imeachta imréitigh cánach cuí.

### *Téarmaí íocaíochta na gconarthaí*

**6.43** Sna conarthaí le haghaidh ionaid faoi úinéireacht tráchtála, déantar foráil d'íocaíocht bunaithe ar acmhainn chomhaontaithe an ionaid, beag beann ar an leibhéal áitíochta. Leagtar amach i bhformhór na gconarthaí ráta in aghaidh an duine in aghaidh an lae i leith na spásanna atá ar fáil, agus ráta lae níos ísle ar líon beag spásanna breise a sholáthar má bhíonn gá leo. Soláthraítear leis sin ráta foriomlán laethúil le haghaidh gach ionaid. Déantar íocaíochtaí gach ceithre seachtaine roimh ré bunaithe ar an ráta sin.

**6.44** Ceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú go bhfuil an acmhainn shonraithe ar fáil an t-am ar fad. I gcás nach ndéantar é sin, féadfar pionós a ghearradh ar an gconraitheoir ar ráta €50 in aghaidh an spáis faoi bhun na hacmhainne gach aon lá. Tá sé sonraithe ag an Roinn nár gearradh aon phionós den sórt sin le cúig bliana anuas.

**6.45** Idir €20.70 agus €35.50 in aghaidh an spás faoi chonradh is ea an ráta éifeachtach laethúil d'ionaid tráchtála. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go mbaineann an ráta is ísle le saoráid féinfhreastail nár chuir an conraitheoir na béilí ar fáil ann toisc go n-íoctar tacaíochtaí airgeadais leis na cónaitheoirí le cur ar a gcumas béilí a réiteach dóibh féin. Gan saoráidí féinfhreastail a chur san áireamh, is idir €27.00 agus €35.50 an ráta éifeachtach laethúil.

**6.46** Is ísle an ráta laethúil ar sholáthar seirbhísí in ionaid faoi úinéireacht an Stáit mar ní chuimsítear ann na costais a bhaineann le soláthar na cóiríochta féin. Idir €11.27 agus €17.37 in aghaidh an duine atá sa ráta sin.

**6.47** Cuireadh cóiríocht ar fáil in ionaid áirithe do níos mó daoine ná mar a bhí sa chonradh leis an Roinn gan táille bhreise a ghearradh.

### *Caighdeáin feidhmíochta a leagan síos*

**6.48** Ceann de na gnéithe is tábhachtaí i gconradh ar bith is ea an sainmhíniú ar na seirbhísí atá le soláthar. Tá sé ríthábhachtach go sonraítear go soiléir i gconradh go díreach céard é atá le soláthar, na caighdeáin atá le comhlíonadh, an tréimhse ama agus/nó an mhinicíocht atá ann.

**6.49** Éilítear i gconarthaí soláthair dhírigh go gcuirfear cóiríocht agus seirbhísí ar fáil "de réir caighdeáin atá réasúnta ag féachaint do riachtanais laethúla an lucht iarrtha tearmainn". Níl sainmhíniú sa chonradh ar a bhfuil i gceist le 'réasúnta'.

**6.50** Tagraítear sna conarthaí do chóiríocht, cócaireacht agus seirbhísí eile is ceart a sholáthar. Sonraítear díreach os cionn leath de na seirbhísí insoláthartha sin ar bhealach atá intomhaiste, trí chaighdeán agus minicíocht a shainmhíniú de ghnáth. Mar sin féin, ní leagtar amach na seirbhísí insoláthartha eile ar bhealach chomh cinnte céanna – úsáidtear téarmaí amhail 'cuí', 'imleor', nó 'de réir mar is gá', rud a fhágann gur deacair iad a thomhas, nó sonraítear iad ar bhealach a fhágann an cheist faoi rogha an chonraitheora. Léirítear samplaí de na seirbhísí insoláthartha dá dtagraítear sna conarthaí i bhFíor 6.8.

**Fíor 6.8 Samplaí de shonraíocht seirbhísí insoláthartha sna conarthaí – soláthraithe tráchtála**

| Seirbhís insoláthartha shonrach | Seirbhís insoláthartha neamhshonrach/éiginnte |
|---|---|
| Aontaíonn an conraitheoir go mbeidh an t-ionad ar fad teoranta do ghlacadh iarrthóirí tearmainn agus d'aire a thabhairt dóibh.<br>Cuirfear 2 thuáille ar fáil do gach cónaitheoir ar theacht chun an ionaid dó/di, agus cuirfear tuáillí glana ar fáil ina n-ionad sin de réir mar is gá ach ar bhonn seachtainiúil ar a laghad.<br>Is faoin gconraitheoir a bheidh sé a chinntiú go mbeidh córas bainistíochta sábháilteachta bia, lena gcuimsítear prionsabail na hanailíse guaise agus pointí rialúcháin criticiúla (HACCP), i bhfeidhm de réir Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Sláinteachas Earraí Bia), 2000 (I.R. Uimh. 165 de 2000). | Áiritheoidh an conraitheoir go gcuirfear cóiríocht ar fáil ina mbeidh teas imleor.<br>I gcás ina n-imíonn duine ó aonad, ní mór don chonraitheoir an t-aonad sin a dhomhainghlanadh agus a phéinteáil, nuair is gá, sula gcuirfear ar fáil é do chónaitheoir nua.<br>Léireofar sna biachláir (i) riachtanais réasúnta na ngrúpaí eitneacha éagsúla atá san ionad agus (ii) riachtanais chothaithe fhorordaithe réasúnta d'aon duine atá ina c(h)ónaí san ionad.<br>Áiritheoidh an conraitheoir freisin go mbeidh soláthar imleor gallúnaí, seampú, taos fiacla agus páipéar leithris le fáil i ngach seomra, agus go ndéanfar iad sin a athsholáthar de réir mar is gá. |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar shampla de chonarthaí

**6.51** Sonraítear sna conarthaí gur cheart don ionad cloí le gach riachtanas reachtúil ábhartha, agus tugtar samplaí de na riachtanais sin amhail pleanáil, rialacháin tógála, sláinteachas agus caidreamh tionsclaíoch.

**6.52** Ba cheart go mbeadh forálacha i gconradh freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ba cheart a leagan amach i gconradh cé atá freagrach as sonraí feidhmíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu sin, cé a dhéanfaidh monatóireacht ar an bhfeidhmíocht, minicíocht na monatóireachta, agus na socruithe tuairiscithe.

**6.53** Na tagairtí d'fhaisnéis feidhmíochta agus monatóireacht ar fheidhmíocht sna conarthaí le haghaidh na n-ionad faoi úinéireacht tráchtála, tá siad teoranta do na nithe seo a leanas

- ceanglas chun clár laethúil cónaitheoirí a chothabháil, agus cóip le cur faoi bhráid na Roinne gach seachtain
- ceart na Roinne cigireacht a dhéanamh ar an ionad ag am ar bith
- timthriall biachláir 28 lá a chur isteach chuig an Roinn dá n-iarrfaí a leithéid
- ceanglas sonraí a thabhairt don Roinn ar shocruithe foirne agus ar aon athruithe ar na socruithe sin
- foráil do chruinnithe ráithiúla maidir le seachadadh seirbhíse.

**6.54** Seachas sin, ní shonraítear sna conarthaí cineál ná minicíocht na faisnéise bainistíochta atá le soláthar. Níl aon bheart sna conarthaí chun feidhmíocht a thomhas, ná níl aon fhoráil sa chonradh do phionóis i gcás tearcfheidhmíochta, seachas má theipeann ar an soláthraí an acmhainn sa chonradh a chur ar fáil.

## Monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse

**6.55** Déantar monatóireacht ar sheachadadh seirbhíse ar roinnt bealaí — cigireacht fhisiciúil ar ionaid, clinicí faisnéise a reáchtáil in ionaid, agus athbhreithniú ar ghearáin a dhéanann cónaitheoirí. Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil sí ag saothrú go gníomhach chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na ndaoine sa soláthar díreach trí spás maireachtála sa bhreis a chur ar fáil, mar aon le saoráidí féinfhreastail nó comhroinnte cócaireachta nuair is féidir, go háirithe le haghaidh teaghlach. Tá an obair faoi lán seoil agus cuirfear i gcrích í chomh luath agus is féidir.

### *Cigireachtaí*

**6.56** Tá sé i gceist le cigireachtaí léargas a thaifeadadh ar dhálaí fisiciúla ionaid agus a chinntiú go ndéantar na seirbhísí atá faoi chonradh a sheachadadh. Tá sé mar aidhm ag an Roinn cigireacht a dhéanamh trí huaire sa bhliain – go ndéanfadh foireann na Roinne féin dhá chigireacht agus go ndéanfadh cuideachta neamhspleách ag a bhfuil saineolas sa tsábháilteacht dóiteáin agus bia aon chigireacht amháin ar a laghad. Foilsítear tuarascálacha ar gach cigireacht atá déanta ó dheireadh na bliana 2013.[1]

**6.57** Tháinig laghdú ar an líon iomlán cigireachtaí ó 100 in 2013 go dtí 89 in 2015. Cigireacht amháin sa bhliain ar a laghad a rinneadh ar gach ionad. In 2015, rinneadh trí chigireacht ar 22 ionad i measc na 35 ionad ar fad. Is meath é sin ar an gcumhdach cigireachta a baineadh amach in 2013 ( bhFíor 6.9).

1 Foilsítear tuarascálacha cigireachta ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta Fáiltithe agus Imeasctha – www.ria.gov.ie.

**Fíor 6.9 Cigireachtaí ar ionaid soláthair dhírigh, 2013 go 2015**

| Líon na gcigireachtaí sa bhliain | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | Líon na n-ionad | |
| Ceithre chigireacht | 5 | 1 | – |
| Trí chigireacht | 24 | 18 | 22 |
| Dhá chigireacht | 3 | 14 | 10 |
| Aon chigireacht amháin | 2[a] | 1 | 3 |
| **Líon na n-ionad** | **34** | **34** | **35** |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Nóta: a Bhí ceann de na hionaid sin dúnta le haghaidh obair athchóirithe in 2013.

**6.58** Seoltar torthaí na gcigireachtaí i scríbhinn chuig an soláthraí agus iarrtar air freagra a thabhairt ar aon cheist a mhúsclaítear ann laistigh de choicís. Mar sin féin, ní leagtar amach sprioc ama ar bith sna conarthaí chun na bearta riachtanacha a chur i gcrích. Tá sé sonraithe ag an Roinn nach aon mhaitheas a bheadh ann spriocanna ama a leagan amach sa chonradh mar bheadh an sprioc ama ag brath ar na gníomhartha atá riachtanach chun an tsaincheist ar leith a réiteach. Mar sin féin, déanfaidh an Roinn a machnamh ar fhoráil a chur sa chonradh go gcomhaontófaí na spriocanna idir an Roinn agus an conraitheoir.

**6.59** Féachadh go mion ar shampla de chúig thuarascáil chigireachta mar chuid den imscrúdú seo. Bhain formhór na dtorthaí le saincheisteanna cothabhála agus bhí fianaise ann go raibh na fadhbanna sin curtha ina gceart ag na soláthraithe. I measc na nithe eile a bhí ann, áirítear sábháilteacht dóiteáin (rud a réitíodh lá na cigireachta) agus fadhbanna maidir lena slachtmhaire is bhí na seomraí. Tá sé sonraithe ag an Roinn gur leis an gcónaitheoir a bhaineann slacht an tseomra i gcás nach bhfuil baol sláinte, sábháilteachta ná dóiteáin i gceist.

**6.60** Bhí malairt tuairime ag an Roinn agus ag an soláthraí uaireanta. Mar shampla, sainaithníodh i gcigireacht amháin go raibh gá an clúdach urláir i seomra a athrú. Cheap an soláthraí go raibh an clúdach ar chaighdeán sásúil, áfach, agus níor athraigh sé é.

**6.61** Sa sampla ar a ndearnadh imscrúdú, níor sainaithníodh sna cigireachtaí fadhb ar bith leis an mbia. Mar sin féin, i bhforbairt tuarascála ó ghrúpa oibre a foilsíodh in Meitheamh 2015, chuir cónaitheoirí roinnt ábhair imní in iúl maidir leis an mbia, lena n-áirítear easpa roghanna sláintiúla bia, easpa comhairliúcháin i ndáil leis na biachláir, agus caighdeáin sláinteachais.[1] Éilítear sna conarthaí go léirítear riachtanais chothaithe sna biachláir atá ar fáil, mar aon le riachtanais grúpaí eitneacha éagsúla. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an gconraitheoir faoin gconradh bualadh leis na cónaitheoirí maidir leis an mbia atá á sholáthar.

### *Clinicí faisnéise*

**6.62** An cuspóir atá le clinicí faisnéise ná deis a thabhairt do na cónaitheoirí fadhbanna a phlé go díreach le foireann ón Roinn. Tugann siad deis freisin féachaint go mion ar an ionad agus ar a fheidhmiú ginearálta.

**6.63** Bíonn mar aidhm ag an Roinn clinicí faisnéise a reáchtáil faoi dhó sa bhliain ar a laghad i ngach ionad. Baineadh amach an cuspóir sin in 2015, agus reáchtáladh trí chlinic i bhformhór na n-ionad. Reáchtáladh clinicí ar bhonn míosúil i Maigh Muirí, an t-ionad is mó.

1 An Grúpa Oibre le tuairisciú don Rialtas maidir le Feabhas ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus Tacaíochtaí don Lucht Iarrtha Tearmainn, Tuarascáil deiridh, Meitheamh 2015.

**6.64** Ní dhéantar cothabháil ná anailís fhoirmiúil ar fhaisnéis bhainistíochta maidir leis na ceisteanna arna múscailt ag cónaitheoirí ná arna sainaithint ag foireann na roinne.

***Gearáin***

**6.65** Cuirtear ar fáil nós imeachta áitiúil le gearáin a dhéanamh sna rialacha agus sna nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh ionaid soláthair dhírigh. Faoin nós imeachta sin, déanann cónaitheoirí iarracht an fhadhb a réiteach le bainisteoir an ionaid ar dtús, go neamhfhoirmiúil nó i scríbhinn. Mura bhfuil sé sásta, is féidir leis an gcónaitheoir an fhadhb a chur faoi bhráid na Roinne i scríbhinn. Is féidir leis an gcónaitheoir bainisteoir an ionaid a sheachaint ar dtús "i gcúinsí thar a bheith eisceachtúil agus tromchúiseach", agus gearán a dhéanamh díreach leis an Roinn.

**6.66** Ní dhéantar ach leibhéal an-íseal gearán leis an Roinn. Sna ceithre bliana go dtí 2015, ní dhearnadh ach 38 ngearán den sórt sin ar fad.

**6.67** Rinneadh leasú in 2015 ar nós imeachta na Roinne le gearán a dhéanamh, agus tá foráil ann chun achomharc a dhéanamh d'oifigeach achomhairc neamhspleách má chreideann an gearánach nár láimhseáladh an gearán ar bhealach sásúil.[1]

**6.68** Ní oifigeach achomhairc neamhspleách ceaptha go fóill. Tá sé sonraithe ag an Roinn, agus iarracht á déanamh aici duine neamhspleách a aimsiú, go ndearnadh plé le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ina raibh athbhreithniú á dhéanamh ar an modh déanta gearán agus inar dhócha go gceapfaí eadránaí deiridh neamhspleách. Sular cuireadh athbhreithniú na Seirbhíse Príosúin i gcrích, thoiligh an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gur cheart sainchúram an Ombudsman agus an Ombudsman do Leanaí araon a shíneadh chun daoine sa soláthar díreach a chuimsiú. Ní mór don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ordú a shíniú chun é sin a chur i bhfeidhm. Tá plé beagnach curtha i gcrích ag an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hOifig an Ard-Aighne maidir le hordú den sórt sin. Tá sé beartaithe gurb é an t-ombudsman ábhartha a bheidh ina oifigeach achomhairc neamhspleách.

**6.69** Sainaithníodh réimse leathan ábhar imní i gcomhairliúchán leis na cónaitheoirí a rinneadh mar chuid d'athbhreithniú an ghrúpa oibre in 2015. Bhain a bhformhór le fad an phróisis iarratais agus go raibh siad ina gcónaí sa chóras soláthair dhírigh. Mar sin féin, léiríodh roinnt ábhair imní maidir le caighdeán na seirbhísí a sholáthraítear in ionaid soláthair dhírigh. Sainaithníodh freisin sa phróiseas comhairliúcháin easpa muiníne i measc na gcónaitheoirí sa nós imeachta le gearáin a dhéanamh agus sa phróiseas cigireachta.

## Conclúidí agus moltaí

**6.70** Is féidir le hiarrthóirí tearmainn leas a bhaint as cóiríocht agus as seirbhísí in ionaid soláthair dhírigh. Fanann go leor cónaitheoirí in ionaid soláthair dhírigh ar feadh tréimhsí fada agus a n-iarratas á phróiseáil. Mar sin féin, ní furasta anailís a dhéanamh ar na sonraí ó thréimhse roimh 2012 chun na cúiseanna leis an moill a shainaithint (is féidir iad a shainaithint in athbhreithniú de láimh ar chomhaid ar leith). Tugadh isteach córas nua TF in 2012, agus ba cheart go bhféadfaí anailís níos fearr a dhéanamh ar phróiseáil iarratas agus cúiseanna moille a shainaithint níos fearr leis an gcóras nua.

1 Ionaid Fáiltithe agus Chóiríochta an tSoláthair Dhírigh, Rialacha agus Nósanna Imeachta an Tí, 2015.

### *Cóiríocht do dhaoine ar bronnadh stádas orthu*

**6.71** Amhail Lúnasa 2016, tá líon mór daoine ar tugadh a gcás chun críche ina gcónaí in ionaid soláthair dhírigh go fóill. Bronnadh stádas ar dhuine amháin as gach seisear cónaitheoirí sa soláthar díreach a thugann cead dóibh fanacht in Éirinn. Níl sé soiléir go dtéann úsáid na cóiríochta soláthair dhírigh i gcás daoine den sórt sin chun leasa an Stáit, na ndaoine i gceist, ná úsáideoirí beartaithe an tsoláthair dhírigh. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuarthas amach san anailís atá déanta aici orthu siúd ar tugadh cead fanachta dóibh go bhfágann 87% díobh an soláthar díreach laistigh de shé mhí.

**Moladh 6.1**

Ba cheart don Roinn dul i bpáirt le páirtithe leasmhara eile chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí le cóiríocht a chur ar fáil dóibh siúd ar bronnadh stádas orthu chun ligean dóibh fanacht in Éirinn.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Cé nach bhfuil an fhreagracht ar an Roinn tithíocht a sholáthar dóibh siúd atá i dteideal fanacht sa Stát go dleathach, leanfaidh an Roinn de cibé cabhair agus is féidir a thabhairt chun cabhrú le daoine bogadh chuig cóiríocht bhuan.

### *Soláthar seirbhísí soláthair dhírigh*

**6.72** Baineadh feidhm as próisis soláthair iomaíocha le haghaidh soláthar seirbhísí sna hionaid faoi úinéireacht an Stáit agus tá páirt á glacadh ag an Roinn faoi láthair i gcomórtas ar fud na hEorpa le haghaidh na seirbhísí sin. Tá formhór na cóiríochta soláthair dhírigh le fáil in ionaid atá faoi úinéireacht phríobháideach agus á bhfeidhmiú ar bhonn tráchtála. Íocadh €251 mhilliún le soláthraithe na cóiríochta den sórt sin sna cúig bliana go dtí 2015. Níor baineadh feidhm as próisis soláthair iomaíocha fhoirmiúla chun na conarthaí sin a dhámhachtain. Cuireann sé sin leis an mbaol nach bhfuil an praghas is fearr ná an caighdeán is fearr cóiríochta agus seirbhísí á bhaint amach. Cé gurb é tuairim na Roinne gurbh ionann an modh soláthair a úsáideadh agus an nós imeachta idirbheartaíochta dá ndéantar foráil i rialacha an AE, is cosúil nach ann do na cúiseanna trínar féidir dul i muinín an nós imeachta sin agus nár cloíodh le riachtanais nós imeachta áirithe. D'fhéadfaí éilimh a dhéanamh i gcoinne na Roinne mar gheall air sin.

*Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta*

**6.73** Glacann an Roinn leis, dá mbeadh an saol gan locht, gur mhó soláthar oscailte a bheadh ann. An fógra le haghaidh léirithe spéise agus an mhodheolaíocht measúnaithe a úsáideadh ina dhiaidh sin le haghaidh soláthraithe tráchtála cóiríochta, is é tuairim na Roinne gurb ionann é sin agus an nós imeachta idirbheartaíochta dá ndéantar foráil i rialacha soláthair an AE. Mar thoradh ar laghdú ar an éileamh, níor foilsíodh aon fhógra nua idir 2009 agus Iúil 2015. Faoin am sin, bhí an t-éileamh chomh hard sin go raibh baol dáiríre ann nach bhféadfaí freastal ar na riachtanais leis an stoc áiteanna soláthair dhírigh a bhí ann. Mar shampla, tháinig méadú 1,000 duine ar an líon iarrthóirí tearmainn sa tréimhse ceithre mhí idir Aibreán agus Lúnasa 2015, agus tháinig méadú 400 breise ar a líon i Meán Fómhair 2015. B'éigean freagra práinneach a thabhairt ar an méadú sin, rud a d'fhág gur oscail an Roinn ionad nua agus gur bhainistigh sí an acmhainn leapacha sna hionaid eile ar fad.

**6.74** An rogha mhalartach ar an bpróiseas idirbheartaíochta sin is ea iarrthóirí tearmainn (ar daoine leochaileacha iad faoi mar a thuigfí) a fhágáil gan dídean fad is a thugann an Roinn faoi phróiseas soláthair fadálach.

**6.75** Tá solúbthacht ag baint leis an nós imeachta soláthair a úsáideadh i gcomparáid le dolúbthacht próisis tairisceana oscailte ar beag an deis atá ann laghduithe ar chostais a bhaint amach nuair a tharlaíonn lag trá eacnamaíoch. Íoctar rátaí an-tairbheach le conraitheoirí i gcomparáid lenar íocadh roimhe seo. Go deimhin, tuigtear go bhfuil na rátaí sin i bhfad níos ísle ná na rátaí atá á n-íoc ag údaráis eile sa Stát as seirbhísí réasúnta cosúil do dhaoine gan dídean. Tá dúshláin ar leith ann freisin agus bheadh sé deacair iad a chuimsiú i dtairiscint oscailte — dothuarthacht an éilimh, scaipeadh, cur ina aghaidh sa cheantar áitiúil, leanaí socraithe i scoileanna, áiteanna scoile ar fáil, srl.

**6.76** An taithí a fuarthas sa phróiseas iomaíoch reatha ar fud an AE le haghaidh soláthar seirbhísí sna hionaid faoi úinéireacht an Stáit, cuirfear an taithí sin san áireamh agus seirbhísí d'ionaid tráchtála á lorg ag an Roinn. An cuspóir a bheidh ann i gcónaí ná go gcloífear leis na nósanna imeachta cuí an t-am ar fad agus go bhfaighfear an luach is fearr ar airgead, agus aird á tabhairt ar nádúr ar leith na seirbhísí in ionaid soláthair dhírigh.

### *Bainistiú conarthaí*

**6.77** Níl sé éasca bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chonarthaí soláthair dhírigh mar níor leagadh amach caighdeáin ná sceidil chainníochtaithe ná intomhaiste le haghaidh go leor de na nithe insoláthartha faoi na conarthaí. Cuireann sé sin leis an mbaol nach bhfreastalófaí ar riachtanais na n-iarrthóirí tearmainn le caighdeán na cóiríochta agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Cruthaíonn sé an baol freisin go soláthrófaí seirbhísí ar chaighdeáin éagsúla in ionaid éagsúla.

**Moladh 6.2**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh caighdeánach agus na nithe seo a leanas a áirithiú

- leagtar amach caighdeáin agus sceidil le haghaidh na nithe insoláthartha ar fad
- leagtar amach go soiléir an fhaisnéis feidhmíochta atá riachtanach lena mheas cibé acu ar soláthraíodh nó nár soláthraíodh na nithe insoláthartha faoin gconradh
- sonraítear na himpleachtaí a bheidh ann mura soláthrófar na nithe insoláthartha.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar gach conradh de réir mar is gá i bhfianaise taithí, agus úsáidfear forálacha an mholta seo sa phróiseas sin le héifeacht láithreach.

Tháinig an tsaincheist sin chun cinn freisin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascáil an ghrúpa oibre. Tá an Roinn i mbun plé le comhpháirtithe san AE agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le conas is fearr is féidir dul i ngleic leis an bhfadhb seo ar bhealach trína gcinntítear seachadadh leanúnach na seirbhíse ar an gcaighdeán is airde agus, ag an am céanna, solúbthacht imleor a sholáthar chun freastal ar na riachtanais ar leith a bhíonn ag daoine ag lorg tearmainn.

Ní mór a bheith cúramach gan caighdeán ná riachtanais a leagan síos a d'fhéadfadh a bheith dochrach do chearta daonna agus roghanna na ndaoine. Ní ceart dearmad a dhéanamh riamh nach i gcónaí is féidir freastal ar riachtanais shainiúla daoine le "réiteach amháin a oireann do chách". Téann sé chun tairbhe an duine i gceist nach bhfuil cuid de na caighdeáin chomh saintreorach céanna agus gurb oiriúnaí iad do riachtanais shainiúla an duine sin. Áirítear leis sin ceisteanna maidir le cineál agus soláthar an bhia nó solúbthacht i leith am na mbéilí agus cleachtadh reiligiúnach.

### *Measúnú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse*

**6.78** Is foinse úsáideach faisnéise atá san fhaisnéis ó chigireachtaí, ó chlinicí agus ó na gearáin a dhéanann cónaitheoirí, agus d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun measúnú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse. Mar sin féin, ní dhéantar comhthiomsú foirmiúil ar an bhfaisnéis sin ná ní úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-aonad ná na soláthraithe ar leith. Ní dhéanann na cónaitheoirí ach leibhéal an-íseal gearán leis an Roinn. Cé go bhféadfaí a thuiscint leis sin go bhfuiltear sásta leis an tseirbhís atá á seachadadh nó le réiteach na bhfadhbanna ag lucht bainistíochta na n-ionad áitiúil, léirítear le faisnéis ó fhoinsí eile, lena n-áirítear torthaí ar chomhairliúchán poiblí a rinne grúpa oibre, go bhfuil leibhéal ard míshásaimh i measc na gcónaitheoirí.

**Moladh 6.3**

Ba cheart don Roinn comhthiomsú a dhéanamh ar thorthaí na gcigireachtaí agus na gclinicí faisnéise, agus ar shonraí na ngearán atá déanta ag cónaitheoirí. Ba cheart an fhaisnéis a úsáid ina dhiaidh sin chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-ionad ar leith, mar aon leis na soláthraithe atá i mbun seirbhísí a sheachadadh i roinnt ionaid éagsúla.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. I láthair na huaire, baintear leas as torthaí na gcigireachtaí agus na gclinicí san eolas ginearálta ar fheidhmiú agus ar bhainistiú na n-ionad, rud a chuireann eolas ar fáil ina dhiaidh sin don phlé maidir le conarthaí, don ullmhúcháin do chigireachtaí, agus d'fhorbairt fhoriomlán beartas. Cuirfear nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm amach anseo ionas go ndéanfar an fhoghlaim ó chigireachtaí agus ó chlinicí a thaifeadadh le haghaidh gach ionaid. Bainfear leas as an bhfaisnéis sin ansin sa phlé ina dhiaidh sin le bainisteoirí agus le húinéirí na n-ionad.

### Moladh 6.4

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas le gearán a dhéanamh féachaint an bhfuil cúinsí ann a d'fhéadfadh bac a chur ar chónaitheoirí fadhbanna a thuairisciú.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Tá an moladh seo curtha i bhfeidhm cheana féin den chuid is mó. Cuireadh nós imeachta nua le gearán a dhéanamh i bhfeidhm in 2015. Féachfaidh an Roinn freisin ar bhealaí chun an próiseas sin a dhéanamh níos oscailte agus níos trédhearcaí.

**Iarscríbhinn A Ionaid soláthair dhírigh**

| Conraitheoir | Ionad | Acmhainn | Ionad soláthair dhírigh ó |
|---|---|---|---|
| Soláthraithe tráchtála cóiríochta agus seirbhísí | | | |
| Mosney PLC | Maigh Muirí | 600 | Nollaig 2000 |
| Bridgestock Ltd | An Sean-Chlochar, Sráid na Mainistreach, Béal Átha hAmhnais | 267 | Lúnasa 2001 |
| | Globe House, Cnoc an tSéipéil, Sligeach | 226 | Lúnasa 2004 |
| Old George Ltd/Fazyard Ltd/Mint Horizon Ltd[a] | Na Túir, Cluain Dolcáin | 225 | Deireadh Fómhair 2006 [b] |
| | Georgian Court, Baile Átha Cliath 1 | 110 | Eanáir 2005 [b] |
| | The Montague, Ioma, Co Laoise | 202 | Deireadh Fómhair 2007 |
| | The Richmond Court, Co an Longfoirt | 80 | Iúil 2015 |
| Barlow Properties/Bideau Ltd/Stompool Investments Ltd/Baycaster Ltd/D and A Ltd[a] | Ashbourne House, An Gleanntán | 95 | Meitheamh 2000 |
| | Glenvera, Bóthar Wellington, Corcaigh | 107 | Nollaig 2001 [b] |
| | Birchwood, Bóthar Bhaile Throcail, Port Láirge | 125 | Bealtaine 2001 |
| | Mount Trenchard, Faing, Co. Luimnigh | 85 | Eanáir 2007 |
| | Clonakilty Lodge, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 108 | Samhain 2007 |
| East Coast Catering (Ireland) Ltd | Baile Seiscinn, St Margaret's, Co Bhaile Átha Cliath | 310 | Nollaig 2001 |
| | Halla Haiste, 28A Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 | 175 | Feabhra 2005 |
| | Carroll Village, Dún Dealgan (SC) | 60 | Aibreán 2005 |
| Millstreet Equestrian Services | Sráid an Mhuilinn | 237 | Samhain 2000 |
| | Bridgewater House, Carraig na Siúire | 95 | Nollaig 2001 |
| | Viking House, Port Láirge | 82 | Bealtaine 2001 |
| Tattonward Ltd/Mo Bhaile Ltd[a] | Staircase, 21 Sráid Aungier, Baile Átha Cliath 2 | 33 | Bealtaine 2012 |
| | St. Patricks, Muineachán | 200 | Nollaig 2001 |
| Maplestar Ltd | Eglington, Bóthar na Trá, Gaillimh | 200 | Eanáir 2000 |
| Shaun Hennelly | Great Western House, Gaillimh | 152 | Meán Fómhair 2000 |
| Birch Rentals Ltd | Hanrattys, Sráid Glentworth, Luimneach | 112 | Meitheamh 2009 [b] |
| Westbourne Holiday Hostel Ltd | Westbourne, Bóthar an Duga, Luimneach | 90 | Meitheamh 2001 |
| Peachport Ltd | Eyre Powell, Droichead Nua | 90 | Aibreán 2003 |
| Maison Builders Ltd | Watergate House, Baile Átha Cliath 8 (SC) | 68 | Aibreán 2003 [b] |
| Ocean View Accommodation Ltd | Ocean View, Trá Mhór | 65 | Aibreán 2007 |
| Atlantic Blue Ltd | Atlantic House, Trá Mhór | 80 | Bealtaine 2007 |
| Ionaid faoi úinéireacht an Stáit arna mbainistiú ag soláthraithe bainistithe saoráidí | | | |
| Campbell Catering Ltd t/a Aramark Ireland | Bóthar Chionn tSáile | 275 | Aibreán 2000 |
| | Cnoc an Lisín | 250 | Deireadh Fómhair 2001 |
| | Baile Átha Luain | 300 | Bealtaine 2000 |
| Onsite Facilities Management (OFM) | Johnson Marina | 90 | Aibreán 2001 |
| | Atlas, Trá Lí | 110 | Lúnasa 2001 |
| | Atlas, Cill Airne | 90 | Eanáir 2002 |
| | Park Lodge | 55 | Aibreán 2001 |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus anailís leis an Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Stiúrthóir amháin nó níos mó ar bhord na gcuideachtaí éagsúla, de réir thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

b Athrú tagtha ar an gcuideachta atá ag soláthar an ionaid ó 2010, ach stiúrthóir amháin nó níos mó ar bhord na gcuideachtaí éagsúla, de réir thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

# 7 Aisíocaíochtaí agus tobhaigh an AE san earnáil talmhaíochta

**7.1** Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ('an Roinn') a dhéanann riar ar chistí AE atá dírithe ar thacú le hearnáil na talmhaíochta agus le saol na tuaithe in Éirinn. Faoi Chomhbheartas Talmhaíochta an AE, soláthraítear cistiú do na nithe seo a leanas

- an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) lena maoinítear íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí (amhail an scéim íocaíochta aonair) agus bearta lena rialaítear margaí talmhaíochta nó lena dtacaítear leo
- an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) lena dtacaítear le cláir forbartha tuaithe.

**7.2** Ba í an Roinn a bhí freagrach freisin as riar na scéime cuóta bainne in Éirinn ar tháinig deireadh léi i Márta 2015. Bhain an AE leas as fáltais ón tobhach ar chuótaí bainne chun CERT a chistiú.

**7.3** Cuimsíodh iad seo a leanas le cistiú CERT agus CETFT arna riar tríd an Roinn in 2015

- cistiú CERT €1,210 milliún
- cistiú CETFT €382 mhilliún.

**7.4** Sa tuarascáil seo, féachtar orthu seo a leanas

- aisíocaíocht €68 milliún ó Éirinn leis an AE in 2015 as neamhchomhlíonadh na rialacha faoi scéimeanna CERT agus CETFT[1]
- íocaíocht €71 mhilliún ón Roinn leis an AE in 2015 toisc gur sháraigh an táirgeadh in Éirinn an cuóta bainne náisiúnta, agus aisghabháil na gcistí sin ó tháirgeoirí bainne.

## Saincheisteanna comhlíonta maidir le CERT agus CETFT

**7.5** Faoi rialacháin an AE, ceanglaítear ar an Roinn seiceálacha comhlíonta a dhéanamh mar chuid dá ról mar riarthóir CERT agus CETFT.[2] Sa tréimhse idir 2010 agus 2015, rinne an Roinn 15,500 cigireacht ar an meán sa bhliain agus ghearr sí pionóis €937,000 sa bhliain ar an meán. Déanann an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) gnáth-iniúchtaí freisin ar chur i bhfeidhm agus ar riar na gcistí.

**7.6** Ceanglaíonn an AE ar gach ballstát córas aitheanta dáileachtaí talún (LPIS) a fheidhmiú chun deontais a riar. Baintear úsáid as íomhánna satailíte sa chóras sin chun achar gach dáileachta talún a ríomh, agus is é sin bunchloch an riartha le haghaidh na ndeontas bunaithe ar thalamh.

**7.7** Rinne an Coimisiún athbhreithnithe in 2009, 2010 agus 2012 ar bhainistiú chistí CERT agus CETFT in Éirinn agus ar na córais rialaithe a bhaineann leo.

**7.8** Tar éis gach athbhreithnithe, chuir an Coimisiún in iúl don Roinn go raibh sé den tuairim nár chloígh Éire go hiomlán leis na rialacháin agus go raibh gá le bearta ceartaitheacha chun comhlíonadh a áirithiú (Fíor 7.1). Gach bliain, chuir an Roinn in éadan fhormhór na gceisteanna a músclaíodh.

1 Tagraíonn an AE d'aisíocaíochtaí amhail ceartúcháin airgeadais.

2 Ní mór cigireacht a dhéanamh gach bliain ar 5% de na hiarratais faoin Scéim Íocaíochta Aonair, lena n-áirítear cigireacht ar an bhfeirm i gcás 1% d'fheirmeacha. Chloígh an Roinn leis na riachtanais sin gach bliain agus rinne sí na staitisticí bliantúla a thuairisciú don Choimisiún.

7.9 Le dul i ngleic leis na gceisteanna a bhí ag teacht chun cinn, rinne an Roinn athbhreithniú ar limistéir choimíneachta in 2009 agus athbhreithniú tosaigh ar LPIS in 2010. Shonraigh an Roinn gur cuireadh leis an tréimhse fhada a bhí de dhíth chun na ceisteanna a mhúscail an Coimisiún a réiteach mar thoradh ar athrú ar fhoireann iniúchóireachta an Choimisiúin in 2011, rud a d'fhág gur theastaigh iniúchadh nua in 2012.

**Fíor 7.1 Príomhthorthaí an Choimisiúin, de réir bliana**

| Saincheisteanna | 2009 iniúchadh | 2010 iniúchadh | 2012 iniúchadh | 2013 ceisteanna imréitigh [a] |
|---|---|---|---|---|
| LPIS – gnéithe neamh-incháilithe nach bhfuil taifeadta go fóill, amhail tithe feirme agus clóis | ✓ | ✓ | – | ✓ |
| LPIS – íomhánna róshean, tá cuid de na híomhánna ocht mbliana d'aois | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| LPIS – próiseas nuashonraithe comhad agus rian iniúchta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Clárú coimíní | ✓ | ✓ | – | ✓ |
| Comhéifeacht cáilitheachta | – | – | ✓ | ✓ |
| Nósanna imeachta riaracháin | ✓ | ✓ | – | – |
| Seiceálacha ar an láthair | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Pionóis agus déaduchtuithe a chur i bhfeidhm | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Sa phróiseas 'imréitigh comhfhoirmeachta' in 2013, comhthiomsaíodh fadhbanna ó 2009, 2010 agus 2012 a bhí gan réiteach

### *Dícheadú caiteachais arna mholadh ag an gCoimisiún*

7.10 I gcásanna ina sainaithnítear saincheisteanna comhlíonta, d'fhéadfadh an Coimisiún aisíoc na ndeontas a íocadh roimhe sin a lorg. Déantar é sin a ríomh tríd an riosca i leith na gcistí iomlána a mheas nó trí dícheaduithe ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm mar seo a leanas

- dícheadú 25% i gcás nach bhfuil ann don chóras rialaithe ar chor ar bith nó i gcás go bhfuil sé an-easnamhach agus go bhfuil fianaise ann ar mhírialtacht fhorleathan[1]
- dícheadú 10% i gcás nach bhfuil éifeacht ar bith leis na príomhrialúcháin maidir le hincháilitheacht an éilimh a chinneadh nó mírialtacht a chosc[2]
- dícheadú 5% i gcás ina gcuirtear gach príomhrialúchán i bhfeidhm, ach i gcás nach gcuirtear i bhfeidhm iad de réir an lín, na minicíochta nó an leithid a éilítear sna rialacháin
- dícheadú 2% i gcás ina bhfeidhmítear na príomhrialúcháin go leordhóthanach, ach gur theip go hiomlán ar oibríocht aon rialacháin choimhdigh amháin nó níos mó.[3]

7.11 I mí na Bealtaine 2013, chuir an Coimisiún in iúl don Roinn go raibh eisiamh caiteachais áirithe á mholadh agus in Iúil 2013 chuir sé in iúl go raibh dícheadú ar ráta comhréidh 5% – coibhéiseach le thart ar €450 milliún – á mheas don tréimhse idir 2008 agus 2012. Mheas an Coimisiún go raibh na laigí i gcur i bhfeidhm na rialachán AE in Éirinn de nádúr seasta agus go raibh na laigí sin ann go minic, toisc nár réitíodh ina n-iomláine na heasnaimh a sonraíodh in iniúchtaí 2009, 2010 agus 2012.

1 Féadfar dícheadú ar ráta comhréidh níos airde (suas le 100%) a chur i bhfeidhm i gcás laigí atá chomh tromchúiseach sin gur teip iomlán atá iontu cloí le rialacháin an AE.

2 Is éard atá i bpríomhrialúcháin na seiceálacha fisiciúla agus riaracháin sin atá de dhíth chun gnéithe substainteacha a fhíorú, go háirithe ábhar an éilimh a bheith ann, an chainníocht, agus na coinníollacha cáilíochtúla lena n-áirítear cloí le teorainneacha ama, riachtanais bhuainteoireachta, tréimhsí coinneála, srl. Déantar ar an láthair iad agus trí chros-seiceálacha le sonraí neamhspleácha amhail clár talún.


3 Is éard is rialúcháin choimhdeacha ann na hoibríochtaí riaracháin sin atá de dhíth chun éilimh a phróiseáil, amhail fíorú go gcloítear le teorainneacha ama chun éilimh a chur isteach, éilimh dhúblacha a shainaithint i leith an ábhair chéanna, anailís riosca, cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus maoirseacht chuí ar nósanna imeachta.

**7.12** Faoi rialacháin an AE, ceadaítear do bhallstáit ríomh réasúnaithe ar an riosca do chistí an AE a sholáthar seachas dícheadú ar ráta comhréidh a íoc. Is leis an rogha seo a chuaigh an Roinn agus, i Lúnasa 2013, leag an Coimisiún amach a riachtanas le haghaidh athbhreithnithe ar an leibhéal riosca do chistí an AE. Bhí ar an Roinn an t-athbhreithniú a chur i gcrích faoi lár mhí na Nollag 2013.

### *Athbhreithniú na Roinne ar dháileachtaí talún*

**7.13** Chun an riosca do chistí an AE a shainaithint, rinne an Roinn athbhreithniú deisce ar gach ceann den 945,000 dáileacht talún ar an LPIS. Bhíothas ábalta an t-imscrúdú sin a dhéanamh de bharr íomhánna ardtaifigh a fuair Suirbhéireacht Ordanáis Éireann in 2012. Aimsíodh san athbhreithniú 40,000 cás (lenar cuimsíodh 180,000 dáileacht talún) ina ndearnadh duine ró-éileamh i leith a shealúchais (Fíor 7.2).

**Fíor 7.2 Anailís ar dháileachtaí talún, athbhreithniú 2013**




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**7.14** Chuir an Roinn an t-athbhreithniú i gcrích i Nollaig 2013 agus an anailís i gcrích i bhFeabhra 2014, agus mheas sí gurbh é €33.4 milliún an riosca do chistí AE don tréimhse idir 2009 agus 2012.

### *Idirbheartaíocht maidir le dícheadú caiteachais*

**7.15** I mí na Bealtaine 2014, chuir an Coimisiún an dícheadú molta €182 mhilliún in iúl don Roinn, bunaithe ar dhícheadú ar ráta comhréidh de 2% den chaiteachas sa tréimhse idir 2008 agus 2012.[1] Níor ghlac an Coimisiún leis an meastachán ar chaiteachas incháilithe a thug an Roinn dó mar

- ní dhearnadh cuairteanna allamuigh chun torthaí a fhíorú mar chuid d'athbhreithniú na Roinne in 2013
- ní dhearnadh easnaimh i leith bhliain éilimh 2008 a chainníochtú
- bhí neamhréireanna sa leibhéal tuairiscithe earráidí i ndáil le coimíní

1 Cuireadh ráta 5% i bhfeidhm ar an gcaiteachas ar choimíní in 2010. D'aontaigh an Coimisiún ina dhiaidh sin go raibh áibhéil €28 milliún déanta ar fhigiúr €182 mhilliún toisc go ndearnadh roinnt figiúirí a chomhaireamh faoi dhó.

- níor ghlac sé le cur i bhfeidhm comhéifeachtaí neamh-incháilitheachta (os cionn 80%) agus cros-chúiteamh[2]
- sainaithníodh eisiaimh mhíchearta i gcás cúig cinn de na seacht ndáileacht talún ar thug an Coimisiún cuairt orthu in 2014 (roghnaíodh an sampla ó na 27 ndáileacht inar sainaithníodh fadhbanna féideartha le linn athbhreithniú deisce).

**7.16** I rialacháin an AE, tugtar deis do bhallstáit tús a chur le próiseas eadrána trí Chomhlacht Idir-réitigh an AE. Níl torthaí an phróisis sin ina gceangal ar an gCoimisiún. Chuir an Roinn tús leis an bpróiseas sin.

**7.17** I Meitheamh 2014, chuir an Roinn cás faoi bhráid an Chomhlachta Idir-réitigh inar áitigh sí gur cinneadh an riosca do chistí an AE go hiomlán san athbhreithniú ar an LPIS. I Nollaig 2014, thuairiscigh an Comhlacht Idir-réitigh nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú idir an Roinn agus an Coimisiún ach, mar sin féin, nár chosúil nach bhféadfaí teacht ar idir-réiteach agus mhol sé go ndéanfaí plé breise idir an Roinn agus an Coimisiún.

**7.18** In Iúil 2015, mhol an Coimisiún socraíocht €64.1 milliún don tréimhse idir 2008 agus 2012. Moladh ceartú breise €3.6 milliún i dtaca le comhéifeachtaí incháilitheachta ísle don tréimhse 2013-2014.[2] Ghlac an Roinn leis an moladh. Baineadh an tsocraíocht ón gcistiúchán a d'íoc an AE le hÉirinn in 2015. Tá achoimre ar an bpróiseas idirbheartaíochta socraíochta i bhFíor 7.3.

**7.19** Áirítear iad seo a leanas i measc na mbeart a tugadh isteach chun dul i ngleic leis na fadhbanna ba chúis leis an dícheadú

- athbhreithniú ar limistéir coimíní ar cuireadh tús leis in 2009
- fuarthas íomhánna ardtaifigh in 2012 mar fhreagairt ar an imní a léiríodh i leith aois na n-íomhánna
- athbhreithniú 2013 inar nuashonraíodh an LPIS leis na gnéithe neamh-incháilithe nár taifeadadh
- in 2012, thug an Roinn treoir ní ba chruinne isteach do chigirí maidir le comhéifeachtaí incháilitheachta a áireamh
- tugadh isteach nósanna imeachta athbhreithnithe chun an rian iniúchta a fheabhsú.

2 Cuirtear comhéifeacht neamh-incháilitheachta i bhfeidhm i gcás ina bhfuil gnéithe neamh-incháilithe ar roinnt den talamh, mar shampla scrobarnach. Tarlaíonn cros-chúiteamh i gcás inar cothromaíodh laghduithe ar achar dáileachta talún amháin le limistéir nár éilíodh ach a bhí incháilithe i ndáileacht talún eile ar leis an bhfeirmeoir céanna í.

2 Shonraigh an Roinn gurb iad na comhéifeachtaí incháilitheachta an t-aon saincheist amháin nach bhfuil réitithe ó athbhreithnithe an Choimisiúin idir 2008 agus 2012.

## Fíor 7.3 Idirbheartaíocht ar mhéid an dícheadaithe [a]

| | | |
|---|---|---|
| Iúil 2013 | €450 milliún | Aisíocaíocht arna meas ag an gCoimisiún bunaithe ar dhícheadú ar ráta comhréidh 5% |
| Feabhra 2014 | €33.4 milliún | Meastachán na Roinne a tugadh don Choimisiún don tréimhse 2009-2012, tar éis athbhreithniú ar na dáileachtaí talún a ndearnadh éileamh ina leith in 2013 |
| Bealtaine 2014 | €182 mhilliún | Aisíocaíocht mholta ag an gCoimisiún bunaithe ar dhícheadú ar ráta comhréidh 2% don tréimhse 2008-2012 |
| Meitheamh 2014 | €43.1 milliún | Meastachán athbhreithnithe na Roinne a tugadh don Chomhlacht Idir-réitigh, lena n-áirítear ceartú i leith 2008 agus dáileachtaí a ndearnadh éileamh ina leith in 2008-2012 ach gan éileamh in 2013 |
| Deireadh Fómhair 2014 | €47.4 milliún | Meastachán athbhreithnithe na Roinne ina léirítear coigeartú le haghaidh limistéir scrobarnaí, gairdíní a measadh gur limistéir thalmhaíochta iad, agus cros-chúiteamh |
| Samhain 2014 | €49.2 milliún | Meastachán athbhreithnithe na Roinne do 2008-2012 ina léirítear athbhreithniú ar an gcoigeartú le haghaidh limistéir scrobarnaí agus riosca iarmharach i limistéir mhídheisiúla [b] |
| Márta 2015 | €52.6 milliún | Meastachán athbhreithnithe na Roinne le haghaidh 2008-2012, tar éis sampláil randamach de dháileachtaí talún |
| Iúil 2015 | €67.7 milliún | Tar éis athbhreithniú ar fhaisnéis bhreise arna cur ar fáil ag an Roinn, mheas an Coimisiún gurbh é €64.1 milliún an riosca do chistí an AE le haghaidh 2008-2012, agus €3.6 milliún breise le haghaidh 2013-2014. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Nótaí: a Ní chuirtear san áireamh leis na figiúirí atá luaite €0.95 milliún a aisghabhadh ó fheirmeoirí agus a aisíocadh leis an AE tar éis athbhreithniú 2013. Baineadh an aisíocaíocht sin ón tsocraíocht a comhaontaíodh in 2015.

b Is é is limistéar mídheisiúil ann limistéar inar deacra an táirgeacht nó an ghníomhaíocht talmhaíochta de bharr baic nádúrtha amhail fánaí géara nó táirgiúlacht íseal ithreach.

### *Comparáid idirnáisiúnta*

**7.20** Ráta sách íseal dícheadaithe a bhí ag Éirinn sa tréimhse 2008 go 2015 (Fíor 7.4).

**Fíor 7.4 Rátaí dícheadaithe CERT agus CETFT i dtíortha an AE, 2008 go 2015**




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**7.21** Sa tréimhse idir 2008 agus 2015, ba é 2.4% an meán-dícheadú gach bliain airgeadais ar bhonn an AE ar fad. D'éirigh ní b'fhearr le hÉirinn i gcomparáid le formhór na dtíortha, agus dícheadú thart ar 0.8% aici ar an meán. D'fhéadfadh costas mór a bheith ag dícheadú arna ghearradh ag an gCoimisiún. Mar shampla, in 2014, gearradh dícheadú de bhreis is €1 bhilliún ar an bhFrainc i leith na tréimhse idir 2009 agus 2013. Ar aon dul le hÉirinn, bhain formhór an cheartúcháin le laigí ina LPIS, agus cuimsíodh dícheaduithe ar ráta comhréidh idir 2% agus 100%.

### *Costais eile*

**7.22** Bhí acmhainní foirne inmheánaí agus seachtraí de dhíth ar an athbhreithniú a rinne an Roinn, agus baineadh úsáid as bogearraí nua. Anuas air sin, fuair an Roinn tacaíocht dlí roimh an bpróiseas idir-réitigh. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn gurb é €3.2 milliún costas iomlán an athbhreithnithe, lena gcuimsítear na nithe seo a leanas

- €960,000 de chostais foirne inmheánaí
- €450,000 ar bhogearraí nua
- €840,000 ar na híomhánna athbhreithnithe
- €920,000 ar sheirbhísí conraitheora chun athbhreithniú a dhéanamh ar na híomhánna
- €10,500 ar sheirbhísí dlí a bhí de dhíth mar chuid den phróiseas idir-réitigh.

### *Ró-éilimh a aisghabháil*

**7.23** Ina haighneacht leis an gComhlacht Idir-réitigh, shonraigh an Roinn go mbíonn sé an-deacair ar na ballstáit ró-íocaíochtaí a aisghabháil de bharr dícheadú ar ráta comhréidh. Aisghabhadh cistí €0.95 milliún ó úinéirí talún mar thoradh ar athbhreithniú 2013.

**7.24** Níor choinnigh an Roinn le feirmeoirí i gcomhair ró-íocaíochtaí breise. Thug sí le fios go gcuimsítear iad seo a leanas i measc na bpríomhthosca dá cinneadh:

- castacht na bpróiseas riaracháin agus fíoraithe theicniúil a bheadh ann, agus an dealraitheacht go ndéanfaí achomhairc agus dúshláin mhóra ina dhiaidh sin
- an gnáthchleachtas i mballstáit eile ina n-íocann an státchiste náisiúnta ceartuithe airgeadais den sórt sin.

## Conclúidí

**7.25** Bhí an Roinn páirteach i bpróiseas fadálach leis an gCoimisiún in iarracht chun teacht ar réiteach i leith na n-easnamh a shonraigh an Coimisiún ina athbhreithniú ar chistí talmhaíochta in 2009, 2010 agus 2012. Ar deireadh thiar, ghearr an AE dícheadú ar Éirinn mar thoradh air sin.

**7.26** Chuaigh an Roinn i dteagmháil ghníomhach leis an gCoimisiún chun teacht ar chomhréiteach maidir leis an méid ba gá a aisíoc. D’éirigh léi an aisíocaíocht a laghdú ó €182 mhilliún go €64.1 milliún don tréimhse 2008-2012, agus bhain sí amach ráta dícheadaithe laghdaithe go mór de €3.6 milliún le haghaidh 2013 agus 2014.

## Cuóta bainne agus tobhach

**7.27** Tugadh isteach córas cuóta bainne in earnáil déiríochta na hEorpa in Aibreán 1984 chun tabhairt faoin rótháirgeadh sa mhargadh déiríochta agus méadú gaolmhar ar chostas na mbeart idirghabhála margaidh chun tacú le praghsanna déiríochta. Leithdháileadh cuótaí náisiúnta táirgthe bainne ar gach ballstát. In Éirinn, roinneadh an cuóta ar tháirgeoirí bainne aonair bunaithe ar a dtáirgeacht in 1983.[1] I gcás cuóta próiseálaí déiríochta, is é atá ann iomlán na gcuótaí de na táirgeoirí aonair a chuireann bainne ar fáil don phróiseálaí sin. [2]

**7.28** In 2003, chinn an AE deireadh a chur le cuótaí bainne in 2015. Rud amháin a chuaigh i gcion ar an gcinneadh chun deireadh a chur leis an gcóras cuóta ab ea an t-éileamh méadaitheach ar tháirgí déiríochta ar an margadh domhanda. Níorbh fhéidir le táirgeoirí an AE leas a bhaint as an éileamh sin gan tobhach a íoc. Cuireadh deireadh leis an gcóras cuóta bainne an 1 Aibreán 2015.

**7.29** Ní raibh táirgeoir bainne faoi dhliteanas tobhach barrachais (ar a dtugtaí 'forthobhach' go minic) ach amháin i gcás inar sháraigh an táirgeoir a c(h)uóta, inar sháraigh próiseálaí an bhainne sin a chuóta táirgthe, agus inar sháraigh an Ballstát a chuóta. Bhíodh an cuóta bunaithe ar chainníocht an bhainne arna tháirgeadh agus choigeartaítí é chun cion saille ime an bhainne a léiriú.

**7.30** Leagtaí amach an tobhach agus an cuóta trí chomhaontú i measc airí an AE. In 2015, ba é 28.66 cent in aghaidh an lítir bainne sa bhreis ar an gcuóta an tobhach a bhí ann.

**7.31** In 2015, ba é 5.78 milliún tonna cuóta náisiúnta na hÉireann, méadú ar 5.40 milliún tona in 2008.[3] Áirítear iad seo a leanas i measc na mbeart a tugadh isteach in 2008 chun "bogthuirlingt" a thionscnamh don earnáil

- méadú 2% ar an gcuóta le haghaidh 2009
- méadú 1% ar an gcuóta gach bliain le haghaidh na tréimhse idir 2010 agus 2014
- leasú in 2010 ar fhachtóir ceartaithe na saille ime arbh ionann é agus méadú 1% ar an gcuóta
- scéimeanna trádála cuóta chun an tsolúbthacht do tháirgeoirí a fheabhsú.

### *Tobhach iníoctha*


**7.32** Léirítear i bhFíor 7.5 an tobhach a gearradh ar Éirinn le blianta beaga anuas.

1 Críochnaíonn bliain an chuóta bainne an 31 Márta gach bliain. Sa chuid seo den tuarascáil, is ionann tagairt do bhliain agus an bhliain dar chríoch an 31 Márta.

2 I gcás ina soláthraíonn táirgeoir bainne do níos mó ná aon phróiseálaí amháin, déantar a chuóta a leithdháileadh idir na próiseálaithe.

3 Sa tréimhse idir 1985 agus 2008, bhí an cuóta luaineach idir 5.150 agus 5.599 milliún tonna.

**Fíor 7.5 Tobhach bainne a gearradh ar Éirinn, 2006 go 2015**




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara


**7.33** Ba é €408 milliún an tobhach bainne iomlán a ghearr an AE in 2014 agus é roinnte ar ocht dtír. Ba é €10 milliún an tobhach a gearradh ar Éirinn.

**7.34** Chuir go leor táirgeoirí bainne san AE lena n-aschur in 2015 agus iad ag ullmhú do dheireadh chóras na gcuótaí, agus bhí an táirgeadh bainne 2.7% ní b'airde in 2015 ná mar a bhí in 2014. Sháraigh dhá thír déag an cuóta in 2015 agus gearradh tobhach iomlán €818 milliún orthu, in ainneoin gur táirgeadh 2.1% níos lú bainne ná iomlán chuótaí na dtíortha aonair san AE. Sháraigh Éire a cuóta bainne le 4.4%, agus gearradh tobhach €71 mhilliún uirthi mar thoradh air sin.

**7.35** Thit praghas an bhainne go luath in 2015, agus bhí deacrachtaí sreabhaidh airgid ag roinnt táirgeoirí bainne dá réir sin. An 26 Márta 2015, go gairid roimh dheireadh chóras na gcuótaí bainne, cheadaigh an AE scéim faoina bhféadfaí tobhach cuóta bainne a gearradh ar tháirgeoirí in 2015 a íoc thar trí bliana gan ús a thabhú. B'éigean do na ballstáit ar fad an dliteanas a íoc ina iomláine in 2015 agus bhí an rogha ag na ballstáit an scéim a chur i bhfeidhm nó gan bacadh leis.

**7.36** Bhí Éire ar cheann de na seacht dtír a chuir i bhfeidhm an scéim íocaíochta i dtráthchodanna. I gcás nár cuireadh an scéim i bhfeidhm, b'éigean do gach táirgeoir an tobhach a íoc faoin 1 Deireadh Fómhair 2015. Léirítear i bhFíor 7.6 an tobhach a gearradh ar gach tír agus cibé acu ar chuir siad an scéim chun feidhme nó nár chuir.

**Fíor 7.6 Tobhach ar chuóta bainne arna ghearradh ag an AE, de réir tíortha agus an tobhaigh a gearradh, 2015**





Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**7.37** D'íoc an Roinn an tobhach bainne leis an AE i Samhain 2015[1]

- ar bailíodh €35.6 milliún de ó tháirgeoirí
- ar fuarthas an chuid eile de ó chistí a bhí ar taisce ag an Roinn.[2]

**7.38** Roghnaigh díreach os comhair 2,700 táirgeoir an tobhach (€16.7 milliún) a íoc roimh ré leis an Roinn faoin 1 Deireadh Fómhair 2015. D'íoc an 3,700 táirgeoir eile €18.9 milliún leis an Roinn faoin 1 Deireadh Fómhair 2015 agus íocfaidh siad fuílleach €35.6 milliún in 2016 agus in 2017. Faoi mar a léirítear i bhFíor 7.7, ba iad na táirgeoirí ar gearradh tobhach níos lú orthu ba thúisce a roghnaigh an íocaíocht roimh ré.

**Fíor 7.7 Próifíl táirgeoirí de réir mhéid an tobhaigh a tabhaíodh**




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

1 D'íoc an Roinn €70.4 milliún mar ceadaíodh do bhallstáit faoi na Rialacháin maidir le Cuótaí Bainne 1% den tobhach dlite a choinneáil i gcás mainneachtana agus earráide.

2 Measann an Roinn go dtabhóidh sí thart ar €22,000 i gcostais úis in 2016 mar thoradh ar an tobhach a íoc, mar beidh uirthi cistí eile a fháil ar iasacht chun Íocaíochtaí Díreacha AE atá dlite d'fheirmeoirí a íoc. Tuairisceofar na hiasachtaí i CERT, CETFT agus sa Chiste Eorpach Iascaigh – cuntas na n-oibríochtaí Éireannacha.

**7.39** Leanfaidh an Roinn agus na próiseálaithe de na socruithe reatha a fheidhmiú chun an tobhach cuóta bainne a aisghabháil. [1]

**7.40** D'éiligh an Roinn ar tháirgeoirí comhaontú dlíthiúil a shíniú le bheith páirteach sa scéim. Is iad seo a leanas príomhthéarmaí an chomhaontaithe dhlíthiúil

- ní mór do tháirgeoirí 10% ar a laghad den mhéid iarchurtha a íoc i ngach ceann de na cúig mhí ó Bhealtaine go Meán Fómhair in 2016 agus in 2017
- mura socraítear comhaontú íocaíochta nua leis an Roinn, ní mór an dliteanas a aisíoc go luath má sháraítear téarmaí na scéime nó má thagann athrú ábhartha ar na socruithe feirmeoireachta
- ní mór don táirgeoir méid iomlán an tobhaigh agus an úis a íoc láithreach sa chás nach ndéantar aisíocaíochtaí in am
- sa chás nach ndearnadh íocaíochtaí in am, tá cead ag an Roinn faoin gcomhaontú aon iarmhéideanna gan íoc a bhaint as íocaíochtaí atá dlite ón Roinn ina dhiaidh sin.

**7.41** Bhí cleachtas seanbhunaithe ann faoinar choinnigh na próiseálaithe déiríochta siar an tobhach cuóta bainne ó íocaíochtaí le táirgeoirí i rith na míonna buaictháirgthe. Ar an ábhar sin, seachnaíodh tobhach aonuaire mór a ghearradh ar tháirgeoirí agus fadhbanna sreabhaidh airgid a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, seans go bhfuil an tobhach iomlán íoctha ag táirgeoirí lena bpróiseálaí cheana féin.

**7.42** I gcás ina ndearna próiseálaí íocaíocht a choinneáil siar ó tháirgeoir sa bhliain dar chríoch an 31 Márta 2015, d'fhéadfaí go raibh an táirgeoir i dteideal lacáiste de na híocaíochtaí a coinníodh siar mar thoradh ar thabhairt isteach na scéime tráthchoda. Shonraigh an Roinn gur le táirgeoirí agus le próiseálaithe amháin a bhaineann socruithe faoinar coinníodh siar an tobhach. Níl sonraí ag an Roinn ar líon ná ar luach na socruithe sin, ná sonraí ar fhuascailt íocaíochtaí a bhí coinnithe siar ag próiseálaithe tar éis thabhairt isteach na scéime tráthchoda.

**7.43** Bhí an chéad íocaíocht tráthchoda le híoc i mBealtaine 2016. Ar an iomlán, tá breis is 99% den íocaíocht €14.2 milliún lena rabhthas ag súil faoi dheireadh Lúnasa tagtha isteach. Tá trí tháirgeoir déag tar éis titim siar ina n-aisíocaíochtaí dar luach €60,000 ar an iomlán. Measann an Roinn go ndéanfar an t-airgead nár íocadh a fháil ar ais ó íocaíochtaí atá dlite d'aon táirgeoir déag go deireanach i mí Dheireadh Fómhair 2016. Chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an dá tháirgeoir eile chun a gcuid aisíocaíochtaí a shocrú.

## Conclúidí

**7.44** Gearradh tobhach mór ar tháirgeoirí na hÉireann de bharr dheireadh an chórais cuóta bainne. Mar thoradh air sin, d'íoc an Roinn €71 mhilliún leis an AE in 2015. Bíodh is go ndearna an Roinn fógairt phoiblí faoi mhéid an tobhaigh a d'fhéadfaí a ghearradh, níorbh fhéidir léi an leibhéal táirgeachta a rialú. Is iad na táirgeoirí bainne atá faoi dhliteanas an tobhach a íoc.

**7.45** Aisghabhadh leath den dliteanas ó tháirgeoirí in 2015, agus tá socruithe i bhfeidhm chun an t-iarmhéid a fháil ar ais in 2016 agus in 2017. Tá an chosúlacht air gur córais éifeachtacha atá sna córais a cuireadh i bhfeidhm chun íocaíochtaí a bhailiú ó tháirgeoirí.

1 Measann an Roinn gurb é €2,500 in aghaidh na bliana do 2016 agus do 2017 a bheidh sna costais foirne chun bainistíocht a dhéanamh ar aisghabháil an tobhaigh ó tháirgeoirí.

# 8 Diúscairt Scairdeitleán an Rialtais

**8.1** Is é Aerchór Óglaigh na hÉireann a chuireann iompar aeir ar fáil don Rialtas agus don Uachtarán le haghaidh gnó oifigiúil in Éirinn agus thar lear. An tSeirbhís Aeriompair Aireachta a thugtar air sin. Is le haerárthach Learjet 45 seacht suíochán is mó a sholáthraítear an tseirbhís. Go dtí mí Iúil 2014, baineadh leas freisin as scairdeitleán Gulfstream IV ceithre shuíochán déag a bhí in úsáid ó 1992.

**8.2** Cuireadh grúpa idir-rannach ar bun, tar éis chinneadh an Rialtais in Iúil 2014, chun féachaint ar na roghanna maidir le soláthar na seirbhíse amach anseo.

**8.3** Eitlíodh an scairdeitleán Gulfstream IV amach chuig an déantúsóir sna Stáit Aontaithe (SAM) in Iúil 2014 le haghaidh an iniúchta agus an tseirbhísithe bhliantúil bheartaithe. Tháinig sé chun solais le linn an iniúchta gurbh airde go mór an costas seirbhísithe agus deisithe ná mar a ceapadh ar dtús. Tar éis an scéal a phlé leis an Taoiseach, d’ordaigh an tAire Cosanta (an tAire) i Lúnasa 2014 gur cheart éirí as gach obair ar an aerárthach agus gur cheart an scairdeitleán a dhiúscairt. Díoladh an scairdeitleán Gulfstream in Eanáir 2015.

**8.4** Sa tuarascáil seo, féachtar orthu seo a leanas

- na cúinsí as ar tháinig an cinneadh an t-aerárthach a dhíol
- an próiseas a úsáideadh chun an t-aerárthach agus páirteanna spártha a dhíol
- an dul chun cinn ar an athbhreithniú ar sheirbhísí aeriompair aireachta.


## Costais chothabhála

**8.5** Amhail gach aerárthach de chuid an Aerchóir, rinneadh an scairdeitleán Gulfstream a chothabháil de réir thimthriall bhunaidh cothabhála agus olldeisithe an déantúsóra. Cuimsíodh leis sin gnáthchothabháil a rinne foireann an Aerchóir féin (cothabháil bhaile) agus t-iniúchadh cothabhála bliantúla a rinne Gulfstream sna Stáit Aontaithe (cothabháil bhliantúil).

**8.6** Tá sé sonraithe ag an Roinn Cosanta (‘an Roinn’) gur chinn an tAire in 2010 go ndéanfaí an scairdeitleán a choinneáil ar an talamh dá mbeadh gá le haon chothabháil chostasach nach gnáthchothabháil í nó le haon mhór-obair dheisiúcháin struchtúrach agus go gcinnfeadh an Rialtas, an tráth sin, céard a dhéanfaí leis. Chinn an Roinn gurbh é costas iomlán cothabhála de €400,000 in aon bhliain ar leith an teorainn uasta ar cheart a thabhú.

**8.7** Tabhaíodh costas i bhfad os cionn na tairsí €400,000 in 2013 (féach Fíor 1.1) de bharr obair dheisiúcháin a rinneadh ar chóras braite dóiteáin agus cóiriú a rinneadh ar aonad coscáin, agus ar olldeisiú i gcoinne creimthe. Sainaithníodh an creimeadh le linn an iniúchta cothabhála bliantúla.

**Fíor 1.1 Costas cothabhála le haghaidh scairdeitleán Gulfstream an Aerchóir, 2010 go 2014**




Foinse: An Roinn Cosanta


***Costais chothabhála agus deisiúcháin, 2014***

**8.8** Roimh an iniúchadh cothabhála bliantúla in 2014, bhí sé ar eolas gur ghá olldeisiú a dhéanamh ar fhearas tuirlingthe an aerárthaigh. Ar an ábhar sin, cheadaigh an Rialtas caiteachas breise suas le €750,000 ar an iomlán lena gcuimseofaí an chothabháil bhaile (€150,000), an chothabháil bhliantúil (€350,000), agus an t-olldeisiú ar ghá a dhéanamh ar an bhfearas tuirlingthe (€250,000).

**8.9** Sonraíodh i meamram don Rialtas in Iúil 2014 gur ghá olldeisiú a dhéanamh ar an dá inneall den aerárthach faoi 2018/2019 ar chostas measta €2.5 milliún agus, dá bhrí sin, ní bheadh aon dealramh leis an aerárthach a choinneáil tar a éis sin de bharr a aoise.

**8.10** Sainaithníodh oibreacha deisiúcháin riachtanacha eile le linn an iniúchta cothabhála bliantúla in 2014. Ina theannta sin, tháinig méadú €90,000 ar an gcostas measta tosaigh ar chothabháil bhaile. Ar an iomlán, tháinig méadú €1.34 milliún ar an meastachán le haghaidh oibreacha deisiúcháin agus cothabhála in 2014 (féach Figure 8.2).

**Fíor 8.2 Méadú ar chostas measta na n-oibreacha cothabhála agus deisiúcháin in 2014**




Foinse: An Roinn Cosanta

**8.11** Ní dhearna an Roinn anailís fhoirmiúil ar na costais ná ar na sochair réamh-mheasta den chuid a bhí fágtha de ré oibríochta an scairdeitleáin in 2013 ná in 2014, nuair a bhí costais os cionn thairseach €400,000 roimpi. In anailís den sórt sin, dhéanfaí meastachán ar na costais agus ar na sochair eacnamaíocha ionchais a bhainfeadh leis an scairdeitleán sa todhchaí, agus thabharfaí lascaine orthu sin chun an t-amluach airgid a ríomh. Dá bhrí sin, bheadh ar chumas na Roinne measúnú tapa a dhéanamh ar cibé acu an mbeadh sé barainneach costais bhreise gan choinne a thabhú nó nach mbeadh. I bhFíor 8.3 thíos, tugtar creat léiritheach d’anailís den sórt sin ar an sreabhadh airgid.

**Fíor 8.3 Creat léiritheach le haghaidh anailíse ar an sreabhadh airgid lascainithe de shaolré an aerárthaigh**

| | Bliain 0 | Bliain 1 | Bliain 2… | Bliain deiridh |
|---|---|---|---|---|
| ***Costais*** | | | | |
| Cothabháil bhaile | € | € | € | € |
| Cothabháil bhliantúil | € | € | € | € |
| Costais oibríochtúla | € | € | € | € |
| Oibreacha deisiúcháin sceidealaithe | € | € | € | € |
| Suim theagmhasach le haghaidh oibreacha deisiúcháin | € | € | € | € |
| ***Buntáistí*** | | | | |
| Luach diúscartha (aerárthach agus páirteanna) | | | | € |
| **Glan-sreabhadh airgid** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| *Ráta lascaine x%* | | | | |
| **Glanluach láithreach an tsreabhaidh airgid** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Glanluach láithreach réamh-mheasta ar sheirbhís mhalartach** | **€** | **€** | **€** | **€** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**8.12** Dar leis an Roinn, ba thuairimeach an rud é réamh-mheastacháin ar costais theagmhasacha a tháirgeadh le haghaidh costas a d’fhéadfadh teacht chun cinn ó fhadhbanna anaithnid nó gan choinne. Shonraigh an Roinn gurbh é an t-aon chostas cothabhála agus deisiúcháin arbh fhéidir muinín a chur ann ná na réamh-mheastacháin íostacha dár tagraíodh sa mheamram don Rialtas in 2014 tráth a iarradh caiteachas méadaithe €750,000.

**8.13** Luaigh an Roinn freisin nach mbeadh ann do bhonn ar bith chun costas réamh-mheasta seirbhíse malartaí éiginnte a ríomh gan chinneadh ón Rialtas maidir leis an tseirbhís sin, mar shampla aerárthach eile a fháil nó samhail seirbhíse eile.

## Cinneadh diúscartha

**8.14** De bharr na gcostas méadaitheach, d'iarr an Roinn ar an nGinearáloifigeach i gCeannas an Aerchóir moladh a thabhairt maidir le cibé acu ar cheart an costas breise a thabhú chun an t-aerárthach a dheisiú nó nár cheart. Ina fhreagra dar dháta an 8 Lúnasa 2014, shonraigh sé gur gá aitheantas cuí a thabhairt d'aois an aerárthaigh agus don dealraitheacht go bhféadfadh creimeadh nó fadhbanna strustuirse eile teacht chun cinn agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu ar cheart an obair dheisiúcháin a dhéanamh nó nár cheart. Cuirtear san áireamh sa chlár cothabhála an líon ard eitiltí agus uaireanta eitilte, agus éilítear ann go ndéanfaí próisis chothabhála iniúchta atá níos doimhne agus níos forleithne gach bliain. Mhol sé go ndéanfaí an t-aerárthach a dheisiú. Mhol an Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) freisin go gcuirfí an t-aerárthach ar ais i seirbhís. Ní dhearnadh aon anailís fhoirmiúil ar an sreabhadh airgid lascainithe chun tacú leis an moladh.

**8.15** I mí Lúnasa 2014, chuaigh an Roinn i dteagmháil go neamhfhoirmiúil le cuideachta chomhairleoireachta Éireannach a bhíonn ag plé leis an eitlíocht, agus ba é seo a leanas an chomhairle a fuarthas

- d'fhéadfaí an obair dheisiúcháin riachtanach a dhéanamh agus an t-aerárthach a choinneáil ar feadh cúpla bliain eile, ach bhí an chuma ar an scéal go raibh deireadh tagtha lena shaolré
- is dócha gur le mangaire páirteanna a dhíolfaí é dá ndíolfaí láithreach é. Sa chás sin, faoi bhun $1 mhilliún an luach a bheadh air – i.e. níos lú ná €750,000 ag an ráta malairte ag an am
- d'fhéadfaí an scairdeitleán a úsáid mar éarlais ar aerárthach eile.

**8.16** D'ullmhaigh oifigigh na Roinne nótaí faisnéise don Aire inar tugadh breac-chuntas ar ord na n-imeachtaí, ar na costais charnacha agus ar na roghanna. Tá sé sonraithe ag an Roinn go raibh gá le cinneadh láithreach, rud a d'fhág nár ullmhaíodh anailís fhoirmiúil ar na costais agus ar na sochair a bhain leis an aerárthach a dheisiú agus a choinneáil i gcomparáid leis na costais agus na sochair a bhainfeadh le diúscairt. Tharla sé sin ar na cúiseanna seo a leanas

- bhí an t-aerárthach bainte dá chéile agus bhí sé ag cur bac ar líne tháirgthe sceidealaithe ghnóthach
- ba dhócha go dtabhófaí costais mhóra bhreise anuas ar chostas iomlán an iniúchta cothabhála bheartaithe de bharr aon mhoill eile.

**8.17** D'ordaigh an tAire an 15 Lúnasa 2014 nár cheart aon obair eile a dhéanamh ar an aerárthach agus gur cheart é a dhiúscairt ar an bpraghas ab fhearr agus ab fhéidir.

## Diúscairt an aerárthaigh

**8.18** Thaistil oifigigh ón Roinn agus oifigigh de chuid an Aerchóir chuig saoráid Gulfstream sna Stáit Aontaithe i Lúnasa 2014 chun na costais chothabhála a tabhaíodh roimhe sin agus aon dliteanais bhreise a thabhairt chun críche. Pléadh na roghanna a bhí ann chun an t-aerárthach a dhíol freisin.

**8.19** Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhféadfadh suas le €425,000 a bheith i gceist leis an iniúchadh cothabhála beartaithe. Tar éis idirbheartaíochta, thángthas ar shocrú maidir le costais go n-íocfaí na costais saothair a tabhaíodh go dtí sin mar aon le costas beag a bhain le páirteanna ar baineadh den aerárthach agus ar seoladh amach iad lena ndeisiú. €76,000 an méid a socraíodh.

**8.20** Mheas Gulfstream go mbeadh costas breise €710,000 i gceist chun an t-aerárthach a chur i mbail fhóinteach roimh é a dhíol. Cuimsíodh leis sin suim mheasta €600,000 chun an t-aerárthach a aistriú chuig an gclár sibhialta agus €110,000 eile i gcás aon chreimeadh eile a d'fhéadfadh a bheith ann. In éineacht leis an meastachán a rinneadh roimhe sin i leith na hoibre deisiúcháin, €1.8 milliún a bheadh sa bhille cothabhála iomlán le híoc le Gulfstream.

**8.21** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur mheas sí gurbh é an rogha ab inmharthana an t-aerárthach a dhiúscairt le haghaidh páirteanna, cinneadh a bhí bunaithe ar na nithe seo a leanas

- na costais a bhaineann le bail fhóinteach a chur ar an aerárthach
- dálaí spealta an mhargaidh le haghaidh scairdeitleáin ghnó
- táillí ar an aerárthach a choinneáil sna Stáit Aontaithe ar bhonn leanúnach
- easpa cinnteachta maidir le fóinteacht an aerárthaigh sa todhchaí.

**8.22** Cé go ndearna an Roinn a dícheall, tá sé sonraithe aici gur dhiúltaigh Gulfstream tairiscint a dhéanamh chun an scairdeitleán a cheannach le haghaidh páirteanna agus na páirteanna spártha a bhí i mBaile Dhónaill a cheannach ar ais. Ní raibh déantúsóir na n-inneall sásta tairiscint a chur isteach i leith na n-inneall, agus bhí baint aige sin le cinneadh Gulfstream.

**8.23** Chinn an Roinn gan bróicéir sna Stáit Aontaithe a úsáid chun an diúscairt a láimhseáil. Measadh gur phróiseas deacair fadálach a bheadh sa diúscairt, go hairithe toisc go raibh an t-aerárthach bainte dá chéile. Mar a tharla, d'aontaigh Gulfstream go n-úsáidfeadh sé an t-eolas a bhí aige ar an margadh le féachaint an raibh aon spéis á cur ann ag ceannaitheoirí féideartha.

**8.24** Tá sé sonraithe ag an Roinn gurb é an gnáthchleachtas é chun sócmhainní móra a dhiúscairt comórtas tairisceana poiblí nó ceant poiblí a reáchtáil, ach níorbh fhéidir a leithéid a dhéanamh i gcás an scairdeitleáin ar na cúiseanna seo a leanas

- bhí an t-aerárthach bainte dá chéile i saoráid ina mbíonn caighdeáin arda slándála i bhfeidhm
- ní thabharfadh Gulfstream cead do cheannaitheoirí féideartha, ag freagairt do phróiseas díolacháin nó ceant phoiblí, teacht chun féachaint ar an aerárthach ar a áitreabh, agus
- ní fhéadfaí seasamh le cinneadh chun comhpháirteanna an aerárthaigh a chur i mboscaí lena ndíol áit éigin eile.

Ar an ábhar sin, mheas an Roinn nach raibh de rogha aici ach é a dhíol faoi na himthosca a thit amach.

**8.25** Go luath i mí na Nollag 2014, fuair an Roinn litir intinne trí Gulfstream ó chuideachta sna Stáit Aontaithe (Journey Aviation) a bhí sásta an t-aerárthach a cheannach ar €836,000 ar an gcoinníoll go gcuirfí bail fhóinteach air in athuair. Dhiúltaigh an Roinn don tairiscint sin mar bhí an t-aerárthach ar díol ar bhonn a bhaile reatha agus ní raibh aon chead ag an Roinn ón Aire ná ón Rialtas le haghaidh aon chaiteachas eile ar an aerárthach. Thairg an chuideachta €418,000 chun an t-aerárthach a cheannach mar a bhí. Ghlac an Roinn leis an tairiscint sin in Eanáir 2015.

**8.26** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur shocraigh Journey Aviation go ndéanfaí an t-aerárthach a dheisiú trí acmhainní agus stoc páirteanna spártha na cuideachta féin, go ndéanfaí é a chlárú ar an gclár sibhialta agus feidhm a bhaint as arís.

## Diúscairt páirteanna spártha

**8.27** Bhí 87 bpáirt spártha don scairdeitleán i stoc ag an Aerchór ar íoc sé costas €1.4 milliún orthu. Ba é sin an luach a taifeadadh leo ar an gcóras bainistithe agus rialaithe stoic agus sa chuntas leithreasa. Páirteanna úsáidte a bhí i gceist le díreach os cionn leath de na páirteanna, agus níorbh fhéidir cuid díobh sin a úsáid ach mar thrádáil isteach ar pháirt nua. An 30 Deireadh Fómhair 2014, mheas an tAerchór gurbh é €405,000 luach na bpáirteanna.

**8.28** Tá sé sonraithe ag an Roinn gurb é an gnáthchleachtas atá aici na páirteanna spártha a bhaineann le haerárthach a chur san áireamh i ndíol an aerárthaigh, agus gur le comórtas tairisceana poiblí a dhéantar é sin de ghnáth. Mar sin féin, de bharr stádas an aerárthaigh sna Stáit Aontaithe agus na deacrachtaí a bhí ann, chinn sí an t-aerárthach a dhíol i dtosach agus déileáil leis na páirteanna spártha ina dhiaidh sin le ceannaitheoir an aerárthaigh.

**8.29** Iarradh ar Journey Aviation tairiscint a chur isteach ar na páirteanna spártha. Díoladh na páirteanna le Journey Aviation faoi mar a bhí i bhFeabhra 2015 ar €53,000, agus seoladh chun bealaigh iad in Iúil 2015. Measann an Roinn go raibh an praghas ar ar díoladh iad réasúnta i bhfianaise chineál na bpáirteanna, a n-aoise, agus choinníoll na baile reatha lena ndíol.

**8.30** Thug Journey Aviation le fios don Roinn i nDeireadh Fómhair 2015 nach raibh doiciméad deimhniúcháin ag gabháil le 55 pháirt i measc na 87 bpáirt spártha. Deimhníonn an doiciméad sin go bhfuil an pháirt i gcomhréir leis an tsonraíocht dearaidh don aerárthach, go bhfuil sí fóinteach agus oiriúnach lena húsáid. Ní raibh na doiciméid ar fáil. Tá sé sonraithe ag an Roinn go ndeachaigh sí i muinín choinníoll na baile reatha sa chomhaontú díolacháin. Faoin gcoinníoll sin, níor tugadh aon bharántais ná ráthaíochtaí don cheannaitheoir agus, dá bhrí sin, ní fadhb a bhí sa deimhniúchán.

## Cur chuige cuntasaíochta

**8.31** Tháinig an scairdeitleán Gulfstream i seirbhís den chéad uair in 1992. An costas iomlán ar an aerárthach a fháil ná thart ar €45 mhilliún. Cuimsítear leis sin íocaíochtaí léasa don chéad deich mbliana.

**8.32** Taifeadadh an t-aerárthach ar chlár sócmhainní na Roinne in 2005 ar chostas stairiúil €19 milliún. Tá sé sonraithe ag an Roinn gur mheastachán é sin a cuireadh chun feidhme chun críche cuntasaíochta agus córas nua faisnéise bainistíochta á chur i bhfeidhm aici, agus ní gá gur léirigh sé luacháil margaidh chruinn ar an aerárthach ag an am.

**8.33** Is é beartas cuntasaíochta na Roinne sócmhainní míleata a dhímheas thar a saolré úsáideach bheartaithe go luachanna iarmharacha réamh-mheasta. Tá sé sonraithe ag an Roinn gur suim ainmniúil atá i luach iarmharach réamh-mheasta sócmhainne míleata. Úsáidtear é le léiriú go bhféadfadh luach úsáide a bheith ag an tsócmhainn i gcónaí, seachas iarracht a dhéanamh luach margaidh na sócmhainne a léiriú ag deireadh a saolré beartaithe.

**8.34** Sa chás seo, ba é luach iarmharach €952,000 luach dímheasta an scairdeitleáin ó 2012. Ós rud é gur díoladh an scairdeitleán ar €418,000, léirítear caillteanas ar dhiúscairt de €534,000 i ráiteas na Roinne ar chostas oibriúcháin i gcuntas leithreasa 2015.

**8.35** Áirítear costas na bpáirteanna spártha a diúscraíodh (€1.4 milliún) leis an stoc díscríofa i gcuntas leithreasa 2015 (nóta 2.5). Áirítear fáltais na diúscartha (€53,000) leis na leithreasaí i gcabhair.

## Athbhreithniú ar an tSeirbhís Aeriompair Aireachta

**8.36** In Iúil 2014, sular tháinig na fadhbanna leis an scairdeitleán chun cinn, chinn an Rialtas grúpa idir-rannach faoi chathaoirleacht na Roinne a chur ar bun chun féachaint ar na roghanna chun seirbhísí aeriompair aireachta a sholáthar go meántéarmach agus go fadtéarmach amach anseo. Áirítear leis an ngrúpa ionadaithe ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

**8.37** Cuimsítear le hathbhreithniú an ghrúpa iniúchadh ar conas a shocraíonn tíortha eile, go háirithe tíortha ar oileáin iad, aeriompar d’airí rialtais. Tá machnamh á dhéanamh faoi láthair ar chomhairle a fháil ar impleachtaí oibriúcháin agus costais ó shaineolaí neamhspleách ar an eitlíocht.

**8.38** Chun tacú le hobair an ghrúpa idir-rannaigh, cuireadh grúpa oibre inmheánach ar bun laistigh den Roinn féin agus bhí ionadaithe ón Aerchór i measc na mball.

**8.39** Tá tuarascáil á hullmhú faoi láthair ag an ngrúpa idir-rannach le cur faoi bhráid an Rialtais.

## Conclúidí agus Moltaí

**8.40** Áis thábhachtach chun cabhrú leis an gcinnteoireacht is ea anailís fhoirmiúil ar na costais agus na sochair a bhaineann le cineálacha éagsúla cur chuige féideartha. I gcás an scairdeitleáin Gulfstream, ní dhearna an Roinn grinnscrúdú foirmiúil ar an argóint eacnamaíoch ar son costais chothabhála mhéadaithe in 2013 nó 2014, ná ní dhearna sí grinnscrúdú foirmiúil ar na costais a bheadh ar bhail fhóinteach a chur ar an scairdeitleán i gcoinne na sochar a thiocfadh chun cinn de bharr a úsáide.

### Moladh 8.1

Ba cheart don Roinn a áirithiú go ndéantar anailís sreabhaidh airgid lascainithe ar chostais saolré i gcás gach mór-earra trealaimh mar chreat chun tacú leis an gcinnteoireacht. Ba cheart leas a bhaint as measúnú den sórt sin ar na roghanna leanúnacha seachadta seirbhíse i gcoinne roghanna malartacha agus cinneadh á dhéanamh mór-shócmhainní a choinneáil nó a dhiúscairt d’fhonn uasmhéadú na nglansochar don Stát a áirithiú.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní aontaím leis an méid sin. In ainneoin an chur chuige mholta i leith na cinnteoireachta i gcás mór-earraí trealaimh, bhí imthosca maolaitheacha ar leith ann a d’fhág nach mbeadh sé éasca anailís fhoirmiúil sreabhaidh airgid lascainithe a dhéanamh ar chostais saolré sa chás seo. Rinneadh anailís costais is tairbhe ar bhealach neamhfhoirmiúil, agus cuireadh san áireamh na cúinsí ní ba leithne a bhain leis an gcás áirithe seo amháin. Tá mé sásta go raibh go leor faisnéis ábhartha ar fáil le bheith cinnte gur glacadh an cinneadh ab fhearr.

I gcás ar bith, i bhfianaise na gcostas méadaithe de bhreis is €1.3 milliún, ba léir nár mhó aon sochair a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, thar an tréimhse uasta cúig bliana a bhí fágtha den tsaolré, ná an leibhéal sin costas méadaithe agus an riosca go dtiocfadh fadhbanna eile cothabhála agus deisiúcháin chun cinn arís gan choinne agus costas mór orthu.

**8.41** Ba cheart próiseas díolacháin iomaíoch nó ceant a úsáid sa ghnáthchúrsa chun sócmhainní Stáit a bhfuil luach margaidh mór ag baint leo a dhiúscairt. Cabhraíonn próiseas den sórt sin leis an trédhearcacht agus is mó an seans atá ann go bhfaighfí praghas margaidh cóir. Sna chás áirithe seo, ba bheag roghanna eile a bhí ag an Roinn agus chinn sí nárbh fhéadfaí dul i muinín próiseas tairisceana iomaíoch. Mar sin féin, ba cheart an réasúnaíocht leis an gcinneadh sin a thaifeadadh ag an am.

**8.42** I luacháil neamhfhoirmiúil ar an aerárthach, measadh go bhféadfadh a luach a bheith faoi bhun €750,000 mura ndéanfaí oibreacha deisiúcháin air. Mheas an tAerchór gurbh é díreach os cionn €400,000 luach na bpáirteanna spártha. Díoladh an t-aerárthach ar €418,000 agus na páirteanna spártha ar €53,000. Toisc nár baineadh úsáid as próiseas díolacháin iomaíoch, is deacair a chinneadh ar baineadh amach an luach ab fhearr nó nár baineadh. Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil sí iomlán sásta leis an luach a baineadh amach ar an aerárthach agus na páirteanna spártha a dhíol, i bhfianaise na n-imthosca maolaitheacha a bhí ann.

# 9 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

**9.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú go gcuirtear an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch sin dár chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go gcloíonn a cuid idirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina dtugtar le fios gur cuireadh i bhfeidhm iad. Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá choinníoll sin.

**9.2** Tá tagairt déanta agam i mo dheimhnithe iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2015 do Vóta 37 Coimirce Sóisialaí agus do Chuntas 2015 an Chiste Árachais Shóisialaigh faoi leibhéal neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime, a mheasaim a bheith ábhartha i gcomhthéacs gach cuntas díobh.

**9.3** Íocaíochtaí 'neamhrialta' iad íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht faoi théarmaí na scéimeanna leasa. Is féidir íocaíochtaí dá leithéid teacht chun cinn mar gheall ar

- ***calaois éilitheora*** - nuair a chuireann an t-éilitheoir sonraí neamhiomlána nó míchruinne ar fáil d'aon ghnó chun sochair a fháil, nó a mhainníonn d'aon ghnó a insint don Roinn faoi athruithe ábhartha i gcúinsí
- ***earráid éilitheora*** - a tharlaíonn nuair a chuireann an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil, nó a mhainníonn athrú cúinsí a thuairisciú (mar shampla, méadú acmhainne nó athrú ar riocht sláinte), ach nach bhfuil aon rún chalaoiseach shoiléir ag an éilitheoir
- ***earráid na roinne nó earráid riaracháin*** - nuair a íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gníomhaíochta, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1]


**9.4** Sa chás go ndéantar ró-íocaíochtaí, is é cuspóir na Roinne an ró-íocaíocht a aithint go pras agus leibhéal na híocaíochta a choigeartú dá réir. Nuair a chinneann oifigeach cinnidh na roinne go ndearnadh ró-íocaíocht, féachann an Roinn chuige méid na ró-íocaíochta a aisghabháil ón éilitheoir.

**9.5** Is fiú breathnú ar thrí bhealach ar fheidhmíocht na Roinne maidir le bainistiú an riosca ró-íocaíochta, mar a léirítear i bhFíor 9.1,

- ***leibhéal foriomlán na ró-íocaíochtaí*** sna scéimeanna leasa
- an rath atá ar an Roinn maidir le ***cásanna ró-íocaíochtaí a bhrath*** i gcomparáid leis an bhfadhb bhunúsach agus
- *an **éifeacht dhíspreagtha*** atá ag freagra na Roinne ar chásanna ró-íocaíochtaí a bhraitheann sí, lena n-áirítear aisghabháil ró-íocaíochtaí.

1 I gcásanna áirithe, féadfaidh éilitheoirí níos lú a fháil ná an méid atá siad i dteideal a fháil de bharr earráidí a dhéanann siad féin nó earráidí na roinne.

**Fíor 9.1 Ró-íocaíochtaí leasa a bhainistiú agus a thomhas**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Suirbhéanna 'Calaoise agus Earráide'

**9.6** Déanann an Roinn suirbhéanna calaoise agus earráide ar na scéimeanna leasa shóisialaigh. Is tomhais calaoise agus earráide i scéimeanna iad sin ag pointe áirithe ama. Déantar athbhreithnithe sna suirbhéanna ar shamplaí randamacha de na héilimh atá á n-íoc le fáil amach bhfuil na héilitheoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu agus má tá, an bhfuil na méideanna cearta á n-íoc leo. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn rioscaí sna scéimeanna a aithint mar aon leis an ngá atá le hathruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm.

**9.7** Tá an clár suirbhéanna calaoise agus earráide atá le cur i gcrích leagtha amach i Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise na Roinne 2014 - 2018 a foilsíodh i mí Aibreáin 2014. Tá athbhreithniú agus leasú déanta aici ar an sceideal ó shin i leith. Tá sceideal iomlán na suirbhéanna beartaithe (mar a bhí i mí Lúnasa 2016) leagtha amach in Iarscríbhinn A.

## Meastacháin ar an leibhéal calaoise agus earráide

**9.8** Déantar scéimeanna leasa a mhaoiniú tríd an Vóta Coimirce Sóisialaí agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (SIF). Baineann na scéimeanna a mhaoinítear tríd an Vóta go príomha le cúnamh sóisialach, agus bíonn siad bunaithe go minic ar thástálacha acmhainne. Bíonn scéimeanna an Ciste Árachais Shóisialaigh (SIF) bunaithe ar árachas sóisialta, áit a mbíonn incháilitheacht ag brath ar leibhéal ranníocaíochtaí ÁSPC an éilitheora. Bíonn tionchar ag nádúr na scéimeanna agus ag a gcritéir incháilitheachta ar an chaoi a bhfeadfar ró-íocaíochtaí a dhéanamh.

**9.9** Toisc go mbíonn suirbhéanna calaoise agus earráide dírithe go randamach ar éilimh atá á n-íoc cuireann torthaí an tsuirbhé bonn ar fáil chun meastachán a dhéanamh ar leibhéal bunúsach na n-íocaíochtaí atá os cionn teidlíochtaí i gcás na scéimeanna go léir a ndearnadh suirbhé orthu. Leagtar amach i bhFíor 9.2 na meastacháin ar scála na n-íocaíochtaí iomarcacha a aithníodh sna scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu.

**Fíor 9.2 Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu**

| Cuntas agus scéim | Bliain an tsuirbhé[a] | Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha | | Costas na scéime 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Scéim[b] | Roinn[c] | €m |
| **Scéimeanna vóta** | | | | |
| Cúnamh Feirme | 2015 | 10.6% | 10.4% | 88 |
| Pacáistithe Sochair Teaghlaigh[d] | 2015 | 6.4% | 5.4% | 75 |
| Forlíonadh Cíosa | 2013 | 6.0% | 5.0% | 311 |
| An Sochar Linbh | 2012 | 0.5% | 0.5% | 1,990 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2012 | 4.6% | 3.1% | 2,743 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 2011 | 7.1% | 2.7% | 671 |
| Liúntas Míchumais | 2010 | 18.4%[e] | 4.1%[e] | 1,282 |
| Pinsean Stáit (neamhranníocach) | 2007 | 1.9% | n/b | 972 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 2005 | 3.3% | n/b | 368 |
| **Scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh[d] | 2015 | 6.4% | 5.4% | 146 |
| Sochar Breoiteachta | 2014 | 13.3%[e] | 5.9%[e] | 620 |
| Pinsean Easláine | 2014 | 2.8%[e] | 1.5%[e] | 649 |
| Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh | 2013 | 0.8% | 0.7% | 1,422 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 2011 | 2.5% | 1.6% | 387 |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | 2008 | 1.1% | n/b | 4,477 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
- a Bonnbhliain le haghaidh an suirbhé scéime is déanaí. Rinneadh níos mó ná suirbhé amháin ar scéimeanna áirithe.
- b Áirítear cásanna a ndearnadh achomharc rathúil fúthu ina dhiaidh sin.
- c Glanchaillteanas don gcóras leasa shóisialaigh ag cur san áireamh cásanna ina ndéantar éilimh scéime bailí/íocaíochtaí ag brath ar scéimeanna eile a chur in áit cásanna inar dícheadaíodh éilimh ar scéimeanna nó cásanna ina mbíonn rath ar achomhairc. Ní dhearnadh an dá chatagóir a dhí-chomhbhailiú i dtuarascálacha suirbhé.
- d Íoctar sochair teaghlaigh ón Vóta agus ón gCiste Árachais Shóisialaigh, ní dhearnadh torthaí an tsuirbhé a dhí-chomhbhailiú.
- e Lena n-áirítear cásanna a measadh a bheith neamh-incháilithe ó thaobh cúrsaí míochaine de.

### *Scéimeanna maoinithe ón Vóta*

**9.10** Tá éagsúlacht forleathan le sonrú i leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas trí shuirbhéanna ar scéimeanna atá maoinithe ón Vóta. Seachas sochar linbh ar íocaíocht uilíoch é (.i. ní dhéantar tástáil mhaoine ina leith), síneann raon na meastacháin ó 1.9% de chaiteachas na scéime i gcás an phinsin Stáit neamh-ranníocach go 18.4% i gcás scéim an liúntais míchumais (lena n-áirítear neamh-incháilitheacht leighis).

**9.11** I measc na suirbhéanna a rinneadh le blianta beaga anuas rinneadh coigeartú ar an meastachán lena chur san áireamh na cásanna a ndearnadh achomhairc rathúla fúthu nó a fuarthas a bheith neamh-incháilithe don scéim a ndearnadh suirbhé orthu, ach a bhí i dteideal íocaíocht a fháil faoi scéim eile, cibé acu mar an éilitheoir nó mar cleithiúnaí éilitheora eile. I gcás na scéime liúntais míchumais, laghdaíodh an meastachán go glanráta ró-íocaíochta 4.1% de thoradh an choigeartaithe.

**9.12** Bhí caiteachas €8.5 billiún i gceist in 2015 sna scéimeanna Vóta a ndearnadh suirbhé orthu. Ní fios an méid calaoise agus earráide atá i scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu agus a bhfuil caiteachas €2.4 billiún breise i gceist leo.

### *Scéimeanna maoinithe SIF*

**9.13** Tá éagsúlacht le sonrú chomh maith i leibhéal na ró-íocaíochtaí i scéimeanna SIF a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí raon meastachán ann ó 0.8% i gcás Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh go 13.3% i gcás sochar breoiteachta (lena n-áirítear neamh-incháilitheacht leighis). Maidir leis na scéimeanna SIF a ndearnadh suirbhé orthu agus a raibh breis agus 1% mar leibhéil measta ró-íocaíochtaí ag baint leo is orthu siúd a caitheadh 75% den €8.3 billiún a caitheadh ar scéimeanna SIF in 2015.

## Torthaí an tsuirbhé is déanaí

**9.14** Chríochnaigh an Roinn suirbhéanna calaoise agus earráide ar thrí scéim in 2016 - féach Fíor 9.3.

**Fíor 9.3 Suirbhéanna calaoise agus earráide a tosaíodh agus a críochnaíodh**

| | | Críochnú | |
|---|---|---|---|
| **Scéim** | **Tosaíodh** | **Pleanáilte** | **Iarbhír** |
| Cúnamh Feirme | Q4 2015 | Q2 2016 | Q3 2016 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | Q4 2015 | Q2 2016 | Q3 2016 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | Q4 2015 | Q2 2016 | Níl ar fáil |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**9.15** Ní raibh torthaí an tsuirbhé faoin scéim Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh ná an tuairisc faoi ar fáil nuair a bhí an tuarascáil seo á dréachtú. Fuarthas torthaí na suirbhéanna ar chúnamh feirme agus sochar teaghlaigh in Iúil 2016 ach bhí siad ró-dhéanach don scrúdú ar thorthaí na suirbhéanna. Cuirfear cleachtadh ar leith i gcrích níos déanaí in 2016 chun torthaí suirbhéanna na dtrí scéim a fhíorú, agus féadfar é a tuairisciú ar leithligh.

**9.16** Tá anailís ar thorthaí na suirbhéanna ar an scéim cúnaimh feirme agus an scéim sochair teaghlaigh leagtha amach i bhFíor 9.4.

**Fíor 9.4 Leibhéal measta na n-íocaíochtaí a bhí níos airde ná teidlíocht, cúnamh feirme agus pacáiste sochair teaghlaigh, Lúnasa 2016**

| | Céatadán na n-íocaíochtaí éileamh a fuarthas a bheith níos airde ná teidlíocht | | |
|---|---|---|---|
| | **Ráta na scéime** | **Éilimh athdhéanta nó aistrithe** | **Glanráta na roinne** |
| **Cúnamh feirme** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 6.2% | 0.2% | 6.0% |
| Mar gheall ar earráid a rinne | | | |
| – *An Roinn*[a] | 1.7% | – | 1.7% |
| - *An téilitheoir* | 2.7% | – | 2.7% |
| **Iomlán** | **10.6%** | **0.2%** | **10.4%** |
| **Pacáiste sochair teaghlaigh** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 0.6% | – | 0.6% |
| Mar gheall ar earráid a rinne | | | |
| – *An Roinn*[b] | 4.6% | 0.6% | 4.0% |
| - *An téilitheoir* | 1.2% | 0.4% | 0.8% |
| **Iomlán** | **6.4%** | **1.0%** | **5.4%** |

Foinse: Tuarascálacha Suirbhé Calaoise agus Earráide, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Lúnasa 2016

Nótaí: a Tiomsaíodh ró-íocaíochtaí agus gearríocaíochtaí le chéile chun teacht ar ráta foriomlán earráide na Roinne.

b Níor aithníodh aon ganníocaíochtaí sa tsuirbhé.

## Conclúidí

**9.17** Príomhghné de chórais rialaithe na Roinne iad suirbhéanna calaoise agus earráide. Thóg sé breis is ocht mí chun an dá shuirbhé a chur i gcrích faoi dheireadh mhí Iúil 2016. Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcríochnaítear suirbhéanna chomh tapa agus is féidir chun iontaofacht agus áisiúlacht na torthaí a chinntiú. Tá sé ráite ag an Roinn maidir le tráthúlacht na suirbhéanna go mbíonn a saincheisteanna modheolaíochta féin ag gach suirbhé agus go dtógann sé am chun iad a réiteach.

**9.18** Bhí na trí suirbhéanna calaoise agus earráide le bheith críochnaithe roimh dheireadh mhí Meithimh 2016. Críochnaíodh dhá shuirbhé agus cuireadh ar fáil iad don fhoireann scrúdaithe i mí Iúil agus ní raibh an ceann eile faighte fós agus an tuarascáil seo á scríobh. Déanfaidh an fhoireann scrúdaithe obair bhreise níos déanaí i mbliana chun modheolaíocht na suirbhéireachta a athbhreithniú agus na figiúirí a fhíorú.

**9.19** Bhí an suirbhé ar calaois agus earráid sa phacáiste sochair teaghlaigh spriocdhírithe ar fhoghrúpa faighteoirí a measadh go raibh baol níos mó ag baint leo. Ní raibh iontu ach 7% de líon iomlán faighteoirí na scéime. Déanfar suirbhéanna ar fhoghrúpaí eile na scéime níos déanaí, rud a d’fhéadfadh ráta foriomlán calaoise nó earráide na scéime sin a athrú.

**Iarscríbhinn A Sceideal suirbhéanna calaoise agus earráide, 2016 go 2018[a]**

| Uainiú na suirbhéanna atá beartaithe | | Scéim | Bhliain an tsuirbhé roimhe |
|---|---|---|---|
| Le tosú | Pleanáilte Le críochnú | | |
| Q4 2015 | Q2 2016b | Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 2005 |
| Q1 2016 | Q4 2016 | Pinsean Stáit (Ranníocach) | 2008 |
| Q1 2016 | Q2 2017 | Liúntas Cúramóra [c] | – |
| Q3 2016 | Q3 2017 | An Liúntas Leasa Forlíontach | – |
| Q1 2017 | Q4 2017 | Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | – |
| Q1 2017 | Q1 2018 | Pinsean Stáit (neamhranníocach) | 2007 |
| Q4 2017 | Q1 2019 | Liúntas Míchumais | 2010 |
| Q1 2018 | Q2 2019 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 2011 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a mar a bhí beartaithe ag Lúnasa 2016
b ní raibh faighte fós ar dháta na tuarascála seo
c déanfar athbhreithniú ar incháilitheacht liachta mar chuid den suirbhé seo

# 10 Cur i bhfeidhm an Chárta Seirbhísí Poiblí

**10.1** Aithníodh in 2004 go mbeadh an tionscadal chun Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) a fhorbairt ina ghné thábhachtach chun soláthar seirbhíse poiblí a nuachóiriú agus go ndéanfaí é sin trí chaighdeánú a dhéanamh ar an gcreat trína ndéantar seirbhísí poiblí a rochtain agus trí Chárta Seirbhísí Poiblí a fhorbairt le cur in ionad cuid de na cártaí a bhí in úsáid cheana féin nó ina n-áit go léir.

**10.2** Ba é an buntáiste ba thábhachtaí a aithníodh maidir le húsáid carta amháin chun na seirbhísí poiblí a rochtain ná go mbeadh sé i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh seachadadh seirbhísí de dá ndéanfaí caighdeánú sna gníomhaireachtaí rialtais go léir ar na modhanna chun an t-úsáideoir a aithint agus a fíordheimhniú. Ina theannta sin, dá mbainfí leas as CSP laghdófaí na rátaí calaoise agus earráidí de bharr aitheantas agus fíordheimhniú mícheart a dhéanamh ar úsáideoirí na seirbhísí poiblí.

**10.3** Ba í an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) a threoraigh an tionscadal chun an Cárta Seirbhísí Poiblí a fhorbairt. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) tacaíocht ar fáil ó thaobh forbairt beartais, cheadú na n-acmhainní tionscadail a bhí riachtanach agus maoirsiú an tionscadail.[1]

**10.4** Déantar iniúchadh sa tuarascáil seo ar an mhéid ar baineadh amach cuspóirí an tionscadail, na costais a bhain leis, agus an chaoi ar bainistíodh é.

## Faomhadh An Tionscadail

**10.5** Ceann de na dúshláin mhóra thosaigh a bhain leis an tionscadal ab ea creat a aithint agus a chur i bhfeidhm chun aitheantas agus céannacht úsáideoirí (ionchasacha) na seirbhíse a chinntiú agus go bhféadfaí é a úsáid mar bhonn chun Cárta Seirbhísí Poiblí a eisiúint.

**10.6** Thug an Rialtas faomhadh i mí an Mheithimh 2004 chun creat a fhorbairt agus bunaíodh grúpa stiúrtha a bhí comhdhéanta de raon ranna rialtais chun an caighdeán a fhorbairt.

**10.7** Tar éis do chomh-mheabhrán a bheith seolta isteach ag Airí an dá Roinn, thug an Rialtas cead i mí Iúil 2005 chun, inter alia, sonraíocht teicniúil mhionsonraithe a fhorbairt a bheadh riachtanach chun chártaí/comharthaí a chur ar fáil a thacódh go príomha le bunú céannachta agus fíordheimhnithe céannachta le haghaidh rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí; agus chun tograí a fhorbairt le haghaidh beartas cuimsitheach um bhainistiú céannachta agus príobháideachta (IMPP).

## Forbairt an chláir SAFE (Timpeallacht Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin)

**10.8** In 2005, cuireadh tús leis an gclár um Thimpeallacht Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin (SAFE) a fhorbairt chun caighdeán slándála a chur chun cinn don Chárta Seirbhísí Poiblí.[2]

1. Bhí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) ina cuid den Roinn Airgeadais nuair a cuireadh tús leis an tionscadal. Ar mhaithe le simplíocht tugtar an RCPA uirthi sa chaibidil seo.

2. D'fhaomh an Rialtas buiséad de thart ar €1 mhilliún in 2005 don chéad chéim den tionscadal chun an caighdeán SAFE (Timpeallacht Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin) a fhorbairt. Rinneadh é sin chun costais an dearaidh chaighdeánaigh, comhairliúchán poiblí agus cumarsáid agus taighde a chlúdach agus bhí sé le maoiniú ó na hacmhainní a bhí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) agus an RCPA cheana féin.

**10.9** Bhí sé i gceist leis an gcinneadh maidir le Cárta Seirbhísí Poiblí a fhorbairt go bhféadfaí é a úsáid le himeacht ama le haghaidh gach seirbhís phoiblí chárta-bhunaithe a bhí ann ag an am agus a bheadh ann sa todhchaí ag baint úsáide as an gcaighdeán SAFE (féach Fíor 10.1). Fiú dá mbeadh sé riachtanach ag gníomhaireachtaí cártaí ar leith a eisiúint le haghaidh a gcuid seirbhísí ar chúiseanna oibríochtúla nó dlí, bheadh buntáistí ag baint le forbairt an chaighdeán SAFE toisc go gcinnteodh sé aitheantas agus fíordheimhniú slán an úsáideora.

**Fíor 10.1 Achoimre ar Timpeallacht Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin (SAFE)**

| **Leibhéal** | **1 (SAFE1)** | **2 (SAFE2)** | **3 (SAFE3)** |
|---|---|---|---|
| Leibhéal dearbhaithe ó thaobh céannachta | Cothromaíocht dócúlachta | Dearbhú substaintiúil | Gan aon amhras réasúnach |
| **Riachtanais** | | | |
| Tá Uimhir Phearsanta na Seirbhíse Poiblí aige/aici | ✓ | ✓ | ✓ |
| Grianghraf aitheantais m.sh. pas, cárta aitheantais náisiúnta, ceadúnas tiomána srl. | | ✓ | ✓ |
| Síniú | | ✓ | ✓ |
| Fianaise faoi ainm, dáta breithe, gnéas, sloinne breithe máthar, áit bhreithe agus náisiúntacht | | ✓ | ✓ |
| Fianaise dhoiciméadach faoi sheoladh m.sh. bille fóntais | | ✓ | ✓ |
| Sonraí bithmhéadracha m.sh. méarlorg, scanadh inteacháin | | | ✓ |
| | | | |
| An cineál cárta gaolmhar | Gan cárta | Cárta ar a bhfuil grianghraf agus síniú | Cárta ar a bhfuil grianghraf, síniú agus sonraí bithmhéadracha |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Is ar leibhéal SAFE 2 a bhíonn gach clárúchán a dhéanann an RCS .i. SAFE2.

## Caiteachas ar an tionscadal

**10.10** Chuir an DSP tús le forbairt an Chárta Seirbhísí Poiblí bunaithe ar an gcaighdeán SAFE agus ag luí leis an IMPP, lena chur in ionad an cárta leasa shóisialaigh agus é ar intinn acu tosú á eisiúint in 2007.

**10.11** Cuireadh an CPS ar fáil trí roinnt soláthraithe seachtracha agus trí acmhainní inmheánacha DSP agus táthar ag tuar faoi láthair go gcosnóidh sé thart ar €60 milliún, mar atá leagtha amach i bhFíor 10.2.

**Fíor 10.2 Caiteachas go dtí deireadh 2015 agus costais réamh-mheasta go deireadh 2017 (CBL san áireamh)**

| Costas | Buiséad ag Iúil 2012 €m | Caiteachas go 2015 €m | Gealltanais/ meastacháin €m | Iomlán go deireadh 2017 €m |
|---|---|---|---|---|
| ***Conradh seirbhíse bainistithe*** | | | | |
| Costais forbartha | 1.8 | 1.8 | – | 1.8 |
| Táirgeadh cártaí | 20.3 | 13.2 | 9.1 | 22.3 |
| Deasc chabhrach[a] | 1.8 | 2.5 | – | 2.5 |
| Iarratais ar athruithe | 1.0 | 1.0 | – | 1.0 |
| **Iomlán iníoctha le soláthraí** | **24.9** | **18.5** | **9.1** | **27.6** |
| Foireann na roinne [b] | 27.5 | 16.8 | 12.0 | 28.8 |
| Comhairleacht agus bogearraí eile a fhorbairt/a chur i bhfeidhm | 1.6 | 1.3 | 0.1 | 1.4 |
| Crua-earraí agus cothabháil | 1.2 | 0.9 | 0.1 | 1.0 |
| Tacaíocht maidir le bogearraí agus cothabháil | 0.1 | 0.4 | – | 0.4 |
| Riarachán | – | 0.4 | 0.1 | 0.5 |
| **Iomlán** | **55.3** | **38.3** | **21.4** | **59.7** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Áirítear le figiúirí na Deisce Chabhraí costais a bhaineann le glaonna ó chustaiméirí chun gníomhachtú a iarraidh.


b Tá an meastachán ar chostais foirne bunaithe ar iarratas an RCS ar 200 ball foirne breise ar feadh tréimhse ceithre bliana. Ní chlúdaíonn costas foirne ach iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu le tionscadal na gCártaí Seirbhísí Poiblí agus ní áirítear leo costais eile a bhaineann le baill foirne na Roinne Coimirce Sóisialaí mar shampla baill foirne a bhfuil baint acu le huasghrádú inmheánach na gcóras TFC.

## Spriocanna maidir le táirgeadh cártaí

**10.12** I mí na Nollag 2009, rinne an RCS conradh le soláthraí ar phraghas seasta €19.7 milliún móide CBL 21% chun 3 mhilliún cárta a chur ar fáil faoi dheireadh 2013 - 2,095,000 cárta caighdeánach agus 905,000 cárta de leagan malartach um shaorthaistil. San áireamh sa phraghas sin bhí €1.46 milliún i leith costais tosaigh chun an córas a chur ar bun, €2.64 milliún ar chostais phoist chun na cártaí agus uimhir aitheantais phearsanta (PIN) a eisiúint agus €1.8 milliún maidir le láimhseáil cheisteanna ag an deasc chabhrach.

**10.13** Bhí 2.06 milliún Cárta Seirbhísí Poiblí curtha ar fáil ag deireadh Mhí Iúil 2016 a bhí comhdhéanata de 1.37 milliún cárta caighdeánach agus 693,000 cárta de leagan malartach le haghaidh saorthaistil. Is ionann sin agus 65% agus 77% faoi seach de na cártaí iomlána atá le cur ar fáil i ngach catagóir.

**Fíor 10.3 Líon carnach na gcártaí seirbhísí poiblí a táirgeadh**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Tá an figiúr don bhliain 2016 faoi mar a measadh é i gcomhaontú athbhreithnithe 2016.

**10.14** Thug an RCS cuntas imlíne ar roinnt beart a cuireadh i bhfeidhm le tacú le táirgeadh Cárta Seirbhísí Poiblí

- Tá 160 stáisiún clárúcháin ag feidhmiú in 100 ionad agus é de chumas ag gach ceann acu 100 clárúchán a láimhseáil in aghaidh na seachtaine. Sa chaoi sin is féidir 16,000 a phróiseáil in aghaidh na seachtaine, agus, ó tá 50 sheachtain oibre ann sa bhliain, is féidir 800,000 a phróiseáil in aghaidh na bliana.

  Tá sé ráite ag an RCS gurb annamh a bhaintear an leibhéal clárúcháin sin amach de bharr roinnt tosca, lena n-áirítear

  - cliaint nach dtagann i láthair gan fógra a thabhairt roimh ré
  - clárúcháin atá casta, m.sh. nuair nach mbíonn Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ag cliaint, nó nuair nach mbíonn aitheantais fótagrafacha acu nó nuair a bhíonn tuilleadh ama ag teastáil.

- Ba córas soghluaiste um chlárú SAFE curtha ar fáil. Bíonn ríomhaire glúine, scanóir ardtaifeach, ceamara agus scáileán i ngach aonad soghluaiste. Toisc go bhfuil na haonaid soghluaiste ar fáil is féidir na clárúcháin a dhéanamh den chuid is mó i measc an phobail nó i láithreacha comhchónaithe nó, i gcúinsí eisceachtúla, in áit chónaithe an chláraí. Tá 19 n-aonad á bhfeidhmiú faoi láthair agus bhí 1,082 duine cláraithe le haghaidh Cárta Seirbhísí Poiblí in dhá áit déag faoi dheireadh Lúnasa 2016.

- D'fhorbair an RCS gréasán chun seirbhísí poiblí a rochtain[1]. Amhail Lúnasa 2016, ní bhaineann na seirbhísí atá ar fáil ón suíomh idirlín ach leis an RCS amháin, m.sh. seirbhísí maidir le coinní le haghaidh clárúcháin UPSP agus Cártaí Seirbhísí Poiblí, iarratais ar Shochar Atharthachta, rochtain ar an suíomh gréasáin JobsIreland agus seirbhísí do chuardaitheoirí poist.

  Tá sé ráite ag an RCS go bhfuil comhráití ar siúl le comhlachtaí poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí ar líne, chun próiseas slán um fhíorú custaiméirí a chur ar fáil do na comhlachtaí sin. Táthar ag súil go mbeidh chéad sheirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm roimh dheireadh 2016.

1 www.mygovid.ie

**10.15** Tar éis don chárta a bheith seolta chuig an seoladh a fíoraíodh le linn an phróisis clárúcháin SAFE, iarradh ar shealbhóirí na gcártaí iad a ghníomhachtú trí glaoch teileafóin a chur chuig an deasc chabhrach. Mhínigh an RCS gur tugadh próiseas isteach chun ceanglas de chuid Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a shásamh, a d'éiligh go ndéanfadh faighteoir an chárta é a ghníomhachtú trí ghlaoch ar an deasc chabhrach agus ceisteanna slándála a fhreagairt. Cé go ndeimhníonn próiseas gníomhachtaithe na gcártaí go bhfuair an duine ceart an cárta, ní chuireann sé tús le haon fheidhmiúlacht de chuid an chárta nó ar an gcárta. Den 2.06 milliún cárta a bhí curtha ar fáil faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2016, ní raibh ach 1.2 milliún (58%) acu curtha i ngníomh.

**10.16** Tá sé ráite ag an RCS go mbeidh níos mó deiseanna ann lena dhearbhú go bhfuair na daoine cearta na Cártaí Seirbhísí Poiblí de réir mar a úsáideann níos mó soláthraithe seirbhíse na cártaí, (m.sh. trí chigireacht de láimh nó ar líne). Mar sin tá deireadh curtha ag an RCS leis an riachtanas go gcaithfidh na custaiméirí na cártaí a ghníomhachtú.

## Bainistiú tionscadail

### *Pleanáil tionscadail agus maoirseacht airgeadais*

**10.17** Príomhghné de phleanáil tionscadail is ea cás gnó a fhorbairt ina leagtar amach na cuspóirí atá le baint amach agus trína dtugtar míniú ar an mbonn trína leanfar ar aghaidh leis an gcinneadh. Níl aon cháipéis cáis ghnó ann don Chárta Seirbhísí Poiblí, ina leagtar amach ag leibhéal ard an fhaisnéis is gá a fháil chun an tionscadal a thosú (raon feidhme, fírinniú, maoiniú, róil agus freagrachtaí), agus trína gcuirtear an t-eolas tábhachtach seo in iúl do pháirtithe leasmhara an tionscadail. Rinneadh athbhreithniú le linn an scrúdaithe ar dhoiciméid tábhachtacha an tionscadail a chuir an RCS agus an RCPA ar fáil agus rinneadh measúnú ar a raibh iontu i bhfianaise samhail cáis gnó caighdeánaigh. Tá na torthaí ar fáil i bhFíor 10.4.

**Fíor 10.4 Measúnú ar phlean tionscadail i bhfianaise cáis gnó dea-chleachtais**

| An chuid maidir le dea-chleachtas i gcás gnó | Ceisteanna atá clúdaithe ag cáipéis amháin ar a laghad |
|---|---|
| ***Sonraíocht tionscadail*** | |
| Sainmhíniú faidhbe | ● |
| Cuspóirí/raon feidhme an tionscadail | ● |
| Príomhpháirtithe leasmhara | ● |
| Measúnú ar chumas na heagraíochta tabhairt faoin tionscadal | ○ |
| Rudaí a bhfuiltear ag braith orthu | ◐ |
| Soláthar | ● |
| Iarmhairtí a bheadh ann de bharr gan dul ar aghaidh leis an tionscadal/roghanna malartacha | ● |
| Slándáil faisnéise/cosaint sonraí | ● |
| Amlíne agus plean oibre | ● |
| Rioscaí | ◐ |
| ***Costais agus acmhainní*** | |
| Acmhainní foirne atá riachtanach le tacú leis an tionscadal | ◐ |
| Costais réamh-mheasta | ◐ |
| ***Buntáistí*** | |
| Buntáistí cáilíochtúla agus cainníochtúla don Roinn | ● |
| Buntáistí cáilíochtúla agus cainníochtúla don chustaiméir | ● |
| ***Rialachas agus bainistiú an tionscadail*** | |
| Struchtúr an tionscadail | ● |
| Róil sa tionscadal | ● |
| Doiciméad tionscnaimh an tionscadail | ◐ |
| Plean um réadú buntáistí | ○ |
| **Conclúidí agus moltaí** | ● |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar staidéir comhairleach 2003, Meabhrán don Rialtas 2004, Riachtanais Ghnó SAFE - 2005, Meabhrán don Rialtas 2005, páipéir an RCS agus comhfhreagras leis an RCPA in 2009 ag iarraidh cead chun dul ar aghaidh leis an tionscadal agus páipéar ar leithdháileadh Cártaí Seirbhísí Poiblí 2011.

Nótaí: ● - san áireamh

○ - níor cuireadh san áireamh

◐ - clúdaithe go páirteach

**10.18** Bhí gnéithe a bhain le cás gnó dea-chleachtais san áireamh i roinnt mhaith cáipéisí a scrúdaíodh. Mar sin féin, bhí roinnt easnaimh le sonrú nó rudaí ar díríodh orthu go pointe áirithe

- Ní dhearnadh meastachán cuimsitheach ar chostais réamh-mheasta iomlána an tionscadail lena n-áirítear leithdháileadh foirne reatha ón RCS. Rinneadh meastachán tosaigh ar chostas an tionscadail i Meán Fómhair 2009 tar éis do thús a bheith curtha leis an bpróiseas soláthair le haghaidh soláthraí na seirbhíse bainistithe. Clúdaigh sé seo an costas ionchais €24 milliún[1] le haghaidh soláthraí na seirbhíse bainistithe agus forbairt córas teicniúil nua ar measadh go gcosnódh siad idir €1.5 milliún agus €2 mhilliún. Leagadh amach an chéad mheastachán ar chostais tionscadal eile mar leas a bhaint as baill foirne an RCS agus uasghrádú córas inmheánach TFC san iarratas ar chead a seoladh chuig an RCPA i mí na Nollag 2011 tar éis chríochnú an chláir phíolótaigh chun áiseanna teicniúla agus clárú cártaí a thástáil.[2]

1 Rinneadh méadú €2 mhilliún ar ghné sholáthraí na seirbhíse bainistithe go €26.4 milliún in 2012 chun athruithe a rinneadh ar an gconradh de bharr moilleanna agus feabhsuithe cártaí a chur san áireamh.

2 Cheadaigh an RCPA 150 post cléireachais don tionscadal go deireadh 2013. Rinneadh an RCS iarratas eile i mí Feabhra 2014 chun tuilleadh ball foirne a fháil agus d'fhaomh an RCPA ceapadh 68 mball foirne sealadacha breise (.i. 218 mball foirne san iomlán) go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2015.

- Ní dhearnadh aon mheasúnú thosaigh ar acmhainn an RCS chun an tionscadal a chur i gcrích agus ní dhearnadh aon mheasúnú fhoirmiúil ar rioscaí an tionscadail. Tugtar faoi deara go ndearnadh measúnú ar rioscaí agus ar acmhainn i gcomhthéacs iarratas ar acmhainní foirne roimh leithdháileadh an Chárta Seirbhísí Poiblí ag deireadh 2011.
- Ní dhearnadh ach measúnú páirteach ar na príomhrudaí ar a bhfuiltear ag braith agus ní dhearnadh measúnú ar acmhainn an bhonneagair TF atá ann faoi láthair chun an tionscadal a chur ar fáil.
- Ní raibh aon phlean ann inar leagadh amach conas agus cathain a ndéanfaí buntáistí an tionscadail a thomhas, agus cé a bheadh freagrach as iad a chur ar fáil.
- Níor ullmhaíodh oiread agus aon doiciméad amháin um thionscnamh an tionscadail (PID) ag tús an tionscadail.

### *Tuairimí Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí*

**10.19** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le pleanáil agus maoirseacht airgeadais an tionscadail

- Glacadh leis go ginearálta ag an am, mar gheall ar nádúr an tionscadail a bhí réasúnta nuálach (an daonra go léir a chlárú ar chaighdeán ar leith agus cárta ilchuspóireach, sofaisticiúil, cliste a tháirgeadh agus a eisiúint) agus nach raibh aon rud ann a d'fhéadfaí an tionscadal i gcomparáid leis (toisc nach ndearna aon chomhlacht phríobháideach nó poiblí eile aon rud a bhí cosúil leis ar chor ar bith), nach mbeifí in ann aon chostas a mheas i gceart go dtí go mbeadh tástáil mhargaidh déanta tríd an bpróiseas soláthair.
- Roimh cinntí an Rialtais in 2004 agus in 2005, d'aithin an RCS gur ghá rud éigin a chur in áit a Cárta Slándála Sóisialta agus an Phas Saorthaistil agus bhí tús curtha le próiseas inmheánach chun é sin a dhéanamh. Thug an Rialtas ordú go gcuirfí tionscadal na gCártaí Seirbhísí Poiblí leis an tionscnamh sna cinntí atá luaite thuas. Cuireadh struchtúr foirmiúil bainistíochta tionscadail i bhfeidhm mar aon le próisis bainteacha. Baineadh leas as acmhainní inmheánacha de réir mar a bhíodar ag teastáil agus cuireadh iarratais ar acmhainní breise faoi bhráid an RCPA. Ghlac an RCPA leis go mbeadh baill foirne breise ag teastáil ag amanna éagsúla chun an tionscadal a chur ar fáil agus ceadaíodh é sin.
- Aithníodh na buntáistí a bhain leis an tionscadal agus leagadh amach iad ar leibhéal ard sa Mheabhráin don Rialtais in 2004 agus in 2005 agus i bpáipéir bhainteacha (lena n-áirítear Staidéar Accourt a rinneadh ar an gCárta Seirbhísí Poiblí agus Riachtanais Gnó SAFE is araile). Beidh buntáistí an Chárta Seirbhísí Poiblí agus seirbhísí gaolmhara le fáil ar fud na seirbhíse poiblí go léir agus ní san RCS amháin. Tuigeadh i gcónaí nach dtosódh comhlachtaí poiblí ag baint úsáide as an gChárta Seirbhísí Poiblí nó á éileamh go dtí go mbeadh na cártaí sin ag líon suntasach dá gcuid custaiméirí. Dá bhrí sin, ní bheifear in ann na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal a aithint go hiomlán go dtí go n-aithneoidh chomhlachtaí poiblí eile na bealaí ar féidir na Cártaí Seirbhísí Poiblí a úsáid agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad. Dá réir sin, níorbh fhéidir plean a cheapadh i mblianta tosaigh an tionscadail ina raibh cur síos ar na buntáistí go léir a d'fhéadfadh a bheith aige agus ní raibh bealaí ann chun baint amach na mbuntáistí sin a thomhas.

- Cé nár ceapadh aon doiciméad um thionscnamh an tionscadail (PID) i mblianta luatha an chéid seo, bhí eilimintí PID leagtha amach i Meabhráin na mblianta 2004 agus 2005 don Rialtas, i gcinntí a rinne an Rialtais dá dtoradh siúd agus sna bpáipéir bhainteacha éagsúla (lena n-áirítear Staidéar Accourt a rinneadh ar an gCárta Seirbhísí Poiblí agus Riachtanais Gnó SAFE). Dhírigh an RCS ó mhí Iúil 2005 go dtí Iúil 2007 ar fhorbairt na sonraíochta feidhme mionsonraithe atá riachtanach don Chárta Seirbhísí Poiblí. D'fhorbair sí togra tionscadail freisin maidir le forbairt agus scaipeadh an Chárta Seirbhísí Poiblí, agus bonneagar gaolmhar. Rinne Rannóg na Roinne a bhíonn ag plé le Seirbhísí Aitheantais Chliaint formhór na hoibre sin agus bhainistíodar í. Dá thoradh sin seoladh moladh chuig Bord Bainistíochta an RCS ar an 23 Iúil 2007 inar tugadh cead dul ar aghaidh le togra, struchtúr agus ballraíocht an tionscadail agus le hullmhú iarratais ar thairiscintí le haghaidh seirbhís bainistíochta cárta a bheadh le foinsiú allamuigh.

### *Moilleanna ar an Tionscadal*

**10.20** D’fhorbair agus d’fhógair an RCS comórtas in 2007 chun soláthraí seirbhíse a roghnú chun táirgeadh Cárta Seirbhísí Poiblí a bhainistiú agus roghnaíodh soláthraí i Meitheamh 2008. Nuair a chuaigh cúrsaí airgeadais phoiblí chun donais, áfach, cuireadh an comórtas ar fionraí go dtí go gcríochnófaí próiseas na meastachán bliantúil do 2009.

**10.21** Ina dhiaidh sin chuaigh an RCS ar aghaidh leis an bpróiseas soláthair agus síníodh conradh le soláthraí seirbhíse bainistithe i mí na Nollag 2009. Bhíothas ag súil faoin gconradh go gcuirfí tús le táirgeadh na gcártaí roimh fhómhar na bliana 2010 ach tráth nach déanaí ná Aibreán 2011. Cuireadh tús le táirgeadh cártaí ar bhonn píolótach i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus bhí thart ar 4,000 cárta táirgthe faoi dheireadh na bliana.

**10.22** Dúirt an RCS ag an am, gur tháinig méadú tapa gan fasach ar líon na gcustaiméirí agus ar an éileamh dá réir ar sheirbhísí. Lena chois sin bhí sé riachtanach freisin tabhairt faoi chomhtháthú dá eagraíocht eile agus próisis shuntasacha nua a thabhairt isteach. Dá thoradh sin go léir tháinig méadú suntasach ar líon na mball foirne a bhí ag teastáil. Sa chomhthéacs sin, mheas an RCS go gcaithfí uasghrádú agus leathnú suntasach a dhéanamh ar a bonneagar teicniúil lárnach, agus go gcaithfí tosaíocht a thabhairt don obair sin seachas do na tionscadail teicniúla eile go léir. Dá thoradh sin chaith an Roinn an chéad leath de 2011 ag tógáil an bonneagair theicniúil bhunúsaigh - bhain sé sin leis an bhfreastalaí lárnach den chuid is mó (tréchur, cumas bainistíochta agus an cumas cur suas le lochtanna). Chiallaigh sé sin nárbh fhéidir fheidhmiúlacht na gCártaí Seirbhísí Poiblí nua a chur ar siúl go fómhar na bliana 2011.

**10.23** Sna pleananna tosaigh don Chárta Seirbhísí Poiblí bhí leagan malartach ar ghá é a chomhtháthú le córas ticéadaithe an líonra iompair phoiblí a bhí á fhorbairt ag an am céanna. Cuireadh moill ar an leagan malartach toisc go rabhthas ag feitheamh ar shonraíocht oiriúnach ón nGníomhaireacht um Fháil Iarnród[1] chun go bhféadfaí an Cárta Seirbhísí Poiblí a chomhcheangal leis an gcóras ticéadaithe.

1 Tá an fhreagracht sin aistrithe chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

### *Costais Tionscadail agus leaganacha éagsúla*

**10.24** Sa chead a thug an RCPA i nDeireadh Fómhair 2009 bhí moladh gur cheart go mbeadh foráil sa chonradh leis an soláthraí go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh gach bliain, agus go gcuirfí ar cheal nó ar fionraí é gan phionós in imthosca áirithe, m.sh. dá mbeadh cáilíocht na táirgeachta faoi bhun caighdeáin, nó toisc nár cloíodh le caighdeáin a aontaíodh nó toisc gan an mhaoiniú riachtanach a bheith ar fáil. Faoi théarmaí an chonartha leis an soláthraí seirbhíse, choinnigh an RCS an ceart aici féin an conradh chur ar ceal ag céim ar bith ach na costais réasúnacha a íoc a bheadh fabhraithe go dáta an fhoirceanta.

**10.25** I lár 2012, d'iarr an conraitheoir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gconradh chun déileáil le himpleachtaí tráchtála a dhearbhaigh sé/sí a d’eascair ó mhoilleanna an RCS i bhforbairt an Chárta Seirbhísí Poiblí. D'aontaigh an RCS téarmaí an chonartha faoi phraghsanna a leasú toisc gur táirgeadh níos lú cártaí ná mar a réamh-mheasadh.

**10.26** Bhí sé soiléir in 2015 nach ndéanfaí na 3 mhilliún cártaí a ndearnadh conradh fúthu a chríochnú roimh dheireadh 2016. I mí na Nollag 2015, fuair an RCS cead ón RCPA dul i mbun idirbheartaíochta le soláthraí na seirbhíse bainistithe. Tugtar achoimre i bhFíor 10.5 ar na hathruithe ar théarmaí an chonartha.

**Fíor 10.5 Achoimre ar na athruithe ar chonradh faoin tseirbhís bhainistithe**

| Costas Aonaid an chárta | 2009 € | 2012 € | 2016 € | Tagairt |
|---|---|---|---|---|
| Cárta caighdeánach | 4.221 | 4.961 | 5.375 | Tugtar meánmhéid na rátaí in 2012 agus in 2016 chun tús-ualú na n-íocaíochtaí de bharr moilleanna agus na n-athruithe a d'iarr an RCS a chur san áireamh. |
| Leagan malartach do thaisteal saor in aisce | 5.520 | 5.901 | 6.363 | |
| **Costais táirgthe** | **€m** | **€m** | **€m** | |
| Caighdeánach | 8.8 | 10.4 | 11.3 | |
| Saorthaisteal | 5.0 | 5.3 | 5.7 | |
| **Iomlán na gcostas táirgthe** | **13.8** | **15.7** | **17.0** | |
| **Costais eile** | | | | |
| Leagan amach teicniúil | 1.5 | 1.5 | 1.5 | Costais leagain amach thosaigh |
| Táillí seasta eile | – | 1.3 | 0.7 | Forbairt bogearraí breise don leagan malartach le haghaidh taistil saor in aisce de bharr moilleanna ar na sonraíochtaí le haghaidh comhoiriúnacht leis an gcóras ticéadaithe comhtháite agus athruithe a rinneadh orthu; agus forbairt agus tástáil céim 2. |
| Postas | 2.7 | 1.8 | 1.8 | Laghdú 50% ar chostas postais toisc nár úsáideadh PIN. |
| Deasc chabhrach | 1.8 | 2.1 | 2.1 | Costais bhreise mar gheall ar nós imeachta gníomhachtaithe a sholáthar tríd an deasc chabhrach. |
| **Iomlán na gcostas eile** | **6.0** | **6.7** | **6.1** | |
| **Iomlán** | **19.8** | **22.4** | **23.1** | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**10.27** Tháinig méadú €3.3 milliún (16%) ó fhigiúr na bliana 2009 ar costas an chonartha le soláthraí na seirbhíse bainistithe mar gheall ar athruithe agus athbhreithniú a rinneadh ar an gconradh, lena n-áirítear

- síneadh an chonartha go dtí 2017 agus €0.737 breise in aghaidh an chárta - €1.28 milliún
- cuireadh kinegram[1] leis i ndiaidh conradh na bliana 2009 a bheith sínithe ar chostas breise €0.38 in aghaidh an chárta - €1.14 milliún
- moilleanna agus leasuithe a bhain leis an gcárta taistil saor in aisce - €0.72 milliún.

**10.28** Foráiltear le conradh na bliana 2016 go ndéanfaidh an RCS réamhíocaíocht in Eanáir 2017 de 50% de chostas iarmhéid gan íoc na 3 mhilliún cárta. Tá costas na gcártaí a tháirgfear in 2017 le hasbhaint go hiomlán ón réamhíocaíocht. Ina theannta sin, mura mbainfear amach an sprioc maidir le 3 mhilliún cárta roimh dheireadh 2017, beidh costas na gcártaí nár táirgeadh iníoctha go hiomlán.

**10.29** Sa chás go dtairgfear breis agus 3 mhilliún cárta faoin 31 Nollaig 2017, cuirfear lascaine 5% i bhfeidhm, sa chaoi go mbeidh an costas in aghaidh an chárta mar seo a leanas

- Cárta Seirbhísí Poiblí caighdeánach €4.3804
- taisteal saor in aisce €5.6154.

1 Is éard is kinegram ann ná gléas slándála díraonta atá cabhartha i substráit. Tá sé i gceist go mbeadh sé ina ghné slándála agus taitneamhach le breathnú air agus tugann sé slándáil bhreise don chárta chun macasamhlú a chosc.

*Tuairimí Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí*

**10.30** Tá sé ráite ag an RCS go bhfuil sí sásta go ndéanfar an spriocdháta athbhreithnithe maidir le soláthar 3 mhilliún cárta a bhaint amach agus nach mbeidh íocaíochtaí riachtanach toisc gan cártaí a sholáthar. Dúirt sí freisin go dtiocfaidh deireadh leis an gconradh le soláthraí na seirbhíse bainistithe i mí na Nollag 2017 agus go bhfuil sé beartaithe aici tairiscintí a iarradh le haghaidh táirgeadh Cártaí Seirbhísí Poiblí ón 1 Eanáir 2018.

**10.31** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur píosa mór de bhonneagar na seirbhíse poiblí é tionscadal na gCártaí Seirbhísí Poiblí agus go mbainfidh gach comhlacht poiblí tairbhe astu le himeacht aimsire.  Dúirt sí freisin gurb é príomhbhuntáiste na gCártaí Seirbhísí Poiblí agus an chlár SAFE ná spáráil an méid ama a chaitear ag ath-fhíorú céannacht an duine gach uair a dhéanann ball den phobal iarracht seirbhís phoiblí a rochtain - ní bheidh ach coigilteas bheag ann i gcás gach idirghníomhaíocht le sealbhóirí cárta ach beidh coigilteas mhór ann san iomlán.

*Tuairimí Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*

**10.32** Maidir le méid an cháis ghnó, dúirt an Ard-Rúnaí go raibh sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, nuair a tugadh cead i nDeireadh Fómhair 2009 gurbh é sin an toradh a bhí ar phróiseas cúig bliana. Rinne an Rialtas breithniú mionsonraithe ar an scéal ag tosú i Meitheamh 2004 nuair cheadaigh siad forbairt chreatlaí bunaithe ar chaighdeáin don Cárta Seirbhísí Poiblí agus bunú Grúpa Stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh ar an tasc. D’eisigh an Rialtas cinneadh breise i mí Iúil 2005, inar thug siad faoi deara an dul chun cinn a bhí déanta sa chlár SAFE, inar cheadaigh siad forbairt sonraíochta teicniúla a bhí riachtanach do soláthar cártaí agus inar cheadaigh siad forbairt moltaí maidir le beartas cuimsitheach náisiúnta um bainistiú féiniúlachta agus um chosaint príobháideachais. Dúirt sé gur bhain an cead a tugadh i mí Dheireadh Fómhair 2009 le forbairt an chárta agus go raibh sé ag teacht le cinntí an Rialtais thuasluaite agus i ndiaidh fhorbairt an chláir SAFE, an phróisis tairisceana agus roghnú an tairgeora.

**10.33** Dúirt sé gur ghlac an RCPA leis go mbeadh baill foirne breise ag teastáil chun an tionscadal a chur i gcrích agus gur cheadaigh sí é sin i mí Feabhra 2012. Bhí leithdháileadh foirne reatha an RCS chuig an tionscadal le déanamh ó acmhainní an RCS ag an am.

**10.34** Tá sé ráite ag an RCPA cé gur measadh go dtiocfaidh deireadh le costais foirne ag deireadh na bliana 2017, nach bhfuil cead ann faoi láthair chun oifigigh chléireachais shealadacha a choinneáil i ndiaidh dheireadh na bliana 2016. Beidh ar an RCS plé a dhéanamh leis an RCPA maidir le líon na mball foirne sealadacha a bheidh ag teastáil do 2017. B’fhéidir go dtabharfar cead de thoradh an phróisis sin chun líon níos lú foirne a choinneáil ná mar a glacadh leis ar dtús, rud a mbeadh tionchar aige ar costais amach anseo.

## Buntáistí an tionscadail

### *Coigilteas bainte amach*

**10.35** Dúirt an RCS gurb é príomhbhuntáiste an Chárta Seirbhísí Poiblí ná spáráil an méid ama a chaitear ag ath-fhíorú aitheantais nuair a dhéanann ball den phobal iarracht seirbhís phoiblí a rochtain. Measann an RCS gur buntáiste eile atá ag baint leis na cártaí is ea an laghdú ar líon na ndaoine a mhaíonn go calaoiseach gur dhaoine eile iad agus an chaoi go bhfuil laghdú anois ar dheiseanna brionnaithe. Níor cheap an RCS sprioc choigiltis sa réimse seo mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le measúnú a dhéanamh cé mhéad duine a bhí nó atá ag gabháil de chalaois aitheantais.

**10.36** Ríomhann an RCS coigiltis ó na rialuithe a chuireadh i bhfeidhm trí mhéid na ró-íocaíochtaí iarbhír a chur leis na híocaíochtaí nach mbeidh á ndéanamh aici amach anseo.

**10.37** Déantar coigiltis a thaifeadadh i gcás daoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa agus nuair a iarrtar orthu clárú le haghaidh SAFE nach gcríochnaíonn siad an próiseas, agus go dtagann deireadh leis an íocaíocht nó go gcuirtear ar fionraí í. Ní thaifeadtar coigilteas i gcásanna ina bhfuil éileamh nua déanta ar chúnamh ach go n-éirítear as nó go ndéantar é a tharraingt siar mar gheall ar mhainneachtain nó míchumas clárú SAFE a chur i gcrích.

**10.38** Is de réir cheannteideal scéime a dhéantar próisis rialaithe an RCS a mheas agus áirítear gur baineadh amach coigilteas €2.5 milliún faoi dheireadh mhí Iúil 2016 mar gheall ar thabhairt isteach an Chárta Seirbhísí Poiblí.

**Fíor 10.6 Coigilteas clárúcháin SAFE a bhí taifeadadh ag deireadh mhí Iúil 2016**

| Scéim | Suirbhé ar chalaois agus earráidí | Líon na gcásanna ina ndearnadh coigilteas | Coigilteas € 000 | Comhréir faighteoirí na scéime a cláraíodh |
|---|---|---|---|---|
| Cúnamh Cuardaitheora Poist | 3.1% | 204 | 1,217 | 90% |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 1.6% | 87 | 428 | 84% |
| An Liúntas Leasa Forlíontach | – | 5 | 11 | – |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 2.7% | 16 | 334 | 89% |
| Pinsean Stáit Neamhranníocach | n/b | 2 | 60 | 72% |
| An Sochar Linbh | 0.5% | 1 | 5 | 65% |
| Sochar Teaghlaigh agus Saorthaisteal | – | 1,540 | 447 | –[a] |
| **Iomlán** | | **1,855** | **2,502** | **66%** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Tá 69% d'fhaighteoirí an tSochair Teaghlaigh cláraithe agus tá 63% d'fhaighteoirí Saorthaistil cláraithe.

**10.39** San áireamh sa choigilteas €2.5 milliún thuas tá 131 chás (€1.7 milliún) de calaois amhrasta a braitheadh leis na bogearraí meaitseála íomhá aghaidhe. Tá siad sin curtha ar aghaidh chuig aonad speisialta imscrúdaithe an RCS agus/nó don Gharda Síochána. Tá cur síos i bhFíor 10.7 ar stádas na 131 chás sin.

**Fíor 10.7 Cásanna calaoise amhrasta amhail Iúil 2016**

| Stádas | Líon |
|---|---|
| Bailchríoch curtha air - níor tháinig aon cheist chun cinn maidir le calaois aitheantais | 11 |
| Tugadh chun críche sa chúirt, pianbhreith choimeádta | 9 |
| Tugadh chun críche sa chúirt, pianbhreith neamhchoinneála | 4 |
| Tús curtha le himeachtaí dlíthiúla [a] | 22 |
| Imscrúdú ar siúl | 70 |
| Níor leanadh ar aghaidh leo (go príomha toisc gur fhág an duine an dlínse) | 15 |
| **Iomlán** | **131** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Tá barántas gabhála idirnáisiúnta iarrtha i gcás amháin.

### *Tuairimí Oifigigh Chuntasaíochta an RCS*

**10.40** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur bhain an coigilteas a taifeadadh leis na cásanna ina ghabh an RCS na daoine a raibh aitheantas bréagach á úsáid acu. Ní féidir leis an Roinn measúnú a dhéanamh ar na coigiltis iarbhír a baineadh amach i gcásanna inar chuir duine deireadh lena n-éileamh nó dúirt nach raibh cúnamh/sochar shóisialaigh ag teastáil uathu a thuilleadh in ait dul trí phróiseas clárúcháin SAFE.

### ***Úsáid Cártaí Seirbhísí Poiblí agus forbairtí sa todhchaí***

**10.41** Ní amháin go bhfuil an RCS ag úsáid an Chárta Seirbhísí Poiblí agus próiseas SAFE2 ach tá siad á n-úsáid mar seo a leanas

- Tá an leagan malartach saorthaistil á úsáid ar an ngréasán iompair phoiblí lena n-áirítear oibreoirí busanna príobháideacha rannpháirteacha
- Ní mór Cárta Seirbhísí Poiblí a bheith ag iarrthóirí fásta atá ag cur isteach ar phas den chéad uair.
- Tá an Cárta Seirbhísí Poiblí curtha le liosta na gcineálacha aitheantais atá inghlactha le vótáil i dtoghcháin, chun íocaíochtaí cúnaimh tithíochta a fháil, chun cuairteanna bpríosún a dhéanamh agus chun scrúduithe Stáit a dhéanamh mar iarrthóirí seachtracha.

**10.42** Tá an cárta á thriail ar bhonn píolótach sna réimsí seo a leanas nó úsáidfear é go gairid iontu

- bíonn siad ag teastáil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre mar chuid den iarratas ar cheadúnas tiomána, lena n-áirítear iarratais ar thástálacha teoirice agus athnuachan ceadúnais tiomána
- eisíodh Cárta Seirbhísí Poiblí chuig daltaí idirbhliana ar bhonn trialach i mí na Bealtaine 2016 agus chuireadh tús le tionscnamh chun iad a sholáthar do gach dalta idirbhliana sa bhliain scoile 2016/2017.

**10.43** Moladh i Meamram Mhí Mheithimh 2004 don Rialtas, go ndéanfadh grúpa lárnach scrúdú

- ar an ngá atá le reachtaíocht phríomhúil maidir le bhainistiú céannachta
- ar úsáid an UPSP agus Cárta Seirbhísí Poiblí sna hearnálacha cheartais agus sláinte príobháideach agus san earnáil phríobháideach i gcoitinne
- ar an ngá atá le struchtúr eagraíochtúil a chruthú chun seirbhísí lárnacha bainistíochta aitheantais a bhainistiú go náisiúnta.

**10.44** Ceann de na dúshláin a bhaineann le leathnú úsáid bonneagair na gcártaí seirbhísí poiblí chuig gníomhaireachtaí eile is ea an gá atá le bearta a chur i bhfeidhm chun rochtain ar aitheantais a bhainistiú (IAM). Sheol an RCS gcóras IAM i mí Feabhra 2016 atá ar fáil do chomhlachtaí poiblí eile chun a gcuid custaiméirí a fhíordheimhniú ar líne. Tá sé bunaithe ar an gCárta Seirbhísí Poiblí agus ar próiseas clárúcháin SAFE2.[1]

**10.45** I mí an Mheithimh 2016, cheadaigh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse[2] (CSMB) tionscadal chun tacú le tionscnamh níos leithne um bainistíocht céannachta a chuirfeadh ar chumas comhlachtaí poiblí eile leas a bhaint as an gCárta Seirbhísí Poiblí agus próisis SAFE. Beidh an tionscadal á threorú go comhpháirteach ag an RCS agus an RCPA trí Oifig Príomh-Oifigigh Faisnéise an Rialtais (OGCIO).

- Spreagfar comhlachtaí seirbhíse poiblí an Cárta Seirbhísí Poiblí a úsáid chun aitheantas a bhainistiú agus a chinntiú go gcuirfear an clár bainistíochta aitheantais a chuimsíonn an clár SAFE2, agus an córas IAM i bhfeidhm go hiomlán agus ar bhealach inbhuanaithe. I dtaca leis seo, beidh sé éigeantach i gcás gach próisis nua atá á soláthar ar líne nó go digiteach go n-úsáidfear SAFE2 agus an córas IAM ann agus ba cheart plean a fhorbairt chun iad a chur i bhfeidhm le himeacht ama sna seirbhísí/próisis atá ann cheana.
- Beidh próisis aitheantais phearsanta sa tseirbhís phoiblí á mhapáil, d'fhonn aistriú chuig an gcóras leathan um bainistíocht aitheantais.
- Spreagfar comhlachtaí poiblí éileamh ar a gcuid gcliaint clárú go leibhéal SAFE2 agus an Cárta Seirbhísí Poiblí a úsáid.
- Déanfar clár cumarsáide poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a spreagadh faoi na buntáistí a bhaineann le húsáid an chórais IAM agus Cárta Seirbhísí Poiblí.

### *Tuairimí Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*

**10.46** Chuaigh an RCPA i mbun taighde agus comhairliúcháin domhain faoi fhorbairt beartais chuimsithigh náisiúnta um bainistiú céannachta agus cosaint príobháideachta tar éis chinneadh an Rialtais in 2005 a raibh roinnt páipéar díospóireachta agus comhairliúchán le réimse ranna agus gníomhaireachtaí i gceist leis. Dá thoradh sin forbraíodh dréacht-togra in 2009 inar moladh go ndéanfaí bainistíocht céannachta a lárú don tseirbhís phoiblí. Tarraingíodh anuas ábhair imní ó thaobh caidreamh tionsclaíoch maidir le haistriú feidhmeanna. Rinneadh tuilleadh breithnithe ar an scéal in 2011 agus tugadh le fios nach mbeadh sé oiriúnach an fheidhm a lárú i roinn aon líne agus nach mbeadh sé soiléir ar feadh tamaill cén áit ar cheart bainistíocht aitheantais a lonnú.

1 www.mygovid.ie

2 Tá Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB) comhdhéanta d'Ard-Rúnaithe agus de Cheannairí na n-oifigí móra agus faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí an Rialtais. Cuid dá ról is ea tionscadail tras-earnála a bhainistiú a mbíonn baint ag ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla leo agus cuntasacht a sholáthar ina leith.

**10.47** Dúirt an tArd-Rúnaí gur díríodh ina dhiaidh sin ar fhorbairt an Chárta Seirbhísí Poiblí mar aon le prótacail chun uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid sonraí ardchaighdeáin a bailíodh le linn phróiseas clárúcháin an Cárta Seirbhísí Poiblí. D'oibrigh an RCPA i gcomhar leis an RCS d'fhonn léargas aonair a fhorbairt ar chustaiméirí trína dtógtar sonraí ó stórtha éagsúla ar fud na seirbhíse poiblí agus nasctar iad le chéile. Is é an léargas aonair ar chustaiméirí an dara réiteach is fearr agus tá sé sa dara háit i ndiaidh a stór iontaofa amháin a cheapadh d'fhaisnéis chéannachta.

**10.48** Dúirt sé freisin gur chuir a Roinn tús le hobair a bhí ag teacht le forbairt na bPrótacal sin maidir le ceisteanna a bhaineann le comhroinnt sonraí, rialachas agus slándáil sonraí a bheidh ina bpríomhghnéithe den reachtaíocht atá á forbairt faoi láthair. Beidh foráil sa reachtaíocht chun roinnt sonraí idir comhlachtaí poiblí a rialú agus maidir le cosaintí agus coinníollacha infheidhme. Beidh foráil ann freisin i gcás na ndaoine sin a mbeidh baint acu le roinnt na sonraí go gcuirfidh siad measúnú tionchair príobháideachta i gcrích. Beidh sé sin ina chuid de rialachas eolais a chinnteoidh go mbeidh cearta an duine aonair i leith príobháideachta agus rúndachta á gcosaint go cuí.

**10.49** Mar fhocal scoir, thug sé le fios maidir le cinneadh an Rialtais in 2004 faoi bheartas chun rochtain ar aitheantas a bhainistiú, cé go bhféadfadh bheartas ginearálta a bheith tairbheach nár chreid sé go bhféadfaí srian a chur le glacadh leis an gCárta Seirbhísí Poiblí díreach toisc nach raibh beartas den sórt sin ceaptha.

## Conclúidí

**10.50** Bhí sé i gceist ar dtús go gcruthófaí 3 mhilliún Cárta Seirbhíse Poiblí faoi dheireadh na bliana 2013. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2016, bhí os cionn 2 milliún cárta táirgthe. Bhí roinnt tosca ann a ba chúis leis an moill, lena n-áirítear an gá a bhí le bonneagar TF a nuashonrú. Tá an RCS ag súil go mbainfear amach an sprioc maidir le 3 mhilliún cártaí roimh dheireadh na bliana 2017 faoi shocruithe leasaithe atá déanta le soláthraí na seirbhíse bainistithe.

**10.51** Measann an RCS go dtabhófar costais suas le €60 milliún go deireadh na bliana 2017 i bhforbairt agus in eisiúint na gCártaí Seirbhísí Poiblí. Tháinig méadú breis is €3 milliún (16%) ar costas an chonartha le soláthraí na seirbhíse bainistithe mar gheall ar athruithe a rinneadh ar an gconradh agus athbhreithniú a d'eascair ó moilleanna ar an tionscadal agus gnéithe slándála breise.

**10.52** Chaith an RCS €2.2 milliún ag gníomhachtú cártaí faoi Mheitheamh 2016. Bhí beagán níos lú ná 60% de na cártaí eisithe curtha i ngníomh ag deireadh mhí an Mheithimh 2016. Ní dhearna an gníomhachtú aon rud maidir le cumas na gcártaí is níor chuir sé lena bhfeidhmeanna ach dheimhnigh sé gur ghlac an duine an cárta.

**10.53** Rinne an Rialtas roinnt cinntí in 2004 agus in 2005 ar ar tógadh tionscadal an Chárta Seirbhísí Poiblí. Níor fhorbraíodh aon cás gnó ná plean tionscadail ag an am sin. I gcásanna gnó ba cheart iomlán na gcostas a chainníochtú agus a chur i gcomparáid leis na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo chun eolas a sholáthar don phróiseas cinnteoireachta. Lena chois sin, éascaíonn an cás gnó tionscadail athbhreithniú leanúnach lena chinntiú go gcruthaíonn an caiteachas leanúnach an luach is fearr agus go bhfuil sé inacmhainne, agus gur féidir an tionscadal a chur i gcrích go rathúil

**10.54** Maidir leis an chaoi nach raibh aon chás gnó ann ag tús an tionscadail nó le linn dó a bheith á chur chun feidhme ba é a dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur bunaíodh an tionscadal i mblianta luatha an chéid seo agus gur tionscadail nuálacha, úrscothacha iad na Cártaí Seirbhísí Poiblí agus SAFE maidir le húsáid cártaí cliste agus bainistiú céannachta nár úsáideadh in aon áit eile sa Rialtas. Bhí tionscnaimh dá leithéid san earnáil phríobháideach fós ina dtús. Mar sin, níorbh fhéidir cás gnó sonraithe amháin den chineál a shamhlaítear a thógáil roimh ré. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin cé nár forbraíodh cás gnó go ndearnadh an tionscadal a phleanáil ar bhealach comhtháite agus gur cuireadh i bhfeidhm é i gcomhar leis an RCPA agus le tacaíocht ó chinnteoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha.

**10.55** Ní dhearnadh costais shonracha a fhorbairt go dtí 2009 i ndiaidh an próisis soláthair le haghaidh soláthraí na seirbhíse bainistithe agus in 2011 maidir leis na baill foirne a bhí ag teastáil ón RCS. Ní raibh sé soiléir go ndearnadh measúnú riosca cuimsitheach agus measúnú ar rudaí tábhachtacha a mbeadh siad ag braith orthu ar nós spleáchas ar chórais TF agus ar chumas eagraíochta.

**10.56** Níor leag an RCS sprioc síos maidir leis an gcoigilteas a rabhthas ag súil leis ó thabhairt isteach an chárta de bharr coigiltis riaracháin nó custaiméirí ó thaobh an méid ama chaitear ag ath-fhíorú céannacht daoine. Níor leag sí sprioc síos ach oiread maidir le coigilteas a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis de bharr laghdú calaoise aitheantais nuair a thabharfaí an cárta isteach.

**10.57** Mheas an RCS i mí Iúil 2016 gur coiglíodh €2.5 milliún ó tugadh isteach an Chárta Seirbhísí Poiblí, bunaithe ar na híocaíochtaí leasa shóisialaigh a cuireadh ar fionraí i gcásanna nuair a tugadh cuireadh do dhaoine clárú SAFE a dhéanamh ach nach ndearna siad é.

**10.58** Tá dul chun cinn déanta maidir le beartas cuimsitheach a fhorbairt um bainistiú céannachta agus príobháideachta. Sheol an RCS córas ar líne in 2016 trínar féidir le comhlachtaí poiblí eile a gcuid custaiméirí a fhíordheimhniú ar líne. Lena chois sin, tá sé ráite ag an RCPA go bhfuil siad i mbun oibre ag forbairt reachtaíochta chun rialáil a dhéanamh ar shonraí a roinnt idir comhlachtaí poiblí mar aon le cosaintí agus coinníollacha infheidhme.

# 11 Seirbhís Caomhnóir *ad Litem*

**11.1** Foráiltear le hAirteagal 42A de Bhunreacht na hÉireann, i réiteach gach imeacht a bhaineann le leanaí, nach mór tosach airde a thabhairt do leas an linbh, agus ní mór tuairimí an linbh a fháil amach agus aird chuí a thabhairt orthu ag féachaint d'aois agus aibíocht an linbh.[1] Tá ceapadh caomhnóra *ad litem* ar cheann de na modhanna a úsáideann na cúirteanna lena áirithiú go dtabharfar aird ar leasanna is fearr agus tuairimí an linbh in imeachtaí dlí teaghlaigh poiblí.[2]

**11.2** Foráiltear le hAlt 26 den Acht um Chúram Leanaí 1991 arna leasú (an tAcht), más rud é nach bhfuil an leanbh ag croílár imeachtaí cúraim leanaí[3] agus nach bhfuil ina pháirtí sna himeachtaí sin, go bhféadfaidh an chúirt, más deimhin léi gur gá sin ar mhaithe le leas an linbh agus ar mhaithe leis an gceartas, caomhnóir *ad litem* a cheapadh don leanbh. Is féidir leis an caomhnóir *ad litem*, ina s(h)eal, ionadaíocht dlí a fhostú má bhraitheann sé nó sí gurb é leas an linbh é sin a dhéanamh.

**11.3** Ceaptar chaomhnóir *ad litem* freisin i ngach iarratas chun na hArd-Chúirte ar orduithe cúraim speisialta. Is éard atá i gceist le cúram speisialta ná leanbh a choinneáil ar mhaithe lena leas féin in Aonad Cúraim Speisialta ina bhfuil tacaíocht oideachasúil agus teiripeach ar fail ar an láthair. In éagmais reachtaíochta phríomha, tá cúram speisialta á chur i bhfeidhm faoi dhlínse dhílis na hArd-Chúirte ó na 1990aidí anuas.[4]

**11.4** Bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn) i mí an Mheithimh 2011 chun comhdhlúthú a dhéanamh ar phríomhréimsí beartais agus soláthair do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh. Cé gur tugadh freagracht don Roinn maidir le beartas a bhaineann le socruithe maidir le caomhnóir *ad litem* ag an am sin, is ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a bhí freagracht as na costais a bhain leis an tseirbhís go dtí 2014 nuair a bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach - Tusla.[5]

**11.5** Foráiltear leis an Acht go n-íocfaidh Tusla as aon chostais a thabhaíonn duine agus é nó í ag feidhmiú mar caomhnóir *ad litem.* Mar sin féin, ní aon ról ag Tusla i mbainistiú na seirbhíse ná i monatóireacht a dhéanamh uirthi. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do Tusla trí phróiseas bliantúil na meastachán lena n-áirítear buiséad chun íoc as costais dlí agus costais caomhnóirí *ad litem* san áireamh.

**11.6** Go deireadh na bliana 2013, thugadh FSS tuairisc ar na costais a bhain leis an tseirbhís mar sheirbhísí gairmiúla ina ráitis airgeadais bhliantúla. De bharr na modhanna a bhí in úsáid ag FSS chun costais a aicmiú, níorbh fhéidir costais comparáideacha caomhnóirí *ad litem* do bhlianta roimhe sin a scaradh go hiontaofa ó chostais seirbhísí gairmiúla eile.

**Fíor 11.1 Achoimre ar chostais chaomhnóirí *ad litem***

| | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| Táillí gairmiúla | 9.1 | 8.2 |
| Costais Dlí: | 7.4 | 5.9 |
| **Iomlán** | **16.5** | **14.1** |

Foinse: Ráitis Airgeadais Bhliantúla na Gníomhaireachta Leanaí agus an Teaghlach

1 Ag éirí as an Reifreann Leanaí i mí na Samhna 2012, cuireadh Alt 42A isteach i mBunreacht na hÉireann leis an Acht um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Leanaí) 2012. Síníodh an tAcht ina dhlí i mí Aibreáin 2015.

2 Is féidir an téarma ‘chaomhnóir *ad litem*’ a aistriú go liteartha mar ‘chaomhnóir don chás dlí’. Tagraíonn sé do chaomhnóir a cheapann an chúirt ar feadh ré an cháis cúirte.

3 I gcomhthéacs an dlí teaghlaigh phoiblí, tagraíonn an téarma 'imeachtaí cúraim leanaí', d'iarratas chuig na cúirteanna, thar ceann an Stáit, ar ordú maidir le cúram linbh.

4 Bunaítear cúram speisialta ar bhonn reachtúil le hAlt 10 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2011, agus foráiltear leis gurb í an Ard-Chúirt an chúirt iomchuí chun ábhair chúraim speisialta a bhreithniú. Níor cuireadh tús le hAlt 10 go dtí seo. Idir an dá linn, braitheann an Ard-Chúirt ar dlínse dhílis chun orduithe cúraim speisialta a dheonú.

5 Bunaíodh Tusla mar eintiteas dlíthiúil neamhspleách ar an 1 Eanáir 2014. Cuimsíonn sé Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa.

### *Ról an chaomhnóra* ad litem *in Éirinn*

**11.7** Cé go ndéantar foráil san Acht do cheapadh caomhnóirí *ad litem*, níl aon rud ann faoina ról. Ina theannta sin, níl aon treoirlínte sa reachtaíocht maidir le critéir incháilitheachta ná cáilíochtaí daoine atá le ceapadh mar chaomhnóirí *ad litem*, ná ar na dualgais a bheidh le comhlíonadh acu don Cúirte.

**11.8** Cíoradh an ról atá ag caomhnóir *ad litem* i gcomhthéacs cás cúraim speisialta in 2007.[1] Rinneadh cur síos sa bhreithiúnas ar fheidhm an chaomhnóra *ad litem* ina dúradh go raibh dhá ghné ag baint léi; tuairimí an linbh a chur os comhair na cúirte ar an gcéad dul síos chun agus ar an dara dul síos, tuairim an chaomhnóra a thabhairt faoi cad é leas an linbh.

**11.9** Bunaíodh an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (BCAL) faoi Alt 20 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2007 chun comhairle a thabhairt ar cheisteanna beartais a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach comhordaithe do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol. Ceann d'feidhmeanna reachtúla an BCAL ab ea treoir a fhoilsiú faoi cháilíochtaí, critéir ceapacháin, traenáil agus ról aon chaomhnóra *ad litem* a cheaptar le haghaidh leanaí in imeachtaí faoin Acht um Chúram Leanaí 1991.

**11.10** I mí na Bealtaine 2009, d'fhoilsigh BCAL treoirlínte faoin teideal “Giving a voice to children’s wishes, feelings and interests” (Guth a thabhairt do mhianta, mothúcháin agus leasanna leanaí).[2] Ba é an sainmhíniú a tugadh sna treoirlínte ar an ról atá ag caomhnóir *ad litem* ná "mianta, mothúcháin, agus leasanna an linbh a fháil amach go neamhspleách agus iad a chur i láthair os comhair na cúirte mar aon le moltaí”. Lánscoireadh BCAL le héifeacht ón 8 Meán Fómhair 2011, áfach, agus d'ainneoin go nglactar go forleathan leis na treoirlínte mar dhea-chleachtas, níor cuireadh bonn reachtúil fúthu riamh.

**11.11** Níl aon struchtúr bainistíochta ná comhlacht náisiúnta ann a bhfuil sé de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhís na gcaomhnóirí *ad litem*. Rinneadh athrú le himeacht ama ar na socruithe a bhí ann d'fhonn freastal ar an éileamh a bhí ar an tseirbhís. Faoi láthair thart faoi 65 caomhnóirí *ad litem* ag feidhmiú sa Stát, bíodh siad ag obair ina n-aonar, mar bhall de ghrúpa nó faoi scáth soláthraí seirbhíse (féach Fíor 11.2).

**11.12** I mí Dheireadh Fómhair 2015, sheol an Roinn páipéar comhairliúcháin ar athchóiriú beartais na seirbhíse chaomhnóra *ad litem*.[3] Admhaíodh sa pháipéar gur gá athchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís atá ann faoi láthair chun córas cuntasach náisiúnta a chur ar fáil um bainistiú agus um sheachadadh seirbhíse. Agus é seo á scríobh, tá an próiseas comhairliúcháin curtha i gcrích agus tá an Roinn ag ullmhú moltaí chun athchóiriú a dhéanamh.

## Nithe ar díríodh orthu sa scrúdú seo

**11.13** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú seo

- ar an bpróiseas trína gceaptar caomhnóir *ad litem* in imeachtaí poiblí
- na costais a bhaineann le feidhmiú na seirbhíse
- tagarmharcáil na seirbhíse i bhfianaise seirbhísí coibhéiseacha i ndlínsí dlí choitinn eile.


1 Thug an Breitheamh MacMenamin an breithiúnas i gcás FSS v K (mionaoiseach) 2007. Tá sliocht as an mbreithiúnas leagtha amach in Iarscríbhinn A.

2 Tá sliocht as na treoirlínte BCAL leagtha amach in Iarscríbhinn B.

3 Tá tiomantas sa Straitéis Náisiúnta do Leanaí agus i Rannpháirtíocht Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020 go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige moltaí chun athchóiriú suntasach a dhéanamh ar fhorálacha an Achta um Chúram Leanaí, 1991 a bhaineann le caomhnóirí *ad litem*.

**11.14** Chun tuiscint a fháil ar fheidhmiú sheirbhís na gcaomhnóirí *ad litem,* bhuail an fhoireann scrúdaithe le Barnardos, an soláthraí seirbhíse is mó a chuireann caomhnóirí *ad litem* ar fáil in Éirinn. Meastar go bhfuil 65 caomhnóir *ad litem* ag feidhmiú sa Stát agus oibríonn Barnados le 31 acu a dhéanann ionadaíocht ar thart ar 800 leanbh in aghaidh na bliana.

**Fíor 11.2 Forléargas ar sheirbhís na gcaomhnóirí *ad litem***




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: Tá seirbhís caomhnóirí *ad litem* á cur ar fáil ag Barnados do na cúirteanna ó 1997 i leith.

Ba iad roinnt caomhnóirí *ad litem* a bhí ag feidhmiú roimhe sin ar bhonn aonair a bhunaigh TIGALA sa tréimhse ó 2014 go 2015.

**11.15** Chun tagarmharcáil a dhéanamh ar an tseirbhís, rinne an fhoireann scrúdaithe taighde ar an seirbhís coibhéiseach i roinnt dlínsí dlí choitinn eile.

- Tuaisceart Éireann — bainistíonn gníomhaireacht neamhspleách Stáit seirbhís na gcaomhnóirí *ad litem.* Tugtar the Northern Ireland Guardian Ad Litem Agency (NIGALA) uirthi agus tá sí á maoiniú ag an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Sasana agus an Bhreatain Bheag — tá seirbhís caomhnóir na bpáistí á bainistiú ag comhlacht poiblí neamhrannach atá freagrach don Rúnaí Stáit san Aireacht Dlí agus Cirt, *The Children and Family Court Advisory and Support Services*, (CAFCASS) a thugtar uirthi.
- Albain — cosantóir (safeguarder) a thugtar ar an duine a cheaptar chun ionadaíoch a dhéanamh ar leasanna an linbh ag éisteacht leanaí. Tá oibriú agus bainistiú an phainéil náisiúnta cosantóirí curtha amach ar conradh ag rialtas na hAlban chuig an gcarthanacht náisiúnta leanaí, Children 1st.

**11.16** Ní dhéantar iniúchadh ná trácht san athbhreithniú seo ar

- socruithe caomhnóireachta in imeachtaí príobháideacha dlí teaghlaigh a bhaineann le leanaí[1]
- na costais díreacha dlí a thabhaigh Tusla in imeachtaí cúraim leanaí
- toradh aon imeachtaí dlí nó gníomhaíochtaí breithiúnacha
- cáilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn caomhnóirí *ad litem*.

## Ceapadh caomhnóra *ad litem*

**11.17** Is é a deir an reachtaíocht maidir le cásanna cúraim leanaí i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann go ndéanfaidh an chúirt caomhnóir *ad litem* a cheapadh don leanbh atá i gceist murar deimhin léi nach bhfuil sé riachtanach déanamh amhlaidh chun a leasanna a chosaint. Dá thoradh sin bíonn teidlíocht uathoibríoch ag leanbh de ghnáth caomhnóir *ad litem* a bheith aige nó aici i gcásanna cúraim leanaí sna dlínsí sin.

**11.18** I gcásanna in Éirinn a éistear faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, is é nó í an breitheamh atá freagrach as cinneadh a dhéanamh ar cheart caomhnóir *ad litem* a cheapadh sa chás nó nár cheart. Is é a deir an reachtaíocht nuair a cheapann an chúirt caomhnóir *ad litem*, go caithfidh sí a bheith sásta gur gá é sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an linbh agus ar mhaithe leis an gceartas.[2]

**11.19** Ní dhearnadh aon leathnú ar an méid sin sa reachtaíocht, ach tá na nithe seo a leanas i dtreoirlínte BCAL a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chinneadh chun caomhnóir *ad litem* a cheapadh

- castacht an cháis
- cumas an linbh lena mbaineann a m(h)ianta agus a m(h)othúcháin a chur in iúl
- chineál na n-imeachtaí cúraim agus na himpleachtaí atá acu don pháiste agus don teaghlach.

1 Is é an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon 1964, arna leasú, a rialaíonn imeachtaí dlí teaghlaigh príobháideacha a bhaineann le leanaí, agus baineann siad le saincheisteanna mar choimeád, rochtain agus caomhnóireacht leanaí. Ionsádh Cuid V, maidir le leasanna is fearr an linbh, isteach in Acht 1964 le Alt 63 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015.

2 Is éard a tharlaíonn ná go gceaptar chaomhnóir *ad litem* i gcónaí le haghaidh cásanna cúraim speisialta.

**11.20** Tá achoimre i dtreoirlínte BCAL freisin ar an chaoi go bhféadfadh tionchar a bheith ag sonraí an cháis ar an gcinneadh chun caomhnóir *ad litem* a cheapadh don chás sin, mar shampla

- nuair a bhíonn tacaíocht laghdaithe nó tacaíocht ar bith á thabhairt ag na tuismitheoirí
- má bhíonn ceist ann faoi chéannacht an linbh
- má bhíonn ceist ann faoi shaoirse an linbh
- más rud é go ndearna caomhnóir *ad litem* ionadaíocht ar an leanbh in imeachtaí roimhe sin.

**11.21** Tá sé ráite Barnardos gurb é an taithí atá acu féin ná nuair a bhíonn caomhnóir *ad litem* á roghnú lena c(h)eapadh go bhféadfaidh an chúirt na nithe seo a leanas a iarraidh

- liosta de na daoine atá ar fáil ag an am chun cásanna breise a ghlacadh
- roinnt curriculum vitae daoine
- go n-ainmneodh soláthraí seirbhíse, mar Barnardos, duine lena c(h)eapadh mar caomhnóir *ad litem*
- go ndéanfadh na páirtithe a bhfuil baint acu leis an gcás socrú eatarthu féin chun duine a ainmniú lena c(h)eapadh mar caomhnóir *ad litem*.

**11.22** Tá sé ráite ag an tSeirbhís Chúirteanna gurb é an nós i Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath glacadh le curricula vitae ó dhaoine atá ar fáil le lena gceapadh, agus go gcoinnítear an fhaisnéis sin i mbunachar sonraí ar féidir leis na breithiúna í a rochtain. Bíonn taithí agus cáilíochtaí daoine den sórt sin leagtha amach ina gcurricula vitae mar aon lena gcomhlacht rialála.[1] Chuir an tSeirbhís Chúirteanna in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar gach duine den sórt sin atá ar an mbunachar sonraí agus go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu.

**11.23** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach nach mbíonn aon phainéal náisiúnta ná liosta iomlán cleachtóirí ar fáil don chúirt nuair a bhíonn duine á roghnú lena c(h)eapadh mar chaomhnóir *ad litem.* Mar sin, féadfaidh an bealach a roghnaítear daoine lena gceapadh athrú ó bhreitheamh go breitheamh agus ó chás go cás.

**11.24** Mar a dúradh cheana, níl aon rud sa reachtaíocht faoi na critéir incháilitheachta ná faoi na cáilíochtaí atá riachtanach chun go bhféadfaidh dhuine gníomhú mar chaomhnóir *ad litem.* Moltar i dtreoirlínte BCAL gur cheart i gcás na n-iarrthóirí go mbeadh

- grinnfhiosrúchán déanta orthu ag an nGarda Síochána
- cáilíocht tríú leibhéal acu in obair shóisialta, síceolaíocht nó cáilíocht tríú leibhéal eile a bhaineann leis an ról
- taithí iarchéime cúig bliana ar a laghad acu ag obair go díreach sa chóras um leas nó cosaint leanaí
- tuiscint acu ar chúram leanaí agus an dlí teaghlaigh, agus eolas agus taithí acu maidir le córas na gcúirteanna
- scileanna acu lena n-áirítear cumas anailíseach, scileanna dea-fhorbartha idirphearsanta, scileanna maidir le scríobh tuairiscí, scileanna cumarsáide, agus an cumas chun caidreamh casta teaghlaigh a mheas agus a thuiscint
- go mbeadh siad neamhspleách ar gach gairmí eile agus ar fhoireann gníomhaireachta a bhfuil baint acu leis an leanbh agus an teaghlach.

1 Is é CORU an comhlacht rialála le haghaidh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Is é an Cumann Síceolaíochta na hÉireann an comhlacht rialála le haghaidh síceolaithe.

**11.25** Chuir Barnardos in iúl don fhoireann scrúdaithe maidir leis na caomhnóirí *ad litem* a earcaíonn siad go ndéantar iad a roghnú, go ndéantar tagairt dóibh agus go ndéantar grinnfhiosrúchán orthu de réir treoirlínte BCAL.

**11.26** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach, mar gheall ar nádúr an phróisis cheapacháin a bhfuil cur síos air thuas, agus ar an chaoi nach bhfuil aon éifeacht cheangailteach dhlíthiúil ag treoirlínte BCAL, gurb é nó í an breitheamh a mheasann na critéir incháilitheachta nuair a bhíonn caomhnóir *ad litem* á roghnú. Thug an tSeirbhís Chúirteanna le fios go bhfuil gach breitheamh neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna breithiúnacha agus gurb é an breitheamh atá ag éisteacht an cháis a roghnaíonn an caomhnóir *ad litem.*

**11.27** D'iarr an fhoireann scrúdaithe sonraí faoi líon na gcaomhnóirí *ad litem* a ceapadh do chásanna cúraim leanaí. Níl an fhaisnéis sin taifeadta ag an tSeirbhís Chúirteanna agus níorbh fhéidir a líon a áireamh go cúlghabhálach. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna in iúl don fhoireann scrúdaithe gur deonaigh an Chúirt Dúiche 7,771 ordú cúraim in 2015, (7,332 in 2014). Mar sin féin, ní úsáidtear aitheantóirí uathúla le haghaidh leanaí aonair chun na sonraí a thaifead. Dá bhrí sin, ní féidir líon na leanaí a bhí páirteach sna himeachtaí sin a áireamh, toisc go bhféadfadh roinnt orduithe nó athbhreithniú ar orduithe a bheith déanta i gcás linbh amháin i rith na bliana.

**11.28** Is ón Tionscadal Tuairiscithe um An Dlí Cúram Leanaí a thagann an t-eolas ábhartha is déanaí faoina mhinice a cheaptar caomhnóirí *ad litem* i gcásanna cúraim leanaí.[1] Is tionscadal neamhspleách an tionscadal sin a dtugann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tacaíocht dó. Bunaíodh é faoi Alt 3 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2007, chun scrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar imeachtaí cúraim leanaí sna cúirteanna. Tiomsaíodh sonraí le linn an tionscadail trí fhreastal ar 1,194 chás cúraim leanaí sa Cúirt Dúiche i rith na tréimhse ó Nollaig 2012 go Meitheamh 2015. Breathnaíodh ar na cásanna sin agus taifeadadh na sonraí a bhain leo.[2] Tugadh le fios sa tuarascáil gur ceapadh caomhnóir *ad litem* i 53% de cásanna na Cúirte Dúiche a breathnaíodh (636 chás).

**11.29** Mar sin féin, tugtar le fios sa Tionscadal Tuairiscithe um An Dhlí Cúram Leanaí go mb'fhéidir nach bhfuil an meastachán iomlán toisc go mbaineann sé le pointe ama amháin i ngach ceann de na cásanna a breathnaíodh. D'fhéadfadh sé tarlú gur scaoileadh caomhnóir *ad litem* saor roimh an éisteacht nó gur ceapadh é nó í tar éis na héisteachta agus nach mbeadh sé sin le feiceáil sa tuarascáil. Dá thoradh sin, ní féidir figiúr a eachtarshuí chun meastachán a dhéanamh ar leibhéal an éilimh a bhí ar sheirbhís caomhnóirí *ad litem*.

## Costas na seirbhíse gairmiúla

**11.30** Faoi Chuid IV den Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú, tá sé de dhualgas ar Tusla imeachtaí cúraim a thionscnamh do leanaí a mheastar nach dócha go bhfaighidh siad cúram agus cosaint leordhóthanach in éagmais ordú cúirte. Tarraingítear aird i dtreoirlínte BCAL ar an ngá atá le caomhnóir *ad litem* a bheith neamhspleách ar gach gairmí eile agus ar fhoireann gníomhaireachta a bhfuil baint acu leis an leanbh agus an teaghlach. Mar sin féin, faoin struchtúr reatha, bíonn na caomhnóirí *ad litem* brath ar Tusla chun íoc as a gcuid costas. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil coinbhleacht leasa ann toisc gurb é Tusla a thionscnaíonn na himeachtaí agus a íocann an caomhnóir *ad litem*.

1 Foilsíodh an tuarascáil deiridh den Tionscadal Tuairiscithe um An Dlí Cúram Leanaí leis an Dr Carol Coulter i mí na Samhna 2015. www.childlawproject.ie

2 Bhí ionadaí an Tionscadail Tuairiscithe um An Dlí Cúram Leanaí i láthair freisin ag 78 cás Ard-Chúirte a bhain le Liosta na Mionaoiseach sa tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2014 go Márta 2015. Bhí caomhnóir *ad litem* i mbun dualgais i 100% de na cásanna sin. Tá sonraí i Liosta na Mionaoiseach faoi mionaoisigh a coinníodh faoi orduithe cúraim speisialta agus faoi shocruithe lena scaoileadh amach. Déanann an Ard-Chúirt athbhreithniú air gach seachtain.

**11.31** Is é Tusla an t-aon chomhlacht Stáit a bhfuil léargas aige ar leibhéil ghníomhaíochta sheirbhís na gcaomhnóirí *ad litem*. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil aon ról ag Tusla i mbainistíocht ná i monatóireacht na seirbhíse, is ar mhaithe le rialú airgeadais amháin atá an t-eolas a fhaigheann siad.

**11.32** Rinne an fhoireann scrúdaithe iarracht méanlíon na gcásanna atá ag caomhnóir *ad litem* a fháil amach. Chun eolas a chur i dtoll a chéile, rinne Tusla dteagmháil le gach soláthraí seirbhíse a raibh eolas acu fúthu ar an 21 Aibreán 2016 agus d'iarr orthu sonraí a sholáthar faoin líon cásanna atá ag gach duine dá gcaomhnóirí *ad litem*. Mar atá leagtha amach i bhFíor 11.2, is iad Barnardos, TIGALA, daoine aonair agus grúpaí beaga a chuireann seirbhís na gcaomhnóirí *ad litem* ar fáil. Fuarthas freagraí ó 65 chaomhnóir *ad litem* thar thréimhse dhá mhí. Tugtar achoimre i bhFíor 11.3 ar an fhaisnéis a chuir siad ar fáil.

**11.33** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach, in ainneoin gurbh iad na caomhnóirí féin a thug an fhaisnéis agus nárbh fhéidir í a dheimhniú, gur chosúil go raibh meánlíon na gcásanna a bhí ag na caomhnóirí *ad litem* go léir, comhsheasmhach i gcás gach soláthraí seirbhíse.

**Fíor 11.3 Riar cásanna na soláthraithe seirbhíse, Aibreán 2016 go Meitheamh 2016**

| Soláthraithe seirbhíse | Líon na gcaomhnóirí *ad litem* a aithníodh | Líon na gcásanna idir lámha | Sciar de riar na gcásanna | Líon na leanaí a ndearnadh ionadaíocht orthu | Meánlíon cásanna in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* |
|---|---|---|---|---|---|
| Barnardos | 31 | 316 | 50% | 541 | 10 |
| TIGALA | 13 | 113 | 18% | 225 | 9 |
| Daoine aonair agus grúpaí beaga | 21 | 200 | 32% | 318 | 10 |
| **Iomlán** | **65** | **629** | **100%** | **1,084** | |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

### *Táillí gairmiúla agus speansais chaomhnóirí* ad litem

**11.34** Mar a léirítear i bhFíor 11.1, b'fhiú €8.2 milliún na táillí gairmiúla a íocadh le caomhnóirí *ad litem* in 2015 (€9.1 milliún in 2014).[1] Nuair a rinne an fhoireann scrúdaithe iniúchadh ar íocaíochtaí Tusla d'aithin siad gurb iad seo a leanas na príomhréimsí costais a raibh tionchar acu ar na méideanna a éilíodh i sonraisc na gcaomhnóirí *ad litem*

- líon na n-uaireanta gairmiúla ar éilíodh íocaíocht astu in aghaidh an cháis
- an ráta ghairmiúil a íoctar le caomhnóir *ad litem*
- líon na gcásanna ina gceaptar caomhnóirí *ad litem.*

**11.35** Tugadh faoi deara i rith an scrúdaithe go raibh tionchar ag tosca mar chastacht an cháis, an líon uaireanta a raibh an t-ordú cúraim sceidealta lena athbhreithniú, agus an tréimhse ama a raibh an cás os comhair na gcúirteanna ar líon na n-uaireanta gairmiúla ar éiligh an caomhnóir *ad litem* íocaíocht ina leith.

1 **Ceartúchán:** rinneadh na costais i ndáil le 2014 agus 2015 a thrasuí go mícheart sa tuarascáil a foilsíodh ar an gcéad dul síos. Tá na figiúirí cearta taispeánta anois.

**11.36** Níl aon údarás reachtach ag Tusla chun na táillí a éilíonn caomhnóirí *ad litem* a cheapadh. Go deireadh na bliana 2014, ní raibh aon rátaí caighdeánacha comhaontaithe in aghaidh na huaire curtha i bhfeidhm. Chuir Tusla in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhféadfadh na táillí a íocadh as ionadaíocht a dhéanamh ar leanbh a bheith idir €85 agus €111 in aghaidh na huaire, agus go bhféadfadh na rátaí íocaíochta don am taistil a bhain leo a bheith idir €40 agus €46 in aghaidh na huaire.

**11.37** Shocraigh Tusla €125 in aghaidh na huaire mar ráta táille ghairmiúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus d'éirigh as a bheith ag íoc as am a chaitheadh ag taisteal. Baineann an ráta gairmiúil leis an am a chaitear ag freastal ar an gcúirt, ag scríobh tuairiscí cúirte, ag bualadh leis an leanbh, ag bualadh le daoine atá lárnach ó thaobh an linbh de agus á gcur faoi agallamh agus ag breathnú ar idirghníomhaíocht an linbh leo, chomh maith le déileáil le gach comhfhreagras cuí. Aisíoctar caiteachas tiomána incheadaithe trí liúntas míleáiste ar ráta comhréidh in aghaidh an chiliméadair ar aon dul le rátaí na státseirbhíse.[1]

**11.38** D'inis Tusla don fhoireann scrúdaithe go ndearnadh comhaontú faoin táille ghairmiúil nua in aghaidh na huaire do 2015 agus ar aghaidh tar éis próiseas comhairliúcháin neamhfhoirmiúil le roinnt caomhnóirí *ad litem*. Dúirt siad go raibh na rátaí a bhíodh á n-íoc go deireadh na bliana 2014 curtha san áireamh i socrú an ráta, mar aon leis na cáilíochtaí agus an taithí is gá chun an ról a chomhlíonadh, na rátaí in aghaidh na huaire a íoctar le gairmithe féinfhostaithe eile, agus an chaoi nach bhfuiltear ag íoc as am taistil a thuilleadh. Ní raibh Tusla in ann fianaise dhoiciméadach faoin anailís a chur ar fáil, áfach, don fhoireann scrúdaithe.

**11.39** D'inis Barnardos don fhoireann scrúdaithe in 2014 gur chuir siad in iúl do Tusla go bhféadfadh an struchtúr nua caighdeánaithe táillí na costais a mhéadú mar go mbeadh na chaomhnóirí *ad litem* ag tuilleamh níos mó dá mbeadh siad ag caitheamh níos mó ama i mbun oibre ghairmiúla i gcomparáid leis an am a chaitheadar ag taisteal.

**11.40** Rinne Tusla anailís chun tionchar struchtúr na dtáillí athbhreithnithe a mheas. Rinneadh an anailís trí shonraisc a sheol 27 gcaomhnóir *ad litem* isteach sa tréimhse ó Eanáir go Meitheamh 2015 a athríomh ag baint úsáide as an seanstruchtúr táillí. Léirigh an anailís ráta coigiltis imeallach de 2%.

**11.41** Cé nach ndearnadh comparáid san anailís sin ach ar sonraisc a seoladh isteach i rith sé mhí in 2015 agus nár bhain siad ach le leath de na caomhnóirí *ad litem* a íocann Tusla, tugann sé léiriú ar thionchar an athbhreithnithe ar struchtúr na dtáillí.

### *Comparáid idir struchtúir na dtáillí i ndlínsí dlí choitinn*

**11.42** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar struchtúr na dtáillí atá i bhfeidhm i ndlínsí eile an dlí choitinn. Mar chuid den athbhreithniú, fuair an fhoireann scrúdaithe amach go raibh na tascanna a bhaineann le ról an chaomhnóra *ad litem* i ngach dlínse mórán mar an gcéanna. I ngach ceann de na dlínsí dlí choitinn, áirítear leis an tseirbhís a chuireann an caomhnóir *ad litem* ar fáil

- dul i gcomhairle leis an leanbh agus le baill an teaghlaigh chun leasanna is fearr an linbh a fháil amach
- dul i dteagmháil leis an roinn oibre sóisialta agus le daoine gairmiúla eile a bhfuil baint acu le plean cúraim an linbh
- measúnú críochnúil ag déanamh ar chúinsí an linbh
- moltaí neamhspleácha agus tuarascáil i scríbhinn a sholáthar don chúirt.

1 Athraíonn rátaí míleáiste gluaisteán na státseirbhíse ó 21.22 cent in aghaidh an chiliméadair go 59.07 cent in aghaidh an chiliméadair ag brath ar thoilleadh innill an ghluaisteáin agus ar líon carnach na mílte a taistilíodh i mbliain féilire.

**11.43** Is ar bhonn táille cothrom a oibríonn córas struchtúr táillí na hAlban. Clúdaíonn an chéad táille cheapacháin an obair ullmhúcháin go léir ó cheaptar an duine mar chaomhnóir *ad litem* mar aon le scríobh tuarascála agus bheith ag freastal ar an gcúirt, beag beann ar an méid ama a thógann sé chun na tascanna sin a chomhlíonadh. Bíonn táille comhréidh breise iníoctha i leith ag freastal ar an gcúirt agus bíonn roinnt táillí breise iníoctha ag brath ar shonraí an cháis, mar shampla, líon na ndeartháireacha nó deirfiúracha atá bainteach leis an gcás.

**11.44** Comhlachtaí neamhspleácha Stáit a bhainistíonn seirbhís na gcaomhnóirí *ad litem* i dTuaisceart Éireann agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus tá an chuid is mó de na daoine a fheidhmíonn mar chaomhnóirí *ad litem* fostaithe go díreacha mar bhaill foirne acu. Baineann an dá chomhlacht leas freisin as painéal cleachtóirí cáilithe féinfhostaithe nuair a bhíonn éileamh méadaithe ar an tseirbhís. Bíonn ráta in aghaidh na huaire i bhfeidhm i gcás na n-oibrithe féinfhostaithe agus íoctar na fostaithe de réir scála tuarastail atá leagtha síos.

**11.45** Léirítear in Fíor 11.4 torthaí na comparáide a rinneadh idir rátaí a íoctar le foireann féinfhostaithe a chomhlíonann ról caomhnóra *ad litem* sna dlínsí dlí choitinn. Tá chuma ar an ráta a íoctar in Éirinn nach bhfuil sé go maith i gcomparáid leis an ráta in aghaidh na huaire i ndlínsí dlí choitinn eile.

**11.46** Mar sin féin, thug an fhoireann scrúdaithe faoi ndeara sna dlínsí dlí choitinn eile, chomh maith leis na méideanna a íoctar leis an gcaomhnóir *ad litem* chun an tseirbhís a chur ar fáil, tabhaíonn na comhlachtaí rialaithe na costais a bhaineann le riaradh, oibriú agus bainistiú na seirbhíse.

**11.47** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara, cé go bhfuil ráta caighdeánach in aghaidh na huaire á íoc in Éirinn, nach bhfuil seirbhís chaighdeánach á cur ar fáil. Tá sé seo mar gheall ar éagsúlacht na struchtúr eagraíochta a sholáthraíonn an tseirbhís. Mar shampla, má bhíonn caomhnóir *ad litem* ag obair faoi Barnardos bíonn tacaíocht aige nó aici ó fheidhmeanna riaracháin, bainistíochta, oiliúna agus maoirseachta, ach má bhíonn caomhnóir *ad litem* ag feidhmiú ina (h)aonar bíonn seans níos lú ann go mbeidh tacaíocht den sórt sin aige nó aici.

**Fíor 11.4 Struchtúr táillí na hÉireann i gcomparáid le dlínsí dlí choitinn eile**

| Struchtúr táillí[a] | Éire | Tuaisceart Éireann | Sasana agus an Bhreatain Bheag | Albain |
|---|---|---|---|---|
| Táille bunúsach | San uair | San uair | San uair | Tascobair |
| Táillí i leith am ghairmiúil - obair ullmhúcháin, idirchaidreamh le leanbh agus teaghlach agus scríobh tuarascála | €125 san uair | €40 san uair | €42 san uair | €333 táille chomhréidh |
| Táillí i leith am ghairmiúil - freastal ar an gcúirt | €125 san uair | €40 san uair | €42 san uair | €167 táille chomhréidh |
| Táillí - taisteal agus am feithimh | €0 san uair | €24 san uair | €42 san uair | Ar bhonn eisceachtúil amháin[b] |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Aistríodh rátaí Sterling go dtí a gcoibhéis in € de réir ráta malartaithe an Bhainc Ceannais ar an 8 Meitheamh, 2016.

b Faoi struchtúr táillí na hAlban, cuimsítear am taistil sna híocaíochtaí táillí comhréidhe le haghaidh ceapachán agus freastal ar an gcúirt. Aicmítear turais fillte a mhaireann níos faide ná 4 huaire an chloig mar taisteal eisceachtúil agus íoctar táille sheasta bhreise €83 i gcás turais fillte 4-6 uaire an chloig agus €167 i gcás turais fillte níos faide ná 6 uaire an chloig.

### *Rialuithe airgeadais ar costais caomhnóirí* ad litem

**11.48** Toisc nár tugadh freagracht d’aon chomhlacht monatóireacht nó maoirsiú a dhéanamh ar an obair a dhéanann caomhnóir *ad litem* agus fiú más é Tusla an pámháistir níl sé ar a chumas cruinneas na n-uaireanta a luaitear i sonraisc a fhíorú. Lena chinntiú go bhfuil cuma réasúnta ar na huaireanta a ndearnadh éileamh fúthu agus go bhfuil siad ag teacht le sonraisc caomhnóirí *ad litem* eile, chuir Tusla seiceálacha rialaithe breise i bhfeidhm in 2015 agus feabhsaíodh iad in 2016. Léirítear i bhFíor 11.5 na rialuithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus an líne ama maidir lena gcur chun feidhme.

#### *Seiceálacha réasúntachta*

**11.49** Shann Tusla freagrach as na seiceálacha réasúntachta agus athbhreithniú cúlghabhálach chuig ball foirne sinsearach a bhfuil saineolas gairmiúil aige (nó aici) ar an gcóras dlí agus ar an gcóras cúraim leanaí araon. Cuirtear na seiceálacha i gcrích trí iniúchadh amhairc agus trí scrúdú sonrasc a sheoltar isteach lena n-íoc trí thagairt d’eolas an bhaill ar a bhfuil i sonraisc eile agus ar chóras an dlí cúraim leanaí.

**11.50** Is é an toradh atá ag an gcóras atá ann faoi láthair maidir le seiceálacha réasúntachta, nuair a bhítear ag brath ar eolas baill foirne amháin ar an gcóras agus ar na sonraisc a sheol caomhnóirí *ad litem* eile isteach ná go méadaítear an baol nach dtabharfar ró-éileamh faoi deara.

**11.51** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nach raibh na seiceálacha réasúntachta curtha i bhfeidhm ar sonraisc a fuarthas ó Barnardos, arb ionann iad sin agus 43% de chaiteachas na bliana 2015, go dtí Deireadh Fómhair 2015. Chuir Tusla in iúl don fhoireann scrúdaithe, de bharr an méid acmhainní a bhí ar fáil, gur tugadh tús áite de réir riosca do chur chun feidhme na seiceálacha réasúntachta. Fuair Tusla rathú áirithe ó na nósanna imeachta inmheánacha a bhí i bhfeidhm i Barnardos agus mar sin níor cuireadh na seiceálacha réasúntachta i bhfeidhm ar na sonraisc sin go dtí céim dheireanach an phróisis.

**11.52** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach freisin nuair is gá coigeartuithe a dhéanamh de thoradh na dtástálacha réasúntachta, go dtarraingítear siar an sonrasc bunaidh agus go seolann an caomhnóir *ad litem* sonrasc athbhreithnithe isteach. Níl choinnítear aon taifead de mhéideanna na sonrasc bunaidh agus na sonrasc leasaithe, agus mar sin ní féidir leibhéal na gcoigeartuithe de thoradh na seiceálacha réasúntachta a thomhas. Chuir Tusla in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil an fhaisnéis sin taifeadta i gcás sonrasc na gcaomhnóirí *ad litem* a fuarthas ó Mheitheamh 2016 i leith.

**Fíor 11.5 Rialuithe airgeadais curtha i bhfeidhm ag Tusla**

| Rialuithe airgeadais curtha i bhfeidhm ar shonraisc Caomhnóirí *ad litem* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An cineál rialaithe** | **Mionsonraí** | **Amlíne maidir le cur chun feidhme** | | | **Toradh** |
| | | **2014** | **2015** | **2016** | |
| **Seiceálacha rialuithe caighdeánacha** | Seiceálacha a rinneadh lena chinntiú go bhfuil sonrasc bailí agus gur ríomhadh iomlán na méideanna i gceart.<br>Baisceanna sonrasc agus comhaid íocaíochta údaraithe ar leibhéal cuí laistigh de Tusla. | ● | ● | ● | Íocann Tusla sonraisc cheadaithe na gcaomhnóirí *ad litem*. |
| **Seiceálacha réasúntachta** | ***Déanta ar leibhéal na sonrasc***<br>Seiceáil go mbaineann na huaireanta a ndearnadh éileamh fúthu le tascanna an chaomhnóra *ad litem*.<br>Déan deimhin de nach bhfuil aon dúbailt déanta in éilimh i leith míleáiste, costais nó uaireanta a caitheadh i mbun obair ghairmiúil.<br>Féach an bhfuil cuma réasúnta ar na huaireanta a ndearnadh éileamh fúthu bunaithe ar eolas agus tuiscint Tusla ar an bpróiseas cúirteanna agus ar phróisis maidir le cúram leanaí.<br>Féach an bhfuil leibhéal na n-uaireanta a ndearnadh éileamh fúthu ag teacht le sonraisc caomhnóirí *as litem* eile. | ◔ | ◑ | ● | Eisíonn Tusla ceistneoirí chuig caomhnóirí *ad litem* faoi aon aimhrialtachtaí a thugtar faoi deara agus coinnítear siar íocaíocht an tsonraisc dtí go mbíonn an cheist réitithe. |
| **Athbhreithniú cúlghabhálach** | ***Curtha i gcrích ar leibhéal na gcaomhnóirí* ad litem**<br>Ar bhunús eolais faoi na treochtaí a aithnítear sna seiceálacha réasúntachta ar leibhéal sonrasc.<br>Athbhreithniú ar na huaireanta a ndearnadh éileamh fúthu agus na tascanna a cuireadh i gcrích ar leibhéal carnach thar thréimhse fhada ama. | ○ | ◔ | ◔ | Aithníonn Tusla cásanna ina bhféadfadh aisíocaíochtaí a bheith dlite. |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
● Curtha i bhfeidhm ar gach sonrasc
◑ Curtha i bhfeidhm ar fhothacar sonrasc
◔ Curtha i bhfeidhm ar bhonn ad-hoc
○ Níor cuireadh i bhfeidhm

### *Athbhreithniú cúlghabhálach*

**11.53** Le héifeacht ó Eanáir 2015, thosaigh Tusla ag taifeadadh na n-uaireanta gairmiúla a ndearna caomhnóirí *ad litem* éileamh fúthu ar bhonn cás ar chás, seachas i gcás Barnardos. Úsáidtear an fhaisnéis sin chomh maith le heolas an bhaill foirne chun treochtaí a aithint agus mar eolas do léirmheasanna cúlghabhálacha.

**11.54** In athbhreithniú cúlghabhálach déantar mionscrúdú ar aimhrialtacht aitheanta, thar thréimhse fhada ama. Mar shampla, d'fhéadfadh Tusla athbhreithniú a dhéanamh ar na huaireanta carnacha in aghaidh an lae a ndearna caomhnóir *ad litem* éileamh fúthu, agus a chuimsigh roinnt cásanna éagsúla, lena chinntiú go bhfuil dealramh réasúnta ar líon na n-uaireanta a ndearnadh éileamh fúthu.


**11.55** Ós rud é go seolann caomhnóirí *ad litem* a gcuid sonrasc isteach 'in aghaidh an cháis agus in aghaidh na míosa', bheadh mórchuid acmhainní ag teastáil chun na sonraí carnacha a thiomsú agus athbhreithniú cúlghabhálach a dhéanamh. Dá thoradh air sin, tá srianta ar Tusla ó thaobh cé chomh minic is féidir lena mbaill foirne athbhreithniú a dhéanamh.

### *Meánchostas in aghaidh an cháis*

**11.56** Mar a dúradh níos luaithe, is chun críche rialaithe airgeadais a thiomsaíonn Tusla sonraí maidir le costais caomhnóirí *ad litem*. Dá thoradh sin, ní úsáidtear na sonraí sin chun bearta feidhmíochta agus faireachán a fhorbairt, mar shampla, meánchostas na gcaomhnóirí *ad litem* in aghaidh an cháis. Chuirfeadh anailís ar threochtaí sna bearta sin ar chumas Tusla tuiscint níos fearr a bheith acu ar conas a théann tosca mar chastacht an cháis, nó fad an cháis, i gcionn ar na costais fhoriomlána.

**11.57** Chun críche an scrúdaithe seo, ar thug Tusla anailís ar an eolais a bhí a tiomsaithe acu don fhoireann scrúdaithe. Bhain an fhaisnéis sin leis na huaireanta a raibh billí tugtha fúthu ag 28 gcaomhnóir *ad litem* sa tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2015. Bhí an anailís déanta de réir cáis agus tugadh an meánchostas in aghaidh an cháis ag caomhnóir *ad litem.* Tá torthaí na hanailíse le feiceáil thíos i bhFíor 11.6.

**Fíor 11.6 Anailís ar mheánchostas in aghaidh an cháis ag caomhnóir *ad litem*, 2015**




Foine: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

**11.58** Ní thugann sé seo léargas iomlán ar an meánchostas in aghaidh an cháis, ó d'fhéadfadh cás amháin leanúint ar aghaidh ar feadh roinnt blianta agus tá na sonraí seo teoranta do na costais a tabhaíodh in 2015. D'ainneoin na dteorainneacha sin, taispeánann sé go bhfuil athruithe móra le sonrú ar an meánchostas - ó €4,800 ar an gceann ab ísle go €28,700 ar an gceann ab airde.

**11.59** Chuir Tusla iúl do lucht an scrúdaithe go bhfuil a lán tosca éagsúla ann a mbíonn tionchar acu ar na difríochtaí i meánchostais agus d'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh ina measc

- an cur chuige a ghlac gach caomhnóir *ad litem* i gcomhlíonadh c(h)uid dualgas
- cineál agus castacht an cháis atá i gceist
- líon na bpáistí atá i gceist i ngach cás
- líon na n-uaireanta is gá freastal ar an gcúirt fad a mhaireann an cás.

**11.60** Léiríonn na sonraí thuas conas a d'fhéadfadh anailís ar mhéadracht ar nós an meánchostas in aghaidh an cháis agus na tosca is cúis le hathruithe ar an meánchostas a úsáid chun cost-éifeachtúlacht na seirbhíse a mheas.

### *Réiteach ceisteanna*

**11.61** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara go dtéann Tusla i mbun idirbheartaíochta leis an chaomhnóir *ad litem* chun ceisteanna nó fadhbanna a eascraíonn óna seiceálacha rialála a réiteach. Toisc nach bhfuil aon bhunús reachtúil ann chun déanamh amhlaidh, bíonn an próiseas ag brath ar an gcaomhnóir *ad litem* a bheith i dteagmháil le Tusla.

**11.62** Foráiltear leis an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 go bhféadfaidh Tusla iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna go ndéanfar costais nó speansais caomhnóirí *ad litem* a mheas.[1] Níor bhain Tusla leas as an rogha sin go dtí seo. Thug siad le fios don fhoireann scrúdaithe go n-aithnítear aimhrialtachtaí den chuid is mó nuair a dhéantar athbhreithniú ar leibhéal carnach ar sonraisc caomhnóirí *ad litem*, ag clúdach roinnt cásanna. Ní féidir iarratas a dhéanamh go ndéanfaidh an chúirt costais a mheas ach amháin ar bhonn cás ar chás agus ní féidir le breitheamh ar bith ach an breitheamh a cheap an caomhnóir *ad litem* na costais a mheas. Ní féidir le Tusla ceisteanna a chuimsíonn roinnt cásanna a réiteach trína iarraidh go ndéanfar na costais a mheas.

## Costas seirbhísí dlí

**11.63** Aithnítear i treoracha BCAL mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach do chaomhnóir *ad litem* ionadaí dlíthiúil a cheapadh lena chinntiú go gcuirfear mianta, mothúcháin agus leas an linbh i láthair go leormhaith os comhair na cúirte. Tugtar le fios sna treoirlínte chomh maith gur cheart don chaomhnóir *ad litem* cead na cúirte a iarraidh nuair a bhíonn ionadaíocht dhlíthiúil á fostú acu.

**11.64** Faoi fhorálacha reatha an Achta um Chúram Leanaí, 1991[2] ní féidir le haturnae agus le caomhnóir *ad litem* araon ionadaíocht dhíreach a dhéanamh ar leanbh.[3] Dá thoradh sin tá an nós tagtha chun cinn má mheasann caomhnóirí *ad litem* go bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil riachtanach, go bhfostaíonn siad aturnae chun gníomhú thar a gceann agus go dtugann siad treoracha agus orduithe dóibh. Níl sé sin ag teacht leis an gcóras atá i bhfeidhm i Sasana, sa Bhreatain Bheag ná i dTuaisceart Éireann inar féidir le haturnae agus le caomhnóir *ad litem* araon ionadaíocht a dhéanamh ar leanbh.

1 Tá cúrsaí cánach agus tomhas costas ceaptha le bheith ina bpróiseas neamhspleách, neamhchlaonta chun chostais a mheas agus é d'aidhm aige teacht ar chothromaíocht idir na costais atá i gceist agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil. Is féidir na costais a bhaineann le cásanna a éistear sa Chúirt Dúiche a tharchur chuig breitheamh cuí na Cúirte Dúiche lena mheas. I gcásanna a éistear san Ard-Chúirt, is féidir leis an mbreitheamh na costais a mheas nó ordú a thabhairt go ndéanfaidh an Máistir Fómhais na costais a mheas.

2 Foráiltear le hAlt 25 den Acht um Chúram Leanaí go bhféadfaidh an chúirt, ag féachaint d'aois, tuiscint agus mianta an linbh, páirtí sna himeachtaí a dhéanamh den leanbh, agus má cuí leis an gcúirt, aturnae a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh ar an leanbh. Foráiltear le hAlt 26 (4) más rud é go bhfuil leanbh ina pháirtí nó ina páirtí in imeachtaí nach mbeidh éifeacht a thuilleadh ag ordú caomhnóir *ad litem* a cheapadh.

3 I gcásanna Sainchúram a éistear faoi dhlínse dhílis na hArd-Chúirte is féidir le caomhnóir ad litem agus aturnae nó abhcóide labhairt go díreach thar cheann an linbh.

**11.65** Níor tiomsaíodh sonraí faoi líon na gcaomhnóirí *ad litem* a fhostaíonn ionadaíocht dhlíthiúil. Mar sin féin, tugadh faoi ndeara sna 636 cás a breathnaíodh sa Chúirt Dúiche i rith Tionscadail Tuairiscithe um An Dhlí Cúram Leanaí go ndearna aturnae ionadaíocht ar caomhnóir *ad litem* in 82% de na cásanna sin agus go ndearna abhcóide ionadaíocht i 7% acu. Tugann sé sin le fios go lorgaítear ionadaíocht dhlíthiúil i bhformhór na gcásanna.

**11.66** Tá treoirlínte tugtha ag Barnardos dá gcaomhnóirí *ad litem* atá le chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu an bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil riachtanach nó nach bhfuil. Clúdaíonn na treoirlínte tosca amhail castacht an cháis, líon na bpáirtithe eile sna himeachtaí, agus saincheisteanna suntasacha an cháis a bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil riachtanach le déileáil leo. Moltar sna treoirlínte freisin gur ceart do chaomhnóirí *ad litem* dul i gcomhairle lena maoirseoirí faoina riachtanaí is atá sé ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu.

**11.67** Chosain ionadaíocht dlíthiúil Caomhnóirí *ad litem* €5.9 milliún in 2015 (€7.4 milliún in 2014). Chuimsigh sé sin €5 mhilliún do tháillí aturnaetha agus €0.9 agus milliún do tháillí abhcóidí. Fíor Tugtar forbhreathnú in 11.7 ar dháileadh an chaiteachais iomláin ar ionadaíocht dhlíthiúil i gcás na soláthraithe a íocadh sa tréimhse. D'fhéadfadh na híocaíochtaí sin a bheith déanta le aturnaetha aonair, le habhcóidí nó le gnólachtaí.

**Fíor 11.7 Táillí aturnaetha agus abhcóidí na gcaomhnóirí *ad litem*, 2014 agus 2015**

| **Bandaí íocaíochtaí (sa bhliain)** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|
| 0 – €50,000 | 56 | 56 |
| €50,001 – €100,000 | 3 | 9 |
| €100,001 – €200,000 | 10 | 5 |
| €200,001 – €400,000 | 6 | 5 |
| €400,001 – €600,000 | 3 | 3 |
| Íocaíochtaí níos mó ná €600,001 | 2 | 1 |
| **Iomlán** | **80** | **79** |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

**11.68** Mar atá leagtha amach i gciorclán 05/2013 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA),[1] ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí próiseas iomaíoch a úsáid nuair atá seirbhísí dlí á soláthar acu. Tugtar le fios san imlitir go bhfuil sé de rogha ag údaráis phoiblí, a mbíonn gá acu go minic le seirbhísí dlí, painéal a cheapadh de chleachtóirí dlí a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha acu. Moltar sa chiorclán chomh maith i gcás seirbhísí a meastar a chosnóidh os cionn €25,000 go gcuirfear próiseas iomaíoch tairisceana ar siúl lena soláthar.

**11.69** Cé gur comhlacht Stáit é Tusla agus go bhfuil sé freagrach as costais dlí caomhnóirí *ad litem* a íoc, níl aon bhaint aige le ceapadh ná le roghnú caomhnóirí *ad litem* ná a n-ionadaithe dlí. Is é an caomhnóir *ad litem* féin a roghnaíonn agus a cheapann ionadaíocht dlí de ghnáth.[2] Dá thoradh sin toisc nach bhfuil caomhnóirí *ad litem* fostaithe ná bainistithe ag comhlacht poiblí, ní bhaineann treorach an RCPA leis na seirbhísí dlí a roghnaíonn siad. Dá bhrí sin ní raibh caiteachas suntasach a tabhaíodh maidir le seirbhísí dlí seirbhís na gcaomhnóirí *ad litem* faoi réir tairisceana iomaíche.

1 Ciorclán 05/2013 Soláthar Seirbhísí Dlí agus Bainistiú Costais Dlí.

2 I gcásanna orduithe cúraim speisialta a éisteann an Ard-Chúirt ní i gcónaí a dhéanann an caomhnóir *ad litem*an cinneadh faoi cheapadh aturnae.

**11.70** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach go bhfuair 36 de na 79 ngnólacht aturnae íocaíochtaí in 2015 a bhí níos airde ná an €25,000 atá i gceist mar thairseach maidir le tairiscintí iomaíocha le haghaidh soláthar phoiblí, is go mb’éigean do Tusla chostas €5.6 milliún a íoc san iomlán.

**11.71** Chuir Barnardos in iúl don fhoireann scrúdaithe go spreagann siad a gcaomhnóirí *ad litem* a bheith éifeachtach ó thaobh costais de nuair a roghnaíonn siad ionadaíocht dhlíthiúil. Iarrann siad freisin ar a gcaomhnóirí *ad litem* leas a bhaint as grúpaí éagsúla aturnaetha.

**11.72** Ní féidir le Tusla aon mhaoirseacht a dhéanamh ar leibhéal an chaiteachais dhlíthiúil a thabhaíonn caomhnóir *ad litem* go dtí go seoltar sonrasc chucu lena íoc. Sa chaoi chéanna ní féidir le caomhnóir *ad litem* maoirseacht a dhéanamh ar na táillí a ghearrann a n-ionadaithe dlíthiúla féin toisc go seoltar iad sin go díreach chuig Tusla.

**11.73** Is féidir le Tusla agóid a dhéanamh faoi costais ionadaíocht dhlíthiúil na gcaomhnóirí *ad litem* nuair a fhaigheann siad na billí ach ní féidir leo agóid a dhéanamh má shocraíonn an chúirt na costais. D'fhonn dearbhú éigin a fháil faoi na costais a tabhaíodh, iarrann Tusla ar a chuid aturnaetha féin a bhí páirteach sna himeachtaí céanna athbhreithniú a dhéanamh ar na billí costais le féachaint an bhfuil siad réasúnta. Má mheasann aturnae Tusla go bhféadfadh bille costas a bheith ró-ard in imthosca an cháis téann siad i mbun caibidlíochta thar ceann Tusla chun na costais a laghdú. Éilíonn aturnaetha Tusla a ráta gairmiúil féin in aghaidh na huaire as soláthar na seirbhíse seo. Measann Tusla gur íoc sé €123,750 as an tseirbhís idirbheartaíocht táille in 2015.

**11.74** Rinne an fhoireann scrúdaithe anailís ar shampla de 37 sonrasc dlíthiúla a íocadh in 2015 a raibh luach éileamh bunaidh de €358,816 acu. De thoradh idirbheartaíochta fuarthas laghduithe i gcás 81% de na sonraisc a tástáladh, sa chaoi go ndearnadh coigilteas de €94,023 nó 29% ar na méideanna a bhí sna billí ar dtús.

**11.75** Nuair a rinne Tusla tuilleadh anailíse ardleibhéil ar gach sonrasc dlíthiúil a sheoladh isteach lena n-íoc in 2015 fuarthas gur baineadh amach laghduithe €1.89 milliún i 71% de na cásanna, rud ab ionann agus 24% de na méideanna a bhí ar na billí ar dtús.

**11.76** Ní thaifeadann Tusla an bonn a úsáidtear chun laghdú a dhéanamh na ar costais dhlíthiúla, agus ní raibh an fhoireann scrúdaithe in ann an t-eolas sin a bhaint go díreach ó na sonraí a taifeadadh ar na sonraisc dhlíthiúla. Chun eolas a sholáthar don scrúdú, d'iarr Tusla an fhaisnéis seo ó dhá cheann dá chuid gnólachtaí aturnae. Léiríonn na freagraí a fuarthas gur féidir laghduithe a fháil bunaithe aran táille iomlán a gearr an t-aturnae as treoracha a ghlacadh óna c(h)liant le linn an cháis

- an t-am a caitheadh ag freastal ar chúirt
- costais agus eisíocaíochtaí a bhain le cúraimí riaracháin
- an t-am gairmiúil foriomlán a cuireadh ar an mbille i leith an cháis.

**11.77** Nuair a thosaigh Tusla ag glacadh le sonraisc dhlíthiúla caomhnóirí *ad litem* trí chóras leictreonach in 2016, d’éirigh siad as a bheith ag taifeadadh méideanna na sonrasc bunaidh. De thoradh na himní a bhí ar an bhfoireann scrúdaithe maidir le cailliúint na faisnéise sin, agus an tionchar a bheadh aige sin ar chumas Tusla chun éifeachtacht an phróisis idirbheartaíochta faoi na táillí a thomhas, chuir Tusla in iúl don fhoireann scrúdaithe gur thosaigh siad ag taifeadadh méideanna bunaidh na sonrasc de láimh le héifeacht ó Mheitheamh 2016.

**11.78** Faoi mar atá i gcás táillí gairmiúla caomhnóirí *ad litem*, tá sé de rogha ag Tusla costais dhlíthiúla caomhnóirí *ad litem* a tharchur chuig na cúirteanna lena mheas murar féidir teacht ar chomhaontú fúthu. Sula gcuirtear tús leis an bpróiseas sin, áfach, fostaíonn Tusla seirbhísí cuntasóra um chostais dhlíthiúla chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na costais agus idirbheartaíocht a dhéanamh ar a son. Chuir Tusla in iúl don fhoireann scrúdaithe gur cuireadh ceithre chás ar aghaidh chuig na cuntasóirí um costais dhlíthiúla ó 2014 i leith. €1,366,980 a bhí á éileamh sna sonraisc bhunaidh, fuarthas laghduithe de thart ar €693,000 agus chosain an tseirbhís sin €39,290. Níor cuireadh aon chásanna chun na cúirte lena mheas.

## Tagarmharcáil na seirbhíse

**11.79** Tá cur síos againn thuas ar an iarracht a rinneadh an tseirbhís a chuirtear ar fáil in Éireann a thagarmharcáil i bhfianaise seirbhísí coibhéiseacha i ndlínsí dlí choitinn. Lena linn sin, rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an bpríomhfhaisnéis staitistiúil faoin éileamh ar an tseirbhís, agus ar phríomhghnéithe seirbhíse eiseamláire.

**11.80** Fuair an fhoireann scrúdaithe príomhstaitisticí maidir le seirbhís chaomhnóirí *ad litem*, nó seirbhís choibhéiseach, i ngach ceann de dhlínsí eile dlí choitinn ó NIGALA, CAFCASS agus Children 1st. Tá na staitisticí seo bunaithe ar an tréimhse tuairiscithe airgeadais ón 1 Aibreán, 2014 go dtí an 30 Márta 2015. Bhain an fhoireann scrúdaithe leas as meastacháin daonra i lár na bliana 2014 a d'fhoilsigh an Oifig Náisiúnta Staidrimh chun líon na leanaí a fháil amach i ngach ceann de na dlínsí dlí choitinn sa Ríocht Aontaithe. Fuarthas líon na leanaí in Éirinn ó meastacháin bhliantúla daonra a thiomsaigh an bPríomh-Oifig Staidrimh. Sholáthraigh na staitisticí sin bunús na comparáide in Fíor 11.8.

**Fíor 11.8 Éileamh in Éirinn i gcomparáid le dlínsí dlí choitinn eile 2014/2015**

| Príomhstaitisticí faoin éileamh ar an tseirbhís | Éire | Tuaisceart Éireann | Sasana agus an Bhreatain Bheag | Albain |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gcaomhnóirí *ad litem* atá ag feidhmiú | 65[a] | 53 | 770[b] | 196 |
| Líon na gcaomhnóirí *ad litem* a cheaptar le haghaidh imeachtaí cúraim poiblí | Anaithnid | 704 | 11,159[c] | 1,586 |
| Meánlíon na gcásanna in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* | 10[a] | 13 | 14.5 | 8 |
| Líon na leanaí a dhéanann caomhnóirí *ad litem* ionadaíocht orthu in imeachtaí cúraim phoiblí | Anaithnid | 1,052 | 19,420 | 2,287 |
| Líon measta na leanaí ó 0 go 17 mbliana d'aois in 2014 | 1,194,462 | 433,161 | 12,221,310 | 1,032,698 |
| Meánlíon na gcaomhnóirí *ad litem* in aghaidh gach 10,000 páiste | 0.54 | 1.22 | 0.63 | 1.90 |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Rinneadh an figiúr seo a mheas ar bhunús na faisnéise airgeadais a Thiomsaigh Tusla (féach Fíor 11.3).
b Rinneadh an figiúr seo a mheas ar bhunús líon iomlán na gcleachtóirí a bhí ag gníomhú sa tréimhse (1,400) agus an céatadán díobh a sannadh chuig cásanna dlí poiblí (55%) faoi mar a chinn CAFCASS.
c Rinneadh an figiúr seo a mheas ar bhunús an leibhéil cúraim a bhí á éileamh. Ní thaifeadann CAFCASS líon iarbhír na gceapachán ar leithligh. Dhearbhaigh CAFCASS má tá aon difríocht le sonrú idir líon na gceapachán agus leibhéal an éilimh ar chúram gur difríocht an-bheag ar fad atá ann.

**11.81** Faoi mar a dúradh cheana, níl staitisticí tábhachtacha ar fáil, mar shampla, líon na gcoinní cúirte a bhíonn ag caomhnóirí *ad litem* in Éirinn. Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara go n-úsáidtear na staitisticí a bailíodh sna dlínsí dlí choitinn eile chun phríomhtháscairí feidhmíochta a chur ar fáil, an t-éileamh ar an tseirbhís a mheas, na costais a bhfuiltear ag súil leo a thuar agus buiséad a cheapadh dóibh, agus treochtaí i seachadadh na seirbhíse a thomhas thar thréimhsí ama.

**11.82** Rinneadh iarracht sa scrúdú príomhghnéithe na seirbhíse a aithint ar bhunús treoirlínte BCAL agus ar bhunús an taighde a rinne an fhoireann scrúdaithe ar oibriú na seirbhíse i ndlínsí dlí choitinn eile. Bhain an fhoireann scrúdaithe leas as na gnéithe tábhachtacha seo a leanas chun an tseirbhís in Éirinn a thagarmharcáil i bhfianaise na seirbhísí i ndlínsí dlí choitinn eile. Fíor Tá torthaí an chleachtaidh tagarmharcála le fáil in 11.9.

**11.83** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara gur fhorbair Barnardos a lámhleabhar féin um chleachtas inmheánach bunaithe ar threoirlínte BCAL, a chuid polasaithe inmheánacha oibre féin agus a dtaithí féin sa ról. Chuir Barnardos in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil struchtúir inmheánacha i bhfeidhm acu chun a gcuid caomhnóirí *ad litem* a oiliúint, maoirseacht a dhéanamh orthu, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a bhainistiú. Dá réir sin, fuair an fhoireann scrúdaithe amach go bhfuil thart ar 50% agus b'fhéidir níos mó de na gcaomhnóirí *ad litem* in Éirinn ag oibriú i dtimpeallacht struchtúrtha, cé nach bhfuil sé rialaithe agus nach ndéantar monatóireacht air faoi láthair ar leibhéal náisiúnta.

**Fíor 11.9 Príomhghnéithe na seirbhíse in Éirinn i gcomparáid le dlínsí dlí choitinn eile.**

| Príomhghnéithe na seirbhíse | Éire | Tuaisceart Éireann | Sasana agus an Bhreatain Bheag | Albain |
|---|---|---|---|---|
| Tá ról an chaomhnóra *ad litem* sainmhínithe go soiléir. | ◑ | ● | ● | ● |
| Tá an tseirbhís á bainistiú ag comhlacht atá neamhspleách ar na páirtithe atá páirteach sna himeachtaí dlíthiúla. | ○ | ● | ● | ● |
| Tá painéal náisiúnta ann, nó taifead iomlán de na daoine ar féidir iad a cheapadh mar chaomhnóirí *ad litem*. | ○ | ● | ● | ● |
| Déantar grinnfhiosrúchan ar chaomhnóirí *ad litem* i bhfianaise critéar íosta incháilitheachta sula gceaptar iad. | ◑ | ● | ● | ● |
| Tá socruithe struchtúrtha i bhfeidhm chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí caomhnóirí *ad litem* | ◑ | ● | ● | ● |
| Tá socruithe struchtúrtha i bhfeidhm chun oiliúint a chur ar gcaomhnóirí *ad litem* | ◑ | ● | ● | ● |
| Tá bpríomhtháscairí feidhmíochta atá sainmhínithe go soiléir curtha i bhfeidhm. | ○ | ● | ● | ● |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
● Tá an ghné seo curtha i bhfeidhm ar fud na seirbhíse ar leibhéal náisiúnta
◑ Tá an ghné seo glactha a bheag nó a mhór ag na soláthraithe seirbhíse
○ Ní chuirtear an ghné seo i bhfeidhm ar an tseirbhís faoi láthair

## Conclúidí agus moltaí

**11.84** D'fhéadfadh Rialú na seirbhíse caomhnóra *ad litem* cabhrú lena chinntiú go mbeidh seirbhís chaighdeánaithe ardcháilíochta ar fáil. Cé go ndearnadh iarracht le treoirlínte BCAL, a foilsíodh i mBealtaine 2009, aghaidh a thabhairt ar an easpa a bhí ann maidir le caighdeáin chleachtais, ní féidir na treoirlínte a fhorfheidhmiú gan bonn reachtach a chur fúthu. Dá thoradh sin, tá easpa trédhearcachta le sonrú maidir le roghnú, clárú agus grinnfhiosrú na gcleachtóirí ar mhian leo gníomhú mar chaomhnóirí *ad litem*.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige go bhfuil a roinn i mbun tograí i láthair na huaire chun beartais a thabhairt chun críche maidir le hathchóiriú suntasach a dhéanamh ar fhorálacha reachtúla a rialaíonn socruithe maidir le caomhnóirí *ad litem* in imeachtaí faoin Acht um Chúram Leanaí 1991. Faoi réir formheas na moltaí ag an Aire agus an Rialtas, tá sé d'aidhm ag an Roinn an Scéim Ghinearálta agus Cinn an Bille a bheith ullmhaithe faoi dheireadh 2016 lena gcur faoi bhráid an Rialtais. Mar chéad chéim, fuair an tAire comhaontú i bprionsabal le déanaí ón Rialtais maidir le cur chuige beartais atá molta i leith hathchóiriú príomhghnéithe a bhaineann le caomhnóirí *ad litem*.

Cé go mbeidh na hathchóirithe mionsonraithe atá á moladh faoi réir fhaomhadh an Rialtais, tá sé beartaithe go gcuirfidh na bearta athchóirithe creat soiléir reachtúil ar fáil le haghaidh bhainistiú agus seachadadh seirbhíse náisiúnta caomhnóirí *ad litem*, lena n-áirítear grinnfhiosrú agus dearcthaí maidir le cáilíochtaí i bhfianaise treoirlínte BCAL. Tá sé i gceist go bhféadfar sonraí soiléire agus cuimsitheacha a thabhairt do na cúirteanna faoi na daoine go léir a bhféadfaí iad a cheapadh mar caomhnóirí *ad litem* in imeachtaí cúraim leanaí.

**11.85** Ós rud é gurb é Tusla an pámháistir reatha, tá sé freagrach as a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag cur rialuithe leordhóthanacha airgeadais i bhfeidhm ar íocaíochtaí a dhéantar le caomhnóirí *ad litem*. Níl aon taifead iomlán ann maidir le líon na gcásanna a cheaptar caomhnóirí *ad litem* le déileáil leo, ná ar an méid uaireanta a oibríonn siad ar an meán in aghaidh an cháis. Dá thoradh sin, níl ach cumas teoranta ag Tusla chun monatóireacht a dhéanamh ar mhéadrachtaí mar an meánchostas in aghaidh an cháis, nó cásanna a aithint agus a athbhreithniú a bhfuil costais níos airde ná an meán ag baint leo.

### Moladh 11.1

Ba cheart do Tusla leas a bhaint as an eolas atá ar fáil chun raon méadrachtaí feidhmíochta a fhorbairt, mar shampla meánchostas in aghaidh an cháis, meánualach cásanna na gccaomhnóirí *ad litem*, agus meánchostas na gcineálacha seirbhíse a chuireann caomhnóirí *ad litem* ar fáil, d'fhonn méideanna atá i bhfad ón meán a aithint agus dearbhú a fháil go bhfuil costais atá os cionn an mheáin iomchuí.

#### Freagra Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla

Aontaithe. Déanfaidh an Ghníomhaireacht iarracht modhanna a fhorbairt tuilleadh chun costais caomhnóirí *ad litem* aithint agus a thomhas chun méideanna atá i bhfad ón meán a aithint agus dearbhú a fháil go bhfuil costais atá os cionn an mheáin iomchuí.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Glacaim go hiomlán leis an moladh atá déanta maidir le Tusla. Rachaidh an Roinn i dteagmháil le Tusla d'fhonn feabhas a chur ar an gcur chuige maidir le seiceálacha réasúntachta agus athbhreithniú cúlghabhálach atá i bhfeidhm cheana féin, chomh maith le raon méadrachtaí feidhmíochta a fhorbairt.

**11.86** Níor tugadh freagracht d'aon chomhlacht Stáit as monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an tseirbhís chaomhnóra *ad litem*. Dá thoradh sin, níl faisnéis iontaofa ar fáil faoi fheidhmiú na seirbhíse. Níl aon próisis i bhfeidhm chun an t-éileamh ar an tseirbhís a thomhas, feidhmíocht a mheasúnú, ná déileáil le gearáin. Thairis sin, níl méadraigh lárnacha ar fáil don Roinn chun na costais a bhfuiltear ag súil leo a thuar agus buiséid a cheapadh dóibh. Lena chois sin, is cosúil go bhfuil an dualgas atá ar Tusla chun íoc as costais chaomhnóirí *ad litem* contrártha do treoirlínte BCAL ar neamhspleáchas.

**Moladh 11.2**

Ba cheart freagracht as bainistiú agus maoirsiú na seirbhíse a shannadh chuig aonán amháin, agus b'fhearr fós í a shannadh chuig comhlacht atá neamhspleách ar na himeachtaí dlíthiúla. Ba cheart don chomhlacht sin faisnéis staitistiúil iontaofa a fháil agus a úsáid chun an t-éileamh ar an tseirbhís a thuar, buiséad a cheapadh dá réir, agus príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt, a d'fhéadfadh bearta tráthúlachta agus caighdeán na seirbhíse a soláthraíodh a bheith san áireamh leo, chun go bhféadfar feidhmíocht a bhainistiú.

Idir an dá linn, ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leas a bhaint as an eolas atá ar fáil faoi láthair ó Tusla chun na críche sin.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Faoi réir fhaomhadh an Rialtais, déanfar iarracht sna leasuithe reachtaíochta freagracht as bainistíocht agus maoirseacht na seirbhíse athchóirithe a shannadh chuig aonán amháin a bheidh neamhspleách ar na páirtithe sna himeachtaí. Beidh bailiú faisnéise staidrimh agus aithint/cur i bhfeidhm príomhtháscairí oiriúnacha feidhmíochta mar chuid de na socruithe a dhéanfar leis an soláthraí seirbhíse náisiúnta.

Go dtí go mbeidh soláthraí seirbhíse náisiúnta ceaptha agus ag feidhmiú, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag dul i dteagmháil le Tusla chun léargas riachtanach a fháil ar na próisis, na cúrsaí praiticiúla agus na tréimhsí ama atá i gceist.

**11.87** De na costais dhlíthiúla €5.9 milliún a íocadh ó thaobh caomhnóirí *ad litem* in 2015, bhain €5.6 milliún díobh le híocaíochtaí níos mó ná €25,000 a rinneadh le dhaoine aonair nó le gnólachtaí. Is é sin an gnáthleibhéal ar a bhfuil sé riachtanach iomaíocht oscailte le haghaidh soláthar poiblí a bheith ann. Ciallaíonn an bealach a sholáthraíonn caomhnóir *ad litem* ionadaíocht dhlíthiúil nach bhfuil aon eintiteas amháin ann atá freagrach as seirbhísí a sholáthar, agus dá réir sin nach bhfuil na seirbhísí faoi réir soláthair iomaíoch.

**Moladh 11.3**

Ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na roghanna a scrúdú trína bhféadadh caomhnóirí *ad litem* ionadaithe dlíthiúla a fhostú trí phróiseas tairisceana iomaíoch.

### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Faoi réir fhaomhadh an Rialtais, beidh foráil maidir le bearta athchóirithe sa reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar seirbhísí dlíthiúla do chaomhnóirí *ad litem*. Déanfar roinnt roghanna a scrúdú, lena n-áirítear próiseas tairisceana iomaíoch, chun bonn caighdeánach a thabhairt isteach chun a leithéid de sheirbhísí a fháil ar bhealach a bheidh chomh trédhearcach, éifeachtach ó thaobh costais de, cobhsaí agus intuartha agus is féidir.

## Iarscríbhinn A Breithiúnas an Bhreithimh MacMenamin i gcás FSS v K (mionaoiseach), 2007

### *Comhthéacs an bhreithiúnais*

Thug an Bhreithimh MacMenamin an breithiúnas seo i gcás FSS v K (mionaoiseach) 2007 agus thug sé é i gcomhthéacs cás sainchúraim.

Is éard is sanchúram ná cúram gearrthéarmach i dtimpeallacht theiripeach dhaingnithe ar a dtugtar aonad sainchúraim. Nuair a tógtar leanbh faoi chúram de bhun ordú sainchúraim cuirtear é nó í go haonad sainchúraim agus coinnítear ann é nó í ar mhaithe lena leas agus a c(h)osaint féin. Mar gheall ar an srian a chuirtear ar shaoirse an linbh, ní féidir socrúcháin sainchúraim a dhéanamh ach amháin de bhun Ordú na hArd-Chúirte.

Cé mbaineann an ról atá ag an chaomhnóir *ad litem* a bhfuil cur síos air sa bhreithiúnas seo go sonrach le cásanna sainchúraim, baineann na feidhmeanna a bhfuil cur síos orthu le ról na gcaomhnóirí *ar litem* in imeachtaí cúraim i gcoitinne.

Tugadh an breithiúnas thíos nuair a bhí FSS freagrach as cúram agus leas an linbh. Tá an fhreagracht sin ar Tusla ó 2014 i leith.

### *Sliocht as an mbreithiúnas*

59. 6. Ról an chaomhnóra *ad litem*

Tá sé ráite:-

(a) Mura bhfuil imthosca eisceachtúla ann ní ghlacfar ach le caomhnóirí *ad litem* a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu in imeachtaí san Ard-Chúirt a bhaineann le Liosta na Mionaoiseach.

(b) Ba cheart go mbeadh dhá ghné ag baint le feidhm an chaomhnóra; tuairimí an linbh a chur os comhair na cúirte ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos tuairimí an chaomhnóra thabhairt i dtaobh cad é leas an linbh.

(c) Ba cheart do caomhnóir *ad litem* insint d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi aon rioscaí a chreideann sé nó sí a d’fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar leas an linbh, agus más rud é nach bhfuil sé nó sí sásta leis an bhfreagra a thugtar féadfaidh sé nó sí insint don chúirt faoin ábhar. Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* bearta a dhéanamh nuair is gá chun comhoibriú le gairmithe cúraim eile atá ag déileáil leis an mionaoiseach agus eolas a roinnt leo nuair is ábhartha.

(d) Tá sé de dhualgas ar chaomhnóir *ad litem* féachaint chuige go gcloífear le cearta bunreachtúla an mionaoisigh. Chuige sin, ba cheart don chaomhnóir a chinntiú go dtugtar deis don mionaoiseach a thuairimí nó a tuairimí a nochtadh.

(e) Féadfaidh chaomhnóra *ad litem* an dhá fheidhm a chomhlíonadh maidir le tuairisc a thabhairt don chúirt faoi chúram an linbh agus freisin trí ghníomhú mar ionadaí an linbh in aon imeachtaí cúirte agus sa tslí sin dearcthaí an linbh a chur in iúl don chúirt.

(f) Nuair a bhíonn iarratas coinneála déanta mar aon le hiarratas ar cheapadh caomhnóra *ad litem* ba cheart a leithéid d'eolas bunúsach a thabhairt don chúirt is a shásódh í go bhfuil an duine sin ina (h)iarrthóir oiriúnach le gníomhú mar chaomhnóir *ad litem*. Go háirithe, ba cheart cáilíochtaí an chaomhnóra *ad litem* a insint don chúirt mar aon le mionsonraí maidir le haon ghrinnfhiosrúchán a rinne an Garda Síochána ar an duine sin.

(g) Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* bualadh leis an mionaoiseach a mhinice agus is gá le bheith sásta go gcuirtear mianta agus tuairimí an mhionaoisigh faoina a choinneáil agus a chúram (nó faoina coinneáil agus a cúram) go leordhóthanach os comhair na cúirte.

(h) Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* bualadh le teaghlach nó le cúramóirí an mhionaoisigh i measc an phobail chun a gcuid tuairimí agus mianta maidir le coinneáil agus cúram an mhionaoisigh a fháil amach.

(i) Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* a fháil amach faoi stair an mhionaoisigh agus faoi idirghníomhú an mhionaoisigh leis na gníomhaireachtaí seirbhíse sóisialta éagsúla.

(j) Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* iarracht a dhéanamh idirghníomhú ar bhealach dearfach le foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhfuil sé de chúram orthu monatóireacht a dhéanamh ar chúram an mhionaoisigh fad atá sé nó sí faoi choinneáil. Ba cheart don chaomhnóir a áirithiú go gcuirtear a dtuairimí siúd maidir le leas an mhionaoisigh in iúl ag gach cruinniú comhdhála a reáchtálann FSS faoin gcás chun cúram an mhionaoisigh a phlé, agus ba cheart go mbeadh eolas aige nó aici faoi thoradh na gcinntí a dhéantar ag a leithéid de chruinniú.

(k) Nuair a bhíonn imeachtaí liostaithe os comhair na cúirte, ba cheart don chaomhnóir *ad litem*, nuair is gá, tuarascáil a ullmhú a thabharfaidh aghaidh go sonrach ar na saincheisteanna atá leagtha amach thuas. Ina theannta sin, nuair a thagann saincheisteanna chun cinn óna bhfuil i dtuarascálacha eile a ullmhaíonn páirtithe eile sna himeachtaí don chúirt, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* déileáil leis na saincheisteanna sin sa tuarascáil más gá é. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil na tuarascálacha sin ar fáil don chaomhnóir *ad litem* in am trátha.

(l) Nuair a mholann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go ndéanfar mionaoiseach a scaoileadh amach as cúram daingean, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* dearcadh an linbh ar a s(h)ocrúchán nua a chur in iúl don chúirt. Lena chois sin, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* a thuairim nó a tuairim ghairmiúil a chur in iúl don chúirt faoina leithéid d'athrú agus faoin socrúchán nua atá beartaithe.

(m) I gcás go mbíonn tuairimí éagsúla faoi chúram an mhionaoisigh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag an gcaomhnóir *ad litem*, ba cheart don chaomhnóir iarracht a dhéanamh ar dtús an cheist a réiteach le FSS. Más rud é, áfach, nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* a insint don chúirt a luaithe agus is indéanta faoi na hábhair imní atá aige nó aici.

(n) Má tharlaíonn sé go n-éalaíonn mionaoiseach ó chúram daingean agus má bhíonn sé sin ar eolas ag an gcaomhnóir *ad litem*, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* a bheith sásta go bhfuil bearta á nglacadh chun an fhadhb a réiteach. Má bhíonn an cheist fós gan réiteach, ba cheart don chaomhnóir *ad litem* bearta a ghlacadh lena cur in iúl don chúirt go bhfuil an mionaoiseach ar iarraidh ach ba cheart a insint don FSS roimh ré go bhfuil sé nó sí ar tí é sin a dhéanamh.

(o) Ba cheart don chaomhnóir *ad litem* a thuairim nó a tuairim chur iúl don chúirt faoin mbealach is fearr chun an cás a choinneáil faoi athbhreithniú tar éis don mhionaoiseach a bheith scaoilte amach ó chúram daingean. Nuair scaoiltear mionaoiseach amach óna leithéid de cúram ba cheart go ndeimhneodh an caomhnóir *ad litem* don chúirt cibé an bhfuil sé nó sí chun leanúint ar aghaidh agus páirt aige nó aici sna himeachtaí nó nach bhfuil.

# Iarscríbhinn B Cuid 1 de threoirlínte An Bhoird Chomhairligh um Achtanna na Leanaí - “Giving a voice to children’s wishes, feelings and interests” (Guth a thabhairt do mhianta, mothúcháin agus leasanna leanaí) Bealtaine 2009

## Section 1: Guidance for the Role, Appointment, Qualifications and Training of Guardians *ad Litem*

### 1.1 Role

Following the CAAB’s consultation with national stakeholders it was agreed that the role of the guardian *ad litem* should be to “**independently establish the wishes, feelings and interests of the child and present them to the court with recommendations**”.

The guardian *ad litem* has a dual role, to inform the court of the child’s wishes and feelings and to advise on the child’s best interests.

This role informs – or at the very least influences – the appointment, qualifications and specific training of candidates for the role of guardian *ad litem*.

In this light, Section 1 is the core of the document, setting the tone for what follows in Sections 2 and 3. Section 1 looks at good practice standards for the role, appointment criteria, qualifications, and finally training.

### 1.2 Standards for Good Practice

#### 1.2.1 Summary of Standards

In providing independent representation to a child who is the subject of child care proceedings under the Act of 1991, the guardian *ad litem* must recognise the Health Service Executive’s responsibility for management of any case in which s/he is involved. The following standards are applicable to the various aspects of the role of a guardian *ad litem*:

(a) **Independence:** the guardian *ad litem* is independent of all other professionals and agency staff involved with the child and family.

(b) **Inclusiveness:** the guardian *ad litem* shall ensure that the views of all parties and others of significance are taken into account.

(c) **Inquiry into the child’s circumstances:** the guardian *ad litem*’s approach to the task shall be planned, focused, and flexible. Avoiding delay, other than planned and purposeful, will be a priority. The inquiry shall comply with the provisions of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003, and the Data Protection Acts, 1998 and 2003.

(d) **Interests of the child:** the guardian *ad litem* shall meet the child as often as necessary to be satisfied that his/her wishes, feelings and interests are ascertained and adequately represented to the court.

(e) **Evaluation and report:** the guardian *ad litem* shall complete a written report for the court, unless the exceptional nature of the case requires otherwise.

(f) **Attendance at court:** the guardian *ad litem* shall attend on all court dates unless excused by the court.

(g) **Closing the case:** when proceedings have concluded, the guardian *ad litem’s* involvement in the case ceases. However, if the case is scheduled for further review, s/he shall seek clarification from the court regarding its expectations of his/her further involvement.

These standards are now examined in more depth.

#### 1.2.2 Independence

The guardian *ad litem* is independent of all other professionals and agency staff involved with the child and family.

To achieve this, a guardian *ad litem* shall:

(a) Avoid cases where there may be a conflict or a perceived conflict of interest for him/her and notify the court of any possible conflict that may arise in the course of proceedings.

(b) Take professional responsibility for his/her assessment and recommendations in each case and be accountable to the court.

(c) Seek to achieve an appropriate outcome based on the wishes, feelings and interests of the child through adopting a partnership approach and consulting and involving all parties.

### 1.2.3 Inclusiveness

The guardian *ad litem* shall ensure that the views of all parties and others of significance are taken into account.

To achieve this, a guardian shall:

(a) Ensure the child is aware of what is happening throughout the proceedings and of the outcome.

(b) Taking into account the age and/or level of maturity of the child and using professional judgment, consider sharing some or all of the contents of his/her report with the child.

(c) Ensure his/her report is made available to all parties, via their legal representatives where appropriate, and that recommendations are included.

(d) Explain the nature and purpose of expert assessments and examinations which s/he recommends and seek the agreement of all parties on such provision.

### 1.2.4 Inquiry into the Child's Circumstances

The guardian *ad litem*'s approach to the task shall be planned, focused and flexible. Avoiding delay, other than that which is planned and purposeful, will be a priority. The inquiry shall comply with the provisions of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003, and the Data Protection Acts, 1998 and 2003.

In conducting an inquiry a guardian *ad litem* shall:

(a) Address areas relevant to the particular court proceedings.

(b) Record initial and updated plans throughout the investigation and retain these together with notes and other documentation acquired throughout the inquiry.

(c) Inform the child of the nature and purpose of the guardian *ad litem's* role.

(d) Be aware of the duty of confidentiality under the provisions of Children First National Guidelines 1999 whether updated, amended or replaced, professional confidentiality, the limitations of confidentiality in certain circumstances and the rights to privacy.

(e) Comply with the requirements of the Data Protection Acts, 1998 and 2003 and the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003 together with the rights to privacy of all individuals.

### 1.2.5 Interests of the Child

The guardian *ad litem* shall meet the child as often as necessary to be satisfied that his/her wishes, feelings and interests are adequately represented to the court.

To achieve this, a guardian *ad litem* shall:

(a) Regularly analyse, review and assess any risks to the child.

(b) Continually focus on the need to arrive at specific decisions that are in the child's interests and evaluate all information obtained throughout the inquiry taking account of the rights of the child and his/her parent(s), guardian(s) or carer(s).

(c) Report on any other issues as appropriate as directed or requested by the court.

(d) State for the court's assistance, key areas of agreement and disagreement between the relevant parties including the child, to the proceedings.

(e) Comment on the criteria for making an order for the proceedings in question.

(f) Consider whether it is in the child's interests to seek the appointment of a legal representative to represent the child in the proceedings.

(g) Consider seeking the approval of the court regarding:

1. The appointment of a legal representative for the guardian *ad litem*.
2. Consulting where necessary, with a legal professional regarding legal issues in the proceedings.

(h) In particular, when representing children in special care or civil detention, a guardian *ad litem* shall:

1. Keep in mind the constitutional rights of the child and his/her parents.
2. Inquire into the circumstances in which the child is placed in a special care unit or civil detention by High Court Order, reporting to the court on the suitability of the placement, the appropriateness of the care plan and any alternatives.

### 1.2.6 Evaluation and Report

The guardian *ad litem* shall complete a written report for the court, unless the exceptional nature of the case requires otherwise.

To achieve this, a guardian *ad litem* shall:

(a) Systematically analyse all the material gathered before writing the report.

(b) Address significant differences in views and incorporate these into the report.

(c) Focus on a well-argued independent case analysis containing clear recommendations to help the court make appropriate decisions for the child.

(d) Consider and report on all options open to the court and indicate the suitability or otherwise of each.

(e) Be familiar with all work undertaken together with its relevance and refer to relevant professional knowledge and research findings in support of recommendations.

(f) Not duplicate work done elsewhere.

(g) Not take on the responsibilities of other service providers or agencies.

(h) Highlight any issues regarding the services available to the child.

(i) Ensure that where interim reports are requested by the court, each report contains up-to-date information.

(j) Make reports available to all parties involved before the next court date, the timetabling for which should be agreed at previous hearings.

### 1.2.7 Attendance at Court

The guardian *ad litem* shall attend on all court dates unless excused by the court.

The purpose of attending will be to:

(a) Present a report to the court and be available to give evidence.

(b) Bring to the court's attention any urgent matter affecting or likely to affect the child's rights, well-being and interests.

(c) Assist in the overall court management of the case by contributing at court hearings relevant views which focus on the child's needs.

(d) Alert the court to issues of avoidable delay in decision-making for the child.

### 1.2.8 Closing the Case

When proceedings have concluded, the guardian *ad litem's* involvement in the case ceases. If the case is scheduled for further review, the guardian *ad litem* shall seek the court's clarification on its expectations of his/her further involvement.

In addition:

(a) When proceedings conclude, the guardian *ad litem* shall advise the child of the outcome of the case and of the termination of his/her involvement.

(b) S/he shall inform other relevant individuals, for example expert witnesses, of the outcome of the court hearing and that the guardian *ad litem's* involvement has concluded.

(c) At the close of proceedings the guardian *ad litem* shall ensure that appropriate security measures are taken against unauthorised access to, or alteration, disclosure or destruction of any data gathered during the course of the case and against their accidental loss or destruction in accordance with the provisions of Section 2(1)(d) of the Data Protection Act, 1988.

## 1.3 Appointment Standards

### 1.3.1 Interpretation of the Term 'Criteria for Appointment'

It was further acknowledged during the consultative process that the term 'criteria for appointment' could have two meanings. Firstly that those wishing to become guardians *ad litem* shall comply with the eligibility criteria set out in 1.3.2 below; and secondly, that the court may consider the guidance suggested by the CAAB in deciding to appoint a guardian *ad litem* to a specific case as described in 1.3.3.

### 1.3.2 Eligibility for Appointment to the Role of Guardian *ad Litem*

To be eligible for appointment to the role of guardian *ad litem*, the following criteria shall be adhered to:

(a) Candidates for the role of guardian *ad litem* must be vetted by An Garda Siochána.

(b) Candidates must be prepared to provide a self-declared statement of fitness to practice every three years.

(c) If a candidate has lived in any country other than Ireland for longer than three months, s/he must be vetted by the police of that country.

(d) Candidates must supply the required number of references.

(e) Candidates must have a third level qualification in, social work recognised by the National Social Work Qualifications Board, psychology or other third level qualification relevant to the role.

(f) Candidates must have at least five years' postgraduate experience of working directly in child welfare/ protection systems.

### 1.3.3 Guidance on the Appointment of a Guardian *ad Litem* by a Court in a Specific Case

Areas of consideration that may influence the appointment of guardians *ad litem* to specific cases shall include:

(a) Only suitably qualified persons, as outlined at 2.4 shall be appointed as guardians *ad litem*.

(b) The complexity of the case, for example where there is a difficulty in identifying an appropriate placement for the child.

(c) The ability of the child concerned to express his/her wishes and feelings.

(d) The nature of the proceedings and the implications for child and family, for instance in some circumstances, there may be the possibility of long-term separation from parents, siblings or extended family.

(e) Cases, where there is reduced or no parental support or where parent(s)/guardian(s) are absent.

(f) Cases where there are issues about a child's identity, nationality or entitlement to residence in the jurisdiction. S/he may be separated from his/her family or be an unaccompanied minor.

(g) Cases where a child's liberty is at issue, for example where the young person's emotional and behavioural needs can only be met at that time by a secure placement in a special care unit and where the HSE seeks a special care placement for the child.

(h) Cases where other circumstances exist as determined by a court, such as the effects on the child of an out-of-state placement due to the unavailability of an appropriate placement nationally.

(i) A guardian *ad litem* who has been appointed to represent a child in previous proceedings may be appointed in new proceedings.

### 1.3.4 Interests of the Child, Justice and Benefit to the Court

**Overview**

In addition to 1.3.3 above, legislation states that when a court appoints a guardian *ad litem* it must be satisfied that to do so is in the interests of the child and justice. Additionally, there should be a benefit to the court in making such an appointment. The interests of each of these may and sometimes do overlap. The following are examples of how the interests of the child and justice can be served and benefits to the court can be achieved.

#### 1.3.4.1 Interests of the Child

Appointing a guardian *ad litem* can serve the child's interests by:

(a) Examining the nature of proceedings and the implications of the proceedings for the child, his/her family, parent(s), guardian(s) or carer(s).

(b) Ensuring the complexity of the case does not prevent achieving an appropriate outcome to the proceedings.

(c) Assessing the child's ability to express his/her wishes and feelings and ensuring these are communicated to the court.

(d) Ensuring the child's circumstances are considered in every case.

(e) Considering and addressing areas of disagreement between parties and the possible implications of any disagreement for a child who is the subject of care proceedings.

#### 1.3.4.2 Interests of Justice

Appointing a guardian *ad litem* can serve justice by:

(a) Determining the nature of the proceedings before the court.

(b) Assessing the complexity or otherwise of the case.

(c) Identifying possible areas of disagreement between parties that can affect the outcome of the case.

#### 1.3.4.3 Benefit to the Court

Appointments may be made by a court of its own motion or following an application by a party to the proceedings.

A guardian *ad litem* can be of benefit to the court by:

(a) Ensuring that the wishes, feelings and interests of the child are made known to the court.

(b) Assisting the court with independent professional advice.

In addition, during the consultative process, stakeholders acknowledged that independent appointments made by the court ensured that guardians *ad litem* were seen to be and were in effect independent.

The following are important in maintaining the independent role of the guardian *ad litem*:

(c) The court of its own motion appointing a guardian *ad litem*.

(d) The court appointing a guardian *ad litem* based on the application of any party to the proceedings.

(e) The court independently appointing a guardian *ad litem*.

## 1.4 Standards for Qualification

Guardians *ad litem* shall meet certain standards in order to qualify for the role namely:

(a) Possess a third level qualification in, social work recognised by the National Social Work Qualifications Board, psychology or other third level qualification relevant to the role.

(b) Have a minimum of five years postgraduate direct experience in child welfare and/or protection work.

(c) Have an understanding of child care and family law.

(d) Have knowledge and experience of the courts system.

(e) Possess analytical capability.

(f) Possess the ability to assess and understand complex family relationships.

(g) Have well-developed inter-personal skills.

(h) Be skilled in communicating with children of different ages and circumstances.

(i) Have relevant report writing skills.

## 1.5 Standards for Training

During the consultation process, stakeholders broadly agreed that training was important for guardians *ad litem*. The child care and legislation landscapes are constantly changing and guardians *ad litem* must keep up with these changes if they are to play an effective role in representing children. Training can help them to be properly briefed in all areas in which they operate. This is covered in more detail in 2.5.

With this in mind, any training undergone shall:

(a) Be directly related to the consistent provision of a guardian *ad litem* service.

(b) Enhance existing knowledge, skills and values.

(c) Ensure continuous professional development.

(d) Develop new relevant skills and knowledge.

(e) Help to improve performance and service delivery.

# Na Coimisinéirí Ioncaim

# 12 Dul i ngleic Sciúradh Breosla

**12.1** In 2015, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €2.6 billiún mar dhleacht mháil ar olaí mianracha mar cháin ola mianraí agus mar cháin charbóin. B'ionann é sin agus beagnach leath (47%) den dleacht máil iomlán €5.5 billiún a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim i rith na bliana sin.

**12.2** Tá gach cáin faoi réir riosca calaoise agus imghabhála. I gcás olaí mianracha, úsáideann 'lucht sciúrtha' breosla teicnící chun marcóirí a bhaint as an mbreosla sa chaoi nach mbíonn éifeacht ag na tástálacha radhairc chun úsáid bhreosla mhídhleathach a bhraith. Trí dheireadh a chur leis marcóir is féidir breosla atá faoi réir ráta níos ísle dleachta máil agus CBL a dhíol mar bhreosla a bhfuil praghas díola níos airde aige.

**12.3** Tá roinnt tionscnamh tugtha isteach ag na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid de Straitéis Olaí Mianracha a chuireadh i bhfeidhm in 2011 chun dul i ngleic leis an margadh aindleathach breosla agus le sciúradh breosla in Éirinn.

**12.4** Scrúdaítear sa tuarascáil seo


- na bearta a ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas chun dul i ngleic le sciúradh breosla
- an costas don Stát de bharr na gcánacha nár bailíodh de thoradh sciúradh breosla.

## Dleacht máil

**12.5** Tá trí chatagóir de tháirgí inmháil ann - olaí mianracha, alcól agus deochanna alcólacha, agus táirgí monaraithe tobac. Bíonn dleachtanna máil inmhuirir chomh maith ar áitribh nó ar ghníomhaíochtaí áirithe (mar shampla, ar ghealltóireacht agus ar cheadúnais um mhiondíol deochanna meisciúla). [1] Léirítear i bhFíor 12.1 na fáltais mháil a bhaineann le holaí mianracha mar chion den dleacht máil iomlán a bailíodh sa tréimhse ó 2010 go 2015. Tá miondealú mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn A ar an dleacht máil a bailíodh idir 2010 agus 2015.

1 Tá na rátaí dleachta le fáil ag www.Revenue.ie.

**Fíor 12.1 Dleacht máil a bailíodh, mar chéatadán d'fháltais mháil iomlána, ó 2010 go 2015**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: Cuimsíonn na figiúirí faoi 'dleacht máil ar olaí mianracha' dleacht máil ar ola agus cáin charbóin.

## Sciúradh breosla

**12.6** Tá dhá phríomhchineál ola dhíosail - díosal bóthair agus ola gáis mharcáilte


- úsáidtear **díosal bóthair** mar bhreosla le haghaidh feithiclí iompair agus feithiclí paisinéirí
- tá **ola gáis mharcáilte** ceaptha lena húsáid i dtionscal (mar shampla i dtrealamh tógála ar nós forcardaitheoirí, comhbhrúiteoirí, gineadóirí iniompartha), trealaimh talmhaíochta (ar nós tarracóirí) agus córais téite tí.

**12.7** Tá ola gáis mharcáilte faoi réir ráta i bhfad níos ísle dleachta máil agus CBL ná díosail bóthair.[1] Bíonn sí marcáilte le ruaimeanna breosla agus ceimiceáin chun idirdhealú a dhéanamh idir í agus díosail bóthair. Próiseas neamhdhleathach is ea sciúradh breosla chun na marcóirí a bhaint agus díoltar an breosla glanta ansin lena úsáid i bhfeithiclí bóthair.

**12.8** Is é an príomhrud atá ag spreagadh sciúradh breosla ná an difríocht atá idir praghas ola gáis mharcáilte agus praghas díosail bóthair. Nuair a bhíonn an marcóir bainte as ola gáis mharcáilte, is féidir é a dhíol mar dhíosal bóthair agus tairbhe a bhaint as na praghsanna níos airde le haghaidh díosail bóthair. Tá meastachán leagtha amach i bhFíor 12.2 ar an difríocht idir na praghsanna i gcás tancaer lán d'ola gáis mharcáilte agus tancaer lán de dhíosal bóthair.

1 Bíonn díosal bóthair faoi réir CBL ar ráta 23% agus dleacht mháil ar ráta 48 cent in aghaidh an lítir; Bíonn ola gáis mharcáilte faoi réir CBL ar ráta 13.5% agus dleacht mháil ar ráta 10 cent in aghaidh an lítir.

**Fíor 12. 2 An Difríocht idir praghsanna ola gáis mharcáilte agus díosail bóthair**




Foinse: Tá na praghsanna breosla tógtha ó shuirbhé a rinne Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ar phraghsanna bhreosla (meánphragsanna náisiúnta), Meitheamh 2016. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Glactar leis go bhfuil thart faoi 38,000 lítear i dtancaer ola.

b Bhí meastachán in aighneacht Chumann Miondíoltóirí Peitril na hÉireann chuig an gComhchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus an Ghaeltacht i mí Eanáir 2012 go gcailleann na Coimisinéirí Ioncaim luach €20,000 in aghaidh gach tancaeir de bhreosla sciúrtha.

## Tionscnaimh chun dul i ngleic le sciúradh breosla

**12.9** In 2011, tugadh feidhm do Threoir ón AE a d'éiligh go ndéanfaí cion sulfair ola gáis mharcáilte a bhí a dhíol le húsáid i innealra soghluaiste neamhbhóthair a laghdú go dtí an leibhéal céanna is a bhí i ndíosal bóthair.[1] Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh sé níos deacra breosla sciúrtha a bhrath, rud a mhéadaigh an baol ó thaobh sciúradh breosla.

**12.10** Mar fhreagra air seo, d'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim straitéis chun dul i ngleic le trádáil neamhdhleathach olaí mianracha. Leagadh amach ocht gcuspóir chuige sin mar aon le roinnt gníomhartha gaolmhara le haghaidh gach cuspóir díobh. Tá na cuspóirí straitéiseacha leagtha amach i bhFíor 12.3 mar aon le measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm gach ceann acu go dtí seo.

1 Áirítear tarracóirí, trealamh talmhaíochta, trealamh tógála, gineadóirí iniompartha agus forcardaitheoirí mar i innealra soghluaiste neamhbhóthair. Tá sonraíocht níos airde sulfair i gcónaí ag ola gáis a bhfuil sé beartaítear í a úsáid i gcórais téite tí, i trealamh seasta nó mar bhreosla mara.

**Fíor 12.3 Cur i bhfeidhm Straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Olaí Mianracha**

| Cuspóir straitéiseach | Dul chun cinn déanta[a] |
|---|---|
| Cur i bhfeidhm dian | 🟢 |
| Líon na n-ionchúiseamh a mhéadú | 🟢 |
| Trádáil dhlisteanach a choinneáil amhlaidh | 🟢 |
| Comhoibriú a fheabhsú | 🟢 |
| Cumas TF a fheabhsú | 🟡 |
| An dlí a neartú | 🟢 |
| Feabhas a chur ar mharcáil olaí mianracha | 🟢 |
| An t-éileamh ar olaí mianraí neamhdhleathacha a laghdú | 🟢 |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: 🟢 Dul chun cinn suntasach déanta

🟡 Roinnt dul chun cinn déanta

**12.11** Tá na príomhbhearta a tugadh isteach le dul i ngleic le sciúradh breosla agus na dátaí ar cuireadh i bhfeidhm iad leagtha amach i bhFíor 12.4.

**Fíor 12.4 Bearta na gCoimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le sciúradh breosla**

| Bliain | | |
|---|---|---|
| 2011 | **Straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim um Olaí Mianracha** | |
| 2012 | **Iúil**<br>Bíonn ceadúnas bliantúil mar thrádálaí breosla carranna riachtanach do trádálaithe i gcás gach áitreabh a tháirgeann, a dhíolann, a sheachadann nó dhéileálann in, olaí mianracha le húsáid i bhfeithiclí mótair. Bhí 2,269 gceadúnas den sórt sin liostaithe sa tréimhse 2015/2016. | **Deireadh Fómhair**<br>Bíonn ceadúnas bliantúil mar thrádálaí breosla marcáilte riachtanach do thrádálaithe i gcás gach áitreabh ina dtáirgtear, ina ndíoltar, ina ndéileáiltear nó óna seachadtar ola gáis mharcáilte nó ceirisín marcáilte. Bhí 1,403 cheadúnas den sórt sin liostaithe sa tréimhse 2015/2016. |
| 2013 | **Eanáir**<br>Tugadh isteach córas tuairiscithe slabhra soláthair lena n-áirítear foirm éigeantach le haghaidh Tuairisceán míosúil faoi Ghluaiseachtaí Ola (ROM 1) inar gá sonraí a iontráil maidir le gluaiseacht stoic isteach agus gluaiseacht stoic amach. Ba é 98% an meánráta comhlíonta maidir le seoladh isteach an tuairisceáin sa tréimhse 2013 go 2015. | **Nollaig**<br>Cuireadh trádálaithe breosla mharcáilte faoi dhliteanas as cáin seachanta, dá mba rud é go gur sholáthair siad breosla marcáilte go meargánta. |
| 2014 | **Nollaig**<br>Forais chun síneadh ceadúnais a dhiúltú nó ceadúnas a chúlghairm. Cumhachtaí breise ag na Coimisinéirí Ioncaim chun faisnéis a iarradh maidir le hiarratas ar cheadúnas. | |
| 2015 | **Eanáir**<br>Tús curtha leis an tionscadal comhlíonta náisiúnta ola mianraí<br><br>**Aibreán**<br>Marcóir nua breosla tugtha isteach in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (RA). | **Meán Fómhair**<br>Tús curtha le tabhairt isteach anailíseoirí iniompartha ar bhonn céimnithe.<br><br>Clár náisiúnta samplála bunaithe ar riosca curtha i bhfeidhm. 1,515 shampla tógtha faoi Iúil 2016. |
| 2016 | **Eanáir**<br>• Cód iompair ghnó maidir le soláthar na mbreoslaí marcáilte foilsithe ag an Irish Petroleum Industry Association i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim.<br>• Rinneadh cleachtadh samplála randamach ar shealbhóirí ceadúnais breosla i mí Eanáir 2016. Tástáladh 197 sampla agus ní bhfuarthas aon fhianaise den mharcóir nua.[a] | **Bealtaine**<br>Tuarascáil faoin tionscadal comhlíonta náisiúnta ola mianraí. |
| 2017 | **Feabhra (beartaithe)**<br>Cáin ola mianraí a chomhtháthú i gcóras príomhshrutha TF na gCoimisinéirí Ioncaim chun cáin a bhailiú agus a thuairisciú.[b] Is éard a bheidh mar thoradh air seo ná anailís riosca feabhsaithe. | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Tá an obair seo mar chuid den chlár náisiúnta samplála riosca-bhunaithe a tugadh isteach i Meán Fómhair 2015.
b Níl dleacht máil ina dlúthchuid fós de chóras príomhshrutha TF na gCoimisinéirí Ioncaim.

**12.12** Tá torthaí na ngníomhaíochtaí comhlíonta éagsúla sa tréimhse ó 2010 go 2015 leagtha amach i bhFíor 12.5.

**Fíor 12.5 Torthaí gníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim, 2010 go 2015**

| Bliain | Stáisiúin bhreosla dúnta | Urghabhálacha tráchtála | | Obair sciúrtha braite | Ciontuithe/ socruithe maidir le cionta ola |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon | Lítir | | |
| 2010 | —[a] | 40 | 138,484 | 4 | 11 |
| 2011 | 32 | 88 | 718,181 | 9 | 12 |
| 2012 | 57 | 86 | 914,087 | 11 | 19 |
| 2013 | 30 | 67 | 771,232 | 9 | 14 |
| 2014 | 15 | 32 | 150,800 | 2 | 9 |
| 2015 | 15 | 47 | 215,132 | — | 2 |
| **Iomlán** | **149** | **360** | **2,907,916** | **35** | **67** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ag gníomhú ó lár 2011 in aghaidh stáisiúin pheitril a bhí gan cheadúnas agus freisin in aghaidh stáisiúin ar theip orthu cloí le coinníollacha a gceadúnas.

**12.13** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim clár samplála náisiúnta i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2015. Tógadh 1,515 sampla agus próiseáladh le hanailíseoirí iniompartha iad. Tá torthaí na samplaí a tógadh leagtha amach i bhFíor 12.6.

**Fíor 12.6 Torthaí an chláir samplála náisiúnta, Meán Fómhair 2015 go dtí Iúil 2016**

| Réigiún de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim | Samplaí a tástáladh[a] | Braith dhearfacha deimhnithe ag an tSaotharlann Stáit | Braith dhearfacha mar % de na samplaí a tástáladh | Ionchúisimh a tionscnaíodh[b] |
|---|---|---|---|---|
| Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair | 638 | 31 | 4.9% | 6 |
| Réigiúin an Oirthir agus an Oirdheiscirt | 286 | 11 | 3.8% | 3 |
| Réigiún an Iardheiscirt | 349 | — | — | — |
| Baile Átha Cliath | 242 | 2 | 0.8% | 1 |
| **Iomlán** | **1,515** | **44** | **2.9%** | **10** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a San áireamh sna 1,515 shampla a tástáladh tá na samplaí a tástáladh i Eanáir 2016 mar chuid den chleachtadh samplála randamaí a rinneadh ar shealbhóirí ceadúnas breosla.

b Torthaí go dtí an 15 Lúnasa, 2016

**12.14** Mar atá le feiceáil i bhFíor 12.6, braitheadh breosla sciúrtha in 2.9% de na samplaí a tástáladh. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur braitheadh an chuid ba mhó de na cásanna sin i míonna luatha an chláir samplála náisiúnta agus go raibh laghduithe le sonrú i líon na gcásanna a braitheadh sna míonna ina dhiaidh sin.

**12.15** De ghnáth coinníonn nó urghabhann na Coimisinéirí Ioncaim breosla a bhfuil drochamhras faoi nuair a braitear é le hanailíseoir iniompartha go dtí go ndéanfar imscrúdú iomlán air. Mar sin féin, ní thionscnaítear ionchúisimh ach amháin tar éis tástáil fhoirmeálta agus deimhniú ón tSaotharlann Stáit go raibh an marcóir i láthair agus nuair thacaíonn an t-imscrúdú leis. Mhínigh na Coimisinéirí Ioncaim, cé gur deimhnigh an tSaotharlann Stáit go raibh toradh dearfach ar 44 shampla, bhí roinnt cúiseanna ann nárbh fhéidir ionchúisimh a thionscnamh ach amháin i gcás 10 gcinn de na samplaí sin. Áirítear ar na cúiseanna sin

- roinnt samplaí tógtha ag áitreabh amháin
- rianta den marcóir nua a bhí ró-íseal chun ionchúiseamh a chothú
- samplaí a tógadh faoi cheilt (sula ndearnadh sampláil fhollasach bhreise)
- truailliú.

### *Tuairisc ar Thionscadal Comhlíonta Náisiúnta Ola Mianraí.*

**12.16** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le tionscadal comhlíonta náisiúnta ola mianraí in 2015, agus eisíodh tuarascáil deiridh i mí na Bealtaine 2016. Dhíríodh le linn an tionscadail ar a chinntiú go gcuimsítear riosca máil i gcláir iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar chumas iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt chun rioscaí máil a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le 205 idirghabháil comhlíonta mar chuid den tionscadal a bhfuil 167 acu críochnaithe go dtí seo. Fuarthas €3.3 milliún de thoradh na n-idirghabhálacha go léir atá críochnaithe agus bhain €1.2 milliún (36%) den mhéid sin le dleachtanna máil. Tá miondealú déanta i bhFíor 12.7 ar na cásanna, de réir réigiún na gCoimisinéirí Ioncaim, agus ar an toradh a bhí orthu.

**Fíor 12.7 Tionscadal Náisiúnta Comhlíonta Ola Mianraí na gCoimisinéirí Ioncaim**

| Réigiún na gCoimisinéirí Ioncaim | Líon na gcásanna críochnaithe | Líon de chásanna a bhfuarthas toradh uathu | Fáltas | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mál € | Eile € | Iomlán € |
| Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair | 54 | 14 | — | 278,923 | 278,923 |
| Baile Átha Cliath | 21 | 17 | 6,658 | 700,171 | 706,829 |
| Réigiúin an Oirthir agus an Oirdheiscirt | 43 | 12 | 8,121 | 321,684 | 329,805 |
| Réigiún an Iardheiscirt | 35 | 11 | — | 662,518 | 662,518 |
| Rannóg na gCásanna Móra | 14 | 4 | 1,164,407 | 118,838 | 1,283,245 |
| **Iomlán** | **167** | **58** | **1,179,186** | **2,082,134** | **3,261,320** |

Foinse: Tionscadal Náisiúnta Comhlíonta Ola Mianraí - Tuarascáil Deiridh, Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Ola Mianrach, Bealtaine 2016.

**12.17** Ceann de phríomhaidhmeanna an tionscadail ab ea eolas a chur ar fáil le haghaidh polasaí agus cleachtas maidir le rioscaí a aithint i gcásanna ola mianraí. Roghnaíodh na cásanna a bhí sa tionscadal go lárnach ag baint úsáide as tacar critéar riosca a bhí deartha go sonrach don tionscadal. Sannadh scór do na critéir riosca, in ord tábhachta de réir mar a chonacthas iad, agus gineadh scór foriomlán ó thaobh riosca de do gach trádálaí. Ceann de na moltaí ón ngrúpa tionscadail ab ea gur cheart tograí a fhorbairt chun córasú a dhéanamh laistigh de Clár Anailíse agus Próifíliú Riosca (REAP) ar na rioscaí a measadh go mbeadh ardtionchar acu.[1]

**12.18** Fuarthas amach chomh maith le linn an tionscadail gur bheag eolas ar dheachta máil ná ar na rioscaí a bhaineann leo a bhí ag na hiniúchóirí a raibh baint acu leis na hathbhreithnithe gcás sular ghlac siad páirt sa tionscadal. Tugadh le fios i dtuarascáil an tionscadail nárbh aon ábhar iontais é sin mar gheall ar an deighilt thraidisiúnta a bhí idir cúrsaí máil agus feidhmeanna comhlíonta cánach eile. Níl na príomhspriocanna foghlama atá riachtanach chun iniúchadh máil a dhéanamh ina gcuid de chlár foirmiúil oiliúna iniúchóireachta na gCoimisinéirí Ioncaim. Léiríodh i dtuarascáil an tionscadail nach bhféadfaí cánacha máil a chomhtháthú go huile sa chóras um bainistiú cásanna iomlána go dtí go mbeadh na riachtanais oiliúna a bhaineann leis na cánacha sin ina ndlúthchuid den chlár oiliúna iniúchóireachta.

## Torthaí an athbhreithnithe

**12.19** Nuair a sheoltar na tuairisceáin ROM 1 faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, tiomsaítear na sonraí agus úsáidtear iad chun tuarascálacha sonracha míosúla a cheapadh faoi na réigiúin éagsúla. Sna tuarascálacha sin aithnítear aimhrialtachtaí nó iompar neamhrialta i gcás gach trádálaí ola mianraí agus soláthraíonn siad bonn do cheisteanna leantacha a chuireann oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá na tuarascálacha a ceapadh agus na saincheisteanna a d'aibhsigh siad leagtha amach i bhFíor 12.8 thíos.

**Fíor 12.8 Anailís na gCoimisinéirí Ioncaim ar shonraí na dTuairisceáin faoi Gluaiseachtaí Ola (ROM 1)**

| Fócas na tuarascála | Sainchéist a aibhsíodh |
|---|---|
| Tuairisc faoi mhímheaitseáil ó thrádálaí go trádálaí | Gach mímheaitseáil idir trádálaithe a dhearbhaítear ar ROM 1 |
| Tuairisc faoi uimhir na gceadúnas neamhghníomhach | Trádáil déanta ag sealbhóirí ceadúnas gníomhach le sealbhóirí ceadúnas neamhghníomhach |
| Tuairisc faoi uimhir cheadúnais anaithnid | Trádálaithe nach feasach do na Coimisinéirí Ioncaim fúthu |
| Tuairisc faoi gan tuairisceán ar bith in aghaidh an cheadúnais | Níor luadh aon gluaiseachtaí isteach nó gluaiseachtaí amach ar an ROM 1 |
| Tuairisc faoi ghluaiseacht ola | Cuireann ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim féachaint ar ghluaiseachtaí ola idir trádálaithe |
| Cothromaigh an tuairisc faoi mhímheaitseáil | Cothromaigh mímheaitseálacha i ndearbhuithe a dhéanann eintitis a bhíonn ag trádáil eatarthu féin. |
| Tuairisc faoi easpa tuairisceáin in aghaidh an ceadúnais | Trádálaithe nár sheol isteach tuairisceán le haghaidh tréimhse ar leith |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Clár ríomhairithe um próifíliú rioscaí is ea REAP (An Clár um Measúnú agus Anailís Rioscaí) atá in úsáid ó 2008 i leith. Úsáidtear é chun cáiníocóirí a rátáil i gcomparáid lena chéile, ag baint úsáide as córais eile na gCoimisinéirí Ioncaim mar aon le faisnéis ó thríú páirtithe, amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

**12.20** Mar chuid den scrúdú, roghnaigh an fhoireann scrúdaithe shampla de 50 aimhrialtacht go randamach le féachaint cén chaoi ar déileáladh leo. Tháinig na haimhrialtachtaí sin chun cinn i gceithre cinn de na tuarascálacha faoi ola mhianrach - mímheaitseáil ó thrádálaí go trádálaí, ceadúnais neamhghníomhacha, easpa tuairisceán agus ceadúnais nach raibh eolas ar fáil fúthu. Bhí cásanna ó thrí limistéar de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim - Lú, Gaillimh agus Corcaigh san áireamh sa sampla.

### *Gníomhaíocht leantach thráthúil*

**12.21** Tá cur síos i lámhleabhar foirne na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le holaí mianracha ar na bearta ar cheart a ghlacadh nuair a tharlaíonn aimhrialtachtaí ach ní thugtar aon treoir ann ar an bhfráma ama inar cheart bearta leantacha a dhéanamh.

**12.22** Den 50 eisceacht a roghnaíodh, bhí fianaise ann a thug le fios gur seiceáladh cúig cinn acu nuair a scríobhadh an tuarascáil faoi ola mianrach. Maidir leis na 45 aimhrialtacht eile, ní raibh aon fhianaise ann a léirigh gur déileáladh leo nuair a scríobhadh an tuarascáil faoi eisceachtaí. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim obair leantach ar roinnt de na haimhrialtachtaí go dtí gur tharraing an fhoireann scrúdaithe ceist anuas fúthu mar chuid den athbhreithniú seo. Laige amháin a tugadh faoi deara go ginearálta maidir le hobair leantach ar shaincheisteanna ab ea an chaoi gur chosúil nach mbíonn aon chumarsáid idir limistéir na gCoimisinéirí Ioncaim nuair a bhraitear aimhrialtachtaí. Tugadh cásanna faoi deara mar chuid den athbhreithniú seo nuair a dheimhnigh ceantar amháin nár bhain an earráid leis an trádálaí ina cheantar ach nár iarr siad ar an gceantar eile cúis na hearráide a dhearbhú.

### *Caighdeán na sonraí*

**12.23** Fuarthas san athbhreithniú go bhfuil fadhbanna ann maidir le cruinneas na faisnéise atá á soláthar ag trádálaithe ar ROM 1 agus go bhfuil sé sin ag saobhadh na n-aimhrialtachtaí atá á nginiúint sna tuarascálacha faoi ola mhianrach. Fadhbanna TF is cúis le roinnt aimhrialtachtaí freisin. Cúrsaí TF na gCoimisinéirí Ioncaim is cúis le cuid acu agus TF na dtrádálaithe a sheolann isteach an tuairisceáin ROM 1 is cúis le cuid eile acu. Ní raibh na Coimisinéirí Ioncaim in ann a mhíniú cad ba chúis le cúig cinn (10%) de na haimhrialtachtaí. Maidir leis na 45 aimhrialtacht eile

- tarraingíodh anuas 15 acu (33%) go cuí
- tharla 16 acu (36%) toisc gur sholáthraigh an trádálaí faisnéis mhíchruinn ar ROM 1, mar shampla uimhreacha míchearta ceadúnais curtha ar fáil
- tharla 14 (31%) de na haimhrialtachtaí de bharr fadhbanna TF.

**12.24** Cé gur dócha gur aimhrialtachtaí neamhchiontacha iad, bíonn tionchar acu ar cháilíocht agus ar a úsáideacht na sonraí atá á dtiomsú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

### *Torthaí*

**12.25** Maidir le torthaí na 50 aimhrialtacht a ndearnadh athbhreithniú orthu

- Ba é an toradh a bhí ar chás amháin acu gur eisíodh litir maidir le 'trádáil mheargánta' ag lorg eolais faoi sholáthairtí ola a tuairiscíodh gur seoladh iad chuig cuideachta ar leith. Glacadh an gníomh sin toisc gur tarraingíodh aird go cuí ar an aimhrialtacht sa tuairisc faoi cheadúnais neamhghníomhacha.
- Ba é an toradh a bhí ar an dara cás ná gur thug oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim cuairt ar an áit agus gur dheimhnigh siad go raibh an gnólacht ag díol breosla carranna agus breosla marcáilte gan na ceadúnais ábhartha a bheith acu. Cé gur tarraingíodh aird ar an gcás seo i dtuairisc faoi cheadúnais neamhghníomhacha níor chuireadh aon bheart i gcrích ag an am sin ar ceapadh an tuarascáil. Ní dhearnadh beart faoin aimhrialtacht go dtí gur chuir an fhoireann scrúdaithe ceist faoi mar chuid den athbhreithniú seo.

## Costas na gníomhaíochta aindleathaí a mheas

**12.26** Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán faoin méid a chailleann an Státchiste de bharr sciúradh breosla. I dtuarascáil a foilsíodh i mí na Bealtaine 2016 measadh gur cailleadh €239 milliún in 2015.[1]

### *Éire*

**12.27** Cé nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim an scáthgheilleagair ná an bhearna chánach fhoriomlán in Éirinn a mheas, cuireann siad roinnt tionscadal anailíse spriocdhírithe i gcrích i réimsí nó in earnálacha ar leith, lena n-áirítear breoslaí.[2] Mar shampla

- Rinne na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar an margadh ola in Éirinn chun tionchar na dtionscnamh a chuir siad i gcrích le dul i ngleic le sciúradh breosla a mheas.[3] San áireamh sa tuarascáil bhí anailís ar na treochtaí maidir leis an méid díosail bóthair agus ola gáis mharcáilte a bhí ag fágáil na stóras ola (roimh agus i ndiaidh 2013). Ba í conclúid na tuarascála ná go bhféadfadh gníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith freagrach as laghdú an mhéid ola gáis mharcáilte agus as méadú an mhéid díosail bóthair a bhí ag fágáil na stóras ola.
- An cleachtadh samplála náisiúnta a cuireadh i gcrích go randamach i mí Eanáir 2016.

**12.28** Cé go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim gur modhanna suibiachtúla iad na modhanna go léir a dtugtar le fios fúthu go ndéanann siad meastachán ar an scáthgheilleagar nó ar an mbearna cánach agus go bhfuil siad teoranta ag na sonraí atá ar fáil. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim freisin gurb ionann na cineálacha anailíse sin tríd is tríd agus anailís bhearna ó thaobh tuiscint na gCoimisinéirí ar a n-éifeachtúlacht féin a fheabhsú. Dúirt siad freisin nach ndéanann siad an bhearna chánach a chainníochtú ar bhunús na hanailís sin mar nach féidir leo muinín a bheith acu go bhfuil a leithéid de meastachán bearna stóinsithe ná cruinn.

1 Illicit Trade 2015-2016 – Implications for the Irish Economy, Grant Thornton, Bealtaine 2016.

2 Is éard is 'bearna chánach' ann ná an difríocht idir an méid cánach ar cheart a bhailiú, go teoiriciúil, i bhfianaise an mhéid atá bailithe i ndáiríre. Féach ar Caibidil 15 maidir le Géilliúntas Cáiníocóirí áit a ndéantar an cheist seo a chíoradh tuilleadh.


3 An Margadh Ola in Éirinn: Dleachtanna, Praghsanna agus Tomhaltas, Brainse Staitisticí agus Taighde Eacnamaíochta, Nollaig 2014.

### *An Ríocht Aontaithe*

**12.29** Cuireann Iocam agus Custam na Banríona (HMRC) sa Ríocht Aontaithe tuarascáil ar fáil gach bliain ina dtugtar eolas ar mhéid na bearna cánach sa Ríocht Aontaithe. Tomhaiseann an HMRC an bhearna chánach chun an leibhéal neamhchomhlíonta a chainníochtú agus freisin le cuidiú chun na cúiseanna atá le caillteanas sa chóras cánach a thuiscint. Thug an HMRC le fios cé nach bhfuil tomhas na bearna cánach tráthúil ná cruinn go leor chun spriocanna feidhmíochta a cheapadh, gur cabhair é chun feidhmíocht fhadtéarmach a thuiscint.

**12.30** Soláthraíonn an HMRC meastacháin faoin margadh aindleathach díosail agus peitril sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann. Léirítear i bhFíor 12.9 meastachán an HMRC ar sciar díosail den mhargadh aindleathach sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann sa tréimhse ó 2005/2006 go 2013/2014. Ba é 8% an sciar measta den mhargadh aindleathacha ó thaobh díosal calaoiseach i dTuaisceart Éireann sa tréimhse 2013/2014, agus measadh gurb é £50 milliún an bhearna chánach.

**Fíor 12.9 Sciar díosail den mhargadh aindleathacha sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann[a,b]**




Foinse: Iocam agus Custam na Banríona, *Measuring Tax Gaps*


Nótaí:
a Sholáthraigh an HMRC na leibhéil mhuiníne ab airde agus ab ísle, chomh maith leis an meastachán lárnach. Chun críocha an ghraif thuas, úsáideadh an meastachán lárnach.
b Thug samhaltú taiscéalaíoch a rinne an HMRC le blianta beaga anuas léiriú ar leibhéal na gceannachán trasteorann. Níorbh fhéidir iad a mheas roimhe sin. Aithníonn an HMRC nach bhfuil an obair sin lánstóinsithe fós.
c Thug an HMRC le fios go mb'fhéidir go raibh leibhéal íseal ann in 2009/2010 den chuid is mó mar gheall ar laghdú ar an méid ceannach trasteorann a rinne cónaitheoirí i dTuaisceart Éireann i bPoblacht na hÉireann toisc gur lú an difríocht a bhí sna praghsanna an bhliain sin.

### *Costas comhshaoil de bharr sciúradh breosla*

**12.31** Nuair a sciúrtar breosla cruthaítear sloda mar fhotháirge agus is iondúil go ndéanann na sciúrthóirí é a dhumpáil. Ós rud é gurb iad na húdaráis áitiúla na húdaráis inniúla atá ainmnithe faoin reachtaíocht dramhaíola, tá sé de fhreagracht orthu a chinntiú go ndéanfar aon dramhaíl atá dumpáilte ag lucht sciúrtha díosail a dhiúscairt gan sláinte an duine a chur i mbaol agus gan dochar don chomhshaol. Tugann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) aisíocaíocht ansin don údarás áitiúil ón gCiste Comhshaoil.[1]

**12.32** Bhí breis is 1,000 cás de dumpáil dramhaíola de bharr sciúradh díosail ann ó 2008 i leith agus chosain sé €6.7 milliún san iomlán an sloda a ghlanadh. Cuireadh an chuid ba mó de na hoibríochtaí glantacháin i gcrích i gContae Lú (539 cás) agus gContae Mhuineacháin (459 cás). Leagtar amach i bhFíor 12.10 na suimeanna a chuir an Roinn ar fáil do na húdaráis áitiúla idir 2008 agus 2015, agus líon na gcásanna in aghaidh na bliana.

**Fíor 12.10 Costas glanta comhshaoil, ó 2008 go 2015** [a]




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Baineann na costais a tabhaíodh le baint na dramhaíola ón suíomh, a lena hiompar agus lena honnmhairiú go saoráid údaraithe dramhaíola lena chóireáil.

**12.33** Is léir ó na sonraí a thiomsaigh na Coimisinéirí Ioncaim ó Chomhairlí Contae Lú agus Mhuineacháin gur tháinig laghdú suntasach ar líon na gcoimeádán sloda díosail a dumpáladh i gcéad leath na bliana 2015 agus chéad leath na bliana 2016. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 12.11.

**Fíor 12.11 Líon na gcoimeádán a tógadh chun siúil ina raibh sloda díosail**

| | Comhairle Contae Mhuineacháin | Comhairle Contae Lú |
|---|---|---|
| Eanáir go hIúil 2015 | 186 | 239 |
| Eanáir go hIúil 2016 | 11 | 69 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

1 Aistríodh fhreagracht as an gCiste Comhshaoil chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil i mí Iúil 2016.

**12.34** D'úsáid roinnt foinsí an méid dramhaíola a bhí dumpáilte ag lucht sciúrtha breosla chun meastachán a dhéanamh den mhéid breosla a bhí á sciúradh. Mar shampla, in aighneacht a rinne Comhairle Contae Mhuineacháin chuig an gComhchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus an Ghaeltacht i bhFeabhra 2012, luaigh siad sampla maidir le níochán le haigéad sulfarach agus dúirt gur measadh dá bhfaighfí 1,000 lítear den ábhar níocháin go léireodh sé sin gur cuireadh 100,000 lítear de dhíosail nite ar an margadh.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

**12.35** Is é an toradh a bhí ar tabhairt isteach an chórais nua ceadúnaithe agus córas cuimsitheach tuairiscithe an tslabhra soláthair mar aon le breis gníomhaíochta chomhlíonta agus obair dhíreach le comhlachtaí ionadaíocha tionscail gur tháinig méadú ar chúrsaí comhlíonta i measc trádálaithe dlisteanacha.

**12.36** Éacht suntasach in 2015 ab ea an cleachtadh rathúil comhpháirteacha ar thug na Coimisinéirí Ioncaim agus an HMRC faoi chun marcóir nua a fháil agus a chur i bhfeidhm san dá dhlínse.

**12.37** Slat tomhais thábhachtach ó thaobh thionchar straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le sciúradh breosla ab ea cleachtadh náisiúnta samplála a cuireadh gcrích go randamach i mí Eanáir 2016. Tástáladh 197 dtrádálaí ceadúnaithe san iomlán nó 10% de shealbhóirí ceadúnais, agus ní bhfuarthas aon fhianaise faoi bhreosla sciúrtha. Fianaise údarásach ab ea é sin gur fánach an méid breosla sciúrtha atá á dhíol agus go bhfuil an fhadhb beagnach réitithe.

**12.38** Téitear i mbun comhairliúchán go minic le grúpaí ionadaíocha trádála ar bhonn leanúnach - bhí 23 chruinniú fhoirmiúla le comhlachtaí ionadaíocha trádála idir 2012 agus an tráth seo in 2016. Bhí líon suntasach ann de chruinnithe déthaobhacha le cuideachtaí tábhachtacha. Ceann de phríomhthorthaí an phróisis ab ea an chaoi ar forbraíodh cód iompair ghnó maidir le soláthar breoslaí marcáilte agus gur glacadh leis in 2016. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur chuir an earnáil ola aiseolas an-dearfach ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ar leibhéal ionadaíochta agus ar leibhéal daoine aonair, maidir le héifeachtacht na mbeart a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar sciúradh breosla.

**12.39** Tá comhoibriú ar leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe leis an HMRC agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile, ar siúl i gcónaí ar leibhéal an-ard. Tá Comhoibriú curtha chun cinn go foirmiúil trí bhíthin an Ghúpa Trasteorann um Chalaois Breosla agus comhghrúpa nua na gCoimisinéirí Ioncaim agus an HMRC um chalaois máil a bunaíodh in 2015. Tá comhoibriú leanúnach ar siúl chomh maith leis an HMRC ar an leibhéal oibríochtúil trí aonaid forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

**12.40** Tá deireadh curtha go héifeacht le fadhb sciúrtha breosla. Táscairí soiléire faoin laghdú atá tagtha ar chalaois bhreosla iad torthaí an tionscadail samplála a rinneadh go randamach, an anailís eacnamaíoch atá inár dtuarascáil don bhliain 2014 ar an margadh ola in Éirinn agus na staitisticí a fuarthas le déanaí ó Chomhairlí Contae Lú agus Mhuineacháin faoin laghdú atá tagtha ar dhumpáil ábhar sciúrtha díosail.

## Conclúidí agus moltaí

**12.41** Mar fhreagra ar méadú ar an leibhéal sciúrtha breosla in 2011, chuir na Coimisinéirí Ioncaim roinnt straitéisí i gcrích le dul i ngleic leis an bhfadhb. Nuair a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach na tionscnaimh sin neartaíodh rialú mhargadh na n-olaí mianracha. Tá sé níos deacra ag sciúrthóirí an bhreosla mharcáilte a fháil chun críocha aindleathacha de thoradh an córais tuairiscithe leictreonaí agus na socruithe nua maidir le ceadúnais. Tugann na forálacha um thrádáil mheargánta a tugadh isteach ag deireadh na bliana 2013 spreagadh breise do sholáthraithe gan breosla a sholáthar do sciúrthóirí. I ndiaidh comhthionscadail leis an údarás coibhéiseach sa Ríocht Aontaithe, tugadh isteach marcóir nua breosla in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le héifeacht ó Aibreán 2015. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le clár samplála náisiúnta bunaithe ar riosca i Meán Fómhair 2015 trína bhfuarthas an marcóir nua in 2.9% de na samplaí a tástáladh. Ní raibh aon fhianaise den mharcóir nua le fáil sna samplaí randamacha a tástáladh in Eanáir 2016.

**12.42** Cé go bhfuil na rialuithe neartaithe, tá roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh chun an timpeallacht rialaithe ó thaobh mhargadh na n-olaí mianracha a fheabhsú tuilleadh. Tá cur síos orthu siúd thíos.

### *An bhearna chánach a thomhas*

**12.43** Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán faoi láthair ar an mbearna chánach mar gheall ar ábhair imní maidir le cruinneas ó thaobh an bhearna a mheas agus faoi cé chomh húsáideach a bheadh sé ar an leibhéal oibríochtúil. Tiomsaíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil figiúirí faoin gcostas a bhaineann le déileáil leis an dramhaíl a dumpálann lucht sciúrtha breosla agus faoin méid atá á dhumpáil. Ní úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis sin i meastachán faoin líon breosla atá á sciúradh, cé go ndéanann siad anailís eile sa réimse sin.

**12.44** Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon mheastachán ag na Coimisinéirí Ioncaim faoin méid a chailleann an Státchiste de bharr sciúradh breosla. Dá ndéanfaí meastacháin ar an mbearna chánach ar bhonn comhsheasmhach, agus dá ndéanfaí í rianú thar tréimhse ama, chabhródh sé sin leis na Coimisinéirí Ioncaim an leibhéal neamhchomhlíonta a chainníochtú agus tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá le caillteanais sa chóras cánach de bharr sciúradh breosla. Chabhródh sé freisin leis na Coimisinéirí Ioncaim a bhfeidhmíocht féin a thomhas toisc go dtaispeánfadh sé an tionchar atá ag a dtionscnaimh ar mhargadh an díosail aindleathaigh in Éirinn.

**12.45** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta faoin gcleachtadh samplála náisiúnta a chuireadh i bhfeidhm go randamach in Eanáir 2016 go mba sheiceáil údarásach ar chomhlíonadh i measc sealbhóirí ceadúnais breosla a bhí ann. Tugann an sampláil randamach a rinneadh ar fud na tíre thar thréimhse ghearr ama, tomhas cumhachtach, stóinsithe dúinn ar an méid breosla sciúrtha atá á dhíol sa Stát. Má dhéanfar an tsampláil arís beidh an cleachtadh bunaidh ina thagarmharc a bhféadfar an cleachtadh nua a chur i gcomparáid leis. Léiríonn torthaí na bliana 2016 go bhfuil rath ar straitéis fhoriomlán na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le dul ngleic le trádáil aindleathach breosla agus is athdhearbhú iad ar éifeachtúlacht na mbeart éagsúil a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach le blianta beaga anuas.

### *Comhtháthú dleachta máil*

**12.46** Níl dleacht máil ina dlúthchuid fós de chóras príomhshrutha TF na gCoimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear an Córas Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP). Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim an tábhacht a bhaineann le cúrsaí mál a bheith ina dlúthchuid dá gcóras TF príomhshrutha agus bhí sé san áireamh mar chuspóir straitéiseach ina Straitéis i leith Olaí Mianracha in 2011. De réir na bpleananna atá ann faoi láthair gcríochnófar an tionscadal comhtháthaithe i leith cáin ola mianraí faoi mhí Feabhra 2017 agus déanfar comhtháthú ar cháin tháirgí tobac agus cháin tháirgí alcóil ina dhiaidh sin.

**12.47** Níl aon ghné i gclár foghlama iniúchóireachta na gCoimisinéirí Ioncaim faoi láthair maidir le baint amach na bpríomhchuspóirí foghlama atá riachtanach chun iniúchadh a dhéanamh ar dhleachtanna máil. Tugadh le fios sa tuarascáil deiridh faoin Tionscadail Náisiúnta um Chomhlíonadh Olaí Mianracha nach bhféadfar cánacha máil a chomhtháthú go huile sa chóras iomlán um bainistiú cásanna iomlána go dtí go mbeidh na riachtanais oiliúna a bhaineann leis na cánacha sin ina ndlúthchuid den chlár oiliúna iniúchóireachta.

**Moladh 12.1**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go ndéanfar a gclár oiliúna iniúchóireachta a nuashonrú chun go mbeidh dleachtanna máil mar chuid de, rud a chuirfeadh le scileanna na n-iniúchóirí agus a dhéanfadh éascú ar cur chuige um bhainistíocht cásanna iomlána a úsáid i leith trádálaithe a bhíonn ag déileáil in earraí máil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim ag forbairt modúil dhá lá faoi iniúchóireacht máil chun é a bheith acu sa chlár iniúchta. Tá sé sceidealta go mbeidh sé ar fáil le haghaidh dhá ghrúpa i mí Feabhra 2017.

### *Obair leantach maidir le tuairisciú aimhrialtachtaí ola mianraí*

**12.48** Mar chuid den scrúdú seo, rinneamar athbhreithniú ar shampla de na haimhrialtachtaí a d’eascair ó na sonraí a tiomsaíodh ó fhoirmeacha na dTuairisceán faoi Ghluaiseachtaí Ola (ROM 1). Den 50 eisceacht a ndearnadh athbhreithniú orthu, ní raibh aon fhianaise ann a léirigh gur seiceáladh líon suntasach acu (45) nuair a d’eascair an eisceacht ar dtús, agus ní dhearnadh aon obair ar chuid acu go dtí gur chuireamar ceist fúthu. Is é an toradh a bhí ar aimhrialtacht amháin nach ndearnadh aon rud faoi go dtí gur cuireadh ceist fúithi mar chuid den athbhreithniú seo ná gur cuireadh ar aghaidh an cás go rannán ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Moladh 12.2**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun gníomh leantach a dhéanamh faoi na haimhrialtachtaí a ghintear le sonraí ROM 1. Mura bhfuil sé indéanta leanúint de gach aimhrialtacht, ba cheart próiseas a fhorbairt chun iad a chur in ord tosaíochta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar na nósanna imeachta faoi mar a mholtar.

**12.49** Tugadh le fios san athbhreithniú gur gineadh líon suntasach aimhrialtachtaí (60% díobh siúd a ndearnadh athbhreithniú orthu) de thoradh fadhbanna TF nó faisnéis mhíchruinn a sholáthraigh trádálaithe sna tuairisceáin ROM 1. Tá an córas tuairiscithe ROM 1 ag feidhmiú ó Eanáir 2013 i leith. Tá leibhéal na n-aimhrialtachtaí atá á ghiniúint ag earráidí gan chuimhneamh den sórt sin fós ard tar éis don chóras a bheith tugtha isteach breis agus trí bliana ó shin. Tá tionchar ag na hearráidí sin ar chaighdeán agus ar úsáideacht na faisnéise atá á tiomsú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**Moladh 12.3**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú a dhéanamh ar na haimhrialtachtaí a tharlaíonn de bharr cúrsaí TF ina gcórais inmheánacha féin chomh maith leo siúd a tharlaíonn i gcórais na dtrádálaithe. Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim aon leasuithe is gá a dhéanamh ar a gcóras ROM 1 a chur i gcrích agus dul i mbun idirchaidrimh leis na trádálaithe chun na saincheisteanna a bhaineann lena gcórais siúd a chur ina gceart. Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim dul i mbun cumarsáide leis na trádálaithe chun an príomhearráidí a rinneadh nuair a bhí tuairisceáin ROM 1 á gcomhlánú acu a mhíniú dóibh chun nach gcuirfear faisnéis mhíchruinn ar fáil chomh minic.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Den 15 fheabhsú atá beartaithe don chóras ROM 1 tá 13 fheabhsú á ndéanamh faoi láthair agus táthar ag súil é a scaoileadh beo i mí na Samhna. Meabhrófar do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil le cúrsaí comhlíonta teagmháil a dhéanamh le trádálaithe a bhfuil earráidí leanúnacha ROM 1 acu chun nach gcuirfear faisnéis mhíchruinn ar fáil chomh minic.

**12.50** Thugadh faoi ndeara san athbhreithniú go mbíonn easpa cumarsáide idir limistéir na Coimisinéirí Ioncaim nuair a bhíonn aimhrialtachtaí á n-iniúchadh.

**Moladh 12.4**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a chur i gcuimhne don fhoireann an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le ceantair eile nuair a thagann aimhrialtachtaí chun cinn lena áirithiú go ndéanfar gníomh leantach a bheidh ceart agus iomlán sa cheantar atá freagrach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim i gcuimhne don fhoireann an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a bheith acu le ceantair ábhartha eile nuair a thagann aimhrialtachtaí chun cinn.

# Iarscríbhinn A Dleacht máil a bailíodh

Tá miondealú le fáil i bhFíor A1 ar an dleacht mháil a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim idir 2010 agus 2015.

**Fíor A1 Dleacht máil a bailíodh, 2010 go 2015**

| | 2010<br>€m | 2011<br>€m | 2012<br>€m | 2013<br>€m | 2014<br>€m | 2015<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dleacht ar ola | 2,075 | 2,123 | 2,020 | 2,021 | 2,018 | 2,132 |
| Dleacht ar alcól | 826 | 830 | 846 | 995 | 1,140 | 1,137 |
| Dleacht tobac | 1,160 | 1,126 | 1,072 | 1,057 | 984 | 1,064 |
| Cáin Chláraithe Feithiclí | 383 | 388 | 379 | 437 | 542 | 649 |
| Cáin charbóin[a] | 223 | 298 | 354 | 388 | 385 | 419 |
| Dleacht ghealltóireachta | 31 | 27 | 27 | 25 | 26 | 32 |
| Cáin aerthaistil | 105 | 48 | 34 | 35 | 10 | — |
| Ceadúnais[b] | 24 | 24 | 19 | 20 | 20 | 16 |
| Eile[c] | 8 | 8 | 8 | 8 | 9 | 14 |
| **Iomlán** | **4,835** | **4,872** | **4,759** | **4,986** | **5,134** | **5,463** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
a Tugadh isteach an cháin charbóin in 2010. Gearrtar an cháin charbóin ar dhíosal carranna, peitreal, ceirisín, ola gháis marcáilte, gás peitriliam leachtach, ola bhreosla, gás nádúrtha agus breoslaí soladacha.

b Áirítear leis seo ceadúnais ola mianraí, ceadúnais rince phoiblí agus ceadúnais geallghlacadóirí.

c Áirítear faoin gceanntideal 'Eile' cáin leictreachais agus cáin ar áitreabh agus clubanna geallghlacadóra.

# 13 Athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar Ghnóthaí Cánach Lianna Comhairleacha Leighis

**13.1** Fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach in 2010 faoi straitéis pleanála cánach a bhí á díriú ar lianna comhairleacha leighis. Is éard a bhí i gceist sa straitéis ná go n-ionchorpródh an lia comhairleach leighis cuideachta nua agus go n-aistreodh sé nó sí a ghnó nó a gnó (nó cuid dá ghnó nó dá gnó) chuig an gcuideachta sin. Ábhar imní do na Coimisinéirí Ioncaim ab ea nádúr na n-idirbheart idir an lia comhairleach agus a chuideachta nó a cuideachta agus an fhianaise a bhí ann le tacú le réaltacht tráchtála agus bailíocht na n-idirbheart. Tar éis athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar roinnt cásanna d'fhonn a fháil amach faoi na saincheisteanna agus na rioscaí a bhí i gceist, chinn na Coimisinéirí Ioncaim an athbhreithniú ar ghnóthaí cánach na lianna comhairleacha leighis a leathnú amach ar fud na tíre.

**13.2** I bhFíor 13.1 tá amlíne na n-imeachtaí leagtha amach a ba chúis le hathbhreithniú náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim ar gnóthaí cánach na lianna comhairleacha leighis.

**Fíor 13.1 Amlíne athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar lianna comhairleacha leighis**

| | | |
|---|---|---|
| **2010 - go luath in 2012** | Fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach faoi straitéis pleanála cánach a bhí dírithe ar lianna comhairleacha leighis. D'oscail na Coimisinéirí Ioncaim i Réigiún Bhaile Átha Cliath cásanna faoi lianna comhairleacha leighis chun fáil amach faoi na saincheisteanna agus na rioscaí a bhí i gceist. | |
| **2012** | **Aibreán**<br>Nuair a sainaithníodh na saincheisteanna agus na rioscaí, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim tuairim Abhcóide Sinsearaigh ar roinnt de na saincheisteanna dlí a d'eascair uathu. Níor osclaíodh aon chás nua agus iad ag fanacht ar an tuairim. | |
| **2013** | **Márta**<br>Fuarthas tuairim chríochnaitheach ó Abhcóide Sinsearach | **Bealtaine**<br>Chinn na Coimisinéirí Ioncaim an t-athbhreithniú a bhí ar siúl acu ar lianna comhairleacha leighis a leathnú amach laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. |


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**13.3** Breathnaíodh sa scrúdú sin

- ar thorthaí na n-idirghabhálacha a bhí déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim go dtí sin
- rinneadh athbhreithniú ar shampla de chásanna dúnta le fáil amach an raibh cur chuige caighdeánach iniúchta á chur i bhfeidhm agus
- measadh an raibh bunús soiléir taifeadta ann do na réitigh a rinneadh sna cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu.

**13.4** Léirítear i bhFíor 13.2 an tionchar a bhíonn ag ionchorprú a dhéanann lia comhairleach leighis ar a d(h)liteanas i leith cánach.

**Fíor 13.2 Corprú cleachtais lia comhairligh leighis - sampla léiritheacha le haghaidh lia comhairleach leighis atá 55 bliana d'aois (nó os a chionn)**




| | Méid | | Cáin iníoctha | Glanioncam |
|---|---|---|---|---|
| Tuarastal duine aonair | 40,000 | Cáin gearrtha ar ráta 52% (Cáin ioncaim) | 20,800 | 19,200 |
| Ioncam na cuideachta | 60,000 | Cáin gearrtha ar ráta 12.5% (Cáin chorparáide) | 7,500 | 52,500 |
| **Iomlán** | **100,000** | | **28,300** | **71,700** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Nuair a bhíonn an cáilmheas á aistriú cruthaíonn sé dliteanas i leith Cáin Ghnóthachan Caipitiúil, mar sin féin, is minic a dhéantar an dliteanas a fhritháireamh go hiomlán trí leas a bhaint as faoisimh m.sh. má bhíonn an lia comhairleach os cionn 55 bliain d'aois, is féidir faoiseamh scoir a úsáid chun an dliteanas ó thaobh Cáin Ghnóthachan Caipitiúil a fhritháireamh.

## Cineálacha idirghabhálacha

**13.5** Tá sé mar aidhm ag clár comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim comhlíonadh deonach a chur chun cinn agus neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim ceithre phríomhchineál idirghabhálacha comhlíonta i gcrích. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu faoin gcineál idirghabhála le haghaidh cás áirithe, déanann na Coimisinéirí Ioncaim measúnú ar an riosca atá i gceist, agus féachann cé acu an idirghabháil ís éifeachtaí ó thaobh ama agus na hacmhainní atá ar fáil, agus a thabharfadh aghaidh fós ar an riosca a mheastar a bheith ann. Tá na cineálacha idirghabhála éagsúla leagtha amach i bhFíor 13.3. Tugtar miondealú sa bhfíor sin ar na hidirghabhálacha a críochnaíodh faoin 30 Meitheamh, 2016 mar chuid d'athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar lianna comhairleacha leighis.

**Fíor 13.3 Cineálacha idirghabhálacha comhlíonta a críochnaíodh faoin 30 Meitheamh 2016**

| An Cineál Idirghabhála | Cur Síos | Cásanna a críochnaíodh in athbhreithniú na lianna comhairleacha leighis | |
|---|---|---|---|
| | | Líon | % |
| Cheist faoi ghné | Idirghabháil ghearr spriocdhírithe chun baol ar leith a sheiceáil. Is féidir í a chur i gcrích ar an nguthán, trí ríomhphost slán, trí litir nó trí chuairt a thabhairt agus is féidir í a leathnú amach go hagallamh próifíle nó chuig iniúchadh más gá. | 190 | 47% |
| Agallamh próifíle | Scríobhann na Coimisinéirí Ioncaim chuig cáiníocóir agus sainaithníonn siad na réimsí riosca ábhartha. Socraítear dáta le haghaidh agallamh próifíle ina bpléifear na rioscaí ar leagadh béim orthu. Is féidir agallamh próifíle a leathnú amach go hiniúchadh nó go himscrúdú más fiú sin. | 31 | 8% |
| Iniúchadh | Scrúdú a dhéanamh ar leabhair, taifid agus comhlíonadh oibleagáidí cánach duine aonair nó cuideachta chun an leibhéal ceart dliteanais a fháil amach. D'fhéadfadh bailiú riaráistí cánach a bheith i gceist leis sin. | 182 | 45% |
| Imscrúdú | Sa chás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim, ó scrúdú na faisnéise atá ar fáil, gur tharla imghabháil thromchúiseach cánach nó dleachta nó go ndearnadh cion in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim, féadfaidh siad iniúchadh a dhéanamh. D'fhéadfadh ionchúiseamh coiriúil a bheith mar thoradh ar sin. | – | – |
| | **Líon iomlán na gcásanna a bhí dúnta faoin 30 Meitheamh, 2016** | **403** | **100%** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Roghnú cásanna

**13.6** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt bealaí chun cásanna a roghnú le haghaidh idirghabhálacha comhlíonta. Ceann de na príomh-modhanna a úsáidtear chun cásanna a roghnú is ea córas meastóireachta agus próifilithe riosca (REAP)[1] na gCoimisinéirí Ioncaim. Úsáidtear REAP chun anailís a dhéanamh ar shonraí atá ar fáil agus tugtar rátáil riosca do gach cáiníocóir trína léirítear an leibhéal riosca cánach a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcáiníocóir sin. Cuirtear cásanna in ord tosaíochta ansin bunaithe ar an rátáil riosca atá tugtha ag REAP. Cuireann sé ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim díriú ar chásanna lena mbaineann an riosca is airde.

**13.7** Bíonn an rátáil riosca bunaithe ar shraith rialacha gnó atá ríomhchláraithe laistigh de REAP.Níl aon rialacha sonracha ceaptha i gcóras REAP le cabhrú le roghnú cásanna don athbhreithniú ar na lianna comhairleacha leighis. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim na rudaí seo a leanas chun cásanna a roghnú


- Ar an gcéad dul síos ritheadh ceistneoir i REAP chun na cáiníocóirí cláraithe go léir a raibh cód NACE acu a bhain leis an ngairm mhíochaine agus a bhfuil baint acu le cuideachta.[2] Aimsíodh 3,643 cás dá thoradh sin agus measadh gurb é sin líon iomlán na gcásanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- Scagadh na cásanna ansin chun na lianna comhairleacha a aithint a raibh ionchorprú déanta acu agus/nó a raibh gnóthachan caipitiúil tuairiscithe acu.
- Breathnaíodh sna cásanna a bhí fágtha ar mhéid na gcostas a bhí á n-éileamh acu agus fuarthas cásanna inar sáraíodh tairseacha costas áirithe.
- Rinneadh athbhreithniú de láimh ansin agus laghdaíodh líon na gcásanna go 607.

**13.8** Chomh maith leis sin, aithníodh roinnt cásanna (156) de thoradh scagadh de láimh nó le linn idirghabhálacha eile a bhí á ndéanamh. Leagtar amach i bhFíor 13.4 an próiseas um roghnú cásanna le haghaidh athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar chúrsaí cánach lianna comhairleacha leighis.

1 Clár ríomhairithe um próifíliú rioscaí is ea REAP (An Clár um Measúnú agus Anailís Rioscaí) atá in úsáid ó 2008 i leith. Úsáidtear é chun cáiníocóirí a rátáil i gcomparáid lena chéile, ag baint úsáide as córais eile na gCoimisinéirí Ioncaim mar aon le faisnéis ó thríú páirtithe, amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

2 Is éard is NACE ann ná córas aicmithe pan-Eorpach trína rangaítear eagraíochtaí ina ngrúpaí de réir a ngníomhaíochtaí gnó.

**Fíor 13.4 An próiseas um roghnú cásanna lianna comhairleacha leighis lena n-athbhreithniú**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

1 Tagraíonn **ardú sa todhchaí** do na fáltais cánach a meastar sábháladh nó a bhaileofar sna blianta amach romhainn de thoradh na hidirghabhála. Áiríonn na Coimisinéirí Ioncaim méid an ardaithe sin sna figiúirí a thuairiscíonn siad faoin toradh. Ba é €48.7 milliún an toradh iomlán a bhí ar athbhreithniú na lianna comhairleacha leighis agus bhain €14.5 milliún den mhéid sin le hardú sa todhchaí.

2 Baineann sé sin le cásanna a foilsíodh i liosta mainnitheoirí na gCoimisinéirí Ioncaim suas go dtí an 30 Meitheamh 2016. D'fhéadfaí ainmneacha breise a fhoilsiú sa chéad foilseachán eile faoi chásanna a dúnadh go dtí seo. Foilsítear liosta mainnitheoirí na gCoimisinéirí Ioncaim gach ráithe.

## Torthaí go dtí seo

**13.9** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le 763 cás a bhain le lianna comhairleacha leighis. Dúnadh 403 díobh faoin 30 Meitheamh 2016 agus fuarthas €48.7 milliún uathu, lena n-áirítear cáin agus ardú sa todhchaí, ús agus pionóis.[1] Bhaineann an toradh seo le 235 lia chomhairleach. Foilsíodh 29 gcinn de na cásanna sin i liosta mainnitheoirí na gCoimisinéirí Ioncaim.[2] Tá toradh, de réir réigiúin, ó na 403 chás bhí dúnta faoin 30 Meitheamh 2016 leagtha amach i bhFíor 13.5.

**Fíor 13.5 Toradh ó idirghabhálacha a bhí dúnta amhail an 30 Meitheamh 2016**

| Ceantar de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim | Líon na gcásanna | Cáin | Ús | Pionós | Socrú comhaontaithe | Ardú sa todhchaí | Toradh iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Baile Átha Cliath | 249 | 21,254 | 3,366 | 2,031 | 26,651 | 13,191 | **39,842** |
| An tOirthear agus an tOirdheisceart | 25 | 550 | 135 | 45 | 730 | 270 | **1,000** |
| Réigiún an Iardheiscirt | 89 | 2,377 | 402 | 236 | 3,015 | 913 | **3,928** |
| Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair | 40 | 2,636 | 515 | 601 | 3,752 | 132 | **3,884** |
| | **403** | **26,817** | **4,418** | **2,913** | **34,148** | **14,506** | **48,654** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**13.10** De na cásanna a dúnadh, aithníodh dliteanais bhreise i 70% acu. Ba é €173,000 an meánréiteach comhaontaithe.

### *Saincheisteanna a tháinig chun cinn*

**13.11** D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim ábhair imní, mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó, ag éirí as a athbhreithniú ar chásanna na lianna comhairleacha leighis

- **cáilmheas** – an raibh cáilmheas i gceist agus/nó bailíocht na cháilmheasa in imthosca gach cás díobh
- **muirir ghnóthachan chaipitiúil** - nuair a d'aistrigh an lia comhairleach an gnó chuig an gcuideachta bhí muirear cánach gnóthachan caipitiúil ann dá bharr a maolaíodh i gcásanna áirithe (agus a maolaíodh go hiomlán uaireanta) trí leas a bhaint as caillteanais chaipitil nó faoisimh scoir
- **caiteachas neamhghnó** - asbhaintí iomarcacha lena n-áirítear caiteachas pearsanta i mórán cásanna, mar shampla, pá do bhaill teaghlaigh a bhí faoi aois agus d'fhostaithe nach fostaithe gnó iad (m.sh. cúramóirí leanaí agus coimeádaithe tí), costais mótair phearsanta agus costais taistil
- **ioncam iarchurtha** - i gcásanna áirithe fuarthas nach raibh aon údar ann maidir le hioncam iarchurtha a chur san áireamh agus i gcásanna eile bhí na suimeanna a bhí i gceist méadaithe as cuimse
- **idirbhearta idirghníomhaireachta** - sheol an chuideachta sonrasc chuig an lia comhairleach as seirbhísí a bhí curtha ar fáil (tacaíocht leighis nó seirbhísí riaracháin de ghnáth). Chuir na Coimisinéirí Ioncaim ceist faoi an réaltacht tráchtála na trasmuirear sin.

**13.12** Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh 'cáilmheas' a bheith ann. Mar sin féin, níor ghlac siad leis go raibh cáilmheas i gceist in aon cheann de na cásanna a dúnadh go dtí seo. D'iarr Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéil na hÉireann agus gníomhairí cánach ar na Coimisinéirí Ioncaim treoir a fhoilsiú faoin ábhar. I mí Feabhra 2016, bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim grúpa oibre inmheánach chun breathnú ar na saincheisteanna cánach a eascraíonn ó ionchorprú chleachtas gairmiúla (lianna comhairleacha, fiaclóirí, gnóthais chuntasaíochta srl).[1] Níor chríochnaigh an grúpa a n-athbhreithniú go fóill. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé ar intinn acu treoir ghinearálta a thabhairt faoin ábhar nuair a bheith an t-athbhreithniú curtha i gcrích.

1 Is é cuspóir an ghrúpa na saincheisteanna a eascraíonn ó ionchorprú cleachtas ghairmiúil a scrúdú agus comhairle a thabhairt faoin bhfreagra cuí ó thaobh comhlíonta de. Cuimsíonn an grúpa comhaltaí ó gach réigiún, ó Rannóg na gCásanna Móra agus ón Rannóg um an Reachtaíocht Ioncaim. Comhalta den Rannóg Pleanála a bhíonn mar chathaoirleach ar an ngrúpa.


## Athbhreithniú cásanna

**13.13** Rinneadh athbhreithniú ar shampla de 37 cás a dúnadh mar chuid den scrúdú sin. B'fhiú beagnach €8 milliún i gcáin, ús agus pionóis mar aon le €3 mhilliún a thaifeadadh mar ardú sa todhchaí an toradh a fuarthas ó na 37 gcás sin. Tríd is tríd, thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara gur glac na Coimisinéirí Ioncaim cur chuige comhsheasmhach nuair a bhí idirghabhálacha comhlíonta á ndéanamh acu sa réimse sin.

### *Tráthúlacht*

**13.14** Tugadh faoi deara go raibh athraithe le sonrú sa mhéid ama a thóg sé chun na hidirghabhálacha sa sampla a dhúnadh. Faoi mar a léirítear i bhFíor 13.6, dúnadh beagán faoi bhun leath de na cásanna (46%) laistigh de 6 mhí ón am ar tosaíodh iad ach gur thóg sé breis is ceithre bliana trí chás ardluacha a dhúnadh.

**Fíor 13.6 Tráthúlacht ó thaobh idirghbhálacha a dhúnadh[a]**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Nóta: a Tá ardú sa todhchaí san áireamh i bhfigiúirí an toraidh.

### *Ús agus pionóis*


**13.15** Tá foráil san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 chun ús a ghearradh ar íocaíochtaí déanacha cánach.[1] Níl aon fhoráil ann chun ús a mhaolú fiú tar éis nochtadh cáilitheach a bheith déanta.[2] Tá na rátaí úis atá le cur i bhfeidhm leagtha amach in Achtanna Airgeadas éagsúla. D'fhéadfadh pionóis a bheith infheidhme freisin i gcásanna inar seoladh tuairisceáin chánach neamhiomlána nó míchruinne isteach agus nach ndearnadh na híocaíochtaí bainteacha in am. Tá an leibhéal na bpionós leagtha amach i gCód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIniúchtaí agus Idirghabhálacha Comhlíonta Eile (féach Iarscríbhinn A).

1 tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, ó alt 1080 go halt 1084.

2 Is éard is nochtadh cáilitheach ann ná nochtadh na faisnéise go léir maidir le dliteanas cánach. Tá dhá chineál nochta ann - 'nochtadh spreagtha' a dhéantar nuair a bhíonn fógra iniúchta faighte ach sula dtosaíonn an t-iniúchadh agus 'nochtadh neamhspreagtha' a dhéantar sula n-eisítear fógra iniúchta nó sula dtosaíonn na Coimisinéirí Ioncaim imscrúdú.

**13.16** Mar chuid den athbhreithniú seo, athríomhadh na méideanna úis agus pionóis a ghearradh i ndeich gcinn de na 37 gcás a roghnaíodh. Tugadh difríochtaí faoi deara in dhá chás. Leagtar amach i bhFíor 13.7 an méid a measadh a bheith ghearrtha faoina luach (a bhí díreach os cionn €45,000) mar chéatadán den ús agus/nó de na pionóis iomlána a bhí dlite. B'fhiú beagnach €725,000 na dliteanais chánach sna cásanna sin. I gcás amháin de na cásanna (Cás B) asbhain na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíochtaí a bhí dlite don lia comhairleach sular ríomhadh na pionóis. Ní cheadaítear a leithéid d'asbhaint, áfach, ach amháin i gcás aisíocaíochtaí a eascraíonn de thoradh imeachtaí bainteacha, agus ní mar sin a bhí sa chás seo.

**Fíor 13.7 Torthaí atháirimh úis agus pionóis[a]**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tharla mí-áireamh úis agus pionós i gCás A, mí-áireamh pionós amháin a tharla i gCás B.

### *Cainníochtú an dliteanais atá dlite*

**13.17** Ní shonraítear i gCód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIniúchtaí agus Idirghabhálacha Comhlíonta Eile go gcaithfidh iniúchóir na gCoimisinéirí an dliteanas dlite a chainníochtú nuair a bhíonn iniúchadh á dhéanamh. Fógraítear sa Chód go gcuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim *'in iúl don cháiníocóir de ghnáth faoi aon earráidí, easnaimh nó mírialtachtaí atá sna tuairisceáin chánach nó dleachta a seoladh isteach (lena n-áirítear iad siúd a bhíonn i bhfabhar an cháiníocóra), an dliteanas cánach a mheas má eascraíonn sé, socrú a iarraidh agus aon bheart a shonrú a d'fheadfadh a bheith riachtanach chun go mbeidh an cáiníocóir comhlíontach.'*

**13.18** Nuair a dhéanann cáiníocóir nochtadh, ní mór don cháiníocóir sin an méid cánach agus úis atá dlite a insint. De na 37 gcásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú seo, bhí seacht n-iniúchadh nach ndearna an cáiníocóir aon nochtadh iontu. Sna cásanna sin bheadh athbhreithneoir ag súil leis go mbeadh an dliteanas a bhí dlite ríofa ag iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim.

- Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl gur ríomh iniúchóir na gCoimisinéirí an dliteanas a bhí dlite i dtrí cinn de na seacht gcás sin. Fuarthas sna ríomhaireachtaí sna comhaid cás nach raibh siad sínithe ná dátaithe ag na cásoibrithe, agus mar sin bhí sé deacair a aithint arbh iad na Coimisinéirí Ioncaim agus nó an cáiníocóir nó gníomhaire an cháiníocóra a d'ullmhaigh iad.

- Sna na ceithre chás eile, bhí an socrú bunaithe ar ríomhaireachtaí a chuir gníomhaire an cháiníocóra ar fáil agus bhíodar fíoraithe ag iniúchóir na gCoimisinéirí. Bhain dhá cheann de na cásanna sin le socruithe a ndearnadh caibidlíocht fúthu (féach Cásanna C agus D thíos). Cé nach gá d'iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim an dliteanas atá dlite a ríomh ar chríochnú iniúchta, mura n-áiríonn iniúchóir na gCoimisinéirí é bíonn sé deacair na tairiscintí a bhí á moladh ag an gcáiníocóir a mheas.

### *Socruithe a comhaontaíodh*

**13.19** Fuarthas san athbhreithniú ar dhá cheann de na cásanna a athbhreithníodh gur thángthas ar réiteach idirbheartaithe. Tá achoimrí ar gach cás díobh leagtha amach thíos.

### *Cás C*

**13.20** Sa chás seo, thaifead an lia comhairleach ioncam táille a bhí díreach os cionn €2m i ráitis airgeadais na cuideachta ghaolmhaire thar thréimhse sé bliana. Toisc nach raibh aon chuntas bainc ceaptha don chuideachta coinníodh gach ioncam táillí, lena n-áirítear ioncam táillí na chuideachta, i gcuntas príobháideach bainc an lia comhairligh.[1] Taifeadadh ioncam táille 'na cuideachta' mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais mar aon le féichiúnaí comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe. Bhí iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim sásta i ndiaidh an iniúchta gurb é ioncam an lia comhairligh féin agus ní ioncam na cuideachta an t-ioncam ó tháillí.

**13.21** Mar chuid de socrú idirbheartaithe a rinneadh leis an lia comhairleach, aontaíodh go ndéanfaí méadú suntasach ar an tuarastal a íocfaí leis an lia comhairleach ón ioncam táillí a tuairiscíodh agus go ngearrfaí cáin ar an méid sin ar na rátaí cuí ó thaobh ioncam cánach, sa chaoi go ndearnadh íocaíocht mór airgid leis na Coimisinéirí Ioncaim. Táthar ag súil go ndéanfar an féichiúnaí a taifeadadh ar chlár comhardaithe na cuideachta a choigeartú i ndiaidh an tsocraithe agus go ngearrfar cáin oiriúnach ar aon iarmhéideanna a bheidh fágtha sna blianta amach romhainn.

### *Cás D*

**13.22** Sa chás seo, a taifead an lia comhairleach €1.2 milliún mar ioncam táille thar thréimhse sé bliana agus €800,000 mar asbhaintí pinsin i ráitis airgeadais na cuideachta ghaolmhaire sa tréimhse chéanna. Taifeadadh an ioncam ó tháillí mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais agus féichiúnaí comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe. Taifeadadh na ranníocaíochtaí pinsin mar chaiteachas sa chuntas brabúis agus caillteanais agus creidiúnaí comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe.

**13.23** Mar chuid de shocrú idirbheartaithe a rinneadh leis an lia comhairleach, aontaíodh go ngearrfaí cáin ar na rátaí ábhartha ó thaobh cáin ioncaim ar mhéid suntasach den ioncam ó táillí agus ar iarmhéideanna maidir le hasbhaintí pinsin a bhí taifeadta i gcuntais na cuideachta. Rinneadh íocaíocht mhór airgid leis na Coimisinéirí Ioncaim dá bharr sin. Faoi mar a tharla i gCás C, agus mar a tharlaíonn in aon idirghabháil a dhéanann na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfaighteár toradh uaithi, bítear ag súil go ndéanfar na coigeartuithe is gá ar na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus go ngearrfar an cháin chuí ar aon iarmhéid a bheidh fágtha sna blianta amach romhainn.

1 Bhí ioncam na cuideachta coinnithe ar iontaobhas ag an lia comhairleach don chuideachta.

**13.24** Bíonn coigeartuithe ar na ráitis airgeadais ag teastáil sna blianta ina dhiaidh sin mar gheall ar shocruithe áirithe a aontaíodh le lianna comhairleacha. Mar sin féin, ní dhéantar sonraí na gcoigeartuithe sin a thaifeadadh sna comhaontuithe socraíochta. Dá thoradh sin, ní bhíonn a fhios ag na Coimisinéirí Ioncaim an ndearnadh na coigeartuithe riachtanacha a bhí mar chuid de na socruithe comhaontaithe nó nach ndearnadh. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé beartaithe acu breathnú athuair ar shampla de na cásanna inar tháinig sé sin chun cinn lena dheimhniú go bhfuil na coigeartuithe iomchuí déanta.

### *Faomhadh socruithe*

**13.25** Is iad seo a leanas leibhéil na gCoimisinéirí Iioncaim ar a gcaithfear faomhadh a fháil le haghaidh socruithe

- Suas go €50,000 - Bainisteoir Ceantair (atá comhionann le leibhéal Príomhoifigigh)
- €50,001 - €100,000 - Rúnaí Cúnta
- Os cionn €100,001 - Coimisinéir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim

**13.26** Tugtar le fios i lámhleabhar na gCoimisinéirí Ioncaim "*i roinnt ceantar, féadfaidh an Príomhoifigeach an fhreagracht as socruithe faoi bhun €50,000 a tharmligean."* Níl na rialacha a bhaineann leis an gcaoi ba cheart an tarmligean a chur i gcrích leagtha amach sa lámhleabhar, agus níl cur síos ar tharmligean i gCóras Bainistíochta Cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim.

**13.27** Bhain seacht gcinn de na 37 gcás a roghnaíodh don athbhreithniú le socruithe a bhí níos lú ná €50,000. Dá thoradh sin, bhí faomhadh Bainisteora Dúiche riachtanach dóibh, murar sannadh an fhreagracht astu chuig oifigeach eile. D'fhaomh daoine ar leibhéal níos ísle ná leibhéal Bainisteora Ceantair sé cinn de na cásanna ach ní raibh aon fhianaise ann a thug le fios go raibh tarmligean foirmiúil déanta. Ceadaíodh cúig cinn de na cásanna ar leibhéal Príomhoifigigh Chúnta agus ceadaíodh ceann amháin acu ar leibhéal Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin.

**13.28** Ó mhí Iúil 2013 i leith, nuair a fhaomhtar socrú de thoradh iniúchta, is féidir é a roghnú go huathoibríoch agus go randamach agus a chur ar aghaidh lena fhaomhadh arís ag Rúnaí Cúnta nó ag Comhalta Boird (lena n-áirítear Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim).[1] Nuair a roghnaítear cás cuirtear ar aghaidh é go díreach é chuig Rúnaí Cúnta nó Comhalta Boird agus gabhtar thar gach gnáthleibhéal ceadaithe eile.

**13.29** Cé gur thugadh le fios san athbhreithniú go bhféadfaidh suimeanna suntasacha a bheith i gceist sna socruithe i ndiaidh fiosruithe faoi ghnéithe agus i ndiaidh agallaimh phróifíle nach mbaineann an roghnú randamach i gcomhair faomhadh eile ach amháin le socruithe a dhéantar de thoradh iniúchtaí. Ní bhaineann sé le socruithe a aontaíodh i ndiaidh fiosruithe faoi ghnéithe nó agallaimh phróifíle.

1 baintear leas as algartam ceadaithe um iniúchadh randamach chun cinneadh a dhéanamh an roghnófar an t-iniúchadh lena fhormheas tuilleadh.

## Conclúidí agus moltaí

**13.30** In 2010, thionscain na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar ghnóthaí cánach lianna comhairleacha leighis i réigiún Bhaile Átha Cliath tar éis dóibh fáil amach faoi straitéis pleanála cánach a bhí á chur chun cinn laistigh de ghairm an leighis. Nuair a bhí athbhreithniú déanta ar roinnt cásanna bhí na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur cheart an t-ábhar a iniúchadh tuilleadh agus mar sin leathnaíodh an t-athbhreithniú amach ar fud na tíre in 2013. D'oscail na Coimisinéirí Ioncaim cásanna 763 lia chomhairleach leighis. Bhí 403 acu sin dúnta faoin 30 Meitheamh 2016 agus €48.7 milliún faighte mar thoradh uathu, lena n-áirítear cáin agus ardú sa todhchaí, ús agus pionóis.

**13.31** Rinneadh athbhreithniú ar shampla de 37 cás a dúnadh mar chuid den scrúdú sin. Tríd is tríd, fuarthas amach go raibh cur chuige comhsheasmhach curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim sna hidirghabhálacha sin. Aithníodh saincheisteanna áirithe, áfach, ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh. Tá na saincheisteanna sin leagtha amach sna moltaí thíos.

### *Tráthúlacht*

**13.32** Mar chuid den athbhreithniú ar na 37 gcás tugadh faoi deara go raibh athruithe suntasacha san am ar thóg sé chun cásanna a dhúnadh. Thóg sé níos mó ná sé mhí chun beagán os cionn leath de na cásanna (20) a dhúnadh agus gur thóg sé breis is ceithre bliana chun trí cinn de na cásanna a dhúnadh.

#### Moladh 13.1

Ba cheart athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar shampla de na cásanna ina dtugtar éagsúlachtaí suntasacha ama faoi deara maidir lena ndúnadh. Ba cheart na cúiseanna atá leis na moilleanna sin a aithint san athbhreithniú agus na bearta a d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim a ghlacadh chun moilleanna mar sin a sheachaint feasta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe go páirteach. Déanann Bainisteoirí Ceantair athbhreithniú ar na cúiseanna atá le moilleanna i ndúnadh cásanna trí dhul i gcomhairle go rialta le bainisteoirí iniúchóireachta. I ndiaidh moltaí a rinneadh i gCaibidil 27 (Socruithe Iniúchta Cánach) de Tuarascáil 2012 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuirtear athbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta i gcrích go minic agus leagadh béim iontu ar an ngá atá leis na rialuithe a neartú tuilleadh maidir le bainistiú fad na n-iniúchtaí. Tá na rialuithe méadaithe sin á gcur i bhfeidhm. Tá méadrachtaí maidir le fad na n-iniúchtaí ar chlár Lucht Bainistíochta Cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus bítear ag tarraing airde orthu i gcónaí agus á bplé ag cruinnithe lucht bainistíochta réigiúnacha agus rannán agus ag cruinnithe an Fheidhmeannais Bainistíochta Gnó.

Maidir le gnéithe sonracha i gclár na lianna comhairleacha leighis, chiallaigh nádúr na gcásanna sin agus an chaoi ar ghá déileáladh leo gur caitheadh mórchuid ama le hidirbheartaíocht agus leis na socruithe sa chaoi go raibh siad níos faide ná gnáthiniúchadh.

### *Ríomh úis agus pionós*

**13.33** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh an t-ús agus na pionóis a bhain le deich gcinn de na 37 gcás a athbhreithníodh a athríomh. Tugadh éagsúlachtaí faoi deara in dhá cheann den deich gcás. Tugann sé sin le fios go bhféadfaí feabhas a chur ar phróiseas na gCoimisinéirí Ioncaim chun ús agus pionóis a ríomh i gceart.

#### Moladh 13.2

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm acu lena chinntiú go ndéanfar ús agus pionóis a chainníochtú de réir na reachtaíochta agus an Chóid Chleachtais. D'fhonn cabhrú leis an gcleachtadh sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar shampla de na háirimh a rinneadh maidir le hús agus le pionóis. Sa chás go dtugtar athruithe faoi deara, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim na cúiseanna atá leo a thiomsú agus na torthaí a chur in iúl don fhoireann lena chinntiú nach dtarlóidh siad arís i gcásanna eile.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe go páirteach. Is é an toradh a bhí ar athbhreithnithe níos rialta um dhearbhú cáilíochta ná gur glacadh bearta lena áirithiú go bhfoghlaimítear ceachtanna ón líon beag cásanna nuair nár cloíodh go dlúth leis an reachtaíocht agus leis an gCód Chleachtais maidir le gearradh úis agus pionós.

Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar threoirlínte iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim go rialta agus scaiptear teachtaireachtaí trí fhóraim éagsúla, lena n-áirítear Seimineáir Náisiúnta um Chomhlíonadh, Comhdhálacha Réigiúnacha, Cruinnithe Foirne Bainistíochta Réigiúnacha agus Líonraí um Chomhlíonadh.

### *Cainníochtú an dliteanais atá dlite agus socruithe a rinneadh*

**13.34** Ar na 37 gcás a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú seo ní dhearna na cáiníocóirí aon nochtadh ná aon ráiteas faoi mhéid an dliteanais i seacht gcás acu. I gcás trí cinn de na cásanna sin, rinne iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim cainníochtú ar an dliteanas. Mar sin féin, ó ba rud é nár síníodh is nár dátaíodh an ríomhaireacht ba dheacair a dhearbhú gurbh iad na Coimisinéirí Ioncaim a ríomh é agus ní an cáiníocóir. Maidir leis na ceithre chás eile, bhí na socruithe bunaithe ar ríomhaireachtaí a chuir gníomhairí na gcáiníocóirí isteach. Dá ndéanfadh iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim cainníochtú ar an méid a bheadh dlite ar chríochnú an iniúchta chuirfeadh sé sin bonn soiléir ar fáil don réiteach comhaontaithe.

#### Moladh 13.3

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go ndéanann an t-iniúchóir measúnú/cainníochtú ar an méid atá dlite agus go dtabharfar míniú soiléir sa tuarascáil iniúchóireachta faoi aon chomhaontú a dhéanfar faoi mhéid a bheadh faoina bhun sin agus go ndéanfar é sin a thaifeadadh sa tuarascáil iniúchóireachta freisin.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Cuid riachtanach den réiteach is ea Córas Cásbhainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba cheart go mbeadh mínithe soiléire faoi conas a ndearnadh socruithe le fáil sna tuarascálacha a chomhdaítear sa chóras cásbhainistíochta. Déanfaidh an Rannóg Pleanála an teachtaireacht sin a thabhairt arís don bhfoireann a bhíonn ag obair ar idirghabhálacha comhlíonta.

### *Socruithe a comhaontaíodh*

**13.35** In dhá cheann de na 37 chás a athbhreithníodh, thángthas ar shocruithe idirbheartaithe ach níor cuireadh téarmaí iomlána na gcomhaontuithe sin ó thaobh coigeartuithe ina dhiaidh sin sna ráitis airgeadais in iúil go foirmiúil don lia comhairleach. Níl a fhios ag na Coimisinéirí Ioncaim an ndearna an lia comhairleach na coigeartuithe a bhí riachtanach mar chuid den socrú a aontaíodh nó nach ndearna.

**Moladh 13.4**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcuirtear gach ceann de na riachtanais a bhaineann le socrú cánach in iúl go foirmiúil i scríbhinn don cháiníocóir, lena n-áirítear aon choigeartuithe is gá a dhéanamh ar ráitis airgeadais. Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a áirithiú go leantar de chásanna ina bhfuil coigeartuithe le déanamh ina dhiaidh sin mar chuid den chomhaontú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Mínítear i gCód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIniúchtaí agus Idirghabhálacha Comhlíonta Eile go gcuirimid bailchríoch ar idirghabhálacha trí litir dheiridh a eisiúint mar chlabhsúr. Más rud é gur gá coigeartuithe a dhéanamh ar ráitis airgeadais de thoradh an iniúchta cuirfear é sin in iúl sa litir chlabhsúir. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil go ndéanfar na coigeartuithe sna ráitis airgeadais sa ghnáthchúrsa, rud a bheadh ag teacht le prionsabail cuntasaíochta ghinearálta. Ach tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do leanúint de shampla de chásanna dá leithéid lena chinntiú go ndearnadh na coigeartuithe cuí.

### *Faomhadh socruithe*

**13.36** Tá sé ráite i nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim gur duine ar leibhéal Bainisteora Dúiche a fhaomhann socruithe suas go €50,000. Cé go ndúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh Bainisteoir Dúiche freagracht mar bhainisteoirí iniúchóireachta a shannadh, ní dhearnadh an próiseas a dhoiciméadú agus ní dlúthchuid é de Chóras na gCoimisinéirí Ioncaim um Bainistiú Cásanna.

**13.37** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar fhaomhadh na socruithe i 37 gcás shamplacha. Rinneadh socruithe faoi bhun €50,000 i seacht gcinn de na cásanna. Duine nó daoine a raibh grád níos ísle ná Bainisteoir Dúiche acu a d’fhaomh sé cinn de na cásanna sin, a raibh luachanna idir €2,000 agus €33,000 ag baint leo, agus ní raibh aon fhianaise ann go raibh tarmligean foirmiúil déanta.

**Moladh 13.5**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil atá riachtanach chun méideanna na socruithe a fhaomhadh. Ba cheart an leibhéal ag a bhfaomhtar suimeanna suas go €50,000 a bheith ina dhlúthchuid de Chóras Bainistíochta Cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim. Más gá suimeanna suas go €50,000 a tharmligean chuig grád faoi bhun leibhéal Bainisteora Dúiche, ba cheart lámhleabhar na nósanna imeachta a leasú lena chur in iúl conas ar cheart é sin a thaifeadadh agus ba cheart na leibhéil fhormheasta leasaithe a ionchorprú i gCóras Bainistíochta Cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe go páirteach. I líon an-suntasach cásanna, cuirfidh an Príomhbhainisteoir Iniúchta Cúnta a (h)ainm leis an iniúchadh de bhun údaráis a shann Príomhoifigeach Bainistíochta Dúiche. Tá na Coimisinéirí Ioncaim sásta leis na leibhéil reatha le haghaidh faomhadh socruithe ach coinníonn siad na méideanna sin faoi athbhreithniú. Tá na leibhéil éagsúla maidir le faomhadh ina ndlúthchuid cheana féin de chóras Bainistithe Cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus luaitear iad sa lámhleabhar ábhartha d'úsáideoirí. Féachfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an gá an córas maidir le húdarás a tharmligean chun socruithe suas go €50,000 a fhaomhadh a fhoirmiú i lámhleabhair eile faoi nósanna imeachta agus in áiteanna eile.

**13.38** Chomh maith leis na gnáth-nósanna imeachta atá ann chun méideanna socruithe a fhaomhadh, nuair a dhéantar socrú iniúchta a fhaomhadh is féidir é a roghnú go randamach agus a tharchur lena fhaomhadh athuair ar leibhéal Rúnaí Cúnta nó ar leibhéal an Bhoird. Córas maith é sin um rialú inmheánach ach ní bhaineann sé ach le socruithe de thoradh iniúchtaí. Ní bhaineann sé le socruithe a aontaítear tar éis ceist faoi ghné nó tar éis agallamh próifíle.

**Moladh 13.6**

Ba cheart an córas maidir le socruithe a roghnú go randamach lena bhfaomhadh arís ar leibhéal Rúnaí Cúnta nó ar leibhéal an Bhoird a leathnú chuig socruithe a dhéantar i ndiaidh ceisteanna faoi ghnéithe agus agallaimh phróifíle.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Ní aontaím leis sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtéann idirghabhálacha neamhiniúchóireachta tríd an bpróiseas foirmiúil formheasa sa chaoi chéanna is a tharlaíonn i gcás iniúchtaí, ach amháin nach bhfuil aon tarchur randamach i gceist. Ós rud é go mbíonn i bhfad níos mó idirghabhálacha neamhiniúchóireachta ann ná iniúchtaí, ní mór leibhéal na dtarchur randamach a chur i gcoibhneas le rioscaí aitheanta agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Tá Bord na gCoimisinéirí Ioncaim sásta leis na socruithe atá ann faoi láthair. Mar sin féin, déanfar athbhreithniú ar idirghabhálacha neamhiniúchóireachta níos déanaí sa bhliain agus déanfar tabhairt isteach faomhadh randamach do na hidirghabhálacha sin a mheas i bhfianaise na dtorthaí.

### *Athbhreithniú tionscadail*

**13.39** Tá 403 cás dúnta ag na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid dá n-athbhreithniú ar ghnóthaí cánach lianna comhairleacha leighis agus tá 360 cás ar siúl faoi láthair. Ní dhearnadh aon athbhreithniú foirmiúil ar chásanna a dúnadh go dtí seo. Chabhródh a leithéid d'athbhreithniú leis na Coimisinéirí Ioncaim torthaí na gcásanna a críochnaíodh go dtí seo a thiomsú agus aird a tharraingt ar na príomhréimsí riosca agus chuirfeadh sé ar chumas na gCoimisinéirí na torthaí agus na rioscaí a chur in iúl don fhoireann atá ag déileáil le cásanna na lianna comhairleacha.

**Moladh 13.7**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar shampla de chásanna dúnta sa tionscadal sin, agus ba cheart dóibh aon cheachtanna a foghlaimíodh a chur in iúl don fhoireann.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Faoi mar a bhíonn i gcláir náisiúnta den sórt sin, cuid an-tábhachtach den phróiseas foriomlán is ea foghlaim ó torthaí cásoibre agus an t-eolas sin a scaipeadh ar bhealach struchtúrtha. I dtaca leis seo, bíonn ról ríthábhachtach ag na cainéil cumarsáide inmheánacha éagsúla, mar shampla, cruinnithe Lucht Bainistíochta Rannóg agus líonraí Comhlíonta Réigiúnacha agus Náisiúnta. Tá eolas faoin gcur chuige a ghlac lianna comhairleacha leighis leis ábhartha i gcás athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar earnálacha agus gairmeacha eile.

## Iarscríbhinn A Rátaí pionós i leith mainneachtana ar nó i ndiaidh an 24 Nollaig 2008

| Nochtadh cáilitheach | Catagóir iompair | Níor chomhoibrigh go hiomlán | Nochtadh cáilitheach déanta - comhoibrigh go hiomlán | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Nochtadh spreagtha | Nochtadh neamhspreagtha |
| Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo | Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha | 20% | 10% | 3% |
| An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí sin | Iompar míchúramach a raibh iarmhairtí suntasacha ag baint leis | 40% | 20% | 5% |
| | Iompar de bhun tola | 100% | 50% | 10% |
| An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí sin | Iompar míchúramach a raibh iarmhairtí suntasacha ag baint leis | 40% | 30% | 20% |
| | Iompar de bhun tola | 100% | 75% | 55% |
| An tríú nochtadh cáilitheach sna catagóirí sin nó nochtadh cáilitheach ina dhiaidh sin | Iompar míchúramach a raibh iarmhairtí suntasacha ag baint leis | 40% | 40% | 40% |
| | Iompar de bhun tola | 100% | 100% | 100% |

| Gan nochtadh cáilitheach | Catagóir iompair | Gan comhoibriú | Comhoibriú amháin |
|---|---|---|---|
| Gach mainneachtain nuair nach ndearnadh aon nochtadh cáilitheach | Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha | 20% | 15% |
| | Iompar míchúramach a raibh iarmhairtí suntasacha ag baint leis | 40% | 30% |
| | Iompar de bhun tola | 100% | 75% |

Nóta: Tagraíonn an tábla seo do mhainneachtain a tharla ar nó tar éis an 24 Nollaig 2008 (An tAcht Airgeadais Uimh. 2 2008), i gcás go ndéanann an cáiníocóir nochtadh cáilitheach agus freisin do mhainneachtain nuair nach ndéantar aon nochtadh cáilitheach. Is éard atá i bpionós dírithe cánach ná céatadán den cháin ghearríoctha. Tá an tábla pionós i leith mainneachtana a tharla roimh an 24 Nollaig 2008 san áireamh i gCód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh Iniúchtaí agus Idirghabhálacha Comhlíonta Eile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.


# 14 An Creidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt

**14.1** Tugadh creidmheas cánach um thaighde agus forbairt (T&F) isteach faoin Acht Airgeadais, 2004.[1] Is é ráta an chreidmheasa ná 25% den chaiteachas incháilithe agus is féidir le cuideachtaí atá i mbun T&F inmheánach in Éirinn é a éileamh. Cuirtear creidmheas cánach ar fáil freisin i dtaca le caiteachas ar fhoirgnimh agus ar struchtúir a úsáidtear le haghaidh T&F. Is féidir an creidmheas cánach T&F a éileamh de bhreis ar an ngnáth-asbhaint 12.5% i gcomhair na cánach corparáide. Mar sin, is é iomlán an tsochair cánach ná 37.5%.

**14.2** Tugadh creidmheas cánach iníoctha isteach sa bhliain 2009. D'fhág sé sin sa chás go bhfuil an creidmheas curtha in aghaidh a dhliteanais cánach corparáide ag cuideachta don tréimhse reatha agus do na tréimhsí roimhe agus go bhfuil barrachas fós ann, is ceadmhach don chuideachta sin éileamh a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim (Revenue) an méid atá fágtha a íoc léi ina thrí thráthchuid le himeacht tréimhse 33 mí.

**14.3** Is é príomhchuspóir an chreidmheasa cánach ná Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Fhorbairt (CGTF) a dhreasú.[2] Tá leagtha amach san fhíor seo a leanas an CGTF ó 2003-2014.

**Fíor 14.1 Caiteachas Gnó ar T&F, 2003 go 2014[a]**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nóta: a Is iad an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Forfás a stiúrann an Suirbhé CGFT le chéile gach re bliain. Foilsíodh na sonraí is déanaí a bhfuil fáil orthu (a bhaineann le 2013) i mí an Mheithimh 2015. Tá na figiúirí i dtaca leis an mbliain 2014 measta.

**14.4** Déantar an suirbhé CGFT i ngach ballstát den Aontas Eorpach. Sa bhliain 2014, ba é an sciar den chaiteachas T&F a rinneadh san earnáil ghnó in Éirinn ar an dara sciar ab airde san AE (73%). Tá leagtha síos i Straitéis AE 2020 cuspóir 3% i gcomhair déine T&F agus tá a spriocanna náisiúnta i gcomhair déine T&F socraithe ag an gcuid is mó de na ballstáit don bhliain 2020.[3] B'ionann déine T&F na hÉireann agus 1.55% in 2014, cé gurbh ionann an meán san AE agus 1.95%.

1 Alt 33, an tAcht Airgeadais, 2004.

2 Athbhreithniú na Roinne Airgeadais ar an gCreidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt in Éirinn, Deireadh Fómhair 2013.

3 Bearta Déine Taighde agus Forbartha, Caiteachas ar Thaighde agus Forbairt mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre (OTI). Shocraigh Éire 2.5% den Olltáirgeacht Náisiúnta mar sprioc náisiúnta, rud a measadh arb ionann é agus 2.0% den OTI.


**14.5** Tá athbhreithniú déanta sa chaibidil seo

- ar fheidhmiú an chreidmheasa cánach T&F, lena n-áitítear oiread is nach gcomhlíontar coinníollacha na scéime
- ar an gcaoi a bhféadfadh córais agus nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim a fheabhsú chun neamhchomhlíonadh sa réimse seo a bhrath agus a dhíspreagadh.

## Costas na Scéime T&F

**14.6** Mhéadaigh líon na dtairbhithe a bhain leas as scéim an chreidmheasa cánach T&F ó 73 cuideachta in 2004 go dtí thart ar 1,600 cuideachta in 2014. Le himeacht na tréimhse céanna, mhéadaigh costas na scéime ó €71 milliún go dtí €553 milliún (féach Fíor 14.2). Níl fáil éasca ar eolas faoi chostas scéim an chreidmheasa cánach T&F ná faoi líon na dtairbhithe a bhaineann leas aisti. Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim an t-eolas sin le chéile chun críche an iniúchta seo.

**Fíor 14.2 Costas na Scéime T&F, 2004 go dtí 2014**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**14.7** Mhéadaigh costas scéim an chreidmheasa cánach T&F, mar chionn den CGTF, ó 12% in 2009 go dtí 26% in 2014.

## Teacht chun cinn an chreidmheasa cánach T&F

**14.8** Rinneadh córas an chreidmheasa cánach T&F a leasú agus a fheabhsú sa chuid ba mhó de na hAchtanna Airgeadais ó tugadh isteach é (féach Fíor 14.3). I measc na bpríomhathruithe bhí

- méadú ar an ráta faoisimh ó 20% go dtí 25% in 2009
- an chreidmheasa iníoctha a thabhairt isteach
- méadú ar na teorainneacha i ndáil le fochonarthaí
- foráil 'an eochairfhostaí' a thabhairt isteach – is ceadmhach do chuideachta cuid dá creidmheas cánach T&F nó iomlán an chreidmheasa a aistriú chuig eochairfhostaí/eochairfhostaithe atá i mbun gníomhaíochtaí T&F

- fáil réidh le riachtanas na bonnbhliana – socraíodh an bhonnbhliain in 2003, rud a d'fhág gur ghá méid an chaiteachais T&F in 2003 a dhealú ón gcaiteachas incháilithe T&F sa bhliain reatha nuair a bhí éileamh á ríomh.[1]

**Fíor 14.3 Teacht chun cinn an chreidmheasa cánach T&F, 2004 go dtí 2014**

| An tAcht Airgeadais | Leasú a rinneadh |
|---|---|
| 2004 | Tugadh isteach an creidmheas cánach T&F – creidmheas 20% ar chaiteachas T&F a tabhaíodh sa bhliain 2003 (an bhonnbhliain). |
| 2006 | • Rinneadh cionroinnt de na costais trealaimh agus innealra a bhaineann le T&F incháilithe don chreidmheas cánach.<br>• Ceadaíodh do na Coimisinéirí Ioncaim dul i ndáil chomhairle le saineolaithe lena dhearbhú cibé acu a tabhaíodh an caiteachas éilithe i dtaca le gníomhaíochtaí T&F nó nár tabhaíodh. |
| 2007 | • Socraíodh an bhonnbhliain ag 2003 go dtí 2009.<br>• Rinneadh leasú ar an bhfaoiseamh ar chaiteachas d'fhochonraitheoirí (ceadaíodh úsáid tríú páirtithe, faoi réir uasteorainn 10%, rud nach raibh ar fáil ach d'institiúidí tríú leibhéal roimhe sin). |
| 2008 | • Socraíodh an bhonnbhliain ag 2003 go dtí 2013. |
| Uimh. 2. 2008 | • Méadaíodh an ráta faoisimh ó 20% go dtí 25%.<br>• Tugadh isteach an creidmheas iníoctha.<br>• Rinneadh cion den chaiteachas ar fhoirgnimh agus struchtúir ilchineálacha incháilithe don chreidmheas cánach (ar chuntar go n-úsáidtear nach lú ná 35% den fhoirgneamh nó den struchtúr le haghaidh gníomhaíochtaí T&F).<br>• Socraíodh an bhonnbhliain ag 2003 gan chríoch. |
| 2010 | • Rinneadh leasú ar an gcaiteachas incháilithe sa bhonnbhliain i gcásanna ina ndúnann cuideachta ceann dá hionaid T&F ar bhonn buan. |
| 2011 | • Cuireadh caiteachas ar shócmhainní doláimhsithe sainithe as an áireamh i leith an chreidmheasa sa chás go raibh an caiteachas sin clúdaithe faoi chóras faoisimh cánach ar leith. |
| 2012 | • Rinneadh an chéad €100,000 de chaiteachas T&F incháilithe don chreidmheas cánach beag beann ar an gcaiteachas sa bhonnbhliain.<br>• Tugadh isteach foráil an eochairfhostaí. |
| 2013 | • Rinneadh an chéad €200,000 de chaiteachas T&F incháilithe don chreidmheas cánach beag beann ar an gcaiteachas sa bhonnbhliain (méadaithe ó €100,000 in 2012).<br>• Laghdaíodh na critéir cháilitheachta i ndáil leis an eochairfhostaí go dtí 50% den am oibre ar ghníomhaíochtaí T&F (75% nuair a tugadh isteach in 2012 é). |
| Uimh. 2. 2013 | • Rinneadh an chéad €300,000 de chaiteachas T&F incháilithe don chreidmheas cánach beag beann ar an gcaiteachas sa bhonnbhliain (méadaithe ó €200,000 in 2013).<br>• Méadaíodh na teorainneacha seachfhoinsithe. |
| 2014 | • Fuarthas réir leis an mbonnbhliain le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Bhí bonnbhliain rollach i gceist ar an gcéad dul síos, rud a ndéanfaí a nuashonrú gach trí bliana, .i. bonn seasta 2003 i gcomhair an chaiteachais in 2004-2006 agus bonn aon bhliana ina dhiaidh sin – 2004 don bhliain 2007, 2005 don bhliain 2008, agus mar sin de.

## Athbhreithniú ar fheidhmiú an chreidmheasa cánach T&F

**14.9** In 2013, rinne Rannóg Eacnamaíochta agus Fhioscach na Roinne Airgeadais athbhreithniú ar an gcreidmheas cánach T&F. Ba é tátal an athbhreithnithe nár ghá córas an chreidmheasa cánach T&F a leasú ó bhonn

- go n-imríonn sé ról tábhachtach i leith cur ar chumas na hÉireann a sprioc faoi Eoraip 2020 a chomhlíonadh .i. leibhéal caiteachas ar T&F nach lú ná 2.5% den OTN a bhaint amach
- go bhfuil sé ríthábhachtach nuair a dhéanann cuideachtaí éilitheora cinntí infheistíochta maidir le T&F
- go bhfuil sé ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bheag nó a mhór
- go dtuigtear go bhfuil sé ar cheann de ghnéithe ríthábhachtacha chóras cánach corparáide na hÉireann i leith infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh chun na hÉireann.

## Riar an chreidmheasa cánach T&F


**14.10** Cuireann cuideachtaí a n-éileamh ar an gcreidmheas cánach T&F faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim mar chuid dá dtuairisceán bliantúil cánach corparáide (foirm CT1). Cuirtear an creidmheas cánach in aghaidh an dliteanais cánach corparáide sa tréimhse reatha ar an gcéad dul síos, agus in aghaidh dhliteanas na bliana roimhe ansin. Má bhíonn barrachas fós ann, is ceadmhach don chuideachta é a thabhairt ar aghaidh gan chríoch lena cuid dliteanas cánach corparáide a fhritháireamh amach ansin nó iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim é a íoc ina thrí thráthchuid mar chreidmheas iníoctha. Bíonn suim iomlán na gcreidmheasanna iníoctha i leith caiteachas T&F in aon tréimhse chuntasaíochta faoi réir teorainn atá leagtha síos i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim.[1]

### *Éilimh T&F a phróiseáil*

**14.11** Mar atá leagtha amach i bhFíor 14.4, is ann do dhá phróiseas mhalartacha nuair a fhaightear éilimh. Mura bhfuil creidmheas T&F le húsáid ach amháin le dliteanais cánach corparáide a fhritháireamh, déantar é a phróiseáil gan aon seiceálacha a dhéanamh de láimh.

1 Treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an gCreidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt, Aibreán 2015.

**Fíor 14.4 Éileamh T&F a phróiseáil**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**14.12** Nuair a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim éileamh ar chreidmheas iníoctha, cuirtear 'stop' ar an éileamh sin sa ghnáthchúrsa. Gintear mír oibre leis sin, a gcaithfidh cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim plé a dhéanamh leis sula ndéantar an íocaíocht a phróiseáil. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl, nuair atá mír oibre le próiseáil, go ndéanann an cásoibrí seiceálacha dearbhaithe áirithe, mar shampla, déanfaidh sé deimhin de go bhfuil gach tuairisceán cothrom le dáta agus nach bhfuil aon idirghabháil chomhlíonta ar bun, déanfaidh sé athbhreithniú ar an ríomh, agus déanfaidh sé an t-éileamh roimhe a sheiceáil (ag brath ar bhliain an éilimh). Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht ar thorthaí na seiceálacha dearbhaithe a dhéantar de láimh. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go leantar leis an ngnáthphróiseáil nuair nach dtagann aon cheist chun solais, agus má thagann (m.sh. iniúchadh), go n-osclaítear idirghabháil agus go ndéantar toradh na hidirghabhála sin a thaifeadadh i gcóras bainistithe cás na gCoimisinéirí Ioncaim.[1]

### *Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim*

**14.13** Bíonn dhá thástáil i gceist sula ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim idirghabháil in éileamh T&F

- tástáil eolaíochta – lena chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí atá luaithe san éileamh ag teacht leis an míniú reachtúil atá tugtha ar ghníomhaíocht T&F
- tástáil chuntasaíochta – lena chinntiú go ndearnadh na costais a tabhaíodh i reáchtáil gníomhaíochta incháilithe a rianú i gceart agus gur coinníodh cuntas cruinn orthu.

**14.14** Mar chuid den athbhreithniú seo, d'iarramar faisnéis ar na gníomhaíochtaí comhlíonta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh T&F de. Tá leagtha amach i bhFíor 14.5 an fhaisnéis a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil dúinn.

**Fíor 14.5 Idirghabhálacha T&F na gCoimisinéirí Ioncaim, fáltas agus líon a rinneadh, 2011 go dtí 2015[a]**

| Bliain | Líon na n-idirghabhálacha | Fáltas €'000 | Meánfháltas san idirghabháil € |
|---|---|---|---|
| 2011 | 26 | 2,591 | 99,654 |
| 2012 | 49 | 5,413 | 110,469 |
| 2013 | 105 | 14,483 | 137,933 |
| 2014 | 162 | 10,106 | 62,383 |
| 2015 | 178 | 13,542 | 76,079 |
| | **520** | **46,135** | |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Nóta: a Níl fáil ar fhaisnéis faoi na réigiúin ar fad roimh an mbliain 2011.

1 Tá próiseas roghnaithe cás ag gach ceantar de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim le cásanna a scagadh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'idirghabháil chomhlíonta.

**14.15** Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis atá i bhFíor 14.5 le chéile chun críche an iniúchta seo. Toisc go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim iomlán na cánach breise a fhaightear mar thoradh ar iniúchtaí faoin gcáin ábhartha, .i. an cháin ioncaim, an cháin chorparáide, srl, ní rabhthas in ann figiúirí a chur ar fáil faoin bhfáltas is cúis le héilimh ar an gcreidmheas cánach T&F. Tá san áireamh san fháltas atá luaite i bhFíor 14.5 fáltas ó chánacha eile amhail an CBL, an cháin ioncaim, srl. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go ndéantar gach idirghabháil T&F a thaifeadadh go lárnach ó tugadh isteach an córas bainistithe cás i mí Iúil 2015. Déanann an córas sin sainaithint na gcásanna idirghabhála T&F níos éasca. Bíodh sin mar atá, caithfear anailís a dhéanamh ar bhonn cás ar chás le sainaithint a dhéanamh ar an bhfáltas T&F ar leith.

## Torthaí an athbhreithnithe

**14.16** Mar chuid den athbhreithniú seo, breathnaíodh ar 17 gcás a raibh baint de shaghas éigin acu le fáltas T&F a cuireadh i gcrích in 2015.

### *Fáltas ó idirghabhálacha*

**14.17** B'ionann an fáltas ó na 17 gcás a roghnaíodh mar chuid den athbhreithniú agus €8.8 milliún le bailiú nó le forchúiteamh – bhain €8.4 milliún (95%) den tsuim sin le héilimh T&F. Tá leagtha amach i bhFíor 14.6 luach iomlán na n-éileamh T&F a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus an fáltas ó na hidirghabhálacha a rinneadh ar an sampla cásanna a ndearnadh athbhreithniú air.

**Fíor 14.6 Fáltas ón sampla comhad a fuarthas**

| Réigiún de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim | Líon na gcásanna | Iomlán an éilimh T&F<br>€'000 | Fáltas ón idirghabháil T&F<br>€'000 | Fáltas mar chion den éileamh<br>% |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg na gCásanna Móra | 5 | 37,704 | 5,687 | 15% |
| Baile Átha Cliath | 5 | 4,190 | 1,287 | 31% |
| Réigiún an Iardheiscirt | 3 | 3,725 | 781 | 21% |
| Réigiúin an Oirthir agus an Oirdheiscirt | 2 | 598 | 598 | 100% |
| Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair | 2 | 160 | 21 | 13% |
| **Iomlán** | **17** | **46,377** | **8,374** | **18%** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**14.18** I measc na bpríomhchúiseanna a bhí leis an bhfáltas sna cásanna T&F a ndearnadh athbhreithniú orthu bhí

- fadhbanna leis an mbonnbhliain
- caiteachas neamh-incháilithe a éileamh
- an iomarca costas a éileamh
- cáipéisíocht tacaíochta neamhleor
- cionroinnt mhícheart costas
- creidmheas iníoctha neamhcheadaithe/srianta.

### *Ús agus pionóis*

**14.19** As na 17 gcás a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den iniúchadh seo, cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm ar an bhfáltas T&F i dtrí cinn de na cásanna. Sna cásanna eile

- ní raibh feidhm ag ús ná pionóis ar an bhfáltas T&F in 11 cheann de na cásanna
- ní raibh feidhm ag pionóis in dhá cheann de na cásanna (cuireadh ús i bhfeidhm)
- ní raibh feidhm ag ús i gceann amháin de na cásanna (cuireadh pionóis i bhfeidhm).

**14.20** Tá leagtha amach i bhFíor 14.7 na príomhfháthanna a thug na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh feidhm ag ús ná pionóis.

**Fíor 14.7 Fáthanna nár cuireadh ús ná pionóis i bhfeidhm i gcásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu**

| | Ús | Pionós |
|---|---|---|
| Léiriú amhrais[a] | 1 chás | 1 chás |
| Suim nach airgead[b] | 11 chás | 6 chás |
| Coigeartú teicniúil[c] | — | 6 chás |
| | **12 chás** | **13 chás** |


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Is féidir le cáiníocóir atá in amhras faoi chóireáil chánach áirithe léiriú amhrais a chur isteach agus é ag cur a thuairisceáin isteach.
b Baineann sé seo le teorainn a chur le caillteanais nó le creidmheasanna iníoctha a choinneáil siar.
c Coigeartú ar dhliteanas cánach nó dleachta a eascraíonn as difríochtaí ó thaobh an reachtaíocht a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm. I gcásanna ina bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta nach gá ach le coigeartú teicniúil, ní bhíonn feidhm ag pionóis.

### *Tráthúlacht i leith idirghabhálacha a chur i gcrích*

**14.21** I gcás na 17 gcás shamplacha a ndearnadh athbhreithniú orthu, bhí éagsúlacht sa mhéid ama a tógadh leis na cásanna a chur i gcrích. Mar atá léirithe i bhFíor 14.8, tugadh 10 gcás chun críche laistigh d’aon bhliain amháin agus tógadh breis is 18 mí le dhá cheann de na cásanna eile a chur i gcrích.

**Fíor 14.8 Tráthúlacht i leith idirghabhálacha a chur i gcrích, de réir luacha**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Saineolaithe a fhostú*

**14.22** Tá painéal saineolaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, a théann i ndáil chomhairle leo de réir mar is gá agus an tástáil eolaíochta á déanamh. Tá buiséad láraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim le saineolaithe a fhostú chun cabhrú le cásoibrithe agus an tástáil eolaíochta á déanamh acu. In 2015, d'fhostaigh na Coimisinéirí Ioncaim 18 saineolaí, rud a chosain beagáinín ní ba mhó ná €140,000 ar an iomlán.

**14.23** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur féidir le duine dul isteach sa phainéal saineolaithe ag aon am le linn na bliana agus, le dul isteach sa phainéal, nach mór don iarratasóir

- PhD i réimse ábhartha a bheith aige/aici, agus
- a bheith comhlíontach maidir le cúrsaí cánach.

**14.24** Ní lorgaíonn na Coimisinéirí Ioncaim cruthúnas ar cháilíochtaí acadúla. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl nach lorgaíonn a leithéid de chruthúnas de bharr go bhfuil an chuid is mó de na hiarratasóirí ina n-acadóirí gníomhacha a bhfuil a gcáilíochtaí foilsithe ag an gcoláiste ábhartha san eolaire acadúil ar a láithreán gréasáin. Ní mór do gach iarratasóir a lámh a chur le dearbhú a léiríonn go bhfuil a chuid cánacha ina gceart.

**14.25** Is é ceann de na coinníollacha a bhaineann le conarthaí earnála poiblí a bhfuil a luach níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) laistigh d'aon tréimhse 12 mhí ná go gcaithfidh an conraitheoir deimhniú imréiteach cánach a chur ar fáil nó leibhéal sásúil comhlíonta cánach a léiriú. Eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim Deimhnithe Imréiteach Cánach agus is ann d'áis fíorúcháin ar líne a chuireann ar chumas tríú páirtithe rochtain ar an deimhniú le stádas imréitigh cánach duine aonair nó cuideachta a sheiceáil. Ní féidir rochtain air sin gan cead a fháil ón iarratasóir a bhfuil an deimhniú imréiteach cánach ina sheilbh aige roimh ré.

**14.26** In 2015, d'fhostaigh na Coimisinéirí Ioncaim 5 saineolaithe a fuair ní ba mhó ná €10,000 an duine ar bhonn carnach. Mar chuid den iniúchadh seo, iarradh ar na Coimisinéirí Ioncaim cruthúnas a thabhairt ar láimh gur deimhníodh stádas cánach na gcúigear saineolaithe sular íocadh ní ba mhó ná €10,000 an duine leo. Cé gur chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl gur breathnaíodh ar na sonraí maidir le staid chánach na saineolaithe mar chuid den phróiseas íocaíochta, ní raibh siad in ann an cruthúnas a bhí ag teastáil a chur ar fáil. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim cé nach raibh deimhniú imréiteach cánach ag roinnt acu, go mbeidís i dteideal cinn, nó cé nach raibh cóip ag na Coimisinéirí Ioncaim den deimhniú, go raibh ceann i seilbh an cháiníocóra. I gcás na 5 saineolaithe a roghnaíodh, chuir na Coimisinéirí Ioncaim cóipeanna de na dearbhuithe a shínigh na saineolaithe ar fáil, inar dhearbhaigh siad go raibh a ngnóthaí cánach ina gceart go hiomlán agus go mbeidís amhlaidh ar feadh ré aon chonartha a bhronnfaí.

## Conclúidí agus moltaí

**14.27** Mhéadaigh costas scéim an chreidmheasa cánach T&F go suntasach ó cuireadh tús léi sa bhliain 2004. In 2014, chosain sí breis is €550 milliún i gcáin chorparáide nár fuarthas agus in íocaíochtaí a rinneadh le cuideachtaí. Is ionann an méid sin agus 26% den chaiteachas gnó ar thaighde agus forbairt don bhliain sin.

### *Infhaighteacht sonraí*

**14.28** Níl fáil éasca ar eolas faoi líon na n-idirghabhálacha T&F ná ar an bhfáltas T&F ar leith ó na hidirghabhálacha sin - ní mór a leithéid d'eolas a asbhaint ar bhonn cás ar chás tar éis sainaithint a dhéanamh ar chás T&F. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl gur tugadh isteach córas nua bainistithe cás i mí Iúil 2015, rud a chuirfidh ar a gcumas cásanna T&F a aithint níos éasca. Níl aon athrú tagtha ar an gcaoi a ndéantar an fáltas iomlán a thaifeadadh, áfach. Dá mbeadh na Coimisinéirí Ioncaim in ann sainaithint a dhéanamh ar líon na n-idirghabhálacha T&F agus ar an bhfáltas a bhaineann le T&F i gcás na n-idirghabhálacha sin, bheadh in ann an leibhéal neamhchomhlíonta a mheas sa réimse seo.

**Moladh 14.1**

I bhfianaise chostas bliantúil na scéime T&F, a bhíonn ag méadú gach uile bhliain, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a fhiosrú an bhféadfaidís eolas ar an obair chomhlíonta a dhéanann siad ar T&F go sonrach a chur i dtoll a chéile.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag breathnú go gníomhach ar cén chaoi a bhféadfaí eolas ar obair chomhlíonta T&F a chur i dtoll a chéile. Tá Treoirleabhar Cánach agus Dleachta á chur le chéile faoi láthair. Tá machnamh á dhéanamh ar Alt 766 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a dhéanamh sainordaitheach in ionad méid an chreidmheasa a éilítear a laghdú.[1] Má tharlaíonn sé sin, beidh fáil iomlán ar eolas faoin bhfáltas ó idirghabhálacha T&F.

1 Tá foráil déanta in Alt 766 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 do mheicníocht aisghlámtha ar leith trí mheasúnacht Chás IV.

### *Saineolaithe a fhostú*

**14.29** Baineann na Coimisinéirí Ioncaim leas as saineolaithe le cabhrú le cásoibrithe agus an tástáil eolaíochta á déanamh acu. Fuair cúigear de na saineolaithe seo breis is €10,000 an duine in 2015. Is é ceann de na coinníollacha a bhaineann le conarthaí earnála poiblí a bhfuil a luach níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) laistigh d'aon tréimhse 12 mhí ná go gcaithfidh an conraitheoir deimhniú imréiteach cánach a chur ar fáil nó leibhéal sásúil comhlíonta cánach a léiriú. Bíodh sin mar atá, níor éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim cruthúnas a thabhairt ar láimh sna cúig chás seo gur deimhníodh stádas cánach na saineolaithe sula ndearnadh íocaíochtaí a phróiseáil.

#### Moladh 14.2

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá acu i leith saineolaithe a fhostú agus a chinntiú, sa chás go sáraítear na teorainneacha ábhartha, go gcoinnítear cruthúnas a léiríonn go ndeimhnítear stádas cánach na saineolaithe sula ndéantar na híocaíochtaí ábhartha a phróiseáil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar na nósanna imeachta atá acu i leith saineolaithe a earcú, déanfaidh iad a láidriú, agus cinnteoidh go gcloítear leis na nósanna imeachta imréitigh cánach cuí, go háirithe i gcásanna ina bhfostaítear saineolaithe aonair níos mó ná uair amháin i gcúrsa bliain chánach.

**14.30** Ní iarrann na Coimisinéirí Ioncaim cóipeanna de cháilíochtaí ar dhaoine aonair atá ag déanamh iarratais le bheith páirteach i bpainéal na saineolaithe.

#### Moladh 14.3

Sula gceapfar saineolaí chun an phainéil, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim cóip de na cáilíochtaí acadúla a iarraidh ar an duine atá ag déanamh iarratais. Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim í sin a choinneáil ar taifead.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**


Aontaithe. Tá an moladh seo á chur i bhfeidhm i láthair na huaire. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim nósanna imeachta nua i bhfeidhm le déanaí, rud a fhágann go n-iarrtar cóip de na cáilíochtaí ábhartha tráth a bhfuil saineolaí á cheapadh. De bharr go mbíodh an chuid is mó de na hiarratasóirí ina n-acadóirí gníomhacha roimhe seo, ní iarradh na Coimisinéirí Ioncaim cóip de na cáilíochtaí toisc go mbreathnaíodh ar na cáilíochtaí a bhí foilsithe ag an gcoláiste ábhartha san eolaire acadúil ar a láithreán gréasáin.

# 15 Comhlíonadh i measc Cáiníocóirí

**15.1** Tá sé tábhacht go gcomhlíonann gach cáiníocóir a ndualgais chánach go tráthúil d'fhonn a chinntiú go dtugann an córas cánach cothrom na Féinne do chách agus go seachnaítear saobhadh trádála agus gnó. I gcás córas cánach atá bunaithe ar fhéinmheasúnú, is ann do rioscaí áirithe a fhágann go bhféadfadh sé nach mbaileofaí an cháin ar fad (Fíor 15.1). I measc na rioscaí sin tá

- riosca clárúcháin - ní chláraíonn cáiníocóirí le haghaidh na cánach cé go n-éilítear orthu amhlaidh a dhéanamh
- riosca comhdúcháin - ní chomhdaíonn cáiníocóirí na tuairisceáin riachtanacha nó cuireann faoi bhráid go déanach iad
- riosca measúnachta - ní nochtar iomlán an ioncaim ná iomlán na gcánacha atá dlite sna tuairisceáin chánach
- riosca íocaíochta - ní íoctar cánacha tar éis a bhfógartha.

**Fíor 15.1 Creat Comhlíonta Cánach**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a **Bearna chánach** - coincheap eacnamaíoch a sheasann do gach gníomhaíocht gheilleagrach, idir thaifeadta agus neamhthaifeadta, sa Stát. Tugtar sainmhíniú ar an téarma mar an difríocht idir an cháin a bhailítear agus an cháin a bhaileofaí dá gcomhlíonfadh gach duine atá faoi dhliteanas a ndualgais go hiomlán.

b **Bearna iniúchta** - sprioc níos práinní do na Coimisinéirí Ioncaim is ea í seo sa chaoi a dtagraíonn an téarma seo don difríocht idir an méid cánach a bhaileofaí dá ndéanfaí iniúchadh ceart ar gach uile cháiníocóir cláraithe agus an méid a íocann siad dá ndeoin féin faoin gcóras féinmheasúnaithe. Tugann anailís ar thorthaí na gcásanna a roghnaítear go randamach lena n-iniúchadh faisnéis úsáideach do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le treochtaí ó thaobh comhlíonadh de.

**15.2** Chun comhlíonadh i measc cáiníocóirí a bhainistiú go héifeachtach, ní foláir do na Coimisinéirí Ioncaim (Revenue)

- a bheith ar an eolas faoi fhairsinge an neamhchomhlíonta i measc cáiníocóirí
- gníomhaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh costas de a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh a bhrath
- a chinntiú go mbailítear cánacha atá dlite agus go ngearrtar pionóis orthu siúd nach gcomhlíonann a ndualgais, ionas go ndíspreagtar a leithéid d'iompar.

**15.3** Tá athbhreithniú déanta sa tuairisc seo ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith comhlíonadh i measc cáiníocóirí a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air.[1] I measc na nithe ar breathnaíodh orthu tá

- athbhreithniú ar an bhfaisnéis feidhmíochta a choinníonn na Coimisinéirí Ioncaim faoina n-obair iniúchta
- anailís ar an mbunachar sonraí a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim le taifead a choinneáil ar ghníomhaíochtaí iniúchta, agus
- athbhreithniú ar na treochtaí i dtaobh líon na cáiníocóirí a gcuirtear an dlí orthu, mar aon le torthaí na gcásanna sin.[2]

## Comhlíonadh i measc cáiníocóirí a mheas

### Meastachán ar an mbearna chánach

**15.4** Ní thugann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an mbearna chánach de bharr go bhfuil imní orthu nach mbeadh a leithéid de mheastachán cruinn agus nach mbeadh sé úsáideach ar leibhéal oibriúcháin ach an oiread. Tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim nach féidir bearna den sórt sin a mheas go cruinn go fóill le meastachán úsáideach, iontaofa a thabhairt ar leibhéil neamhchomhlíonta.

**15.5** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís taighde rialta ar na cúinsí eacnamaíochta a bhíonn i réim agus fiosraíonn na hiarmhairtí féideartha a bheadh i gceist le hathruithe ar an gcóras bailithe cánacha. Mar shampla, foilsíodh tuairiscí le déanaí ina ndearnadh anailís ar an méadú gan choinne a tháinig ar an bhfáltas ón gcáin chorparáide in 2015 agus inar tugadh achoimre ar chlár samplála randamaí trádálaithe breosla, a mheasann na leibhéil chomhlíonta in earnáil na hola.[3] Cuirtear tuairiscí rathúla ionchais i dtoll a chéile don lucht ardbhainistíochta chomh maith, ina gcuirtear faoi chaibidil na treochtaí ábhartha idir táscairí eacnamaíocha agus cánacha arna mbailiú. Tá sé mar aidhm ag an taighde sin tuiscint a fháil ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus ar threochtaí comhlíonta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, ach níl sé ceaptha sainaithint a dhéanamh ar chásanna neamhchomhlíonta ar leith.

**15.6** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go mbaineann siadsan agus údaráis chánacha i dtíortha eile leas as réimse leathan beart comhlíonta. Níl an anailís ar bhearnaí ach ar cheann amháin de na huirlisí is féidir a úsáid. Cé go bhféadfadh an bhearna iniúchta bonn eolais a chur faoi ríomh na bearna cánach, nó a bheith ina cuid de, tuigtear do na Coimisinéirí Ioncaim nach n-úsáideann aon údarás cánach mar thomhas neamhspleách í. Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara freisin gur tuairiscíodh i dTuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an riar cánach in 2015 nach ndéanann an chuid is mó de thíortha anailís ar bhearnaí agus, i gcás na dtíortha a dhéanann, ní fhoilsíonn ach níos lú ná ceathrú díobh na torthaí.[4]

1 Foilsíodh tuairisc chosúil in 2013, inar breathnaíodh ar ghníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim in 2012. Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 – Caibidil 25 - Comhlíonadh i measc Cáiníocóirí.


2 Níor breathnaíodh ar chomhaid cáiníocóirí aonair.

3 Féach freisin Caibidil 12 - Dul i nGleic leis an Sciúradh Breosla.

4 Tuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar an Riar Cánach, 2015: Faisnéis Chomparáideach ar Gheilleagair ECFE, Ard-Gheilleagair Eile agus Geilleagair Éiritheacha.

**15.7** Foilsíonn Ioncam agus Custam na Banríona (HMRC) sa Ríocht Aontaithe tuarascáil ar bhearnaí cánach gach bliain. Ina thuarascáil in 2015, mheas HMRC gurbh ionann bearna chánach an RA in 2013-2014 (an bhliain is déanaí) agus £34 billiún, rud ba chomhionann le 6.4 faoin gcéad de na dliteanais theoiriciúla chánach.[1] Tugann sé sin le fios gur bailíodh 93 faoin gcéad den cháin a measadh a bhí ag dul do HMRC in 2013-2014. Tá léirithe i bhFíor 15.2 an bhearna chánach mar chéatadán de na dliteanais chánach sa RA le himeacht na tréimhse 2009-2010 go 2013-2014.

**Fíor 15.2 Meastachán ar an mbearna chánach mar chéatadán de dhliteanais chánach an RA, 2009 go 2014**




Foinse: Ioncam agus Custam na Banríona – *Measuring tax gaps 2015*

## An bhearna iniúchta a mheas


**15.8** Baineann an bhearna iniúchta le dliteanais chánach nach gcomhlíonann daoine atá cláraithe chun críche cánach iad. Féadann anailís ar chlár iniúchta randamaigh atá dea-cheaptha bonn láidir a chur faoi luacháil na bearna iniúchta foriomláine. Feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim clár iniúchta randamaigh faoin ndéantar iniúchadh ar thart ar 400 cáiníocóir aonair agus gnóthas a roghnaítear go randamach gach bliain.[2] Tógann sé roinnt blianta iniúchtaí casta áirithe a thabhairt chun críche.

**15.9** Tá léirithe i bhFíor 15.3 torthaí na gclár iniúchta randamaigh do na blianta 2008 go 2015. Gearradh cánacha breise mar thoradh ar na hiniúchtaí randamacha i thart ar 40% de na cásanna ar an meán le himeacht na tréimhse ó 2013 go 2015. Is méadú é sin ar chéatadán na n-iniúchtaí randamacha a bhfuarthas ‘fáltas’ orthu – mar eolas, fuarthas fáltas cánach breise mar thoradh ar thart ar aon trian de na hiniúchtaí randamacha a rinneadh le linn na tréimhse 2008-2012.

1 Ioncam agus Custam na Banríona *Measuring tax gaps 2015*.

2 Cuirtear cáiníocóirí ÍMAT (íoc mar a thuillir) as an áireamh go ginearálta faoin gclár iniúchta randamaigh

**Fíor 15.3 Torthaí iniúchtaí randamacha, 2008 go 2015 (suas a fhad le mí an Mhárta 2016)**





Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Faoi mhí an Mhárta 2016, bhí 74% de na hiniúchtaí ar tugadh fúthu in 2015 curtha i gcrích.

**15.10** Bíonn iniúchtaí dírithe ar bhliain chánach ar leith ar an gcéad dul síos, rud a dtugtar an bhonnbhliain uirthi. Sa chás go dtagtar ar chásanna neamhchomhlíonta, áfach, féadann na Coimisinéirí Ioncaim breathnú siar ar thuairisceáin chánach maidir le blianta eile agus d'fhéadfadh sé go bhfaighfí fáltas iniúchta mar thoradh orthu siúd chomh maith. Tá leagtha amach i bhFíor 15.4 an fáltas iniúchta a fuarthas mar thoradh ar iniúchtaí randamacha ó 2008 go 2015.

**Fíor 15.4 An fáltas iniúchta[a] a fuarthas mar thoradh ar iniúchtaí randamacha, 2008 go 2015 (suas go dtí mí an Mhárta 2016)**





Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Tá san áireamh san fháltas cáin, ús, pionóis agus formhuirir.

**15.11** Amhail ag deireadh mhí an Mhárta 2016, bhí beagnach 75% den chlár iniúchta randamaigh don bhliain 2015 curtha i gcrích. Tugann taithí ar an bpróiseas le fios go méadaíonn an meánfháltas a fhaightear mar thoradh ar iniúchtaí randamacha de réir mar a chuirtear tuilleadh iniúchtaí i gcrích. Dá mhéad ama a thógtar leis an iniúchadh a chur i gcrích is ea is mó an fáltas a fhaightear mar thoradh air go hiondúil.

**15.12** Tá léirithe i bhFíor 15.5 torthaí na gclár iniúchta randamaigh ó 2008 go 2014 ag an gcéim chéanna den phróiseas .i. 15 mhí tar éis dheireadh bhliain an chláir.

**Fíor 15.5 An Clár Iniúchta Randamaigh, 2008 go 2014 (an fáltas iniúchta[a] 15 mhí tar éis bhliain an chláir)**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Meánfháltas atá i gceist anseo, agus tá san áireamh ann cáin, ús, pionóis agus formhuirir.

**15.13** Chun an bhearna iniúchta a mheas, chuir an scrúdú an dliteanas bunaidh a fógraíodh i gcomparáid leis an gcáin bhreise a fuarthas mar thoradh ar na 371 iniúchadh a cuireadh i gcrích mar chuid de Chlár Iniúchta Randamaigh 2014 (féach Fíor 15.6). Is iad príomhthorthaí na anailíse sin

- nár íoc 40% de na cáiníocóirí a roghnaíodh go randamach a ndóthain cánach
- gurbh ionann an bhearna iniúchta don bhonnbhliain (2012) agus 2% (measta) den dliteanas measúnaithe deiridh.

**Fíor 15.6 Rátaí comhlíonta i measc cáiníocóirí bunaithe ar Chlár Iniúchta Randamaigh 2014**

| | **Iomlán Bonnbhliain 2012** |
|---|---|
| Líon na gcásanna a cuireadh i gcrích | 371 |
| Dliteanas iomlán na gcáiníocóirí measúnaithe sa bhonnbhliain | 33,107,932 |
| As a bhfuil mar thoradh ar iniúchadh[a] | 675,360 |
| Cion na cánach nár fógraíodh | 2.04% |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Níl ús ná pionóis san áireamh i gcáin bhreise don bhonnbhliain.

**15.14** Measadh an bhearna iniúchta de réir na gcásanna a bhí curtha i gcrích agus tá seans ann, dá bhrí sin, go dtiocfaidh athrú uirthi tar éis na hiniúchtaí amuigh a chur i gcrích. Dá measfaí an bhearna iniúchta go rialta, d’fhéadfaí tuiscint a fháil ar cibé acu a bhíonn an leibhéal ioncaim neamhfhógartha ag athrú le himeacht aimsire nó nach mbíonn.

**15.15** Níl an bhearna iniúchta eachtarshuite ná measta ag na Coimisinéirí Ioncaim trí thagairt do thorthaí an chláir iniúchta randamaigh. Chun an bhearna a mheas, ní foláir an fáltas cánach breise a fuarthas mar thoradh ar iniúchtaí randamacha a chur i gcomparáid leis an dliteanas bunaidh a d'fhógair an cáiníocóir féin. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gur thosaigh siad ag taifeadadh na faisnéise sin mar chuid de fhreagra ar athbhreithniú comhlíonta cánach sa bhliain 2012.[1] Deir na Coimisinéirí Ioncaim, nuair a bhí an Córas Nua Bainistithe Cás á fhorbairt acu, rud a seoladh i mí Iúil 2015, nach raibh sé indéanta sonraí a ghabháil faoin dliteanas bunaidh a fógraíodh taobh istigh den am a bhí ar fáil. Bíodh sin mar atá, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar cén chaoi a bhféadfaí an fhaisnéis sin a thaifeadadh in eisiúintí den Chóras amach anseo.

## Cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a bhrath

**15.16** Deir na Coimisinéirí Ioncaim gurb é a gcuspóir corparáideach comhlíonadh toildeonach a uasmhéadú i measc cáiníocóirí. Is í straitéis fhoriomlán na gCoimisinéirí Ioncaim iarracht a dhéanamh cosc a chur ar neamhchomhlíonadh ar an gcéad dul síos ach réimse beart ar leith a dhéanamh. I measc na mbeart coisctheach tá

- athbhreithniú fíorama a dhéanamh ar thaifid chomhlíonta cáiníocóirí
- ioncam agus sonraí tríú páirtí a chur i dtuairisceáin chánach roimh ré
- measúnú fíorama a dhéanamh ar idirbhearta tráth a bpróiseáiltear iad
- neamh-chomhlíonadh a dhéanamh níos deacra d'aon ghnó tráth a dtugtar cánacha nó faoisimh isteach.

**15.17** I gcás na ndaoine sin nach mbíonn comhlíontach, áfach, feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim clár cuimsitheach idirghabhálacha spriocdhírithe, atá mar aidhm acu cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a bhrath. Ina measc

- samhlacha réamh-mheastacha a fhorbairt le hardanailísíocht a úsáid chun patrúin iompair neamhchomhlíontaigh a bhrath ó na foinsí iomadúla sonraí agus sonraí tríú páirtí atá ar fáil faoi cháiníocóirí
- acmhainn a fheabhsú le cásanna ardriosca a bhainistiú ach struchtúir cheantair eagraíochtúla a fhorbairt tuilleadh
- próifíliú ardleibhéil leanúnach a dhéanamh ar chlár na gcáiníocóirí le léargas maith a thabhairt do bhainisteoirí ar na cásanna atá idir lámha acu, agus iad catagóirithe, i measc rudaí eile, de réir na hearnála trádála, na raonta ioncaim, líon na bhfostaithe agus an ghlanfhiúchais
- clár tiomnaithe idirghabhálacha a rith maidir le comhlíonadh na riachtanas ó thaobh tuairisceán agus íocaíochtaí cánach de sna cásanna a bhaineann leis na cáiníocóirí is lú.

**15.18** Scrúdaítear cásanna inar mó an baol nach bhfógrófar a dhóthain cánach ach seiceálacha nach iniúchtaí iad a dhéanamh, iniúchadh níos déine a dhéanamh ar thaifid an cháiníocóra trí thagairt do na tuairisceáin chánach a chuir sé/sí faoi bhráid nó imscrúdú speisialta a dhéanamh.[2] D'fhéadfadh sé go ngearrfaí cáin bhreise nó ús íocaíochta déanaí ar an té mar thoradh ar aon cheann de na hidirghabhálacha sin agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfí smachtbhannaí sibhialta nó coiriúil air/uirthi fiú amháin.

1 Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 – Caibidil 25 - Comhlíonadh i measc Cáiníocóirí.

2 Tá imscrúduithe DIRT agus cistí easchósta ar dhá shampla d'imscrúduithe speisialta.


### *Idirghabhálacha nach iniúchtaí iad*

**15.19** In ionad tabhairt faoi phróisis chostasacha iniúchta ar an gcéad dul síos, i gcásanna ina ndéantar sainaithint ar riosca dliteanas gan fhógairt, déanann na Coimisinéirí Ioncaim iarracht a fháil amach an bhfuil an custaiméir comhlíontach a bheag nó a mhór ach leas a bhaint as idirghabhálacha nach iniúchtaí iad. Tá i gceist lena leithéid d'idirghabhálacha cáipéisíocht a dheimhniú agus tuilleadh faisnéise a lorg chun dul i ngleic le riosca ar leith a ndearnadh na Coimisinéirí Ioncaim sainaithint air. Ina measc tá

- breathnú ar dhearbhaithe máil
- cruinneas éileamh aisíocaíochta CBL a dheimhniú
- gach ceist a fhiosrú a thagann chun solais de bharr tuairiscí idirbhirt amhrasacha
- éilimh creidmheasa cánach agus aisíocaíochta ÍMAT a dheimhniú agus seiceálacha a dhéanamh ar fhoinsí féideartha ioncaim eile nach bhfógraítear
- seiceálacha incháilitheachta a dhéanamh i dtaca le scéimeanna nochta.

**15.20** D'fhéadfadh sé go ngearrfaí cáin bhreise, ús agus pionóis ar an té mar thoradh ar a leithéid d'fhiosruithe, nó go ngéarófaí an cás ina iniúchadh iomlán. Tá léirithe i bhFíor 15.7 líon na n-idirghabhálacha nárbh iniúchtaí iad a rinneadh ó 2012 go 2015. Tá cion na gcásanna a bhfuarthas fáltas breise mar thoradh orthu leagtha amach i bhFíor 15.8.

**Fíor 15.7 Líon na n-idirghabhálacha nárbh iniúchtaí iad a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ó 2012 go 2015**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**Fíor 15.8 Idirghabhálacha nárbh iniúchtaí iad arna ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus na torthaí, 2012 agus 2015**

| | 2012 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon na n-idirghabhálacha nárbh iniúchtaí iad a rinneadh | 528,755 | 454,973 |
| Cion de na hidirghabhálacha a bhfuarthas toradh orthu | 7% | 15.5% |
| **Fáltas iomlán** | €133 | €313 |
| Meánfháltas in aghaidh an cháis a bhfuarthas toradh air | €3,585 | €4,438 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**15.21** Tá luaite ag na Coimisinéirí Ioncaim gur tháinig laghdú ar líon na n-idirghabhálacha nárbh iniúchtaí iad sna blianta 2014 agus 2015 de bharr nár tuairiscíodh ach measúnuithe nach raibh gá le haon ghníomh leantach ina leith, cé gur tuairiscíodh gach uile mheasúnú sa bhliain 2013 agus roimhe sin.[1] D'fhág sé sin gur cuireadh an measúnú tosaigh san áireamh, chomh maith le haon idirghabháil a rinneadh sa chás. Bhí cinneadh a rinne an lucht ardbhainistíochta, a raibh sé mar aidhm aige tuairisciú agus tomhas feidhmíochta a fheabhsú agus a dhéanamh níos comhsheasmhaí ar fud réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim, ina chúis le laghdú suntasach ar líon na seiceálacha dearbhaithe a tuairiscíodh in 2014 freisin.

### *Iniúchtaí bunaithe ar an riosca*

**15.22** Tá i gceist le hiniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú a dhéanamh ar thuairisceáin chánach, ar dhearbhaithe dliteanais, ar éilimh aisíocaíochta agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta cánach ag an gcáiníocóir.

**15.23** De bhreis ar a gclár iniúchta randamaigh, roghnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim na cásanna atá le hiniúchadh ar roinnt bealaí éagsúla, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an gCóras um Measúnú agus Anailís Rioscaí (REAP), a dhéanann cáiníocóirí a rangú i gcomparáid lena chéile, bunaithe ar roinnt fachtóirí riosca ar leith.[2] Roghnaítear cásanna ar chúiseanna eile freisin, mar shampla, tar éis eolas a fháil ó thríú páirtithe nó nuair a dhírítear isteach ar earnáil nó ar scéim ar leith.

**15.24** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim 6,110 iniúchadh a bhí bunaithe ar an riosca in 2015 agus fuarthas €318 milliún mar thoradh orthu (féach Fíor 15.9). Tá leagtha amach i bhFíor 15.10 líon na n-iniúchtaí bunaithe ar an riosca a bhfuarthas toradh orthu de réir réigiúin in 2015.

1 Is éard atá i gceist le measúnuithe ná idirghabhálacha a tharlaíonn sula ndéantar aon teagmháil leis an cáiníocóir ná leis an ngníomhaire.

2 Clár ríomhairithe um próifíliú rioscaí is ea REAP (An Clár um Measúnú agus Anailís Rioscaí) atá in úsáid ó 2008 i leith. Úsáidtear é chun cáiníocóirí a rátáil i gcomparáid lena chéile, ag baint úsáid as faisnéis ó chórais eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim mar aon le faisnéis ó thríú páirtithe, amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

**Fíor 15.9 Gníomhaíochtaí iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim agus táirgeacht, 2012 agus 2015**

| | | Réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim | Rannóg na gCásanna Móra | Imscrúduithe speisialta | Gach iniúchadh |
|---|---|---|---|---|---|
| Iniúchtaí a rinneadh | 2012 | 8,116 | 202 | 255 | 8,573 |
| | 2015 | 5,948 | 130 | 32 | 6,110 |
| % ar a bhfuarthas toradh | 2012 | 69 | 62 | 95 | 70 |
| | 2015 | 69 | 52 | 91 | 68 |
| **Fáltas iomlán (€m)** | **2012** | **270** | **56** | **29** | **355** |
| | **2015** | **233** | **29** | **56** | **318** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Fíor 15.10 Líon na n-iniúchtaí bunaithe ar an riosca de réir réigiúin in 2015 – Réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim**


| **Réigiún** | **Líon** | **Líon ar a bhfuarthas toradh** | **% ar a bhfuarthas toradh** |
|---|---|---|---|
| Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair | 1,722 | 1,270 | 74% |
| Baile Átha Cliath | 1,488 | 971 | 65% |
| Réigiúin an Oirthir agus an Oirdheiscirt | 1,609 | 1,056 | 66% |
| Réigiún an Iardheiscirt | 1,129 | 788 | 70% |
| **Iomlán** | **5,948** | **4,085** | **69%** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**15.25** Tháinig laghdú suntasach ar líon na n-iniúchtaí a rinneadh idir 2013 agus 2015 (féach Fíor 15.11). Deir na Coimisinéirí Ioncaim gur cosúil gur tháinig an laghdú seo ar líon na n-iniúchtaí de bharr go ndearnadh a n-idirghabhálacha comhlíonta a athrangú i lár 2012.[1]

**15.26** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go bhfuil clár suntasach comhlíonta fós á reáchtáil acu, a bhfuil iniúchtaí agus idirghabhálacha eile nach iniúchtaí iad ina gcuid de, in ainneoin an bhrú a bhí ar acmhainní le blianta beaga anuas de bharr gur imigh roinnt ball foirne iniúchta sinsearach agus cé go rabhamar ag iarraidh acmhainn iniúchta a atógáil an t-am ar fad. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar na figiúirí foriomlána, tá méadú tagtha ar an bhfáltas ó idirghabhálacha, mar a thuairiscítear i dtuarascálacha bliantúla na gCoimisinéirí Ioncaim, ó €492 milliún sa bhliain 2012 go €642 milliún in 2015.

**Fíor 15.11 Líon na n-iniúchtaí bunaithe ar an riosca a rinneadh, 2012 go 2015**





Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**15.27** Tá leagtha amach i bhFíor 15.12 an meánfháltas in aghaidh an cháis.

1 Taca an ama seo, bhí coincheap na hidirghabhála comhlíonta nach iniúchadh í – eadhon ceisteanna gné agus agallaimh phróifíle – á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm. Rinneadh idirghabhálacha a rangaítí go traidisiúnta mar iniúchtaí ceiste aonair nó iniúchtaí cineáil cánach aonair a athrangú i sonraí tuairiscithe feidhmíochta mar cheist ghné nó, i gcásanna áirithe, mar agallamh próifíle. Ina theannta sin, taifeadtar nochtaí toildeonacha gan iarraidh, a thaifeadtaí mar iniúchtaí san am atá thart, mar cheisteanna gné anois, rud atá níos cirte.

**Fíor 15.12 Meánfháltas in aghaidh an cháis iniúchta, 2012 go 2015**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Níl san áireamh san fhigiúr maidir le hImscrúduithe Speisialta in 2015 an cás a bhfuarthas an toradh ba mhó air.

## Neamh-chomhlíonadh a dhíspreagadh

**15.28** Ní dhíspeagfar na cáiníocóirí siúd a dhéanfadh machnamh ar mhoill a chur ar a dtuairisceáin chánach nó gan a gcánacha dlite a íoc ach amháin má chreideann siad go mbeadh na hiarmhairtí diúltacha ní ba mheasa ná na buntáistí a bhainfidís as i láthair na huaire. Le stop a chur ar a leithéid de dhaoine, caithfidh siad eagla a bheith orthu go mbraithfidh na Coimisinéirí Ioncaim an neamhchomhlíonadh ar bhealach tráthúil agus go mbaileofar aon chánacha amuigh, mar aon le muirear úis, go pras. I gcásanna oiriúnacha, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh pionóis as sáruithe ar dhualgais an chóid cánach, lena n-áirítear ionchúiseamh coiriúil i gcásanna tromchúiseacha, leis an éifeacht dhíspreagtha ar an iomlán. Foilsítear ainmneacha agus seoltaí loiceach cánach mar dhíspreagadh breise.

### *Cánacha neamhíoctha arna mbrath a aisghabháil*

**15.29** Nuair a chuirtear iniúchadh i gcrích, d'fhéadfadh sé go ngearrfaí suimeanna breise i leith cáin ghannfhógartha, úis ar íocaíochtaí déanacha agus pionós maidir le cionta éagsúla (mar shampla, díolacháin gan fhógairt, ioncam fáltais nó gnóthachain chaipitiúla). Déantar tagairt don tsuim iomlán a bhailítear ón gcáiníocóir, nó a mheastar atá inbhailithe uaidh/uaithi, mar na suimeanna fáltais iniúchta nó socraíochta cánach.

Is féidir socraíochtaí iniúchta

- a íoc ina n-iomláine tráth a dtugtar an t-iniúchadh chun críche
- a íoc ina dtráthchodanna sa chás nach bhfuil ach fáil theoranta ag an gcáiníocóir ar chistí leachtacha ach go leanann sé/sí d'ioncam a ghiniúint
- a fhágáil gan íoc sa chás go n-éilíonn an cáiníocóir nach bhfuil sé/sí in ann iad a íoc.

### *Pionóis shibhialta*

**15.30** Tá de chumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim pionóis shibhialta a ghearradh ar dhaoine a dteipeann orthu tuairisceáin P35 nó CBL a chomhdú nó as cionta cánach éagsúla eile a thagann chun solais le linn iniúchadh. Tá léirithe i bhFíor 15.13 líon agus luach na bpionós sibhialta a gearradh in 2012 agus in 2015. B'ionann na pionóis a gearradh mar thoradh ar iniúchadh in 2015 agus 7% d'iomlán an fháltais iniúchta. Bhí an cion sin ag teacht leis an meánchion i mblianta eile.

**15.31** In 2015, gearradh pionóis i mbreis is 60% de na cásanna iniúchta inar cinneadh go raibh dliteanais fáltais dlite.

**Fíor 15.13 Pionóis shibhialta a gearradh i gcásanna neamhchomhlíonta, 2012 agus 2015**

| | | Loiceadh P35 agus tuairisceáin CBL a chomhdú | Pionóis a gearradh mar thoradh ar iniúchadh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 2012 | 717 | 3,438 | **4,155** |
| | 2015 | 722 | 2,606 | **3,328** |
| Luach na bpionós sibhialta a gearradh (€m) | 2012 | 2.8 | 26.1 | **28.9** |
| | 2015 | 2.9 | 22.7 | **25.6** |
| Meánphionós sibhialta a gearradh (€) | 2012 | 4,000 | 7,590 | **6,950** |
| | 2015 | 4,017 | 8,711 | **7,692** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim


### *Sonraí loiceach a fhoilsiú*

**15.32** Foilsítear sonraí faoi shocraíochtaí iniúchta sa chás go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim le suim shonraithe ar mó í ná €33,000 mar ghlanadh ar aon dliteanas breise i leith cánach, úis agus pionós.[1] Ní fhoilsítear cásanna sa chás go nglactar le nochtadh, cibé acu spreagtha nó neamhspreagtha, sa chás gur lú an tsocraíocht ná €33,000 nó sa chás nach mó an pionós ná 15% den cháin atá dlite.

1 Tá feidhm ag an teorainn seo ar dhliteanais a eascraíonn tar éis an 1 Eanáir 2010. B'ionann an teorainn ar dhliteanais a d'eascair idir an 1 Eanáir 2005 agus an 1 Eanáir 2010 agus €30,000. I gcás dliteanas a d'eascair roimh an 1 Eanáir 2005, ba é €12,700 an teorainn.

**15.33** Mar atá léirithe i bhFíor 15.14, tá líon na gcásanna a fhoilsítear ag laghdú go seasta óna bhuaic sa bhliain 2012.

**Fíor 15.14 Líon na gcásanna neamhchomhlíonta a foilsíodh, ó 2008 go 2015**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Nóta: Bíonn suimeanna fáltais bunaithe ar shocraíochtaí agus ní léiríonn siad na suimeanna a bailíodh.

**15.34** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim in iúl gur ceadaíodh le hathruithe reachtaíochta a rinneadh in 2008 agus in 2011 foilsiú a leithéid de chásanna nuair a fhaightear orduithe cúirte i ndáil le cásanna nár comhaontaíodh pionóis agus nár íocadh na socraíochtaí iontu. Is iad na hathruithe sin ba chúis le méadú ar líon na gcásanna a foilsíodh in 2012 - 2014. Tá na figiúirí a bhaineann leis an mbliain 2015 ag teacht lena mbítear ag súil leis de ghnáth.

### *Imghabháil chánach a ionchúiseamh*

**15.35** Cuirtear cásanna ar aghaidh chuig Rannóg Fiosraithe agus Ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim lena bhfiosrú d'fhonn iad a ionchúiseamh go coiriúil más rud é go bhfuil fianaise prima facie ann go ndearnadh cionta tromchúiseacha. Déantar an Coiste Iontrálacha na cásanna sin a mheas tuilleadh sula gcuirtear tús leis an obair fiosraithe atá dian ar acmhainní.

**15.36** Is féidir go dtógfaidh sé roinnt blianta cás a ullmhú lena thabhairt os comhair na Cúirte. Is dá bharr sin go mbíonn roinnt cásanna imghabhála tromchúiseacha idir lámha ag na Coimisinéirí Ioncaim ag am ar bith a bhíonn ag céimeanna éagsúla den phróiseas fiosraithe agus ionchúisimh (féach Fíor 15.15).

**Fíor 15.15 Stádas na gcásanna ionchúisimh atá idir lámha, 2010 go 2016 (Aibreán gach bliain)**

| Stádas na gcásanna ionchúisimh atá idir lámha: | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Á fhiosrú | 50 | 69 | 87 | 101 | 106 | 122 | 107 |
| Le hOifig Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim | 14 | 12 | 23 | 41 | 43 | 32 | 23 |
| Curtha faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 9 | 3 | 1 | 2 | 1 | 9 | 6 |
| Treoracha eisithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le ionchúiseamh | 26 | 33 | 23 | 17 | 16 | 11 | 15 |
| Os comhair na cúirte | 17 | 34 | 48 | 39 | 33 | 37 | 15 |
| Barántais bhinse/Barántais ghabhála Eorpacha | — | — | — | 1 | 1 | 2 | 1 |
| **Líon iomlán na gcásanna oscailte** | **116** | **151** | **182** | **201** | **200** | **213** | **167** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**15.37** Tá léirithe i bhFíor 15.16 líon na gciontuithe a fuarthas i gcásanna a cinneadh a bhí oiriúnach le hionchúiseamh idir 2008 agus 2015, chomh maith leis na pionóis ábhartha a gearradh.

**Fíor 15.16 Ionchúiseamh as imghabháil thromchúiseach cánach, 2008 go 2015**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ciontuithe a fuarthas:** | | | | | | | | |
| Cásanna imghabhála cánach | 15 | 6 | 7 | 16 | 25 | 10 | 16 | 17 |
| Cásanna imghabhála custaim agus máil | 5 | 9 | 6 | 14 | 25 | 25 | 11 | 11 |
| Líon iomlán na gciontuithe | 20 | 15 | 13 | 30 | 50 | 35 | 27 | 28 |
| **Pionóis:** | | | | | | | | |
| Luach na bhfíneálacha (€000) | 1,200 | 500 | 20 | 100 | 500 | 101 | 57 | 5 |
| Pianbhreith ar fionraí | 6[a] | 2 | 7 | 15 | 21 | 16[c] | 13 | 15[d] |
| Príosúnacht | 1 | 4[b] | 1 | 8 | 19 | 7[ce] | 4 | 11[e] |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
- a Tugadh seacht bpianbhreith ar fionraí in 2008, ach rinneadh ceann amháin díobh a achomharc go rathúil.
- b Gearradh pianbhreith phríosúnachta i gcúig chásanna in 2009. Rinneadh ceann amháin díobh a achomharc go rathúil, agus gearradh fíneáil €250 tar éis athbhreithniú breithiúnach.
- c Rinneadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc in aghaidh bhoige dhá phianbhreith in 2013 agus gearradh pianbhreitheanna níos déine i ndiaidh na n-achomharc.
- d Rinneadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc in aghaidh bhoige na bpianbhreitheanna in dhá chás. I gcás amháin, tá an duine a ciontaíodh tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh dhéine na pianbhreithe.
- e Laghdaíodh déine dhá phianbhreith in 2013 agus in 2015 tar éis do cháiníocóirí achomharc a dhéanamh ina n-aghaidh.

## Conclúidí agus moltaí

### *Comhlíonadh i measc cáiníocóirí a mheas*

**15.38** Léirigh Clár Iniúchta Randamaigh na gCoimisinéirí Ioncaim arís is arís eile le himeacht na tréimhse ó 2008 go 2015 nár íoc aon trian ar a laghad de na cáiníocóirí a ndearnadh iniúchadh orthu a ndóthain cánacha. As na cásanna siúd a roghnaíodh lena n-iniúchadh in 2015, agus a raibh an próiseas i dtaca leo curtha i gcrích, fuarthas amach nár íocadh a dhóthain cánach i 39% díobh, agus go raibh luach €18,500 de cháin gan íoc, pionóis agus ús dlite ar an meán.

**15.39** Tomhaiseann an bhearna iniúchta an méid ioncaim a chailltear i mbliain chánach mar thoradh ar dhaoine agus ar ghnóthais atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim nach gcomhlíonann a ndualgais ó thaobh cánach de. Rinne an Oifig seo anailís ar na sonraí ba dhéanaí a bhí ar fáil. Chuir na hiniúchtaí randamacha a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2014 in iúl go raibh an bhearna iniúchta cothrom le thart ar 2% den dliteanas ar an iomlán.

**15.40** Ní thugann na Coimisinéirí Ioncaim féin meastacháin ar an mbearna iniúchta. Bheadh a leithéid úsáideach le cur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim a n-éifeachtacht ó thaobh bainistiú comhlíonta de a mheas agus a thuairisciú ar bhealach níos fearr.

**Moladh 15.1**

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim an bhearna iniúchta mheasta a ríomh ar bhonn bliantúil le cur ar gcumas a n-éifeachtacht ó thaobh bainistiú comhlíonta de a mheas ar bhealach níos fearr.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe go páirteach. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag tomhas na bearna iniúchta, lena n-áirítear leagan amach an Chláir Iniúchta Randamaigh mar atá faoi láthair, ar éifeachtacht an chláir comhlíonta a mheas.

Níl Clár Iniúchta Randamaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ceaptha faoi láthair chun an bhearna iniúchta a mheas. Dá mbeadh, dhéanfaí cásanna a roghnú ar bhealach difriúil de bharr go mbeadh sé ríthábhachtach sampla ionadaíoch a fháil a d'fhéadfaí a úsáid leis na figiúirí don daonra iomlán a chur le chéile. Níl an Clár ionadaíoch don daonra iomlán faoi láthair.

Bheadh orainn deischostas na samplála ionadaíche breise (ó thaobh na n-iniúchtaí spriocdhírithe nach ndéanfaí sa chás sin) a chur faoi chaibidil i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo. Anuas ar na figiúirí a mhéadú go simplí, bheadh orainn anailís i bhfad níos mionsonraithe a dhéanamh ar na cásanna d'fhonn tuiscint a fháil ar an iompar a bhíonn taobh thiar de na fáltais.

**15.41** Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an mbearna chánach – staitistic níos leithne ná an bhearna iniúchta – mar gheall ar ábhair imní maidir le cruinneas a leithéid de mheastachán agus faoi cé chomh húsáideach a bheadh sé ar an leibhéal oibríochtúil. Tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim nach féidir bearna den sórt sin a mheas go cruinn go fóill le meastachán úsáideach, iontaofa a thabhairt ar leibhéil neamhchomhlíonta. Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh anailís na bearna cánach tuiscint a thabhairt ar na cúiseanna a bhíonn le cailliúintí cánach agus cabhrú leis na Coimisinéirí Ioncaim straitéis a cheapadh leis na fachtóirí a imríonn tionchar ar chomhlíonadh cánach a mhaolú.

### Moladh 15.2

Cé gur eol gur deacair an rud é an bhearna chánach a thomhas go beacht de bharr gur iomaí foinse neamhchinnteachta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm uirthi, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim breathnú ar na féidearthachtaí i ndáil le teicníochtaí anailíse a chur i bhfeidhm atá ceaptha le bearnaí i rátaí comhlíonta cánach a aibhsiú.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe go páirteach. Ní mór infheistiú a dhéanamh in acmhainní le teacht ar mheastacháin chruinne, stóinsithe. Is é is dóichí, ámh, nach mbeach ach buntáistí teoranta ag baint lena leithéid de bheart ó thaobh oibríochta de. Baineann na hábhair imní maidir leis an anailís ar bhearnaí ar dhá phríomh-shaincheist.

Is é an chéad cheann acu ná stóinseacht nó cruinneas aon fhigiúirí. I bhfianaise na teorann atá leis na sonraí agus na mbuillí faoi thuairim a bheadh ag teastáil, is léir go mbeadh na figiúirí ina meastacháin sa chás is fearr. Fágann nádúr an scáthgheilleagair nach féidir é a thomhas go heolaíoch, beag beann ar na cuir chuige ó bharr anuas nó ó bhun aníos (m.sh. sonraí iniúchta a úsáid) a úsáidtear.

Is é an dara ceann acu ná an bealach a n-úsáidfí meastacháin den sórt sin. I gcás na hanailíse ar bhearnaí, ní dhéanfaí sainaithint ar chásanna aonair d'fhonn díriú ar riosca. Ní dhéanfaí éifeachtacht na gCoimisinéirí Ioncaim a thomhas ach an oiread (athraíonn bearnaí ar go leor cúiseanna éagsúla, ní bheadh bearta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ach ina gcuid den scéal iomlán).

Ar na cúiseanna thuasluaite, níl na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim go mbeadh sé fiúntach acmhainní a infheistiú i sraith iomlán uirlisí tomhaiste bearna cánach a fhorbairt. Cuimsíonn an bhearna chánach réimse iompraíochtaí agus tarlaíonn thar réimse earnálacha, áfach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís chriticiúil ar rioscaí comhlíonta de réir earnálacha agus gníomhaíochtaí ar leith. Cuireann sé sin eolas ar fáil dúinn atá cosúil leis an eolas a gheofaí ón anailís ar bhearnaí, ach níos fearr fós, bíonn na tionscadail taighde seo dírithe ar réimsí inar féidir na torthaí a úsáid go héasca.

Mar atá nótáilte ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, bíonn torthaí an chláir iniúchta randamaigh ina dtáscaire úsáideach ó thaobh comhlíonadh de agus leanann na Coimisinéirí Ioncaim de shúil a choinneáil ar na torthaí agus ar na saincheisteanna a thagann chun cinn de dhroim na n-iniúchtaí.

Ina theannta sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim roinnt staidéar le déanaí ar chomhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Margadh na hola (anailís treochtaí a foilsíodh in 2014 agus torthaí cláir náisiúnta samplála a foilsíodh in 2016)
- Tobac (suirbhéanna bliantúla ar ídiú toitíní agus toitíní féinrollta nach bhfuil dleacht Éireannach íoctha orthu, chomh maith le hanailís mhionsonraithe ar fhachtóirí geilleagracha is bonn le hídiú tobac)
- Anailís ar na hearnálacha cíosa agus tógála trí thagairt d'fhoinsí neamhspleácha sonraí chun torthaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim a thagarmharcáil.

Ina theannta sin, i gcás réimsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh an anailís ar bhearnaí úsáideach dá dtabharfadh sí treochtaí le fios (seachas poncmheastacháin, a bhíonn míchruinn go hiondúil) a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid le tíortha eile. Mar shampla, leanann na Coimisinéirí Ioncaim de thacú le meastachán bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar bhearna CBL gach ballstáit. In ainneoin na n-ábhar imní faoi athraitheacht na bhfigiúirí (a athraíonn go suntasach ó bhliain go bliain nuair a chuirtear sonraí nua nó buillí nua faoi thuairim san áireamh), cuireann na meastacháin sin in iúl go mbíonn bearna CBL na hÉireann faoi bhun an mheáin san Aontas Eorpach go seasta.

***Cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a bhrath***

**15.42** Tugann torthaí iniúchtaí spriocdhírithe na gCoimisinéirí Ioncaim le fios go mbíonn a gcuid oibre braite dea-dhírithe. In 2015, b'ionann cion na n-iniúchtaí bunaithe ar an riosca a bhfuarthas fáltas iniúchta ina leith agus 68%, i gcomparáid le 39% i gcás iniúchtaí randamacha. Bíonn an meánfháltas ó iniúchtaí bunaithe ar an riosca i bhfad níos airde ná an meánfháltas ó iniúchtaí randamach, leis. Tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim a straitéis a athrú in 2012, tá níos mó béime á leagan acu ar idirghabhálacha nach iniúchtaí iad. Ar an iomlán, déantar sainaithint ar níos mó fáltais neamhchomhlíonta de bharr gníomhaíochtaí comhlíonta – .i. idirghabhálacha ar iniúchtaí iad agus nach iniúchtaí iad araon. Rinneadh suntas de, áfach, go bhfuil leibhéal na n-iniúchtaí bunaithe ar an riosca a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim tar éis titim nach mór 30% ó 2012 i leith.

**Moladh 15.3**

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar líon na n-iniúchtaí atá bunaithe ar an riosca a mhéadú ar bhonn bliantúil, chomh maith le hiniúchtaí spriocdhírithe, a mbíonn fáltais iniúchta níos airde ag baint leo go hiondúil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe go páirteach. Go bunúsach, is í an straitéis atá ann anois, mar chuid den phróiseas roghnaithe cásanna, ná go molann an roghnóir cáis don oibrí cáis an cineál idirghabhála (iniúchadh bunaithe ar an riosca san áireamh) a bheadh is oiriúnaí do na rioscaí a sainaithníodh. Is suntasach an rud é freisin gur mhéadaigh an fáltas foriomlán ó idirghabhálacha comhlíonta bliain i ndiaidh bliana le himeacht na tréimhse ó 2012 go 2015.

Is é fírinne an scéil go ndeachaigh pearsanra an-tábhachtach de chuid na Rannóige Comhlíonta ar scor agus go raibh lánchosc ar earcaíocht le linn na tréimhse atá faoi thrácht, rudaí a d'imir tionchar nár bheag ar na figiúirí a baineadh amach.

# 16 Dliteanas Stampála Tobac a Iarchur


**16.1** I mí Dheireadh Fómhair 2015, thug na Coimisinéirí Ioncaim cead do chuideachta cuid d'íocaíocht as dliteanas stampála tobac a bhí dlite i mí na Nollag 2015 a iarchur go dtí mí Eanáir 2016. Dá bharr sin, níor íocadh cuid shuntasach – coibhéis 11% de dhliteanas iomlán stampála tobac na cuideachta don bhliain 2015 – go dtí an 28 Eanáir 2016, cé go mbeadh sé le híoc ar an 21 Nollaig 2015 sa ghnáthchúrsa.[1]

**16.2** Tá curtha faoi chaibidil sa tuarascáil seo

- an próiseas cánach le haghaidh táirgí tobac
- na himthosca eisceachtúla ar chinn na Coimisinéirí Ioncaim an íocaíocht a iarchur dá mbarr
- an próiseas a úsáideadh leis an iarchur a cheadú

**16.3** B'ionann omlán na nglanfháltas máil in 2015 agus €5.46 billiún, méid ar bhain €1.08 billiún de, nó beagáinín níos lú ná 20%, le mál tobac (Féach Fíor 16.1).

**Fíor 16.1 Glanfháltais mháil, ó 2010 go 2015**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

1 Ní nochtar suim iarbhír an iarchurtha toisc go mb'fhéidir go bhféadfaí an chuideachta a aithint.


2 Tá i gceist le 'Táirgí sainithe tobac' toitíní agus tobac mínghearrtha a úsáidtear le toitíní a rolladh. Ní ghearrtar cáin stampála ar 'tháirgí eile tobac', amhail todóga, tobac píopa agus cineálacha eile tobac caite, ach tá cáin fós iníoctha ar a leithéid de tháirgí.

## Stampaí cánach tobac

**16.4** Éilítear ar chuideachtaí tobac stampa cánach, arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim, a chur ar tháirgí sainithe tobac atá le cur ar díol in Éirinn.[2] Cuirtear an stampa go díreach ar an bpacáiste faoi bhun an chumhdaigh ceallafáin. Léiríonn an stampa cánach an méid cánach atá dlite ar gach pacáiste tosaithe, agus cuireann sé in iúl gur íocadh an cháin ar an táirge má tá sé ann. Tá achoimre déanta i bhFíor 16.2 ar an gcóras stampála cánach tobac.

**16.5** Níl baint ach ag líon an-bheag cuideachtaí le cáin a íoc ar tháirigí tobac agus táirgtear na toitíní uile agus an chuid is mó den tobac féinrollta do mhargadh na hÉireann taobh amuigh den Stát.

**Fíor 16.2 An córas stampála cánach tobac**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Bíonn ríomhcháipéis riaracháin in éineacht le táirgí monaraithe tobac nuair a thugtar isteach sa Stát iad. Réitítear í sin le barántas leaindeáilte a chuireann an chuideachta tobac isteach ag deireadh gach míosa.

**16.6** Cuireann baill foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an chuideachta cánach ar an eolas roimh am seachadta beartaithe na stampaí cánach agus téann siad chuig an gcuideachta le maoirseacht a dhéanamh ar fháil na stampaí freisin. Ar sheachadadh na stampaí, cuireann oifigeach údaraithe na cuideachta tobac agus na ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá i láthair líon na stampaí a fuarthas agus na sonraí maidir leo i gcomparáid leis na sonraí atá sa duillín seachadta.

## Athruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le táirgí tobac

**16.7** Thug an tAontas Eorpach dlíthe, riaracháin agus forálacha riaracháin nua isteach in 2014 a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara.[1] Rinneadh foráil sa treoir d'athruithe ar fhormáid pacáistí tobac, lena n-áirítear méadú ar mhéid an rabhaidh sláinte agus ar a shuíomh ar an bpacáiste. Éilítear leis an bhforáil sin 65% d'éadan agus de chúl an phacáiste a bheith clúdaithe ag dhá chomhrabhadh sláinte.

1 Treoir ón AE 2014/40/AE.

**16.8** Tar éis an 20 Bealtaine 2016, ní ceadmhach do chuideachtaí tobac pacáistí tobac a mhonarú ná a sholáthar sa chás nach gcomhlíonann siad an treoir nua. Is ceadmhach, áfach, táirgí a monaraíodh roimh an 20 Bealtaine 2016 faoi na seanrialúcháin a dhíol go dtí an 20 Bealtaine 2017.

**16.9** D'fhógair an Roinn Sláinte ar an 18 Márta 2016 díolúine idirthréimhseach le ceadú suíomh an stampa cánach a bhíonn ar tháirgí tobac a fhágáil gan athrú as seo go ceann trí bliana. Go dtí sin, ní raibh cuideachtaí tobac cinnte cibé acu an dtabharfaí rialúcháin nua isteach le formáid nua phacáiste a shonrú agus céard a bheadh sna rialúcháin sin maidir le suíomh na stampaí.

## Socruithe íocaíochta cánach

**16.10** Íoctar an cháin táirge tobac i leith táirgí sainithe tobac trí stampaí cánach arna n-eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim a cheannach.[1] Gintear an dliteanas i leith an stampa tobac tráth a dtógann an chuideachta tobac na stampaí cánach ó stóras slán na stampaí.

**16.11** Ceadaítear faoin reachtaíocht gnáth-thréimhse iarchurtha dhá mhí leis an dliteanas stampála cánach a íoc, .i. caithfidh an chuideachta tobac íoc as stampaí cánach a cheannaítear i mí na Bealtaine i mí Iúil. Ní bhíonn an t-iarchur dhá mhí mar an gcéanna ag deireadh na bliana, tráth a gcaithfear gach dliteanas stampála cánach do mhí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna agus leath de mhí na Nollaig a ghlanadh ar an 21 Nollaig.

**16.12** Chun leas a bhaint as íocaíocht iarchurtha, ní mór do chuideachtaí tobac an cháin táirge tobac agus an dliteanas stampála tobac a urrú trí urrús nó banna bainc, a bheadh ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcás loiceadh. Sonraíonn an t-urrús an tsuim a bhféadfadh an t-urra a bheith faoi dhliteanas ina leith in aon mhí féilire, le foráil go mbeidh dliteanas foriomlán féideartha an urra suas le 3.2 oiread na suime sin.

**16.13** I gcásanna inar mó an dliteanas míosúil stampála cánach atá dlite ná suim an urrúis, déanann na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leis an gcuideachta tobac agus éilíonn uirthi an difríocht a íoc láithreach bonn. Íoctar an t-iarmhéid ar an ngnáthdháta le haghaidh an dliteanais mhíosúil sin.

## Íocaíocht a iarchur

**16.14** In imthosca eisceachtúla, tá de chumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim ceadú do tháirgeoirí táirgí sainithe tobac (.i. táirgí ar féidir stampa a chur orthu) leas a bhaint as na forálacha lena rialaítear íoc na cánach ar tháirgí eile tobac.[2] D'fhéadfaí íocaíocht as stampaí tobac a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair – lár mhí na Nollag a iarchur suas le haon mhí amháin tar éis eascairt an dliteanais ar an gcaoi sin.[3] Rinneadh an fhoráil sin do chásanna eisceachtúla sa bhliain 1994 ar an gcéad dul síos, rud a tháinig in éifeacht ar an 1 Deireadh Fómhair 1996.[4] D'fheidhmigh na Coimisinéirí Ioncaim an chumhacht sin den chéad uair in 2015, mar atá leagtha amach anseo thíos.

### *Imthosca eisceachtúla*

**16.15** Níl aon sainmhíniú tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim ar a bhfuil i gceist le himthosca eisceachtúla. Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh iarracht le sainmhíniú a thabhairt ar na imthosca nó na himeachtaí ar leith chun críche na reachtaíochta ina cúis le cásanna ina gcruthódh cáiníocóirí a leithéid d'imeachtaí eisceachtúla d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí gaolmhara.

1 Alt 73 (2), an tAcht Airgeadais, 2005.

2 Sonraítear in Alt 73 (2) den Acht Airgeadais, 2005 "Is trí stampaí cánach arna n-eisiúint ag na Coimisinéirí a cheannach a íocfar cáin táirgí tobac i leith táirgí tobac sonraithe ach amháin i gcás go gceadóidh na Coimisinéirí, in imthosca eisceachtúla, an íocaíocht a bheith faoi réir na bhforálacha lena rialaítear táirgí tobac eile."

3 Leagtar amach in Alt 74(c) den Acht Airgeadais, 2005 na téarmaí i ndáil le híocaíochtaí a iarchur i leith táirgí tobac eile.

4 Alt 69, an tAcht Airgeadais, 1994.

**16.16** Rinne cuideachtaí tobac cás do na Coimisinéirí Ioncaim i mí Dheireadh Fómhair 2015 nach mbeidís in ann stoc a tháirgeadh a bheadh ag teacht leis an treoir nua faoi ghearrfhógra ós rud é nach raibh aon duine cinnte faoi fhormáid an phacáiste nua. Mar gheall go dtáirgtear na táirgí tobac do mhargadh na hÉireann taobh amuigh den Stát, níl sa táirgeadh sin ach gné an-bheag de rith táirgeachta na cuideachtaí tobac ar an iomlán, rud a fhágann go gcaithfear na rití táirgeachta i gcomhair na hÉireann a chur in áirithe i bhfad roimh ré.

**16.17** Thug na cuideachtaí tobac le fios nach mbeadh ach stoc teoranta ar fáil, nó nach mbeidh stoc ar bith ar fáil, do mhargadh na hÉireann tar éis 20 Bealtaine 2016 mura bhféadfaidís táirgí tobac a stoc-charnadh. Shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim riosca go bhféadfadh easpa nó ganntanas táirgí dleathacha tobac a bheith ina gcúis le méadú ar dhíolacháin mhídhleathacha tobac, agus go gcaillfí ioncam cánach ó tháirgí tobac dá bhrí sin.

*An t-iarchur íocaíochta a cheadú*

**16.18** Thosaigh cuideachta tobac amháin ag stoc-charnadh táirgí sainithe tobac in 2015 le haghaidh mhargadh na hÉireann in 2016. Mar thoradh air sin, bhí an tsuim iomlán a bhí le híoc ag an gcuideachta sin as stampaí cánach do mhí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna agus an chéad leath de mhí na Nollag beagnach dhá oiread na tréimhse céanna in 2014.

**16.19** I mí Dheireadh Fómhair 2015, thug na Coimisinéirí Ioncaim cead don chuideachta cuid den íocaíocht a bhí dlite i mí na Nollag 2015 a iarchur go dtí mí Eanáir 2016. Bhí an tsuim a iarchuireadh suntasach sa chaoi go raibh sí comhionann le 11% de dhliteanas stampála tobac na cuideachta don bhliain 2015. D'eascair an t-iarchur de bharr gur eisceachtúil a bhí an neamhchinnteacht maidir le formáid nua an phacáiste. Dhearbhaigh an chuideachta nach scaoilfí na táirgí tobac a bhí i gceist lena ndíol go dtí go mbeadh an íocaíocht faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2016. Is dá bharr sin nach raibh an tsuim a iarchuireadh san áireamh sa tsuim a aistríodh chuig an Státchiste i mí na Nollag 2015.

**16.20** Ceadaíodh iarchur na híocaíochta tar éis plé ó bhéal idir Bainisteoir an Cheantair Alcóil, Tobac agus Iolraithe i Rannóg na gCásanna Móra agus an Rúnaí Cúnta atá freagrach as Rannóg na gCásanna Móra. Is cosúil nár choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim taifead foirmeálta ar an bpróiseas ceadaithe.

**16.21** Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara nár tugadh an ceadú ó bhéal ach amháin tar éis roinnt plé a dhéanamh ar an gceist agus i ndiaidh roinnt cruinnithe a eagrú, inar chuir Bainisteoir an Cheantair an Rúnaí Cúnta ar an eolas faoin gcás.

**16.22** Ceadaíodh socrú iarchurtha cosúil do chuideachta eile in 2016.


*Cur chuige cuntasaíochta*

**16.23** Eascraíonn an dliteanas as cáin táirge tobac tráth a n-eisítear na táirgí sainithe tobac lena dtomhailt sa Stát.[1] Nuair a cheannaíonn cuideachtaí tobac stampaí tobac, agus nuair a íocann siad astu, breacann na Coimisinéirí Ioncaim na suimeanna síos mar thaiscí ar chlár comhardaithe Chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim. Aistrítear na suimeanna taisce chuig an Státchiste ar bhonn míosúil. Nuair a eisítear na táirigí sainithe tobac lena dtomhailt, scaoiltear na taiscí arna mbreacadh síos i ndáil leis na táirgí sin agus breactar síos mar fháltais ón gcáin táirge tobac sa tréimhse áirithe sin iad.

1 Alt 73 (1), an tAcht Airgeadais, 2005.

**16.24** Tá léirithe i bhFíor 16.3 miondealú ar na taiscí táirge tobac a bhíonn á gcoinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim ag deireadh na bliana thar ceann na gcuideachtaí tobac siúd a bhaineann leas as an gcóras stampála cánach.

**Fíor 16.3 Taiscí táirge tobac na gcuideachtaí a bhaineann leas as an gcóras stampála cánach amhail ag deireadh na bliana, 2014 agus 2015**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**16.25** Bhí luach thaiscí na gcuideachtaí eile mar an gcéanna ag deireadh na bliana sa dá bhliain a bheag nó a mhór. Ní raibh luach thaiscí na cuideachta a fuarthas an t-iarchur ag deireadh 2015 ach 5% de luach a cuid taiscí ag deireadh 2014.

## Conclúidí agus moltaí

**16.26** Bhí urrús imleor ag an gcuideachta a bhain leas as an iarchur i leith a dliteanais stampála tobac tráth ar iarchuireadh an íocaíocht. D'fhág coinníollacha an urrúis sin go bhféadfadh na Coimisinéirí Ioncaim éileamh ar an urra suas le 3.2 oiread na suime dlite in aon mhí féilire a íoc leo dá loicfeadh an chuideachta ar an íocaíocht. Níorbh ann d'aon riosca cánach dá bhrí sin.

**16.27** Tugadh isteach an reachtaíocht faoina gceadaítear do na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí as dliteanas stampála cánach a iarchur in imthosca eisceachtúla sa bhliain 1994 den chéad uair. Níor fheidhmigh na Coimisinéirí Ioncaim an chumhacht sin go dtí 2015. Níl nós imeachta i scríbhinn i leith a leithéid d'iarchur a cheadú leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim.

### Moladh 16.1

Nuair a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim cumhachtaí, go háirithe nuair atá na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú den chéad uair, ba chóir próiseas ceadaithe a leagan síos, ina bhfuil na leibhéil éagsúla údaráis a bheidh ag teastáil leagtha amach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Mar a tugadh faoi deara, ba é seo an chéad uair a ghair Rannóg na gCásanna Móra an fhoráil maidir le himthosca eisceachtúla atá sa reachtaíocht. Cé gur chomhlíon an próiseas ceadaithe an reachtaíocht ábhartha, cuirfear i bhfeidhm nós imeachta lena leagtar síos na húdaráis éagsúla a bhíonn ag teastáil leis na cumhachtaí a fheidhmiú a bhaineann leis an reachtaíocht um an gCáin Táirge Tobac.

**16.28** Ba chóir go mbeadh taifead soiléir, i scríbhinn ann ar na cinntí a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim, go háirithe i gcás suimeanna móra a d'imreodh tionchar ar fhigiúirí fáltais an Státchiste. Sa chás áirithe seo, bhí sé de cheart ag na Coimisinéirí Ioncaim taifead foirmeálta a choinneáil ar iarchur na híocaíochta, lena n-áirítear cás gnó oifigeach a mholta ar son an iarchurtha, mar aon le cead sínithe oifigiúil oifigeach a cheadaithe.

### Moladh 16.2

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcoinnítear taifead foirmeálta ar gach uile chinneadh, lena n-áirítear cur isteach agus ceadú an cháis gnó, go háirithe i gcás suimeanna móra a d'imreodh tionchar ar fhigiúirí fáltais an Státchiste.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Tá córas ceadaithe láidir i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim lena leithéid de chinntí a dhéanamh. Admhaítear, áfach, gur cheart go mbeadh próiseas foirmeálta i bhfeidhm le taifead a choinneáil ar chinntí den sórt sin.

# Nithe Eile

# 17 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)

**17.1** Éilítear le hAlt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Acht 1990) (arna leasú) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis an t-iniúchadh a chur i gcrích, ní mór do GBCN na cuntais a chur faoi bhráid an Aire, duine a chaithfidh na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais dá éis sin.

**17.2** Ina theannta sin, éilítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann GBCN ina cuntais gabh bliain. Is í seo an tuarascáil don bhliain 2015 de réir an ailt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN, 2015

**17.3** Seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu de bhun alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú)

- fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ráitis airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

**17.4** De réir alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú), ní mór do chuntais GBCN cuntas a thabhairt ar chostais a tabhaíodh i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí i leith

- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean [1]
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

**17.5** Tá cuntais GBCN don bhliain 2015 iniúchta. Eisíodh mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí ar an 26 Bealtaine 2016. Chuir an tAire cóipeanna de na cuntais, chomh maith le mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí, faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an 14 Iúil 2016.

**17.6** Tá mé sásta go bhfuil idirbhearta GBCN don bhliain 2015 agus a iarmhéideanna ag deireadh na bliana curtha i láthair i gceart sna cuntais.

1 Níor thabhaigh GBCN costais i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí i leith an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2015.

**17.7** Tugadh isteach caighdeán cuntasaíochta nua - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) - do bhliain airgeadais 2015. Thug GBCN faoi athbhreithniú ar fhormáid na gcuntas uile agus ghlac le FRS 102 mar an bonn tuairiscithe do

- Cuntas riaracháin GBCN
- Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

Níor imríodh aon tionchar suntasach ar na torthaí ná ar na hiarmhéideanna mar thoradh ar FRS 102. Níor ghlac GBCN le FRS 102 do na cuntais eile de bharr go dtuairiscítear na cuntais sin ar bhonn airgid nó go léiríonn an creat cuntasaíochta na feidhmeanna reachtúla.

## Feidhmeanna, róil agus soláthar foirne na Gníomhaireachta


**17.8** Cuireadh GBCN ar bun den chéad uair sa bhliain 1990. Tá sé forbartha ina eagraíocht chasta ó shin i leith, a bhfuil roinnt feidhmeanna aige a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná an croíról bunaidh a bhí aige le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Cuireadh lena chuid feidhmeanna agus atheagraíodh tuilleadh iad faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014).

**17.9** Chuir Acht 2014 caoi sheolta éifeachtach ar struchtúir rialachais GBCN d'fhonn cur chuige níos comhtháite a chumasú i leith a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. I mí na Nollag 2014, rinneadh GBCN a athbhunú mar bhord, a bhfuil Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile air a bhfuil freagracht fhoriomlán orthu as feidhmeanna uile GBCN. Níor athraíodh ballraíocht an Bhoird in 2015.

**17.10** Tugann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ), agus cuireann seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil dóibh chomh maith. Tá a mbord féin ag NAMA agus CBSÉ araon agus tá siad freagrach do Dháil Éireann go leithleach.

**17.11** Tá breac-chuntas tugtha i bhFíor 17.1 ar struchtúr GBCN tar éis a leasuithe le hAcht 2014.

**Fíor 17.1 Struchtúr Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith i ndáil le gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/haonáin seo.

b I gcás maoiniú Stáit, bainistiú fiachais agus seirbhísí bainistithe cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do Chiste na gCuntas Díomhaoin, don Chiste um Banc Taisce an Phoist agus don fhiachas náisiúnta.

c Leanfar de ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) go dtí go mbeidh na sócmhainní uile atá fágtha aistrithe go dleathach chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ).

d Díscaoileadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA) le héifeacht ón 27 Eanáir 2015 mar chomhlacht reachtúil ar leith. Tá san áireamh i gcuntas riaracháin GBCN nóta nochta maidir le gníomhaíochtaí GNFA (rud a thuairiscítí go leithleach roimhe seo).

### *Maoiniú, fiachas agus bainistiú cisteáin*

**17.12** Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus déanann fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú.

**17.13** Tá sonraí faoi struchtúr an fhiachais náisiúnta agus faoi threochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 2.

**17.14** Comhlíonann GBCN roinnt feidhmeanna bainistithe fiachais agus cisteáin, lena n-áirítear

- oibríochtaí cisteáin do GNBS, CISÉ, CBSÉ agus an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (atá faoi leachtú speisialta) (CÉRB)
- lársheirbhís chisteáin a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus an Chiste um Banc Taisce an Phoist a bhainistiú.


### *Scéimeanna ráthaíochta d'fhorais airgeadais*

**17.15** Tá dliteanais incháilithe áirithe, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana in aibíocht, atá i bhforais airgeadais faoi ráthaíocht ag an Aire faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) 2009 (an scéim). Cheap an tAire GBCN mar oibritheoir na scéime.[1]

**17.16** Éilítear ar gach foras a bhfuil dliteanais faoi ráthaíocht faoin scéim acu táille a íoc. Fuarthas beagnach €76 milliún (2014: €179 milliún) in 2015.[2] Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá freagrach as na táillí a fuarthas.

**17.17** Ag deireadh mhí Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go scoirfí den scéim i gcomhair dliteanais nua le héifeacht ó mheán oíche ar an 28 Márta 2013. Ag deireadh na bliana 2015, b'ionann na suimeanna a bhí clúdaithe ag an scéim agus thart ar €3.2 billiún. Laghdaigh sé sin go dtí €2.3 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2016 (féach Fíor 18.2).

**Fíor 17.2 Dliteanais clúdaithe faoin Scéim Dliteanas Incháilithe, ó 2010 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2016**




Foinse: An Roinn Airgeadais

**17.18** Tar éis leachtú CÉRB i mí Feabhra 2013, rinneadh roinnt éileamh faoin scéim agus, i mí an Márta 2013, tharmlig an tAire tuilleadh feidhmeanna do GBCN.[3]

- éilimh íocaíochta a dheimhniú i leith gníomhas ráthaíochta a cuireadh i bhfeidhm ar an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne CÉRB
- suimeanna a íoc atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta

**17.19** Leanann GBCN, mar oibritheoir na scéime, d'íocaíochtaí a phróiseáil faoi na scéimeanna de réir mar a chuirtear éilimh isteach agus mar a dheimhnítear iad. Ag deireadh 2015, bhí luach €0.5 milliún d'éilimh idir lámha ag GBCN. Íocadh amach beagáinín ní ba lú ná €0.3 milliún faoin scéim roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2016 (féach Figiúr 17.3).

1 I.R. Uimh. 490 de 2009.

2 Aithnítear táillí ar bhonn airgid agus faightear go ráithiúil i riaráiste iad. Ba é €53 milliún (2014: €155 milliún) na táillí i leith 2015 ar bhonn fabhraithe.

3 I.R. Uimh. 85 de 2013.

**Fíor 17.3 Íocaíochtaí CÉRB faoi na scéimeanna ráthaíochta um fhorais airgeadais, 2013 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2016**

| | 2013 | 2014 | 2015 | Eanáir go Meitheamh 2016 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál na híocaíochta** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Taiscí[a] | 63.9 | 74.6 | 4.5 | 0.3 | 143.3 |
| Sealbhóirí bannaí[a] | 933.8 | – | – | – | 933.8 |
| Díorthaigh[b] | 37.5 | – | – | – | 37.5 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **1,035.2** | **74.6** | **4.5** | **0.3** | **1,114.6** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Íocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe).

b Íocaíochtaí a rinneadh faoi Ghníomhas Ráthaíochta CÉRB.

**17.20** Mar oibritheoir na scéime, lóisteáil GBCN trí éileamh le comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB ar aisíoc suimeanna a íocadh amach faoin scéim, ús fabhraithe measta agus costais ghaolmhara eile.[1] Seo a leanas na suimeanna a éilíodh.[2]

- €933.8 milliún i leith íocaíochtaí a rinneadh le sealbhóirí bannaí
- €142.5 milliún i leith íocaíochtaí a rinneadh le taisceoirí, costais agus táillí scéime amuigh suas go dtí an 30 Márta 2015 san áireamh
- €2.7 milliún i leith íocaíochtaí a rinneadh le taisceoirí, costais suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2015 san áireamh

**17.21** Ar an 30 Meán Fómhair 2013, lóisteáil an Roinn Airgeadais éileamh, arbh fhiú €37.8 milliún é, le comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB faoi ghníomhas ráthaíochta CÉRB, rud a raibh ús fabhraithe €0.3 milliún san áireamh ann.

**17.22** Lóisteálfar éilimh eile leis na comhleachtaitheoirí ar íocaíochtaí nach bhfuil éilithe go fóill agus ar aon íocaíochtaí eile amach anseo.

1 Bíonn ús iníoctha ar shuimeanna arna n-éileamh ó dháta an éilimh go dtí an dáta a n-íocann na comhleachtaitheoirí speisialta é.

2 D'fhéadfadh sé nach mbeadh na suimeanna a íoctar faoi na scéimeanna mar an gcéanna leis na suimeanna a éilítear ó na comhleachtaitheoirí speisialta mar gheall ar chúrsaí ama.

### *Bainistiú an Chiste Carbóin*

**17.23** Cuireadh an Ciste Carbóin ar bun de bhun an Achta um an gCiste Carbóin, 2007. Riarann GBCN ceannach na gcreidmheasanna carbóin a bhíonn ag teastáil le dualgais athraithe aeráide na hÉireann a chomhlíonadh tríd an gCiste Carbóin. Tá ceannach creidmheasanna carbóin ar fionraí ó mhí Feabhra 2009. Ag deireadh 2015, bhí sócmhainní arbh ionann a luach fála agus €90 milliún (2014: €99 milliún) i seilbh an Chiste Carbóin.

**17.24** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an Chiste Carbóin agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú). Déantar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin a iniúchadh de réir an Achta um an gCiste Carbóin, 2007.[1]

### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*


**17.25** Déanann GBCN éilimh chúitimh díobhála pearsanta, damáiste maoine agus faillí cliniciúla a bhainistiú thar ceann údaráis tharmligthe Stáit áirithe. Ina theannta sin, tá ról bainistithe riosca aige sa chaoi a dtugann sé comhairle agus cúnamh do na húdaráis Stáit sin cén chaoi nochtadh le héilimh a íoslaghdú. Cuireann sé éilimh chostais tríú páirtí a eascraíonn as binsí fiosrúcháin áirithe faoi chaibidil agus déanann iad a bhainistiú freisin. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (CÉS) ar GBCN. Amhail ar an 31 Nollaig 2015, bhí 129 údarás Stáit faoi chúram CÉS.


**17.26** B'ionann dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara CÉS in 2015 agus €219.3 milliún (2014: €141.4 milliún) ar an iomlán. Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis Stáit ábhartha a bhaineann leas as seirbhísí CÉS. Lena chois sin, thabhaigh GBCN luach €15.7 milliún (2014: €13.5 milliún) de chostais riaracháin agus feidhmeanna CÉS á chomhlíonadh aige. Tá na costais riaracháin sin san áireamh i gcostais riaracháin GBCN agus tá siad gearrtha ar an Lárchiste.

**17.27** Tháinig méadú suntasach ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú ó 2010 i leith, chomh maith le méadú ar líon na n-éileamh a fuarthas. Bíodh sin mar atá, níl aon mhórathrú tagtha ar líon na n-éileamh a réitíodh (féach Fíor 17.4).

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an gCiste Carbóin ar an 26 Bealtaine 2016.

**Fíor 17.4 Éilimh a fuarthas, a réitíodh agus atá á mbainistiú, ag deireadh bliana 2010 go 2015**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá san áireamh i líon na n-éileamh atá á mbainistiú in 2015 1,809 carnchaingean.

**17.28** Chuir CÉS in iúl go n-imríonn roinnt fachtóirí tionchar ar an ráta a réitítear éilimh, nádúr agus castacht na n-éileamh ina measc. Ar cheann de na fachtóirí sin tá cur ar fáil acmhainní, ach níl nasc líneach idir acmhainní a chur ar fáil do bhainistiú éileamh agus réiteach na n-éileamh sin. Ag deireadh 2015, bhí 1,809 carnchaingean (idir chliniciúil agus neamhchliniciúil) á mbainistiú ag CÉS. Deirtear go bhfuil baint ag roinnt mhaith de na caingne seo le ceisteanna tábhachtacha dlí maidir le dliteanas agus cúisíocht, agus gur gá straitéis dhlíthiúil ar leith a chur i bhfeidhm i dtaca leo d'fhonn a chinntiú go gcoinneofar dliteanas an Stáit ag an leibhéal is ísle is féidir. Chuir CÉS in iúl go raibh siad den tuairim má éiríonn leis an Stát fasach a dhéanamh sna cásanna tástála (agus faoi réir aon achomhairc) gur dócha go scoirfí de roinnt mhaith de na cásanna carnchaingne.

**17.29** Tá an costas measta ar éilimh a shocrú ag méadú go seasta le roinnt blianta anuas. Mheas CÉS go gcosnódh sé €1.79 billiún (2014: €1.47 billiún) leis na héilimh ar fad a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2015 a shocrú. Tá an costas measta seo bunaithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha, fíor-ráta toraidh 3% ina measc. Rialaigh an Ardchúirt (cinneadh ar sheas an Chúirt Achomhairc leis) gur chóir go mbeadh feidhm ag fíor-ráta toraidh 1% ar dhámhachtainí áirithe cúirte. Rialaigh an Chúirt Achomhairc i gcás gortuithe tubaisteacha gur chóir costas an chúraim amach anseo a áireamh ar fhíor-ráta toraidh de 1% agus gur chóir caillteanas airgid amach anseo a ríomh ar fhíor-ráta toraidh de 1.5%. Mheas CÉS go méadódh costas na n-éileamh a bhí á mbainistiú ag 2015 thart ar €300 milliún ar an mbonn sin. Rinne CÉS achomharc chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh an bhreithiúnais seo.

**17.30** I mí Feabhra 2013, cuireadh aonad costas dlíthiúil Stáit ar bun laistigh de CÉS le plé a dhéanamh le costais tríú páirtí a bhí ag eascairt as na Binse Mahon, Binse Moriarty agus Binse Smithwick. Cuireadh bonn reachtúil faoi feidhmeannas costas dlíthiúil CÉS le hAcht 2014. In 2015, leag an Rialtas de chúram ar an aonad seo plé a dhéanamh le gach éileamh tríú páirtí ar chostais dhlíthiúla i gcoinne aonáin shainithe Stáit.[1]

### *NewERA*

**17.31** Cuireadh bonn reachtúil faoi na feidhmeanna de GBCN a bhaineann leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) i mí na Nollag 2014, tráth ar cuireadh tús leis na hailt ábhartha d'Acht 2014.[2]

**17.32** I measc na bhfeidhmeanna NewERA tá comhairle airgeadais agus thráchtála ar réimse saincheisteanna a chur ar fáil d'Aire ábhartha den Rialtas i leith comhlacht ainmnithe atá faoina c(h)úram.[3] Chomh maith leis sin, nuair atá scaireanna nó sócmhainní ag an Aire i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha NewERA, nuair atá freagracht ghinearálta air/uirthi as comhlacht, nó nuair atá aon fheidhm aige/aici i ndáil le comhlacht, féadann NewERA seirbhísí cosúla a chur ar fáil i dtaca le comhlachtaí den sórt sin freisin.

**17.33** Chaith GBCN thart ar €6.2 milliún ar ghníomhaíochtaí NewERA in 2015, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN. Bhain an chuid ba mhó den chaiteachas sin leis na nithe seo a leanas

- comhairle airgeadais agus thráchtála a chur ar fáil do na hAirí cuí ar 72 aighneacht arna ndéanamh ag comhlachtaí tráchtála Stáit amhail
  - Ervia a atheagrú ach Líonraí Gáis Éireann a chur ar bun
  - an chéad chomhfhiontar idir Bord na Móna agus Coillte ar fheirm ghaoithe
- comhairle airgeadais agus thráchtála a chur ar fáil d'Airí cuí ar dhíol scairsheilbh an Stáit in Aer Lingus le International Consolidated Airlines Group[4]
- comhairle ar roghanna úinéireachta agus maoinithe i gcomhair an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

### *Soláthar foirne d'fheidhmeanna córais baincéireachta*

**17.34** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith.[5] Ar ordú an Aire, tá GBCN fós ag íoc chostais an Aonaid Baincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe comhairleoirí gairmiúla. Thabhaigh GBCN costais €2.4 milliún in 2015 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta, méid as ar bhain €78,000 le costais comhairleoirí gairmiúla. Tá na costais sin nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN in 2015.

1 I.R. Uimh. 505 de 2015, an tOrdú um GBCN (Tarmligean Éileamh i gcomhair Feidhmeanna Bainistithe Costas), 2015.

2 Cuireadh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) ar bun ar dtús ar bhonn neamhreachtúil tar éis don Rialtas fógra a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2011.

3 Is iad na comhlachtaí ainmnithe faoi láthair ná Bord Soláthair an Leictreachais, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann agus aon fhochuideachtaí lena mbaineann nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag na comhlachtaí ainmnithe sin.

4 Fuair an Stát €335 milliún mar thoradh ar dhíol na scairsheilbhe.

5 I.R. Uimh. 395 de 2011.

### *Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann*

**17.35** Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun i mí na Nollag 2014 de bhun Acht 2014. D'athraigh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ tráth ar cuireadh ar bun é, seachas roinnt sócmhainní agus dliteanas eachtrach, a d'fhan i seilbh CNP go dtí go n-aistreofaí chuig CISÉ in am is i dtráth iad. Ag deireadh 2015, bhí líon beag sócmhainní eachtrach (a luacháladh ar €1 milliún) ann nach raibh aistrithe chuig CISÉ go fóill. Is é sainordú reachtúil CISÉ infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát.

**17.36** Amhail ar an 31 Nollaig 2015, bhí luach €21.9 billiún de ghlansócmhainní ag CISÉ (2014: €22.2 billiún). Chuimsigh na glansócmhainní €7.9 billiún (2014: €7.2 billiún) sa phunann lánroghnach agus €14 billiún (2014: €15 billiún) sa phunann infheistíochta treoraithe.

- Tá sa ***phunann lánroghnach*** infheistíochtaí a dhéantar de réir na n-alt cuí d'Acht 2014, faoina ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát.
- Tá ***an phunann infheistíochta treoraithe*** faoi réir na dtreoraithe a thugann an tAire Airgeadais.[1] Déantar aon ús nó aon ioncam eile a fhaightear i leith na dtaiscí agus/nó na n-urrús atá á gcoinneáil sa phunann threoraithe a aistriú chuig an bpunann lánroghnach agus déanann GBCN iad a choinneáil nó a infheistiú.

**17.37** Rith dhá theach an Oireachtais rún ar an 20 Deireadh Fómhair 2015 leis na fáltais ó dhíol scairsheilbh an Stáit in Aer Lingus a aistriú chuig CISÉ.[2] Mar thoradh air sin, aistríodh €335 milliún ón Státchiste chuig CISÉ chun críche Ciste Nascachta nua a chuirfí ar bun laistigh den phunann lánroghnach. Ní mór d'aon infheistíocht atá sa Chiste Nascachta baint a bheith aici le tionscadail a fheabhsóidh nascacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann.

**17.38** Thug an tAire na treoracha seo a leanas in 2015

- Aistríodh €1.6 billiún chuig an Státchiste (ar an 19 Márta 2015) ó airgead tirim a bhí á choinneáil i bpunann infheistíochta treoraithe CISÉ tar éis treoir a fháil ón Aire. Bhí na cistí sin á gcoinneáil ó rinneadh na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann a dhiúscairt in 2013.
- Thug an tAire treoir do GBCN (ar an 20 Samhain 2015) comhaontuithe áirithe a dhéanamh, agus bearta áirithe a dhéanamh, le tiontú agus fuascailt scaireanna CISÉ in AIB a éascú. Thug an tAire treoir do GBCN chomh maith bearta áirithe a dhéanamh maidir le fáltais a leithéid de thiontú agus fuascailt (lena n-áirítear an nóta gealltanais amuigh i ndáil le EBS a chur ar ceal). Fuair CISÉ fáltais €1.7 billiún, díbhinní €166 milliún agus 155 billiún gnáthscair mar chuid den fhuascailt agus tiontú seo.
- Aistríodh €1.9 billiún ón bpunann threoraithe chuig an Státchiste (ar an 18 Nollaig 2015) ar ordú an Aire. Bhain an tsuim sin leis na fáltais ó fhuascailt na scaireanna tosaíochta in AIB agus ó dhliteanais ghaolmhara. Ar ordú an Aire, rinneadh an nóta gealltanais amuigh i ndáil le EBS a fhuascailt ón EBS[3] ar a luach anonn de €225 mhilliún (agus cuireadh ar ceal ina dhiaidh sin é) agus íocadh an fuílleach leis an Státchiste.

1 Foráiltear le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le coinneáil agus bainistiú infheistíochta dírí, aon chearta vótála nó aon chearta eile a ghabhann le hinfheistíocht dhíreach a fheidhmiú, agus diúscairt infheistíochta dírí.

2 Foráiltear le hAlt 46 d'Acht 2014 nach mór do rún a bheith rite ag dhá theach an Oireachtais sular ceadmhach don Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón Lárchiste le CISÉ.

3 Cónascadh EBS le AIB in Iúil 2011.

**17.39** Thabhaigh GBCN costais €8.7 milliún (2014: €0.18 milliún) ina ról mar rialaitheoir agus bainisteoir CISÉ in 2015. Níl san áireamh san fhigiúr sin costais oibriúcháin an chiste a íocann CISÉ go díreach.

### *An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean*

**17.40** Is é GBCN bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP). Tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha d'Acht 2014 i mí na Nollag 2014, dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fós ag CNP chun críocha cuntasaíochta agus cuireadh i láthair i Ráitis Airgeadais CISÉ iad ina ionad sin.

**17.41** Níl ach aon choimisinéir amháin – Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – i gCoimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ón 22 Nollaig 2014 i leith, duine a n-éilítear air le hAcht 2014 a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú dlíthiúil aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill. Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní eachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcéile conartha ábhartha. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí luach €1 milliún (2014: €1.8 billiún) de shócmhainní eachtracha fós in CNP.

**17.42** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair CNP agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú). Déantar ráitis airgeadais CNP a iniúchadh de réir an Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000.[1]

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**17.43** Comhlacht reachtúil ar leith a bhí sa Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA) roimh an 27 Eanáir 2015, a d'fheidhmigh mar an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis Stáit ar gach tionscadal infheistíochta poiblí ar mhó a luach caipitiúil ná €20 milliún. Bhí freagracht uirthi freisin as tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas na hearnálacha iompair agus údaráis áitiúil, as tionscadail oideachais áirithe a sholáthar go díreach, agus as seirbhísí bainistíochta conartha a chur ar fáil i dtaca le feidhmiú agus cothabháil scoileanna CPP áirithe.

**17.44** Rinneadh GNFA a dhíscaoileadh le héifeacht ón 27 Eanáir 2015 de bhun Acht 2014 agus aisghaireadh an reachtaíocht a bhain le GNFA.[2] Ag an am céanna, tugadh na feidhmeanna reachtúla bainteacha do GBCN agus aistríodh gach maoin, ceart agus dliteanas de chuid GNFA chuig GBCN. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, is ceadmhach do GBCN GNFA a thabhairt air féin. Tá san áireamh i gCuntas Riaracháin GBCN nochtadh maidir le gníomhaíochtaí GNFA (rud a thuairiscítí go leithleach roimhe seo).

**17.45** Fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2015 mar chuid de Chlár Caipitil Poiblí an Rialtais, 2016-2021, go n-aistreofaí feidhmeanna soláthair agus bainistithe tionscadal CPP chuig Bonneagar Iompair Éireann (TII), arbh eagraíocht nuabhunaithe é ag an am .[3] Tá GBCN ag obair as lámha a chéile leis na ranna ábhartha Rialtais agus le TII leis an aistriú sin a thabhairt chun críche.

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar GBCN ar an 26 Bealtaine 2016.

2 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar ráitis deiridh airgeadais GNFA ar an 16 Meitheamh 2015.

3 Cuireadh Bonneagar Iompair Éireann ar bun in 2015 nuair a rinneadh cónascadh idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA)*

**17.46** Cosúil le blianta eile, shann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus chuir seirbhísí ar fáil di le linn 2015. Thabhaigh GBCN costais €53.5 milliún (2014: €53.9 milliún) ina leith sin, rud a athghearradh ar NAMA.[1]

- Tabhaíodh €46.8 milliún (2014: €44.7 milliún) i leith costais foirne. Chuimsigh an tsuim sin €43.1 milliún a bhain le baill foirne atá fostaithe ag GBCN go díreach agus a bhí sannta do NAMA (341 ball foirne amhail ar an 31 Nollaig 2015), agus €3.7 milliún a bhain le costas cionroinnte luach saothair na bhfostaithe de chuid GBCN a fheidhmíonn seirbhísí comhroinnte, seirbhísí TF, acmhainní daonna agus airgeadais ina measc.
- Thabhaigh GBCN €6.7 milliún (2014: €9.2 milliún) i leith costais eile, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleachta.[2]

### *Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann*

**17.47** Cuireadh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) ar bun i mí Mheán Fómhair 2014 faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, 2014, d'fhonn creidmheas ar ísealchostas a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide Éireannacha[3] ach cistí a fhoinsiú ó aonáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**17.48** Cuireann GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta, seirbhísí córais, foirne agus cisteáin agus comhairle ar urrúis fiachais agus iasachtaí ar fáil do CBSÉ. Thabhaigh GBCN costais €3.6 milliún i leith na seirbhísí sin a chur ar fáil in 2015 (2014: €0.7 milliún), rud a athghearradh ar CBSÉ.[4]

**17.49** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú). Baineann na chéad ráitis airgeadais arna n-iniúchadh i ndáil le CBSÉ leis an tréimhse ó cuireadh ar bun é ar an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2015.[5]

1 B'ionann costais riaracháin iomlána NAMA agus €112 milliún in 2015 (€135 milliún in 2014).

2 Féach ráitis airgeadais NAMA, 2015. Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar NAMA ar an 29 Aibreán 2016.

3 Tugtar sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide de réir Alt 2 de Mholadh CE 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

4 Alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

5 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ar an 27 Bealtaine 2016.

## Dáileadh foirne

**17.50** Tháinig méadú eile ar líon na foirne in GBCN in 2015. Bhí 781 (2014: 759) ball foirne ar an iomlán ag deireadh 2015. Tá leagtha amach i bhFíor 17.5 sannadh baill foirne d'fheidhmeanna agus do ghníomhaíochtaí éagsúla de chuid GBCN ag deireadh bliana 2011 go 2015.

**Fíor 17.5 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh bliana, 2011 go 2015**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aonaid Ghnó GBCN** | | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 12 | 14 | 15 | 19 | 21 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann/An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 10 | 13 | 15 | 33 | 36 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 63 | 69 | 77 | 91 | 109 |
| NewERA | 6 | 12 | 13 | 14 | 19 |
| Aonad Baincéireachta [a] | 9 | 12 | 14 | 13 | 12 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 34 | 44 | 52 | 63 | 60 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 193 | 224 | 331 | 369 | 341 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | – | – | – | 3 | 9 |
| **Feidhmeanna corparáideacha** | | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 71 | 73 | 95 | 112 | 121 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchadh inmheánach | 21 | 21 | 24 | 22 | 33[b] |
| Riosca | 9 | 12 | 15 | 14 | 18 |
| Eile | 5 | 6 | 6 | 6 | 2[c] |
| **Iomlán** | **433** | **500** | **657** | **759** | **781** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Ar iasacht don Roinn Airgeadais.
b Tá san áireamh san fhigiúr seo don bhliain 2015 seachtar daoine i dtaobh na bhfeidhmeanna seo a leanas: an tAonad um Shaoráil Faisnéise (a cuireadh ar bun mar chuid den fheidhm chomhlíonta de bharr go mbeadh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ar GBCN le héifeacht ón 14 Aibreán 2015), Cumarsáid Chorparáide agus Rúnaíocht (a bhí faoin teideal "Eile" roimh 2015).
c Tá ceathrar ball foirne a bhí faoin teideal seo roimhe seo curtha san áireamh faoi réimse feidhme eile anois. Féach fonóta b thuas.

## Conclúidí

**17.51** Le hAcht 2014 cuireadh caoi sheolta éifeachtach ar na socruithe rialachais do GBCN agus cuireadh athruithe suntasacha i bhfeidhm ar a théarmaí tagartha reachtúla. Rinneadh feidhmeanna a atheagrú agus a athoiriúnú go suntasach chomh maith, rud a thug deis do GBCN fáil réidh le haimhrialtachtaí agus a chóras tuairiscithe airgeadais a dhéanamh níos éifeachtaí. I ndiaidh Acht 2014, déantar gníomhaíochtaí GNFA a nochtadh mar chuid de chuntas riaracháin GBCN.

**17.52** Mhol mé roimhe seo gur chóir do GBCN glacadh le cur chuige comhsheasmhach i leith nochtadh na gcostas foriomlán a bhaineann le gach ceann de na heochairsheirbhísí agus eochairfheidhmeanna a chuireann sé ar fáil. Tá na costais fhoriomlána a bhaineann le gach ceann de na heochairsheirbhísí agus eochairfheidhmeanna a chuireann GBCN ar fáil nochta ar bhealach níos fearr i ráitis airgeadais an chuntais riaracháin, 2015.

**17.53** Rinne GBCN athbhreithniú ar na socruithe tuairiscithe airgeadais i dtaca leis na cuntais uile agus ghlac le FRS 102 nuair ab iomchuí.


# 18 Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**18.1** Cuireadh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (an Chomhairle) ar bun faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht) le measúnuithe neamhspleácha a dhéanamh ar phleananna agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus le bonn eolais a chur faoin dioscúrsa poiblí maidir le hábhair gheilleagracha agus fhioscacha.

**18.2** Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha síos san Acht agus tá achoimre déanta orthu i bhFíor 18.1. Éilítear ar an gComhairle

- na réamh-mheastacháin a mheas a chuireann an Roinn Airgeadais (an Roinn) le chéile in earrach agus i bhfómhar gach bliain[1]
- a mheas an bhfuil seasamh fioscach an Rialtais fabhrach do bhainistiú stuama geilleagrach agus buiséadach, lena n-áirítear trí thagairt do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh[2]
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil seasamh buiséadach ginearálta an Rialtais comhardaithe nó an bhfuil barrachas ann, nó an bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i dtreo na staideanna sin (an 'riail bhuiséadach' de réir mar atá leagtha amach san Acht), agus a mheas an é go raibh imthosca eisceachtúla taobh thiar d'aon neamhchomhlíonadh[3]
- na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha arna n-ullmhú ag an Roinn a fhormhuiniú, de réir mar is iomchuí léi, ar iad na réamh-mheastacháin iad a mbíonn nuashonruithe ar an gclár buiséid agus cobhsaíochta bunaithe orthu.

**Fíor 18.1 Feidhmeanna Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

1 De réir an Achta, is iad na réamh-mheastacháin oifigiúla na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus bhuiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críche pleanáil fhioscach.

2 Creat atá bunaithe ar rialacha chun beartais fhioscacha náisiúnta a chomhordú san Aontas Eorpach is ea an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

3 De réir an Achta, is éard atá i gceist le himthosca eisceachtúla ná tréimhse ghéarchoir chun donais eacnamaíoch nó tarlú neamhghnách (nach bhfuil neart ag an Rialtas air), a imríonn tionchar suntasach ar sheasamh buiséadach an Rialtais.

## Cuntais Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**18.3** Is é Cathaoirleach na Comhairle an t-oifigeach atá freagrach as ullmhú agus cur i láthair na ráiteas airgeadais don iniúchadh. Éilítear ar an gComhairle leis an Acht cuntais a choinneáil ar fháltais agus ar chaiteachas san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais, agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta a mbaineann siad léi.[1] Ní mór cóip de na cuntais agus den tuairisc iniúchta a thabhairt don Aire tráth a gcuirtear an t-iniúchadh i gcrích, duine nach mór dó/di iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**18.4** Ina theannta sin, éilítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann an Chomhairle ina cuntais gabh bliain. Is í seo an tuarascáil don bhliain 2015.

**18.5** Tá cuntais na Comhairle don bhliain 2015 iniúchta. Eisíodh mo thuarascáil ar an iniúchadh ar an 30 Meitheamh 2016. Cuireadh na cuntais agus an tuarascáil faoi bhráid Dhá Theach an Oireachtais ar an 12 Iúil 2016.

**18.6** Tá mé sásta go dtugann na cuntais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle amhail ag deireadh 2015 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain.

## Ballraíocht agus soláthar foirne

**18.7** Tá leagtha síos san Acht go mbeidh sa Chomhairle cúigear ball, an Cathaoirleach ina measc. Ceapann an tAire Airgeadais daoine chun na Comhairle agus maireann an téarma oifige ceithre bliana i bhformhór na gcásanna. Ní ceadmhach do chomhaltaí comhairle a bheith i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile.

**18.8** D’éirigh duine de chomhaltaí na Comhairle as i mí na Bealtaine 2015 agus scoireadh de théarma comhaltaí eile den Chomhairle ag deireadh mí na Nollag 2015. Fógraíodh an dá fholúntas ar Stateboards.ie. De réir an Achta, ba chóir folúntais a líonadh laistigh de shé mhí (nuair is indéanta). Líonadh an dá fholúntas taobh istigh den tréimhse sin.

**18.9** Tacaíonn seisear ball foirne le saothar na Comhairle faoi láthair, .i. cúigear eacnamaithe agus riarthóir amháin. In 2015, bhí triúr den fhoireann faighte ar iasacht ó eagraíochtaí eile.

## Maoiniú

**18.10** Maoinítear an Chomhairle ó Lárchiste an Státchiste, faoi réir uas-suim bhliantúil atá innéacsnasctha leis an mboilsciú.[2] Ba é €823,360 (2014: €820,080) an uas-suim mhaoinithe do 2015.


**18.11** B’ionann caiteachas iomlán na Comhairle agus thart ar €643,000 in 2015 (2014: €606,000), suim ar bhain 62% di le costais tuarastail. Ba í an ghné ba mhó de chaiteachas na Comhairle nár bhain le pá ná táille riaracháin na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i leith costais chóiríochta agus seirbhísí tacaíochta, rud arbh fhiú thart ar €101,000 (2014: €101,000) ar an iomlán.

**18.12** Tá léirithe i bhFíor 18.2 achoimre ar bhuiséad agus caiteachas gaolmhar na Comhairle don tréimhse ó 2013 go dtí deireadh 2015.

1 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle don bhliain 2015 de réir FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn le héifeacht do thréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2015 nó ina dhiaidh sin.

2 Déantar foráil in Alt 9 den Sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse agus teorainn mhaoinithe.

**Fíor 18.2 Achoimre airgeadais ar Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, 2013 go 2015**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ráitis airgeadais bhliantúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann


Nóta: Tháinig méadú ar líon na mball foirne ó thriúr in 2013 go dtí seisear in 2015.

**18.13** Tabhaíodh beagáinín ní ba mhó ná €62,500 (2014: €64,000) in 2015 i dtáillí agus costais i ndáil le comhaltaí na Comhairle. Taobh thiar d'fhormhór na gcostas bhí costais taistil agus chothaithe a thabhaigh comhaltaí idirnáisiúnta agus comhaltaí nach bhfuil lonnaithe i mBaile Átha Cliath le freastal ar chruinnithe den Chomhairle, a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath. Rinneadh luach beagnach €24,500 d'íocaíochtaí in 2015 (2014: €32,000) le fostóirí lánaimseartha earnála poiblí an Chathaoirligh agus duine de chomhaltaí na Comhairle as na costais a tabhaíodh de bharr go raibh siad ag obair don Chomhairle agus nach raibh siad i láthair.

## Gníomhaíochtaí na Comhairle

**18.14** Cuireann an Chomhairle roinnt aschur bliantúil i dtoll a chéile mar fhreagra ar aschuir na Roinne. Tá breac-chuntas tugtha ar na haschuir seo i bhFíor 18.3.

**Fíor 18.3 Aschur Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**18.15** Ag teacht le riachtanais an Achta, foilsíonn an Chomhairle na Tuarascálacha Measúnachta Fioscaí, an Ráiteas Réamh-Cháinaisnéise agus foilsíonn freisin a litreacha chuig an Aire Airgeadais tráth a dtugtar an próiseas formhuinithe chun críche. Tá roinnt tuarascálacha neamhreachtúla foilsithe ag an gComhairle chomh maith. Tá miondealú déanta ar fhoilseacháin na Comhairle i bhFíor 18.4.

**Fíor 18.4 Achoimre ar fhoilseacháin Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, 2013 go 2015**

| | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|
| **Litreacha formhuinithe** | 📖 | 📖 📖 | 📖 📖 |
| **Tuarascálacha measúnachta fioscaí** | 📖 📖 | 📖 📖 | 📖 📖 |
| **Ráitis Réamh-Cháinaisnéise** | | 📖 | 📖 |
| **Tuarascálacha neamhreachtúla** | 📖 | 📖 📖 📖 📖 📖 📖 | 📖 📖 📖 📖 |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Tuarascálacha neamhreachtúla – Foilsíonn an Chomhairle nótaí anailíseacha agus páipéir oibre neamhspleácha ar théamaí a bhaineann lena sainordú. Tá liosta de na tuarascálacha in Iarscríbhinn A.

## Athbhreithniú piaraí ar an gComhairle

**18.16** Ar aon dul le Plean Straitéiseach 2014 – 2016, rinne an Chomhairle measúnú seachtrach a choimisiúnú in 2015 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle i dtaobh an tsainordaithe a thugtar di faoin Acht agus a feidhmíochta mar institiúid fhioscach neamhspleách a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le fás inbhuanaithe in Éirinn.[1, 2]

**18.17** Ba é tátal an athbhreithnithe gur chomhlíon an Chomhairle gach tasc a mbítear ag súil leis ó institiúid fhioscach neamhspleách agus go raibh sí i lár an aonaigh i bplé poiblí, rudaí ar cuireadh le trédhearcacht maidir le cúrsaí fioscacha agus le heolas an phobail orthu dá mbarr.[3]

Tugadh faoi deara san athbhreithniú, áfach, go bhféadfaí aschur agus tionchar na Comhairle a fheabhsú tuilleadh agus rinneadh 25 moladh. Rinne an Chomhairle machnamh ar na moltaí sin agus d'ullmhaigh plean feidhmithe leis na 25 moladh a chur i ngníomh. Chinn sí, tar éis athbhreithniú, nach gcuirfí dhá cheann de na moltaí i ngníomh agus nach raibh neart aici ar thrí cinn acu. As na moltaí ar glacadh leo, tá 17 gcinn acu curtha i ngníomh anois agus tá na trí cinn eile le cur i ngníomh roimh dheireadh 2017 nó ag deireadh 2017.

1 Tá Plean Straitéiseach 2014-2016 le fáil ar www.fiscalcouncil.ie.

2 Ba iad baill na foirne measúnaithe an tOllamh Lars Jonung (Cathaoirleach), an tOllamh Iain Begg agus an tUasal Michael G Tutty (sular ceapadh chun na Comhairle é).

3 Tá an t-athbhreithniú ar Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann le fáil ar www.fiscalcouncil.ie.

## Iarscríbhinn A Tuairiscí neamhreachtúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

### 2013

### Páipéar Oibre

- Clár Comhardaithe an Rialtais tar éis na Géarchéime: Dearcadh Cuimsitheach

### 2014

### Nótaí Anailíseacha

- Rioscaí ó thaobh Praghsanna Tí de
- Anailís Íogaireachta ar Chur Chuige na Roinne Airgeadais i leith Aschur Féideartha a Mheas de réir Mhodheolaíocht CE
- Miondealú ar Earráidí Réamhaisnéisithe Cánach
- Modheolaíocht Réamhaisnéisithe DIRT
- Impleachtaí na Rialach Fiachais Amach Anseo
- Glacadh le Caighdeáin Idirnáisiúnta Nua i gcomhair Cuntais Náisiúnta agus Chomhardú na nÍocaíochtaí

### 2015

### Páipéir Oibre

- Neamhchinnteacht i Sonraí Maicreacnamaíocha: Cás na hÉireann
- Anailís ar Earráidí Réamhaisnéisithe Cánach in Éirinn

### Nótaí Anailíseacha

- Tagarmharcáil Chaiteachais AE Saincheisteanna Oibríochtúla d'Éirinn in 2016
- An buiséad sláinte a smachtú: Feidhmiú buiséid bhliantúil san earnáil sláinte poiblí

### 2016 (go dtí deireadh mhí Lúnasa)

### Nóta Anailíseach

- Caipiteal Poiblí: Stoic Infheistíochta agus Dímheas, Meitheamh 2016